 n-oen ar-chena. Iar cretem tra do’n imper do Chonstantin amal
 iteuatumar do Christ, 7 o ’tehuala a máthair-sium sin .i. Helend in
 485 rigan rechtmár, 7 si oc Ierusalem in tan-sin, ro-thinolset iar-sin sloig
 Iudae uli co Helind, co r-shaebasat 7 co r-ghuidset hi na ro-s-lecead
 di-a mac cretem do Christ, 7 atbertsat uli ‘ba coru in recht arsata
 Muisi meic Amra do lenmain 7 do choimet.’ Iar-sin ro-chuir
 Helend eipistil o Ierusalem eu Róim for amus a meic Constantin .i.
 490 co ro-s-díultad Crist 7 in cretem ro-gab, 7 co ro-chretded in oen Dia
 7 in fir Dia nama .i. Dia na n-Ebraide. O atchuala tra in rí sin, 7
 o ’tchomaire na [Ends abruptly.]

[III.]

[The following is a mere fragment.]

. . . fort, 7 ro-sia clú do chrabuid fó'n uile doman. Iar-sin tra ro-loigius i n-a fiadnaise 7 ro-chius eu tromm 7 co dichra, 7 ro-atchius a ainm fris eu torrsi cen mo chur uad. "Acc etir, a 495 meic, ol se, tol De fil and, 7 immthig, ol se, i mbarach saindrud." Iar n-a barach tra ro-roindsium in-a ra-bi do shil bic and, 7 tue a leth dam-sa, 7 ro-chisium dib-línaib; 7 tanic lium seal beac. Iar n-ernaigthe 7 iar mbendachtain dam, ro-s-ímpa uaimm; 7 ni fhetai eia leth do-rechaind, acht tucas m'aiged siar la fuined ngreni. A 500 assneis tra in-a fuarus do doccair eter biastaib 7 slébtib 7 enoccaib 7 alltaib 7 ardaib 7 astar 7 galar 7 gorta, ni thibér láim foi, uair ni thic dimm a n-indise uli; acht ro-m-treoraig Dia conice so, 7 ro-m-ast and iar-sin, 7 fuaras in phailm út and, 7 ba bec in la-sin hí; 7 in mag beac imo'n pailm, 7 inbanda usci glain oc snige anuas 505 do'n charraic. Iar n-ernaigthe dam and-sin co dichrai fri Dia, tairissimm and iarum, 7 atú tri fichit bliadan and cen duine d'acsin na dho labrai frium friss-in re-sin, acht tu-ssa th'oenuir inmoisa, 7 ro-fetar is uimme tue Dia chucam thu do m'ádmocul, uair atchimm co n-id mog De thú," ol se; 7 atbert:—"is nóin and," ol se, 7 ro-erig 510 cu fand cobsaid himach, 7 tue lan mullóci bice do'n usce ut lais, 7 do-s-gní a nóin amal no-ghnáthaiged, 7 do-rignius-[s]a din amal is gnath dam. Iar-sin tra tucas chucamm mo cethri srubana, uair ro-mhairset inmlana ocam, 7 cid mor cid bec no-chaithind, bat imlana iat-som beos; 7 tucas sruban díb do-sam ann-sin. Is and asbert ic 515 a fhacsin:—"ecce angelicus panis: non sum dignus tangere aut gustare eum;" 7 o thuc aicme furri, ni r-bo ail etir lais a blaisecht, ar a huaisle les 7 ar inisle. Ro-eirig iar-sin 7 tue secht n-ubaill palmi 7 glace do meenaib rentra millse dam, 7 mulloc usce glain; 7 uair na duaid-sim na srubana na in fin bui ocum-sa, ni r-blaisius-[s]a beos 520 iat, cein bamar mar-oen. Iar toresin tra ar n-espartan 7 ar com-pleti, tue-som oirbir bec oirthind fhota fum-sa, 7 tue buden a uillind clí 7 a chend fri froigid na huama; 7 atcess dam-sa in uaim for lassad co matin iar ndenam na trath; 7 bámar co teirt ar a barach cen labra etir. Iar teirt ar a barach inorro . . . [Ends abruptly.] 525

[IV.]

PASSION OF MARCELLINUS.

O atchuala tra Dioclian in t-impir clu crabuid 7 eena 7 cretmi in abbad Pasnute, 7 o 'tchuala beos co ra-b'é thauc Tausis o'n mherdrechus, 7 na mirboile mora ar-ghena do-roine Dia trit li n-Egipt 7 i n-Afraice, 7 o 'tchuala a thidecht fo a thogairm-sium
 530 fessin do procept do, ro-flhitir na ra-bi adbar aile aice im thidecht acht do immirt martra fair; 7 o 'tchuala imorro a thidecht cu Róim, ro-s-gab ecla 7 uaman mor Dioclian in t-imper and-sin remi. O atchualatar imorro na Rómanaig duine noema di-a torachtain, 7 atchualatar a fherta 7 a mirboile re-sín ro-siacht, lotar na Cristaige co
 535 hinclethi d'ferthain fháilte friss; 7 ro-slanagied lucht cecha tedna lais, 7 ro-trascair hidalu 7 arrachtu immda is-in Róim, 7 do-roine procept 7 forcetel brethri Dé innte, co r-chretset il-míle do Rómán-chuib do. O atchualaid tra Dioclian in t-imper in fhorbairt 7 in bisechl bui for in cristaigeacht lais, dobretha techta cruadi erodai hidal-
 540 adarthacha di-a shúr: each buiden imorro chroda cholach teged di-a iarraid, dognid-som forcetel doib, cu tegtis uli fo bathis 7 cretim 7 crabud. Ro-fergaiged iar-sin cu mor in t-imper fris, co r-gabad lais he for lár na Róma, 7 se oc forcetel cu forpthi do na sluagaib; ro-gabad Pasnutius in t-abb and-sin, 7 each oen ro-chreit remi, do-
 545 ruetha uli i tech in immper iat. Iar rochtain do-sam and-sin co n-a popul is-in pelait rigda, tanic talam-ehumscugud mor 7 góeth chotarsna theindtíge and, co ru-s-craith in pelait uile, co r-thoit irrandus mor di i cend muntire in rig, cu torchuir sé ar cét dib ind-sin. Gabaid iarum ecla 7 uaman do[fh]ulachta in ri fessin, co mbatar uli
 550 i n-a tost iar n-éc a muntire fri re tri n-uari acht bec; iar-sin tra ro-erig ferg in imper, co r-marbait mor do na Cristaigib, 7 ro-gabad leo Pasnuti in t-abb; 7 bui di-a noemi 7 uasli co na ro-lamsat a marbad, acht ro-s-bensat a leth-shuil ndeiss as a chind, 7 ro-thescsat a leth-iscait ndeiss foei, uair ní r-lamsat a marbad amal atrubrumar.
 555 Marchelli din, papa na Roma in tan-sin, is lais do-ronad leiges in abbad Pasnúti: Entitius imorro, amal atrubrumar, ba habb innte in tan tanic . . . Gáius Marcellinus iar-sin.

Secla imorro Marcellinus indister sund innossa. .i. O atchuala
 Dioclian in t-imper in t-abb Pasnuti ic a leges oc in papa, ro-s-gab
 ferg mor he fria Marcellinus, 7 fris-na Cristaigib uli chena, 7 ro- 560
 erig iar-sin ingreim mor diassneti i n-amsir in abbad-sa Marcellinus
 fors-in eclais cristaige; ocus is e trumma 7 garbi in ingreime-sin
 tria feirg 7 cumachta Dioclian in imper inndirig, co ro-s-marbait
 secht mîle eter fhir 7 mnaí do na Cristaigib, fri re da fichet la
 lais. Cid din acht tanic ecla na hingrema truíme-sin dochum in 565
 abbad fessin, Marcellinus, co nderna adrad in hidail tria asslach 7
 comarli a muntire 7 a oessa grada. Ro-buaidred 7 ro-mescad cu
 mor in eclais Cristaige uli de-sin, co r-thinolit espuc oirthir Eorpai
 uli cu Roim imo'n adbar-sin .i. o Espain tre-ullig aniar, 7 o'n
 t-Sicil aness, as in Greic Moir dar muir Torrian atuaig, 7 as each 570
 tír ar-chena, co tancutar uli comthinol espuc Eorpa acht beac co
 r-Roim in adrad hin idail do'n abbaid, do chend eclaisi De in tan-
 sin. Ba he met tra in chomthinol tanic and-sin i n-oen uair da espuc
 dec ar tri cetaib a l-lin espuc, 7 ce r-mor tra ingreim eclaisi De in
 tan-sin, ni ro-toirmescad dib-so uli toidecht co r-Roim, do thabairt 575
 athrige fors-an abbaid Marcellinus 7 di-a fiss. Ni-s-eualaid din
 Dioclian a toidecht, 7 ni fitir tre chumachtaí De, ar dia cluined,
 ro-s-muirbfead uli iat. Hi cind imorro tri bliadan ochtmogat ar
 dib cetaib iar cesad Crist do-rigned in gním n-ingnad-sa. O
 do-riachtsat tra in comthinol-sa as cech aird co r-Roim amal 580
 atrubrumar, do fhiss in sceoil-se ro-s-toitt fors-in eclais, ro-
 cheleбайrset a tratha co creit 7 coi 7 co torrsi thruim, 7 ro-
 iarfaigset uli do'n abb do Mharchellinus, 7 a cind cromma.
 7 a suile derga, 7 a cridheda fri crith, co hanband edana 7 co
 n-onoir athardhai do-som beos:—"Cid so, a thigerna, ol siat, in 585
 fír in scel-sa ro-scailed fo cethar aird in domain uile? .i. tu-ssa, 7
 tu comorba Petair 7 cend na heclaisi Cristaige fo'n uli doman, do
 slechtain 7 do adrad in idail amal itcuatumar, 7 is aire thancumar
 uli in lin-sa di-a fhiss in sceoil-se in fír he." Is and tra ro-mebaid
 lassar mor mirbolla di-a gnuis 7 di-a agaid in abbad Marcellinus; 590
 7 coiid co tromm dichra, 7 a agaid fri lar, 7 na h-espuc uli, 7 a
 n-aigthi fria lar. Ro-erig iar-sin Marcellinus 7 a lassar di-a gnuis,
 7 atracht each uli iarum; iar mbeth tra sel bec i n-a tost doib,
 atbert Marcellinus:—"in scel itchualubar-si, ol se, is fír he, 7 do-
 ronus-[s]a, ol se, adrad in idail ar onun 7 ar asslach; 7 berid-se, 595

ol se, breith fair-sin, uair is-am urlam-sa fria fuisitin 7 aithrige ind de cech breith bertar formm, 7 berid fochetoir in tan atathi a n-oen inad ; uair is e Dia ro-bar-tinoil as cech aird do m'aissec o deman." Ro-[fh]reclutar na h-espuc he, 7 is s-ed ro-raidset, "na bertais
600 breith na indie for comorba Petair, 7 for cend eclaisi De uile, ar a uaisle, acht chena ro-diultais-[s]iu, ol siat, 7 ro-diult do maigistir .i. Petar apstal, 7 ni ruc apstal ele breith fair, 7 cuich din do-lemad no no-airnaigfed breith do breith fair ? co n-id iar-sin ruc fen breith fair, amal atbeir in suiscelaig, '*egresus foras flevit amare*' .i. iar
605 ndiultad do Petar fo thri a thigerna, dochuaid for leith amach o na hapstalaib, 7 ro-choi co serb torrsech, 7 is dera fala do-rigne, 7 ni nech aile ruc breith fair, acht he buden 7 Dia. ✓ Sinde imorro, ol na hespuic, ni berum breith fort-su etir, acht lecnit a t'ucht fessin hi cele breith bera ; mid fen, 7 feich latt cindus is coir deitt do
610 denum." O atchuala imorro Marcellinius na briathra-sin 7 na cindte, na berdais breith fair, is and-sin ruc fen breith 7 aithrige fair, i fiadnaise chaich uli co nd-ebairt :—" Mi-sse, ol se, Marcellinus, comorba Petair, iar col 7 peccad an idal-adartha do-rignius, 7 an met m'aunfhechtmaige 7 mo dliochoaig, atberim mo dichor o'n
615 t-shossad apstalachda mor-sa, 7 atberim a beith malarta escoitchend tria bithu, ci-p e do-s-bera mo chorp dochumm n-adnocuil, ci-p e uair fogabur bas ; 7 na tecar taris-sin," ol se. Is hi sin iarum breith ruc fen fair i fhiadnaise na n-espuc 7 in n-uli grada eter thuait 7 eclais batar and, 7 i fiadnaise Pasnute in abbad noeim iar ternam,
620 ocus se baccach, leth-roise. Iar mbreth tra na breithe-sin do-som fair fen amal ro-raidsimm, ro-erig suass cu solam, 7 a lassar chorec di-a gnuis, 7 dera diana dar a gruadib, 7 atbert o guth mor, 7 se i n-a shessom for lar in rig-thige, i mbatar na sruthi ro-turmsium :—" bid-sin and-sin bic colleic, co targus-[s]a chucaib." Batar-som
625 uile hi toei moir uimme-sin re cian. Teit-sium iarum co hoband i n-a chruaid-ceim thindesnach, 7 uathad di-a muntir mar-oen friss, 7 ni-s-fetatar beos cia leath dochuaid-sium. Gabaid remi amlaid-sin, co riacht cos-in pelait rigda, du i mbui Dioclian in t-imper, 7 maith na rig n-idal-adarthach imme, co mbui i n-a shessom for lar
630 in rig-thige, 7 a lassar spiritalda di-a gnuis. Ro-thuit toei mor forsin imper cos-na maithib batar imne oc a facsin. Is and-sin atbert Marcellinus *abbas* o guth mor, co cuala each uile he oc a rada :—" Cristaige mi-sse, ol se ; indisimm 7 foismimm 7 at-

maimm ainmm Crist, 7 ni ar onoir det-siu na do dhemmaib 'c-a tai d'adrad ro-s-cromus-[s]a i fiadnaise in demain adraid-siu, acht ar 635 asslach 7 comarli m'oessa grada 7 mo muntire ; 7 indisimm innossa det-siu, nach o chríde na o anmain do-rígnius cach ní ba tol lib-se ; 7 ac-so me cu follass i n-ainmm Crist, cen t-shena cen teched." Batar din in t-imper 7 na rig i n-a tost co tarnie do-som uli a scel d'aissnes ; and-sin atbert in rí :—" uair is Cristaige thú, ol se, amal 640 atbere fen, in onoir 7 in cádas doberum-ne do na Cristaigib aile, do-s-beram det-siu beos." Is and-sin ro-ráid Dioclian fri-a muntir :—" gabaid sin, ol se, 7 berid a chend de." Da-ronad tra amal sin : ro-dichendad Marcellinus ann-sin, 7 ro-cuiread a chorp inmach, co mbuí tricha lathi cen adnocul, amal atbert fessin. ✓ 645

O ro-siacht tra in scel-sin dochumm na n-espuc 7 in t-senaíd ar-ghena, atlaigset buide do Dia uli-chumachtach, 7 dochuaid cach dib di-a addi 7 adbuid budessin. Ro-hoirdned iar-sin focetoir Marcellus do Rómachuib i n-a inad-som i n-abbdaine, 7 bni a chorp-som amal atrubairt tricha la co n-óidche cen ádnocul. Hi cind 650 trichat la iarum iar ngabail abbdaine do Mharcellus, tanic Petar apstal i n-a dochumm hi fhís aislinge, 7 atbert friss, 7 se co tend i n-a abbdaine and :—" In cotlad deitt, a Marcelle ?" ol Petar friss. " Cia thu cena ?" ol Marcelle. " Mi-se Petar apstal, ol se, oirchindech na n-apstal ;" 7 atbert :—" a Mharcelle, ol se, ata mo chorp-sa beos 655 cen adnocul acut, 7 cid fodera duit cen a ádnocul ?" Atbert Marcellus friss :—" a thigerna, ol se, ro-hadnaiced, is cian uad, cu n-onoir 7 oirmitin moir do chorp-sa." " Corpan m'athar-sa, Marcellíni, is e ro-dhoirt a fhúil fen cu folluss, 7 dochuaid re martra dar cend Crist 7 na heclaisi, cid fodera det-siu cen a ádnocul ? 7 nach a 660 r-legais is-in t-shoscela, ol Petar, innsee Crist, in tan atbert, '*qui se exaltat humiliabitur, 7 qui se humiliat exaltabitur.*' Cid nach a r-inislig he buden in tan ruc fen do breith fair ' cen a chorp ño ádnocul,' iar n-a rada do, na r-bo dingbala a chor fo thalmain a haithle in gnúma do-rigne ? Erig col-luath, 7 adlaic i m'fharrad-sa he, ol 665 se, uair in lucht na r-dhelig martra, ní ro-deliged saine n-ádnocuil na onórach hi nim nach hi talmain doib." Ro-erig Marcellus iar matain, 7 ro-scail in scel-sin do chách uile ; 7 ro-adnacht iar-sin Marcellinus fo chossaib Petair apstail, amal atbert fén : secht bliadna ochtmogat 7 dá cét iar cesad Crist ind-sin. *Finit.* 670

[XXVI.]

PÁIS LONGÍNUIS in-so.

Dia mbui Crist hi croich la hÍúdaigib, do-dechaid oen do na míledu boi oc in crochad .i. Cenntúrus ainm dó, Longínus in ainm ele; 7 gabais láigin moir i n-a láim co ro-ghon Crist i n-a shliss di, 7 scoiltis a críde ar dó, co n-ídl ed tra tanic ass fuil 7 fín, co nu-s-
675 tanic dorchatu dermáir dar dreich thalman uli in tan-sin, co ro-s-dorchaig grian, 7 co ro-seailset na clacha, 7 co mbatar na hádnaicti óbéla. O 'teonnaire tra Longínus in mírbuil moir-sin, ro-cretestar focetoir in t-oen dia .i. Isu Crist, 7 ro-nuall ó guth mor co n-epert:—
“is fir, ol se, is e so Crist mac Dé, is e ro-táirngirset fáide 7 uasal-
680 athraig do chendach síl Adaim, 7 do-dechaid fri bás n-inísel dar a cend innoosa.” Ro-fícaib tra Longínus a mílnecht saegulda iartain, 7 ro-s-cóí co serb-goirt, co nderna aithrigi údíchra co Dia; 7 ro-maith Dia a pheccad dó iar-sin col-léir. Ba déreach trócar óintech ernaigtech in tí Longínus iar-tain, 7 ba hadamraigthi i
685 forcetul he o na hapstala is-na cathrachaib-si .i. hi Cesaria, 7 i Capadotia. Ocht mbliadna fíchet do iar-sin i mbethaid manaig; 7 do-ratsat a fhirta sochaide tria n-a forcetul dochum n-irse Dé.

Ranic tra clú Longínus iar-sin fo'n uli domun, i ndeire, i n-ímla, i cendsa, i foiditín. O mboi iarum cu forpthi is-na gnimúsin, atcuale in t-errig di-a r-bo ainm Octaúis a chlu 7 a scela 7 in
690 cattaíd moir-sin. Atbert iarum:—“tabair chucaínd Longínus co ro-s-acallam he.” Doberair tra Longínus chuca iarum. Atbert in t-errig Octaúis fris:—“Cia h'ainm-si?” ol se. “Longínus goirthéir dím,” ol e-siunn. “Cia cennadaig as a tai?” ol se. “Essuria .i. ferand
695 fil is-in Aissia Biee, is ass dam,” ol se. “In-dat socheñel no docheñel?” ol in t-errig. “Mog peccaid for tús mé, or Longínus, acht ro-shaer Dia mé tria bathis ar in peccad-sin, 7 saerfaid innoosa tre thecht hi martra dam dar cend m'anma.” “Cid di-a tanacais is-na tírib-si?” ol-in t-errig. Atbert Longínus:—“Ro-bádus a mílnecht
700 o thús mo bethad cu crochad Crist, dáig is mé ro-gon Crist co láigin míled i n-a thoebu ndes, co r-scoiltis a chríde, 7 ro-p-sa m'aithrech is-in ngnám-sin, co ro-s-maith Dia mo peccda dam. Roguidius mo brathri ar-sin, co ro-léctis dam fognam do Crist; ro-

m-^{leant}lecsit uadib iarum, 7 gatsat mo uli indmas dím, acht becc
 do-ratus do bochtu Dé. Ro-guides in coimdid ann-side co ro- 705
 chendsaiged a ménmain frim, 7 ro-m-saer Dia o'm peccdaib," ol
 se. "Is-at fer anorach rethinech do Dia amal sin," ol in t-errig.
 Atbert in ri ann-sin;—"S cuir do'n forcetul-sin, ol se, 7 déna
 idpairt d'ár ndeeb-ni, ^{acc}siu ro-t-piantar." Atbert Longínus iarum:—
 "ni co fétaim fógnum do díb tigernaib, amal atbert Dia fessin, 710
 'at cotarsnai na fógnuma do dí's,' ol in coimdid. Ar ite mo Dia-
 sa cetus .i. Dia na cúndla 7 na búide, na limísle 7 na trocaire;
 do dee-siu tra, or Longínus, oirigthe cecha huile, 7 buaidertla
 cecha maithusa, 7 malarta cech oin ol-chena iat-sen. No-co n-fhé-
 taim-se sin, or Longínus, fógnum da bar ndeeib brece-si, 7 mo 715
 Dia fén d'fhácbail." "In-ed fil and, ol in t-errig, maith do Dia-su,
 7 ole ar ndee-ne?" "Is amlaid tarla," ar Longínus. "Cindus tóebas
 in géntligeacht a cend is-in t-saegul-sa tar in Cristaigeacht, ma-sa
 férr in Cristaigeacht?" ol in t-errig. "Nach fetura-sa, or Longínus,
 acht co n-id cotarsna in géntligeacht do'n Cristaigeacht? uair 720
 indarpaid in géntligeacht eolas, 7 incongbaid aneolas, díscailid in
 mesardacht, formúchaíd na cétfada, dallaid na ruscaí, truallid in
 óige, miscnigid na bochta, immrádid na droch-ráti, timoireid na
 brec-scela, diultaíd an fhfrinde; acht is borb dásachtach aneolach
 cech duine o'n gentligeacht, ar Longínus; 7 mad ail, atbér-sa frit 725
 ní do maithius na Cristaidechta," ol se. "Is lór an ro-ráidis, ol in
 t-errig, uair is borb anbfhossad he. Eire becc, 7 dena idpairt do na
 deeb, ol in t-errig, 7 logfaid do Dia fen duit, uair no-s-fitir co
 n-id écen doberar fort." "Ro-pad ferr lim-sa, ar Longínus, Crist do
 cretem duit-si, oltás adrad na ndee mbalb mborb di-a úd-ádraid; 7 730
 cindus a rád co mtís dee na hí na-ptar dee? .i. hidai! balla amlabra.
 gnimrada lama dóine peccach," ol se. "Bentar a fhiacra as a
 chind, ol in t-errig, 7 tescthar a thengaid, o na hadrand na dee."
 Do-rónad iarum fria Longínus amal atbert in t-errig. Ro-flhulaing
 tra Longínus co ferrda in ní-sin ar grad Dé; 7 atbert o guth mor 735
 fris-in rig:—"Ma crete-si do na deib, co ndat fír dee iat, leic dam-
 sa a n-altóiri do scailed 7 a ndelba do brissed, 7 saerut fen iat ma
 fhédat." "Cid fodera, ol in rig, cen Crist do-t furtaacht-su o na
 himnedaib fuarais, 7 na r-cómraic erchoit dam-sa de." "Lec-si
 dam-sa, or Longínus. co ro-briser do dee-si, 7 cretfet doib dia 740

n-erchoitiget dam, 7 cret-sin in t-oen-Dia mi-ne dernasat.” “ Comdilsí etruib,” ol in rig. Gébid Longínus fair and-sin, co ro-bris na hídlu 7 na altóirí co léir, 7 techit na harrachta as a n-attib. Luid dín demun is-in errig, 7 luid demun ele i n-Afradotium .i. is-in
745 fer n-anorach; lotar tra na demnu o-sin amach i timthirigib eeraibdechaib in rig; 7 ro-lín dasacht 7 mire in rig co n-a thimtirigib uli, 7 no-labratís na demna tria n-a nginaib, co n-id ed atbertís fris-in rig:—“ Cid ar a tucais in fer noem-sa chuceaind di-ar cur as ar sostaib fen?” Tancatar na fir cus-na demnaib iar-sin,
750 7 ro-shlechtsat do Longínus, co n-epertsat:—“ Douicim-ne 7 tuicimít anossa, co n-id mog díles do Dia tu-sa, a Longínus, ol siat; dena trocaire frind, 7 slanaig sind ar Dia mbith-beo.” Atbert Longínus fris-na demnu:—“ cia cúis dobeir is na harrachtaib sib?” ol se. “ Fuarumar na delba clochda, ol na demnu, cen sigin na crochi do fuirmed
755 indib, 7 cen a n-ainmniugud i n-ainm Dé, ol iat, 7 dognithea idpurta i n-ar n-ainm fén dún o na dóinib, ol siat, 7 ro-aittrebam is-na hinata-sin 7 na lucca iar-sin; uair baile na hadarthar Crist no sigen a crochi, is and bís ar n-aittreb-ne tria bith sir; 7 guidmit-ne tu-sa, ol na demnu, co na ro-chuire sind as ar n-adba
760 7 as ar n-atib.” Atbert Longínus tra, 7 in popul imne dí cech leth:—“ mad ail díb, na dee-sí no-t-cuireb-sa uaib iat, co mbet fo-m chosaib i n-a lige.” Atbertsat in popul o guth mor:—“ is e do díasu, ol siat, in t-oen Dia uli-cumachtach, 7 guidmit-ne tu-sa, a mog Dé, na ro-s-léici na demnu is-in cathraig, 7 co ra-shaera sind for
765 a n-uleu.” O ’tchuala tra Longínus na briathra-sa cansat na gemnti, tuarcaib a rose dochum nime, co n-epert:—“ A tigerna 7 a choimsig nime 7 talman, ol se, dena trocaire fris-na doinib troga-sa, 7 ar do mor-thrócaire frim-sa, déchuir na demna dam uadib, 7 saer iat amal ro-shaeráil síl Adaim ar do dhul fen fri grand
770 crochi dar a chend.” “ Dogéne Dia ámlaid,” ol in popul. Do-ratsat na demnu gáir tromm i n-ardi iar-sin, 7 tiagait o’n cathraig, co ro-saerad in popul amal sin tria forcongrai Longínuis. Do-ronad fáilti mor is-in cathraig iarum, co r-cretset sochaide díb do Dia; 7 batar imalle fri Longínus iar-sin fot a n-ámsire, co ndeachaid
775 diabul doridisi is-in errig .i. Octauin, 7 co ro-phaslach fair ingreim Longínuis do demun. Atbert tra in t-errig:—“ gaibther Longínus chuceaind,” ol se. Tuccad chuca Longínus, 7 atbert in rig fris:—

“do-buaidris in cathraig, ol se, 7 do-chuiris o adrad ídal hi, 7 dia
 cluine in rig sin .i. Nero Cesair, ro-n-doerfa sind uli, ol se, 7
 deléchaíd sind re'r mainib 7 re'r n-indmas.” Tanic tra in fer 780
 cumachtach do-raidsiu[m] remi, o ro-cuired in demun tuas .i.
 Afradotium a ainm. co magin a mboi Longínus. co n-epert fris-in
 errig:—“Cidh di-a ndúsci i n-ar n-again in fer noem, ro-t-saer in
 cathraig 7 sind uli di nert na n-demnu.” “Fa, ol in t-errig, tria
 drúdecht ro-shaer se ar ndóini-ne.” Atbert Afradotium fri[s]-sium: 785
 “is fir, ol se, na til celg no eladu dráidechta lais, acht adrad in
 oen Dia uli-cumachtaig.” Atbert Octauin iar-sin:—“bentar a then-
 gaid a cind Longínus doridise, dáig na labra ni bus mó.” “Atlo-
 char do Dia, or Longínus, nech ele do cathugud di chend Crist
 imalle frind.” 7 benait a thengaid a cind Longínus ann-side, co 790
 tarut Longínus cneit 7 ochsaid moir os-aird; 7 ro-guid in coim-
 did bá indechad fors-in errig cech a ndernai do ecóir. Dalltar in
 t-errig iar-sin, 7 cassait a inde 7 a inathar iarum. Atbert
 Afradótium iar-sin:—“a choimdiu, at firen, 7 at fira do briathra;
 for-t-chomairce dam-sa, 7 no-m-saer o chumachtu diabuil.” Atbert 795
 in rig fri hAfradotium:—“guid Longínus dam, ol se, co ro-guide
 in coimdiu dar mo chemi-sa, uair écoir i n-a ndernus fris.” “Atber
 fritt, ar Longínus, feg latt for iffern, dia nderna ole fri mog Dé.
 uair is nemchlóti Dia, amal is follus indiu co nach mesa labras
 mo thenga-sa inmossa oltás in tan ro-tescad hi.” Atbert in rig 800
 fri Longínus:—“Is fir, ol se, ro-m-dallad-sa 7 ro-m-piantar tria
 m'indib.” Atbert Longinus fris-in rig:—“Déntar mo dicheunad-sa
 lát-sa, co ro-lenair trocaire Dé iar m'écaib-sea; 7 bíd slán tú o
fholaíd Crist iarum, uair ni tol do Dia, slánti d'aisiuc duit céin
 co ro-dichennta me-si lat; ar ata Michel co n-aingliu nime 805
 imalle fris, asa mo chind-sa oc fúr m'anna, di-a breith i
 flaith Dé.” Atbert tra Longínus a dicheunad fodessin ind-sin,
 acht boi occu fri re n-uari he oc ernaigthi, co nu-s-dichenta
 he as a aithle-sin o cloideb; 7 ro-flhóid a spirut dochumm
 nime co clais-cetul aingel 7 archaíngel imme. Tanic in rig fo- 810
 cetoir, 7 se dail, co corp Longínus, co ru-s-loig fri toeb in chuirp.
 7 boi oc toirsi truímm ann, 7 atbert:—“a thigerna, ol se, is mor
 in t-ole do-ronus frit .i. do mog díles do, marbad cen cinaid;” 7
 gabaid oc neméle moir, 7 oc aithrige dichra fri Dia fo'n cruth-sin;

815 7 tucaít a ruise do iarum ; 7 boi oc fógnum do Dia o-sin 'amach cén ba beo. Adnaicther Longínus iar-sin la cách co honorach ; 7 fogníd firta 7 mírbuli mora iar a eccaib. *Finit.*

[XXVIII.]

PAIS EOIN BAUPTAIST in-so.

[187 β 44

Bui aroile fer angíd etróccar i n-Ierusalem 7 hi tír Iuda, Hiruath Agripa mac Aristobuil meic Hiruath meic Antipater meic Hiruath
820 Ascolonta ; a tírib hIndía do. Is lais ro-dichendad Eoin Baupstaist in martir noem. Ocus is e fochund marbtha in fhíreón-si .i. brethem amra boi hi flathus Hiruath fessin : fer iresach e-side, no-bered briathra fíra, 7 dogníd sith eter in uli thuath 7 cenél, co n-indised a ndíre 7 a ndliged doib. Pilip Labar-chend a ainm-side .i. fer amra
825 no-labrad fír 7 no-chánriged gó. Ba mor tra a dethitiu 7 a chair .i. brethemmus dlíghach do na hulib dóinib. Ba trómm tra a thaccad 7 a chonach béos. Ardais dín ainm na cathrach a mbóí. Tanic tra galar cus-in fher n-amra-sa .i. co Pilip Labar-chend, co nu-s-epil de. Boi tra ben amra hilcrothach la Pilip Labar-cend .i. Heru-
830 diátis a hainm-side. Ba terc for bith mnai a samail for chóemí 7 suilbere 7 dáig-besaib iar fhuir. Do-rat Hiruath grád dermair di, in tan ba beo a fer fen .i. Pilip Labar-chend ; 7 ma-ni bad tresi Pilip, tanic for menmain do a breth di-a chind co menicc.

Cíd fil ann dín acht amal iteualae rig na hAsculóine .i. i tírib na
835 India .i. Pilip mac Aristobuil meic Hiruath meic Antipater .i. derbrathair Hiruath Agripa fesin, in bannscal shóenelach .i. Heru- diátis a beth i n-ointuma, tanic la tindenus cu sochraite moir for a hamus, dú a mboi in rigan ; co ruc lais hí cus-in cathraig rigda, .i. co hAsculoin i tírib India ; 7 boi occa co lán-gradach sist fhota.
840 Ro-ling demun etaí 7 formaít hi críde Hiruath o 'tchualae in scel-sin .i. in mnai ba ra-mor grad lais, a breth uada di-a brathair fesin ; 7 ní ro-léc demun eúmsanad do, oc adnad a gráda i n-a chride. Tinoilis Hiruath iarum slog mor co ndechnad is-in Asculoin, amal tísad for cuairt rig, co ranic tech a derbrathar. Atracht Pilip
845 i n-agaid Hiruath co fhalti fris, 7 do-rat póice do, 7 ro-cóirged in tech rigdaí for a chind ; 7 ro-caithset biad 7 fín lógmar co mtar dáithnig.

Amal ro-chaitset iarum, ro-erig in rig .i. Hiruath co toirsech, 7 drong mor di-a miledu armtha lais, amal ro-thincoisc fen doib remi, 7 tanic fo'n samla-sin cus-in tech a mboi Pilip 7 Herudiátis a shetig; ni boi tra arm la Hiruath in tan-sin, acht boc-shlaitt moir di-a n-escartaíd conu 7 oblóri, amal ba bés do. 850

Amal tanic Hiruath is-in tech. shuidig i cathair rigdai co ngeim nderscaigthe do líce logmair uasu 7 co néim óir forri. Is imnte-sin boi Pilip, 7 a shetig for a gualaind .i. Erudiatis. Fergaigther Hiruath de-side, 7 tócbaid a láim, co tuc bulli aniamartach ann-sin hi mullach ehind a brathar do'n con-shlaitt boi i n-a laim, 7 tairngid i n-a diaid as in cáthair amach he; 7 suidís fen for a gualaind na mná, 7 dobert póice di; 7 fóidís in agaid-sin le, a n-imdaid a derbrathar .i. a fir fessin; 7 ruc lais hi ar a barach co hIerusalem 7 co tir Iúdai, co mboi oce co lan-gradach iarum. O 'tqualae tra Eoin Baupstaist mac Zacarias in scel-sin, ba hóc 7 ba lonn lais in mnai cuil do beth oc Hiruath, uair ba focus a fhialus a údís .i. Eoin 7 Hiruath .i. Casandra, ingen Gomér, máthair Hiruath 7 Pilip, 7 Elizabeth, ingen aile Gomér, mathair Eoin Baupstaist. Boi din Eoin oc a fhurail for Hiruath in mnai colaig do léud uad, 7 ticed co menice a dithreu srotha Iordanen di-a rada fris a léud, 7 do procept dó; co n-id hi sin cet ben chuil ro-herfhocrad for doman ar tús. Ba he imorro in t-Eoin-sin cet martír 7 cet dithrebach 7 cet manach 7 cet iresach firen in domain, cenmota Abel mac Adaim; uair ro-tholtnaig-side eu mor do Dia hi n-óige 7 hi martraí ria n-Eoin. Eoin imorro a ndithreua srotha Iordanén no-bíd a oenur; ba becc tra a dethitiu im a chorp itir biad 7 etach, acht dulli crand palmi 7 géscá ola-crand étach is mou no-thechtad immbe. Lossa serua in díthreba 7 torthi crand n-examail, biad is mo no-chaithead 7 usec domblastai do dig fair. No-chodlad a oenur eter na hil-phiasta, 7 ni erchoitigitis do. No-bíd oc forcetul do biastaib 7 anmanna in dithreua ol-chena, 7 no-co n-ar a ndaigin fén dogníd-som sin, uair ni-ptar dlighthach, acht ar na fagbad dóine di-a forcetul, 7 ar na beth fén cen immradud Dé i n-a menmain do-gres. Fáid tra eter fháidib in fer-sa .i. Eoin, dithreuaich eter dithrebachaib, ánchara eter anchartib, óg eter ógaib, apstal eter apstalu cén co m-bói i n-airem apstal; ar is for Eóin tuc in coimdi in testemain moir, di-a nd-epert, *Inter natos mulierum non surrexit maior Iohanne Baupstaist* .i. eter maccu in uli 875 880

bannseál ni ro-genir mac mna is mó 7 is [s]ruthi oltas Eoin, ol
885 Isu.

Tanic din Hiruath eo tír Iúda iar-sin, 7 do-ronad cóibfhled mor
oeca di-a rígu 7 di-a toisechu iar-tain. Batar tra da ingin oc
Erudiátis, oc mnai Hiruath; Salúisa 7 Neptis anmunda na n-ingen-
sin; batar din hil-cherda inganta leo-side .i. ingen dib oc anbrán 7
890 oc luindúce 7 oc fethensib 7 ciúil examail ar-ghena .i. Neptis a
haimm-side. In ingen aile imorro .i. Salúisa, fri clesáigecht 7
lemenda 7 fri hopairecht. Tíe Hiruath is-in tech rig iat do erail
eladan forru 7 do airfited na slog, dáig co n-derntais oibnes menman
7 oirece tui for rigaib 7 toisechaib mac n-Israel 7 tíre Iúda uli.
895 Atbertsat na mná, na dúngnetis a n-oirfited, éen eo tarta a mbreth
fén doib. “Ro-t-bia,” ol in rig. Naiseset a coma fair, i fhiadnaise
na slóg. Ro-gellta friu in ní-sin. Iar-sin do-ronsat na hingena
éladna inganta eo ségdu saethrach; 7 molsat na rig 7 na tósig⁷ eu
mor iat. Amal táir doib din a n-oirfítíud, tancatar airum i mbái a
900 máthair, sétig Hiruath, do chomairle fria, cia coma dobertis ó'n rig.
“Sirid cend Eoin Baup⁷taist, ol in máthair, 7 na gabaid comaid
n-aile acht he. 7 a imochur for méis lethain, amal cech mbiad, ó'n
chareair hi-tá cus-in maigin-si chucaib”: uair ro-chuir Hiruath Eóin
hi careair foriata síst reme-sin, tria fliaslach na rigna fair. Tancatar
905 na hingena airm a mbói Hiruath, 7 cuinnigset cend Eoin fair. Ba
lond tra la Hiruath in ascaid-sin, 7 atbert, ‘is tusca no-berad in
t-errandus bud mo di-a rige 7 flaitíus doib oldas in cend-sin.’ Ocus
ni ro-gabsat uada acht a bréthir do comallad friu. Ro-s-cetaig doib
tra in ní-sin; 7 ro-dichenmta Eoin iar-sin, 7 tuctha a chend for
910 meis for mullach chind mna dib-sium is-in tech rig. Ba bronach
tra Hiruath de-sin, ar ro-p ecal lais in popul hi cinaid Eoin doigid.
Tucait iarum in cend do Herudiátis, do shétig Hiruath; 7 cuin-
digsetar descipuil Eóin in choland di-a hádnocul. Tucead doib
tra 7 ádnaicset co hanorach hi, co n-imnaib 7 cantaicce 7 molta
915 Dé impe, 7 co toirsi moir for eridib na ndescipul iarum. Ro-hád-
naiced tra in cend oc Herudiátis cen fliiss do chaitib Eoin.

Tancatar iar-sin da mhanach noemda a hoirthur domáin iar éein
mair eo hIerusalem do troscad i n-annum in choimded. Tanic
aingel Dé chucai for a ^{set}set, co n-epert friu;—“Ata aroli tech i
920 n-Ierusalem. 7 cend Eoin Baup⁷taist and, fo díchleth talman, ol in

t-aingel, 7 indisfet-sa duib-si airmm hi-ta, 7 berid lib he ass." Rancatar na manaig *post* co hIerusalem, 7 tiagut eus-in luce in ro-thecaise in t-aingel dóib, 7 tocaibset in cend cen claechlo datha no delbi de, acht amal bid hi in uair-sin ro-tesethái, iar mbeth do ré cian fo díchleth. Cuirset na manaig in cend i n-a téig libuir, ar-daig 925 a breth leo di-a tír fesin. Acherunda din .i. is-in Araip, ainm in luice in ro-díhenta Eoin, 7 Sebasten ainm in fhíeha in ro-adnait a chorp. O ro-díget na manaig for a sét do-shaigíd a n-atharda, ecmáic aroli fer chucea is-in sligid .i. cerd amrai e-side; ro-flhacaib a athardai údilis tria domna 7 bochtai, co tucsat na manaig in téig 930 do for a muin, 7 cend Eoin innte. Lotar na manaig iarum co aroli cathraig boi for a sét, 7 ansat in agaid-sin innte. Tanie tra Eoin hi fhis in agaid-sin do-shaigíd in chierda, co n-epert fris:—"Me-si Eoin Baup^{ta}ist, ol se, 7 is e mo chend fil for-t muin-si is-in téig; eirc, ol se, 7 facaib na manchu, ocus ber latt in cend, 7 dogeba biad 935 7 etach tremit. Ergis in cerd, 7 facbais na manchu, 7 ruc lais in tiag 7 in cend innte. Ranic tra remi eus-in cathraig di-a n-ad ainm Simissena, 7 boi oc aitreb innte-sin ré cian; 7 boi auoir mor is-in cathraig-sin fair co ro-gradáigset he, 7 ro-cretset do iarum. Dogni in cerd tra scrin n-ordai imo'n cend, 7 glass dithoglaide 940 forri, acht in tan bud ail a herosluccad. Ba marb tra in cerd iarum, 7 facbaid a chomorb^{us} oc siar tharisi do .i. fe**l**b craibdech e-side. Marb tra in banscal iar-sin, 7 facbais in scrin 'g-a comorba. Rogab imorro fer aile, di-a n-ad ainm Étrosius, in scrin eus-in cend; 7 dognithe firta 7 mirbuli immda fair di raith in chind do 945 beth ocái, 7 ro-slanaigthea gallra 7 tedmunnai] lais is-in popul. Silsat firta 7 mirbuli Eoin Baup^{ta}ist ann-sin fó'n uile doman. Rofes tra fors-in fher-sin in gním-sin, co ro-hindarbad as in cathraig amach he. Ocus tanie aroli fer noemda is-in tech, airm a mboi se i n-a inad: Marcellus din, ainm in fhir-sin. Is-in tig-sin boi cend 950 Eoin i talum iar n-a fholach: tanie din Eoin is-in óideche co Marcellus, 7 indissid do in cend do beth hi talum, is-in tig-sin; 7 tecaicid do in loce saindriud a mboi, 7 atbert fris in cend do thóc-bail. O 'tchuala imorro Marcellus sin, indissid do escop na cathrach .i. Laurabanus a ainm-sen, 7 is e ba tigerna is-in cathraig .i. 955 Simisséna a hainm-sium. Tancatar din lucht na cathrach ar-aen fris-in escop, 7 tucsat ceand Eoin leo as in uama a mbói, co ro-

canait sailm 7 inanda leo i n-a anoir; 7 molsat in uli popul hé, ó
 'tchitis cech mirbuil hi cend aroli do denum dó cech laei .i. do
 960 chind na hógi 7 in martír noemdaí 7rl.

[XXIX.]

PÁIS in MORFESIR ro-chotail i n-EFFIS cóica for cét bliadan
 dóib.

Bui rig croda annseire fors-in domun fecht n-aill .i. Déice a
 ainm-sium. Boi ingreim mor fors-na Cristaigib i n-a aimsir, oc
 eráil forru édpairt do génum do na deeib. Batar tra morfesiur
 soehenlach i tig in rig in tan-sin: hité in-so a n-annunna .i.
 965 Achellius, Eúgenius, Stefanus, Probatus, Sambatus, Ciriacus, Maxi-
 mianus. O 'teomcatar tra in lucht-sa éccraibdige Déice 7 a
 chula hile, 7 co n-adrad na hidla bódra balba amal Dia mbeo, 7
 co foreled for cách a n-adrad, tanic tra rath Dé fors-in morfesiur
 út, co ro-cretset hi Crist 7 ro-baitsit; 7 do-ratad annunna aile forru
 970 ico'n bathis: hiteat-so iat-sen .i. hIohannes, Serapion, Dionisius,
 Constantinus, Marcianus, Malcus, Maximianus. Tanic Déice co
 'tEffis in-sin, 7 atbert cech oen no-gébad ainm Crist fair, a marbad
 ocetoir. Do-roine in rig édpairt do na deeib, 7 do-roine cách a
 aithris, co mboi tútt na n-edpart forut na cathrach uli. O 'tchonncat-
 975 tar in morfesiur út sin, ro-s-gab grain 7 eclai iat, co mbatar oc
 cói 7 oc toirsi trúimm; do-rónsat ernaighthi, 7 do-ratsat luaith for
 a cennuib, 7 batar oc guide Dé co díchra, na ro-dísliged a popul
 féu is-in ingreim boi fair. Tancatar in lucht boi oc ingreim na
 Cristaige, co ro-indisetar do'n rí cách uli oc édpairt do na deeib
 980 acht morfesiur di-a aes gráda, do neoch bá dile lais díb, um
 Maximán in mac in errig. Gabaid ferg in rig de-sin, 7 atbert a
 tabairt chuite. Tucat iat hi ngemlib cus-in rig, cu mboi slichth
 tóirsi for a n-aighthib 7 luaithred for a cennu. Amal batar oc a
 n-ernaighthi d'fhechaid in rí forru:—"in-dar lem-sa, ol se, ro-bar-
 985 saebad-si co na hindsaighthi bar ndee fen, 7 co na dentái edparta
 doib; lugaim-si ba Apaill, ol se, co césfathli [ó] pianaiB examla bar
 comthánsim for na deeib." Atbertsat tra na fir noemu fris-[s]ium

ann-sin:—"is erlam sind, ol siat, co n-eplium tar cend in oen Dia uli-chumachtaig, is e do-roine nem 7 talam 7 muir. Bar 990
 ndee-si tra, is iat-side do-rónait do lámu heladhach, 7 ni-s-fil nách cumang occa do neoch, 7 regut im-malairt shuthain in lucht ádrait iat." Gabaid ferg in ríg de-sin, co n-epert fria a múim-tír:—"benaid a fhulta co tenchar dib, ol se, co ndensat aithrigi do'n chul do-ronsat. Berid iat iars-in tech rígda, co ra-but is-in cádas cetna, uair ni cubaid pianad fors-na curpa sochraid-siu." 995
 Bentar a cúibrige dib ann-sin iar n-a rad do'n ríg:—"Ercid co hEffis, ol in ríg, 7 bíd innte co tíu-sa chlucaib do cathraig n-aile." Ro-fhódail cech fer dib do bochtaib, a mboi de ór 7 argut 7 d'étach oca acht becc; 7 dochuatar iar-sin i n-uamaid slébi Cille. co rucsat ní di-a n-índmas leo, daig bíd do chennach doib ann.] Boi oen oc 1000
 athigid uadib fri cennaigecht mbíd, 7 do choitsecht fri scelaib an imper indríg .i. Malcus ainm in tínthirig-sin. O mbatar na fir noemu is-in uamaid, 7 siat oc ernaigthi trúimm, tanic in t-imper Déice co hEffis in-sin, 7 boi oc iarfaige Maxim di-a thustigib. Atbertsat sin a beth i n-uamaid slebi Cille, 7 cu mad usa a thabairt 1005
 ass, dia mad áil do'n ríg. Indissid tra Malcus doib-sium in aithesc-sin, 7 gabaid omun ann-sin iat, 7 do-ratsat a ígnúsi fri lar, co mbatar oc guba 7 oc ernaigthi imalle; 7 o 'tchuala imorro Dia a frichnum, ro-airchis daib di-a coimet o'n índdirge boi for cind doib, co ro-gairestar a n-ainimm dib-linib chnice as a corpaib, 7 iat-som i n-a 1010
 lige for lár, amal bíd i cotlad no-betis. Ro-n-gab fírg in ríg iarum, co n-epert fri a muntir:—"ercid, ol se, 7 dunaid dorus na huama, daig na tísat na fir út do chathugud fri ar ndeib-ne, 7 di-a mbasugud fén beos." O 'tchotar tra munter in ríg do dhírt na huama, lotar da fher cristaige rempu, Teoddorus 7 Hiaiben a n-annunma-side; 7 1015
 ni lamtis ^{car} sin beos ico'n ríg Crist do adrad co follus, 7 scribsat i taidlib luadi scéla 7 gníma 7 annunda na fher noem út, 7 tucsat a ndorus na huama il-leth n-aill iat cen fis do nach aen, daig in tan bíd ^{heard} la Dia gnimruda a míled fén do fhoillsiugud, co fhad-baithea is-na taidlib cech ni ro-fhódmatar for ainm nDé d'erdarcu 1020
 gud. Tancatar iar-sin munter in ríg, 7 tucsat cairree tromma leo, co ro-dúnsat dorus na huama díb, 7 is s-ed atbertís iarum:—"eplid do gorta ann-sin, ol siat, no ithed cách a céli uaib."

Ba marb tra Déice in t-imper iar cein, 7 ro-gab Teothais mac

some hand notes

1025 *Uchurba* Arecati in rigi iarum. Is 'n-a aimsir-side [tuarcaib] hires na Saducda *cond* .i. diultad na hesergi, ar atbertis-sen co na biad esergi na marb beos. Ba holec tra fri Teothois fris-in imper a menma de-sin. 7 boi oc guide De im a fhoillsiugud cid dogenadimme-sin.

1030 Boi fer soimm i n-Effis an inbuid-sin; is ann bitís a munter oc airtíud a cethra hi fhích slebi Cille, 7 atbert in fer-sin fri a muntir:—"is maith an t-inad-sa, di-ar cethraib, ol se, 7 denaid liasu sund doib." No-bitís na haegaireda oc tinol cloch in t-slebi leo, do denum na mur im na cethrai; tancatar iarum co dorus na

1035 huama, 7 fuaratar clocha tromma ann, co mbertis leo iat for amus al-lias, ar ní thegtís is-in uamaid anund. Ro-fháid in coimdiu a n-annunda in morfesir út doridise i n-a corpaib, 7 atrachtatar co mbatar oc imacallam eterru fen; 7 in-dar leo ní mó ina adaig batar hi cothlud. Batar sochraide a cuirp, 7 ba hog-shlán a n-étaige.

1040 Atbertsat ind-sin fria Malcus;—"ber latt airgent, 7 eirc is-in cathraig 7 cennaig biad dún, 7 finnta latt cid thacras Déice in t-imper di-ar ndáil, uair is erlam sinde fri bás for ainm iDé d'atmail síu (sul) dogénun édpair do na deeb." Rucc a indmus lais, 7 ainmm Déice is ed boi i scribend ann. O ranic tra cus-in cathraig, iteonnaire

1045 sigin na crochi hi ndoras na cathrach; ro-machtnaig cu mor, 7 atrubart aice fén:—"cid, ol se, nach ané dochuadus o'n chathraig-sea? Bess is, í menmai Deice an imper ro-cload ann, o ro-daingniged dorus a cathrach o chomartha na crochi." Lud Malcus in-sin is-in cathraig, co cuala cách oc toinge anma Dé; ateonnaire beos oc

1050 tidecht do'n eclais sechnon na cathrach iat, 7 oc a hathmugud.

[*subscrip* Ro-machtnaig-sin sin aice fen, 7 atbert:—"doig lium, ol se, is i cathraig n-aile do-dechadus." O ranuc cus-in *marud* marud, bóí oc ereice a indmais de chind bíd; batar cách oc féga na n-airgennti:—"faire, ol siat, ciste fuair in duine-si, *as it is lam from the King* iollus fors-na hairgenntib, uair is i

1055 n-aimsir Déice do-ronait." Boi Malcus oc a rada oce fen:—"cid is ail duib-si frimm? in aislingthi atchimm?" Gabar leo he in-sin 7 rucad cus-in *escop* .i. *esch* Marínus a ainm-sium, 7 cus-in *errig* errig beos. Atbert in t-errig fris:—"cia tír as a tanacais ille?" "O'n Effis dam, ol Malcus, 7 in n-i so in Effis? uair ata a-m chuimne nach

1060 mou na di trath atú i n-a hécmais." "Can as a tucais na hairgennti-seo?" ol in t-errig. "A taig m'athar 7 mo máthar tucais

iat," ol Malcus. "Cóich iat-sin?" ol in t-errig. Atbert Malcus a n-annunda friu, 7 ni móti foretatar som sin. "Ráid a fhír dun, ol in t-errig, can as tucais in airgeint ata o aimsir Déice anall? uair ataut di bliadain cóicat for cét co fhuilled, o atbath-som Déice; 7 mi-na 1065 indisea a fhír, no-t-pianfaither ind." Boi Malcus oc torsi thrúimm 7 atbert tra:—"is áil a fhís uaib ar Dhia mbeo, caitt a fhil ingrentig na Cristaige di-a n-aimm Déice an t-imper boi is-in cathraig-sea, no in mar Marínus in t-escop noem beos?" "Is marb in Déice-sin, ata re ^{hine aib} ~~clán~~ ann," ol siat. O 'tchuala tra Malcus sin, atbert fris- 1070 in escop noem:—"in-dar lium-sa, ol se, ni mo ina oen adaig dam co-m brathrib i n-ar suan; acht o 'tchim co fhilet aimsera ann fris-in re ~~atamm~~ i n-ar suan, bes is é Dia ro-n-dúsaig o marbu, co fhindat fir domain co mbia co fir esergi na marb is in fhuigell erdraicc. Ticcid din lem-sa, ol se, co ro-múney dib mo braithe, 1075 atrachtatar immalle friumm." Ba ~~machtad~~ mór tra ~~las~~-in escop eus-in errig in scél-sin. Ro-indis Malcus di-a brathrib uli cech ní do-rala for cind dó is-in cathraig. Luid iarum is-in uamaid co nu-s-fuair ~~scrín~~ ^{cais} innte, 7 dí glas argait forri. Tanic amach co solam co ro-gair in popul, 7 oslaicid a scrín, 7 fuair ^{di} thábill lúadi innte, 7 1080 is ed boi i scribenn imtib-side, 'páis in mofesir noem út,' amal ro-ráidsium remaind; co n-id in-sin ro-chretsit co mba fir cech ní atbert Malcus friu. Dochótar ^{post} is-in uama co nu-s-fuarutar na firu noemu a n-ullind na huama, ocus iat i n-a suide: 7 ba hetrocht amal gréin a ngnúise. 1085

[XXX.]

PÁIS GEORGI *incipit.*

PÁIS GEORGI

Pretiosa est in conspectu Domini mors sanctorum eius. In spirit ^{co eternal} noem, in tres persu na deachta uaisle; is comshuthain 7 is commolb- ^{consabofunhal} thaige fris-in athair 7 fris-in mac, is e in spirit-sin ro-fhaillsigetar na briathra-sa tria gin in rig-fhatha, David meic Iese, co n-abair:— *Pretiosa est in conspectu Domini mors sanctorum eius: de cuius laude* 1090 *dicitur: inveni David filium Iese, uirum electum secundum cor meum.* Is e in David-sin do-roine tri cóicait molta do Dia. *Psalmus autem*

in quo hic uersus scribitus est ex persona eecrotantis Ezechie canitur ; alligorie autem hunc per totum Psalmum inuictorum martirum uerba referuntur. Oen din do briathraib in pshailm-sin is cubaid re molad martíre in choimded, a n-atbeir in fáid sund :—*Pretiosa est in conspectu Domini mors sanctorum eius. Vere pretiosa et felix est mors quæ Christi mortem emittatur : pro magna enim gratiæ ubertate seruis suis intulit mortem quam ipse assumere dignatus est. O mors admirabilis quæ nobis præstat uitam eternam ! O interitus amobilis qui nos erigit ad excelsa ! O exitus gloriosus qui membra Christi emitatores sui capitis facit !*

Sochaide tra hi petarlaie 7 i nú-fhiadnaise dochótar im martra lógmair ar in coimdid, amal dochóid in martír uasal oirmitnech di-a ta lith 7 foraitlmet i n-ecmoe na ree-si 7 na haimsire, *id est, sanctus martir Georgius.* Is ann tra celebrait lith 7 foraitlmet in tí Geurgi i n-ecmoe na ree-si i n-oct kalaind Máí ar-ái lathli mís gremi 7rl. Atfiadar din ní di-a thuirthiud 7 di-a clúimling in martíresi, amal ro-chlóí coradu écraibdechu in domain, 7 amal for-ro-damair martra ar in coimdid. Is lais tra fo-ro-damair in martra-sa, las-in foreongarthid n-ceraibdech di-a n-ad ainm Datiánus. Ocus is-in aimser-sin ro-fhollamnaig in foreongartig Datiánus fo cethar aird in domain, 7 ro-hescongrad uad co tístais in uli rig a n-oen inud. O thancatar na da rig sechtmogat, dessid in foreongarthig .i. Datián i n-a rig-shuide, 7 a rig 7 a errig co n-a slógu dirime chena imbe. Is ann foreongart Datián in uli pian do thabairt for-aird, co fhaiced cách iat ; 7 is ed atbert iarum :—“ Ci-p e do-s-gni impresain im edpart do na deeb, tescbaither a thenga, dallfaider 7 iadfaither a chluasa, scérthar a lecení, benfader a fhiacra as a chind, esredigfíther a inchind, lederthar a doti, brisfíther a luirgne 7 a baill ar-chena.”

Sochaide tra do chretmechu in choimded, o ’tchonncatar na piana fáiri doib, is e a mét ro-s-lín oman co na hatmad nech díb co mbad Cristaige etir ; 7 o rancatar popul dirim ann as cech aird, do-dechaid tra in mog noem 7 in redlu thaitnemach Georgi, a Capadóie dó ar-ái chineoil. So dethbir cia no-thísad, uair ba tóisech slóig ádbuil he ; 7 is amlaid tanaic, eu n-ór 7 indmas iumdha cus-in rig. O ’tconnaire tra Georgi in rig co n-a shlógu oc ecnach Crist 7 ic adrad demuin, is ann-sin do-rat a uli ór 7 indmasa do bochtaib in choimded ; ro-lí iarum a bratt de, co n-id ed atbert :—“ ro-dhiall demun 7 diabol in slóg-sa, co na tucat in coimdid ;” 7 ro-díucair ó

guth mor im-medon in popuil, co n-epert:—" A rígu, láid ass bar 1130
 mbága 7 bar tómaithem, uair ni-s-cúmat ní do neoch ; 7 ni erbaraid
 co mtís dee na hai nách dat dee itir, acht gnimrada lama daine eat." O 'tchuala tra in forcongarthaid a guth-som, ro-boi i tast, 7 ro-t-fég
 co fethmech, co n-epert fris:—" Tu-sa, a dhuine, ní-ma ro-n-tacrais,
 acht ro-thacrais in uli dee doberat rath do dainib, 7 congbat tal- 1135
 main, 7 fhollamnaiget in saegul. Araide tra, abair friumm cia
 cathair duit, no caide h'ainm, no cia fochund for a tanic ille?"
 Atbert Georgi noem fris:—" is e m'ainm oc na dainib Georgius
 Cristaige, 7 a Capadóic mo chenal. Ro-boi sochaide fo-m mámus,
 7 me oc fognam do Christ;" 7 atbert:—" a forcongarthaid, bud nár 1140
 latt, uair nach dat dee na húi chreti, acht hidail dalla anlaba,
 gnimradai lamu dáine." O ru-s-gab ferg in rig cróda, forcongar a
 thocbail a n-airde 7 scerdiud a fheola de cu corránaib, 7 a thairmed
 iarum, 7 salann do chomeiltimme, 7 a glanáid ó chile i n-a dhiaid.
 Atbert iar-sin bera do gabail di-a chosa, co ro-shilset fuil amal usce 1145
 a topur; forcongar beos ord iairn do gabail di-a chind co tísad a
 inchind dar a shrónu immach. O 'tconnaire in forcongarthaid, na
 coemnacar ní do na piana-sin, acht ba sonartite a menma hi úDia,
 atbert a thabairt i carcair. O ro-bói-sim imorro is-in-carcair, ro-s-
 bennach in coimdid, do-rat a anmain dó, 7 ro-shonartnaid a bulla co 1150
 mbrissed for deman. Is ann-sin do-raitne sollsi mor is-in-carcair,
 uair ro-eroslaic in coimdiu doirsi na cathrach is-in óidche, 7 is ed
 atbert:—" A Georgí, dena calma; ni ro-t-scéthaigther, uair atú-sa
 immalle frit. Toingim torum fen, 7 tar mh' aingliu, co na ra-ba
 remut etir martír nach a diaid bus amra in-dai; ar fódéma mor 1155
 n-immnid o na díb rigaib sechtmogat fri re secht mbliadna, 7 ni
 erchoifit nách tódernam duit. Atbela fo thrí, 7 todúscab-sa fo thrí;
 is-in cethramad bás ticub-sa chucat, 7 rega lium dochum chumsanta.
 Ní dena tra imecla, ar atú-sa immalle fritt." O ro-s-bennach in
 coimdiu in tí Georgi, ro-[fh]resgab co n-a ainglib dochum nime. 1160
 Georgí noem imorro ni tharustar oc ernaigthe co matain; 7 ba maith
 lais a menma, uair ro-artraig in coimdid dó. Is-in matain iar n-a
 barach, atbert in forcongarthaid, co tuctha mog Dé as in carcair:
 is ed tra ro-ráid Georgi oc tidecht amach.—" *Deus in adi[u]torium*
meum intende: Domine, ad adiuvandum me festina." 1165

O ranic cus-in forcongarthaid, is ed atbert fris:—" Atai-siu

immalle fri tigerna la hApaill; me-si ðin, atu immalle re-m
 tigerna Isu Crist, mac Dé bí, slaniceid in cheneóil doenna." Is
 and-sin foreongair in rig cróda, co tartá cet plag-bemend dar a
 1170 drúm, 7 cethracha dar a thairr, 7 co ructa i carcair 7 cepp dar a
 chosa. Ruetha iar-sin eipistil uad fo'n uli thalam: is ed so bóí
 innte:—"Seci-p drúí co údichur eluda draidechta na Cristaige,
 ticed chucum-sa, 7 dobér-sa dó ór 7 indmusa immda chena, 7 bid
 tanaise dam-sa he i-m flaithius." Erlegthar in eipistil fo'n uli
 1175 domun, co cuala tra aroile draí .i. Anataisius a ainm-side; do-
 dechaid cus-in foreongraid, 7 is ed atbert in foreongraid fris co
 fháilti moir:—"Cia mod fil latt do díchur eladan draidechta an
 fhir-sea?" Atbert in draí .i. Anathaisius fris-sim for conair, tarb
 do thabairt illéna. O thuccad, canaid bricht i n-a chluais, co ro-scaíl
 1180 a údib blogu. Ro-s-fáiltuig in foreongraid dó-sin, 7 atbert fris:—
 "Commice so iar fhir cor dar cend eladan draidechta in fhir-si."
 Atbert in draí:—"Tairis bice, a foreongraid, 7 atíchera in adamra-
 sa." Is ann-sin ro-aentadaig doridise in tarb ro-scailed ann, 7
 ingantaigít in popul gnúmrada in druad. Ro-foreongart iar-sin in
 1185 rig Georgi noem do thabairt chuca, co n-epert fris:—"A Gheorgí,
 is ar do dáig-siu conaitecht-su in drai-sea, co ro-laa-su ass a
 draidecht-som, no cu ra-malarta-sum tu-sa." Georgí noem
 imorro, o 'tconnaire in fer, is ed atbert fris:—"Dena col-luath in
 ní comige do denum, nair atcú-sa tu-sa co ngébai foillechta in
 1190 coimded chucut." Ro-gab tra Anathaisius érdig i n-a láim, 7 do-ro-
 gart annumna na údemma furri, 7 do-rat do Georgi co n-essib, 7 ní
 ro-s-erchoit dó. Atbert in draí:—"Ata oen ní ocund do denum, 7
 mi-na erchotir-si do'n ní-sin, creffit do Christ crochdai." Ro-gab
 Anathais coilech lendai chuire, 7 do-ro-gart annumna na údemma ba
 1195 tressi oldáti na tosig, 7 do-rat do Georgi co n-essib, 7 ní ro-erchoit
 dó. Is ann-sin do-ro-gart Anathais ó guth mor, co n-epert:—
 "A Georgí, a lócharm na fírinde, ar Christ crochda, ar mac nDé
 bíí, tanic do nemdaib dochumm thalman 7 ro-shaer in uli batar oc
 demun, saer m'anmain-sea 7 tabair dam comartha na Cristaidechta,
 1200 co ro-airiller rochtain parthais." O 'tconnaire tra in foreongraid
 an ní forceomnacar ann, atbert Anathais do breith sechtar chath-
 raig 7 a díchennad; Georgí tra do thabairt hi carcair, co ro-s-
 imráided indus no-malartfad he. Is-in ló iar n-a barach, foreongair

in rig roth mor do thabairt chuca, 7 bera áithe 7 clóidbe de-fhoe-bracha do thabairt i n-a medon, 7 Georgi do chur índ. O thanic tra 1205
Georgí, 7 o 'tconnaire in roth, is ed ro-s-imraid oice, indus no-m-saerfaither o'n roth-sa, 7 is ed atbert, la cúmscugud a chind co n-aithrige de-sin :—" Mairg det-siu, a Georgí, bat cúimnech ina hamsire-si, in ro-crochad Crist eter na dá latrand; no-m-cluin-se anosa, a Dé dianaig do-m-shaerad o na galaruib filet as cech aird, 1210
uair is immut tairises m'animm." O ru-scaith do a ernaignthi, ro-laad is-in roth, co ro-deglad a ndeich renda a chorp, 7 ro-fháid a spirut. Is he so in cet bás dó.

Is ann-sin conuarcaib in forcongraid a guth, co n-epert :—" atithí-se, a uli rigu, co na fil Dia aile acht Apaill 7 Hercoil 7 Neptúin; ité 1215
érfhuirgit in nem, is treothu fhollannaigit na rig 7 na cumachta a flaitihsa. Cáit hi-ta Dia Georgi, Crist crochda ro-crochsat Iudeif? 7 cid ar na toet di-a shaerad do-m lamaib-sea?" Is ann-sin forcongair Datiánus enamu Georgi nóib do thabairt hi cuthi, ar na ruccad oen do na Cristaigib ní di-a ballaib 7 di-a thaisib, 7 1220
na ro-airmitnigitis iat. Dochuaid iar-sin in forcongraid dochumm a phelati, 7 a rigu immalle fris, do thomailt. Timchillid in coimdiu in cuthi o núl, 7 forcoemnacair torann mor ann 7 talam-chumscugud. Is ann-sin do-dechaid Michel archangel, 7 tarustar for ur in chuthi, 7 tinolid cnámu Georgi noib a n-oen inud, cu 1225
ra-thodusaig in coimdiu in tí Georgi iar-sin. Ro-immid Georgi co n-acca in forcongraid, 7 co n-epert :—" is e Georgi siut," ol se; "ní he imorro, ol foirend aile, acht nech is casmail dó." Atbert tra mōg Dé :—" is me-si, ol se, Georgi; is me ro-hoirced uat-siu." O 'tchonnaire tra Anathais máigistir na míled co n- 1230
erracht Georgi, ro-creit do Christ co n-a uli múinntir, 7 do-riugart o guth mor :—" A Georgí, a mog Dé, cretmit-ne cid sind do Christ." O 'tchuala tra in forcongraid sin, forcongraid a dichennad, 7 atbert luaide 7 iarn legtha do thabairt a ngin Georgi: is amlaid forcoemnacair dó, amal bid usce fuar. Atbert beos, sesca cló rind-aith do 1235
sháthud i n-a chend; ro-laitea tra ass tria forcongrai in choimded, 7 ni frith nach locht is-in cend noem. Atbert iarum a thocbail, 7 a chosa suas, 7 a chend síis, 7 clocha b'á bragait, 7 de mor fóis; acht ni ro-erchoit dó ní dib-sin. Forcongair iar-sin fuath doim de uma do thabairt for-aird co mberaib gera iairn for medon, 7 Georgi nóeb 1240

do chur ind, co ndernta men 7 luaith di-a ballaib. Georgí noeb imorro dogníth atlugud buide do Dia, do-rat sonarti dó. Ro-artraig in coimde dó is-in oidche ar cind, co n-epert fris:—"Dena calma, na bíd uaman na himecla fort na todernum-sa, ar biat-sa
 1245 inalle frit; uair ba marb aen fhecht 7 atrachtais; atbela in fecht tanaise, 7 dogen-sa do toduscad." O ru-s-bennach tra in coimdiu in tí Georgi ro-[fh]resgab dochumm nime. In noeb Georgi imorro ní tharustar-side is-in aóidche oc atlugud buide do Dia, uair ba fáilid lais fegad in choimded. O ro-shollsid in laa iar n-a
 1250 barach, atbert Datáinus Georgi noem do thabairt chucai. O ro-s-derec tra Magentius in rig for Georgi, is ed atbert:—"A Georgi, a mog Dé, tabair dam in oen itge-si uait, 7 cretfet hi Crist." Atbert Georgi:—"Apair a ni comige." "Atat cethri rig-shuide déc sund, do-ronta do chrannu toirthechu; dena co ro-fhrémaiget is-in talmain,
 1255 7 co mbet fo thorud is cubaid for cechae cech ni dib." Ro-flhull Georgi gluine iarum fri re n-uaire, co ro-tuaislaicthe na cethri rig-shuide déc, 7 ro-renachsat na clara tirma, 7 do-ratsat a torad iar n-a cosmailius fen. Is ed iarum atbert Magenntius:—"Gníam atlugud buide do Apaill 7 do Hercoil 7 do'n uli dheeb, uair ro-
 1260 artraig a mbrig 7 a cumachta is-na crunda tirma-sa." Is ann-sin forcongair Georgi noem do chengul, 7 serr iairn do thabairt for a chend, 7 a thescad a nídb bloga, co fhuided a spirut. Ba he sin a bas tanaise do Georgi. Forcongair iarum in forcongraid, coire umaide do linad ho bii 7 ho luaide, 7 Georgi noem do thabairt
 1265 ind: atracht a fhiuchad de cóic cubat déc. Atcós do'n rig co ro-s-leg a fheoil 7 a chnamu amal usce. Forcongair in rig a adnocul co n-a choire, co na ruccad nech do na Cristaigib ní di-a thaisib. Is ann-sin atbert in coimdiu de nim fria Michel arch-
 1270 sollsi mor ind-sin 7 do-ro-gart in coimdiu in tí Georgi, 7 atracht a bas focetoir.

Tanic is-in cathraig iar-sin, co mboi oc forcetul; forcongair in rig a thabairt chuige. O thanic, is ed atbert:—"Atai-siú imalle fri hApaill fri Dia fen, atu-sa imalle fria-m choimdiu, Isu Crist."
 1275 Iars-na hiib-sin, atbert in rig Tranquillus:—"Ata sund, ol se, comrair luadi chumdaichtu o iurn, ní-s-fitir nech cia ro-hadnaiced innti; dia tódúsca-su in foirend-sin, cretfemít-ne deit." Atbert

mog Dé:—"ro-fhetar-sa co ndingne Dia orm-sa, 7 ní chrefe-su etir, acht ar-daig na foirme creffit hi Crist, dogen-sa a ní connige-si. Ercid, a uli rigu, 7 tucaid a ní fogebthai is-in adnocul eter chnamu 1280 7 luaithred lib." Do-ronsat, 7 tucsat i n-a fhiadnaise. Fillis mog Dé a gluine iarum fri re dá uair, 7 do-s-gni ernaigthi. Tanic nel mor and la toraind 7 talum-chumsengud, 7 do-ráitne sollse 7 ruithniugud ádbul for luaithred na marb. O ru-scaith in ernaigthi, atbert mog Dé:—"ercid i n-annaim in choimded, Isu Crist, 7 1285 tairissid for bar cossa!" Is ann-sin atrachtsat cóiciur fer 7 noi mna, 7 tri noidin. O 'tconnaire in rig in ní-sin, do-ro-gart oen dib chuire, 7 ro-iarfachd dó:—"cia h'ainm?" ol se. "Iop," or se. Atbert in rig:—"cia fot atai sund?" "fri ré cóic ét bliadan", or se. Atbert in rig:—"in n-é Crist no-adairtha?" "no-co n-é, or 1290 se, ar ní ro-genir iar ndoeindacht in tan-sin." "Cess, cid di-a n-adairtha?" ol se. "Na habair frim a rada, uair is nar liumm a aisnes; ár no-chredind Apaill co mba tigerna dam; is e-sside in t-ídal dall amlabar 7 malartnaig in uli anmund; 7 is for a adrad tucad dam-sa loce dorcha cumang, hi fhilet srotha tenntige 7 1295 cruma nemmarbdai. Cluin-sin, a foreongraid, ci-p e cretius hi Crist abus, 7 searus fri pechai, berthar a n-inad n-óibind iarum." Atbert in foreongraid:—"for baile atái, a dhuine!" O 'tconnaire tra in t-í ro-dúiscead ann in n-í Georgi, is ed atbert:—"A Georgí noem, a mog Dé, a locharn na ffrinde, a redla taitnemach, no-t-guidimm 1300 co ro-airchise dimm 7 do'n uli atat imalle frim, co tarta dún comartha na Cristaidechta, co na dechsum is-in luce dorcha cetna." O 'tconnaire Georgi cretem in fhir-sea, benaid talum ó chois deis, 7 tanic topur co n-iomad datha ass, co ro-n-baiste focetoir i n-annaimm athar 7 meic 7 spiruta nóim, co n-id ed atbert:—"eire co-m bend- 1305 achtu!" 7 ní ró-artraig iar-sin. Atbert in rig iar-sin fria a thimtirigib:—"Cuinchid mmai .i. fédb bocht, eu-s' na fil biad i n-a tig, 7 cenglaid in tí Georgi oicce." O ranic Georgi tech na mná, atbert fria:—"Tabair dam nach mbee do bínd eu toirmelur he." Atbert in fhéadb fris:—"A mog Dé, ní-s-fil biad lium-sa." Atbert Georgi: 1310 —"cia dia di-a n-ádrai?" Ro-freair in fhéadb:—"in dia mor Apaill 7 Heroil ádraimm," ol si. Atbert Georgi:—"cóir, cen co beth biad ocut." O 'tconnaire in ben a gnúis amal aingel, teit d'iarraid bíd do himmach. Dessid-sim tra colléice i congbaill in

- 1315 tige, 7 ro-s-forbair in gabul cóic cubait déc uas in tig co n-a torad forri. Tice aingel co sassad do cu tormail. O tanic in ben dochumm a tige, atchi ní ba machtad le, .i. in gabul tirimm a beth fo blath trómm, 7 in méis lan do biud. Sléchtais in ben focetoir, 7 guidis in tí Georgi co ro-shlanaiged a mac dall bodar amlabar na
- 1320 cúmcaed cor de aice, co mba nár a fhéagad do neoch. O 'tconnaire Georgi hires na bannscáli, ro-s-gab a nóidin for a glún, co tue a anail fó a ruse, 7 eroslaicced focetoir, 7 itconnaire ní. Atbert in ben iar-sin:—"A thigerna, eroslaicther a chluasa 7 slanaither a cossa." Atbert Georgi:—"is alice dam-sa a beith fo 'n innus-[s]a
- 1325 gus-in laithe-se faidfet he do acallam Apaill." Is ann-sin forcongair. in rig Georgi do thabairt is-in pealait, 7 coindli do suiguidud fo a leassaib 7 fo thoebu, 7 ro-lasastar a fheoil amal céir; 7 do-riugart o guth mor gus-in coimdi, 7 ro-faid a spirut; 7 is e sin in treas bass do. Atbert in rig, go ructha a mullach slebe, co n-etais biasta
- 1330 7 ethaite he, na rucad nech do na Cristaigib ní de.

O ra-suigiged amlaid-sin, do-roine in coimdiu gu n-a aingliu, 7 do-riugart in tí Georgi, 7 atbert:—"A Georgi! a mog Dé! eirg as do shuan!" Atracht Georgi focetoir. Dochuaid in coimde dochum nime. Tainice tra Georgi co solam as in t-sleib, 7 do-riugart a

1335 n-diaid na míled. O 'tconncatar na mílid e, ro-slechtsat fo chossaib 7 atbertsat:—"A Geoirgi! a mog Dé! tabair dún comartha na Crist-aidechta!" Georgi noem imorro benaid in talum o chois deis, 7 tanic topar usce bú ass, co ru-m-baist he, 7 dochuatar immalle is-in cathraig, co n-epertsat fris-in rig:—"Atái-se immalle fri hApaill,

1340 fri dee fesin; sinde tra immalle fris-in coimdiu, Isu Crist." Atbert in rig fria Georgi noeb:—"Ar Apaill 7 ar Dhean 7 ar máthair na ndee comchetfan dam." Atbert Georgi:—"dodén do thoil." Is and-sin ro-fhailtúig in rig, 7 pócaid a chend; Georgi noeb imorro, ní ro-s-léc a chend do phócad, acht ba hed atbert:—"iars-in-ní

1345 dogén-sa edpairt do na deeb, pócaid mo chend, 7 regut is-in carcair, co ru-édrur do-t deeb-siu." Atbert in rig:—"ní ba hamlaid bias, acht rega is-in pelait dochum mo rigna-sa .i. co hAlxandria, 7 cúmsanfa and." O dochoid tra Georgi noeb is-in pelait, fillid a glúine, 7 do-róine ernaigtli co matain cen anad. O do-raitne

1350 iarum in láa iar n-a barach, forcongair in rig Georgi do thecht i tempul Apaill. Atbert Georgi fri[s]-sium:—"tinoil in uli phopul

7 sacartu na ídeea a n-oen inud, co nu-s-acatar me-si oc edpart do Apaill 7 do na deeb ar-chena." O thanie tra cách uli, tanie in bannscál, is a mac no-s-ícc Georgi do'n daille, 7 sí oc scailed a fuilt, oc dluide a hédaig, 7 a mac lee. Do-riucar-si o guth mor, co n-epert: 1355
 —“ Maire deit, a Georgi noe**b**, **techt** i tempull Apaill do edpart do ! Tu ro-n-dúsaig na marbu, ro-iccais clamu 7 dallu 7 cech n-aincess ol-chena, do-rónais na crandu tirma co r-ba toirthrech, ro-línais mo meis o cech maith.” Do-riugart tra Georgi in bannscal chucai co n-epert fria ;—“ **Tabair** síis a nóidin for lár.” Tuccad chuca a 1360 nóidin, 7 atbert fris :—“ forcongraimm fort, ol Georgi, i n-anmaimm Ísu Crist, ergi ! ” Atracht focetoir co ro-s-imdig, 7 do-ratad erlabra 7 esdecht dó. Téit iarum co fer nDe, 7 sléchtais do, la pócad a choss. Is ed dín atbert Georgi fris :—“ Atberim frit, a gilla bicc, éire i tempul na pagán 7 raid fri hApaill, ‘ tair col-luath as in 1365 luca atái ! ’ ” Teit iar-sin in gilla becc is-in tempul, 7 is ed atbert :—“ Atberim frit, a hidail daill amlabair cen guth cen lamu cen cossa, a malartnaig na n-anmund, creit anosa ata mog Dé ico-t gairm.” Do-dechaid cen fluirech in t-ídal, 7 is ed atbert :—“ A Ísu Nasardu, ro-thairngis in uli chucat, do-rígnis 1370 do fhlaithius co n-ad etargnaid do cách, do-ratais a nóidin do nach slán acht dí leth-bliadain i m'agaid-sea.” Tarrustar iar-sin fó chossa Georgi, co n-id ed atbert Georgi fris :—“ In tu-sa dee na pagán ? ” Ro-s-frecart an t-ídal :—“ Nach fetar-su is mé ? ” Atbert G. :—“ Ni fhetar-sa tu-sa,” ol se. Atbert an t-ídal :—“ Dar 1375 Dia fil a nim, 7 dar in uli dul fhollamnaiges, dia mbeth mo chumachtu fort, no-t-malartfaind innosa.” Atbert G. :—“ A malart na Cristaige, regai i fhudómna talman, 7 biaid ind col-lathi in fluigill.” Georgi tra ro-s-ben o choiss in talmáin, 7 ro-eroslaic hi, 7 ro-laad in t-ídal hi fhudomnaib talman, bail hi-ta a athair .i. 1380 diabul. O forcoemnacair mor nuall na ngennte conice nem ar coscrad an ídail, 7 na Cristaige for in coscar ruc Dia 7 Georgi, atbert in forcongraid fria mog De :—“ A chined mallachtnach, a chanel soeb ! atbert sib dogénta edpart do na deeb ; acht chena ro-flhoidis iat hi fhudomain talman, 7 is alicc lat mo chor-sa fen ind.” Teit 1385 iarum i n-a pelait co a rigain, co hAlexandria, co n-id ed atbert fria :—“ Rucc ar n-anmain asaind Georgi, do chanel na Cristaige.” Atbert in rigan Alexandria :—“ Coiste frim, a fhorcongraid ; is cum-

achtach Dia Georgi, 7 at mora a gnimruda ; malartfaid do rígi 7 do
 1390 fhlaithus umat." Fergaither in forecongraid, 7 is ed atbert:—
 " Maire dam-sa, a Alexandria, in ní do-rala det-siu, betl oc tacra de
 chind Georgi, uair atehiu co sonartnaiget droch-gnimradai Georgi
 innut." Is ann-sin ro-gab al-láim, 7 do-s-rat di-a thimthirigib ; 7
 forecongraid a tócbail al-los a fuilt, 7 a corp do nochtad 7 a tuarcain
 1395 o shondaib co mtís léir a cnámu. Ni chuala nech a guth-som
 de-sin ; acht do-rat a ruscu co neam, 7 atbert fri Georgi:—" A
 mog Dé, dena guide in choimded erumm, uair atú is-na pianaiB
 moru-sa!" Do-roine Georgi ernaigthe, 7 ro-forcan ; 7 dochoid fo
 buaid martra hi quart decimn Kalaind Máí, iars-na gnimú mora-
 1400 sa. Ro-raid in forecongraid fri Georgi noeb:—" Uair ro-malartais
 in rigan, is ed triallaid ar malairt féin." Is ann-sin atbertsat in uli
 rig:—" Coiste frind, a fhorcongraid ! Georgi, do chanel na Cristaige,
 nach adrann, 7 nach cluin ar ndee-ni,—atberam-ne a dichendad o
 chloideb." O ro-s-gab tra Georgi breth ina martra ó 'n forcon-
 1405 graid, teit do chomallad a duthracha ; 7 o ro-siacht i ndorus iarn-
 aige, a chos amuig 7 aroli i taig, atbert fris-na feol-denmaigib:—
 " Tairisim bice, co ndernar ernaigthe. Atu-sa secht mbliadna ico-m
 mess o na dib rigu sechtmogat-sa : no-t-guidim tra co ro-léci dam oen
 uair i n-ernaigthe." / O ru-s-feg dochumm nime, is ed atbert:—" A
 1410 Dé uli-chumachtaig, is tu ro-flhóid in tenid thall for Helií faid, co ro-
 fhorb na tri cóicait,—a mo choimde, a Ísu Crist, tained tene do
 nim, 7 forbanad Datian cus-in uli rig atat imalle fris!" Tanic
 focetoir co ru-s-malart uli, 7 ba he al-lín, cóic mile. Ro-siacht tra
 Georgi eul-luc in dichennta, 7 atbert fris-na feol-denmaidib:—" Tair-
 1415 issid beos, co ro-guider ar na haiib ro-chretset anallana, 7 creffit
 iarum hi Crist ; uair sanntaigit anmunna in popuil roind m' etaig
 aterra, 7 is doig ní fholartnaigend mo chorp 7 m'etach do 'n
 phopul." Is and-sin tuarcaib Georgi noeb a ruscu co nem, 7 is
 s-ed atbert:—" A mo choimdiu, a Dé nime 7 talman, tabair dam
 1420 an itge-si : cech oen ata i fhiadnaise mo chesta, co ro-chretit
 det-siu, a shlanúccid in domain ; 7 cech oen la-sn-ad ail inhócbail
 7 onáir do thaissib mo chuirp, tabair doib a n-accobar, a mo
 choimdiu ! Tabair dam beos, co nu-s-fortachtaige da cech oen
 bus cuimnech do-t mhog-sa, Georgi, i n-amsir a chestai, cid slanti
 1425 chuirp no anna conesat, tabair dóib ! uair ro-fhetar-sa at aiprise

na dóine.” O ro-forbad an ernaigthi, atbertsat cách uli, ‘Amen.’ Atbert in coimdiu as in [n]íul ris:—“A Georgí, a Georgí, a mog Dé, tair hi fhlaith m’ athar! Atgillim torumm fen, seci-p erfhoemus brothairne do t’ étach, no dogné eclais hi t’ an-maimm, 7 bus cúimnech m’ amma-sa, seci-p ní ateuire sind 1430 dib-línib, ro-s-cluineb-sa in ni-sin.” Tarrustar in coimdiu is-in imacallam fria Georgi. Atbert Georgi do na feol-denmaigib: —“Tait 7 comallid in ni ro-fúired dib.” O ro-fhill gluine mog Dé oc slechtain, dichemtar samlaid, 7 tanic usce 7 loimm as a churp. In cethramad bás do Georgi noeb in-sin. Tanic sollsi 7 1435 fleochad mor ann, co na coemnacar in talam a fulang, 7 co na coemnacar nech fegad na sollsi tanic im chorp Georgi nóib.

Ro-fhorbustar tra Georgi noeb a martra i n-ocht Kalaind Máí, 7 i n-óin didin, co fhoisitiu do ’n choimdiu. Noi cét tra for tri mile cretset do Christ tria procept Georgi noib. Atat din a 1440 thaisiu co n-anoir 7 airmitin hi sund. Cid at mora a anoir colléic, bid mou il-lo bratha, in tan taitnigfes amal grein, i n-oentaíd noeb 7 fhíren in domain, i n-oentaíd noi ngrád nime na tairmdechatar; is-in oentaíd is uaisliu cech oentaíd, i n-oentaíd na trinóti, athar 7 meic 7 spiruta noim. Alme trocaire De tria 1445 himpide Georgi; ro-hisumm uli, ro-s-airillem, ro-s-aíttrebam, *in saecula saeculorum, amen. Finit. Amen.*

[V.]

34 a 19]

CÉSAD STEPHAIN *incipit.*

“*In mundo presúram habe[bi]tis, sed confidite, quia ego uici mundum.*”

Isu Crist mac Dé bíí slaníceid ind uli domuin, is e ro-raíd in cumair mbriathar-so, ic tairchetul in ingrema 7 na dóonmige 1450 fodémtais a apstail 7 a discipuil 7 in iressaig ar-chena for ainm nDé, ocus ic a nertad co r-chlotís domun 7 demun, amal ro-cloe-sium; *dicens, ‘in mundo presuram habetis s. e. q. e. u. m.’*

Ioin mac Zepedeíí brunn-dalta Ísu, comarba na hógi, in cethra-

- 1455 mad fer ro-scrib in soscela coimdetta, in dara apstal dóc i n-urđ
apstal, is e ro-scrib in coibige-sea i curp shoscela, co r-fácaib i
cúimne las-in eclais, co n-apair for slicht a magistrech Ísu ‘*in mundo,*
dc.’ *Curavit prius magister futura discipulis bella praedicere, ut minus*
haec eos uenientia possent turbare : solent enim leuius ferri aduersa quae
1460 *praesciuntur quam quae sito et insperato supernentur. Magna enim*
consolatio discipulorum est reminisci praedicta esse a magistro quae pasuri
essent, et eundem se scire habere adiutorem et remuneratorem pro cuius
nomine talia essent pasuri. Considerandum etiam nobis Christum sequi
uolentibus, quia Christus non mundi prosperitatem non honorem vel
1465 *gloriam saecularem sociis suis promisit, sed afflictionem et persecutionem*
atque presuram, dicens ‘ in mundo dc.’ De qua pressura alibi ad disci-
pulos ait : ‘ tunc tradent uos in tribulationem et occident uos ;’ sed ostensa
tribulationum magnitudine, [ne] in desperationem incede[re]mus, addidit
et consolationem, dicens, ‘ sed confidite quia ego uici mundum :’ quasi
1470 *dicisset, ‘ dum ego uici et uos uictores esse poteritis ;’ non enim Christus*
in se solummodo sed etiam in membris suis uicit mundum.

Sochaide tra do noemaib 7 do firenu ro-comailset in forcetul-sa
.i. ro-chloeset in doman 7 demun fo indshamail Crist, ro-fodamair
ingreim 7 martrai ar in coimdid, amal ro-fodamair in martir uasal
1475 oirmituech di-a ta lith 7 forraithmet i n-ecmung na rea-se 7 ina
aimsire-si .i. *Sanctus Stephanus Noui Testamenti protomartir.* Is and
iarum airmituigit na Cristaige lith 7 forraithmet in martiri-sea i sept
Kalaind Enair ar-ai latli mis grene 7rl. Atfet iarum Lucas suisce-
laig ní do chesad 7 do chumluing in martir uasail-sea, amal fo-ró-
1480 damair o Iúdaib amirsechaib, ar ires Crist, *dicens* :— [here follows
Acts, vi. 8—viii. 2 in Latin, c. Appendix].

[VI.]

[34 β 34

Cesad Stephain in-sin anuas : do fáillsiugud a chuirp so-sis ;
amal ro-faillsig in coimdiu di-aroli fir noem, co n-epert :—
“*ego sum Lucianus seruus Christi, prespiter et ecclesiae Dei.*” Is-ind
1485 eclais-sin ata Gómáliegis in fich .i. Capagarmali, i comfochraib
do Ierusalem. “*Is accobar lium, or Lucian, co ro-indiser duib in ní*

ro-faillsig Dia dam im-dála chuirp Stepháin fechtnaig in cet martír inna nu-fhiadnaise. Do-m-ralai tra i n-araile aidche is-ind eclais, i cumsanud for mo dergud; do-rochair extais menman form, 7 it-commarce is-in tress uair ina óidche senoir mor liath coem, ulcha 1490 imlebur fair, étach taitnemach imbi, cross ordai im cochair a brúitt, flesc co n-ór i n-a laim, ialla-crund ordai imbi; no-imthiged i m'fiadnaise, 7 ba cunntabairt lemm (in n-ó) Dia no in n-ó) diabuí ro-bói-sium. Ro-imraidiú din i menmain .i. ma-s ó Dia ata in duine-sea, no-m-gairfe fo thri o m'anmuimm fodéin: mad oen 1495 fecht tra no-m-gairfea, ni fhreecer-sa dó. Tanic iar-sin, 7 tarrustar for mo laim ndeis, 7 do-rat béim do'n fhleise orda boi i n-a láim dam, 7 do-ro-gart *nomen meum* fo thri, *dicens*, Lucian, *ter*. Ro-[fh]reecer-[s]a dó 7 is s-ed ro-raidiú friss, .i. “cid is ail duit, a thigerna?” *et dixit mihi*:—“Erig is-in cathraig, 7 apair fri hescop 1500 Ierusalem .i. fri hEoin, ‘cia hairet bemit is-in adnocul-sa? uair is i n-aimsir Eoin is techta ar foillsiugud, fuaclaiced tra foirun 7 aircisfid in coimdiu do'n chined doenna forainde. Ni namá atberim-si erom fén, acht atberim ar-dáig na foirni nóime atant imaille frim; uair dlegat onoir 7 oirmitiu mor doib: is deróil tra in bali 7 in t-inad 1505 hi-taum.’” Is ed ro-raidiú-[s]a fén:—“Cia thu-sa, a thigerna, 7 citné dóine atat immalle fritt?” Atbert-som frim-sa:—“Me-ssi Galmahél, aitte Póil apstail; 7 ro-forcanus recht i n-Ierusalem. Ata imorro i n-airthiur in adnocuil immalle frim mó thigerna .i. Stephan mairtír; is e ro-s-clochsat Iudaide i n-Ierusalem, for iris 7 1510 cretem Crist; 7 boi i ndorus na cathrach cen ádnocul laa co n-aidche, co n-estais biasta 7 ethaite he, acht ni ro-s-corb nách n-anmanda he tria rath Dé hisseom. Me-si imorro Gamalabel, ro-boi foite dam imalle fris, uair ro-p ail dam co ro-thechtaind fochraice immalle fri Stephan martír. Ro-thinoiliu[s]-sa is-in 1515 oidche ina huli firu nóema, 7 in uli iressechu batar i n-Ierusalem, 7 ro-gressus co hinclethi, 7 atbertus friu:—“imorehurid corp Stepain fechtnaig (no infedaig) i-m thir-sea; 7 is e ainm in tíre-sin ‘*Ulla Gamaliélis*,’ fích comfocus sin do Ierusalem; 7 cainid he fri re ceth-rachat lathi is-in inud-sin, 7 suidigid i m'adnocul-sa he, 7 ci-p ed 1520 ní rista a less dobér-sa duib for cháiniud Stepain.” Da-ronsat amal atbert-sa friu. Ata din Neccodim is-in adnocul-sa inmo chassaib *Stephanus Martir*; is e thanic is-in aidche co hIsu, cu ro-forean Isu

- dicens, ' nisi quis renatus fuerit ex aqua et spiritu sancto, non potest intrare in regnum celorum.'* Ro-baist Petur 7 Eoin he focetoir : imraidset Iúdaide iarum a marbad Necodim, acht ro-fhetatar a chairdess frim-sa ; ni ro-marbsat etir he, acht ro-laiset as a airechus, 7 ro-s-indarpsat as in cathraig iar n-a sroigled ; 7 ruesat a indmas uad. Me-si Gamalél, ro-lesaiges 7 ro-s-aillius in tí Necodim co lathi a bais, 7 ro-
- 1530 adnaices he fo chassaib Stephain nóim martír ; 7 is e sin in tress nóem il imalle frim-sa is-in adnocul. Abbibus, mo mac inmain, is e ro-creit do Christ imalle frim sa ; atbath iarum 7 ro-adnacus-[s]a he i n-uachtur m'adnocuil féin. Is and-side ro-m-adnaiced-sa fen iar-tain. Ro-hadnaiced imorro mo shétig .i. Etnai a hainm, 7 mo príngeni,
- 1535 Sedina a ainm-side, i n-aroli fíeh ; uair na ro-chretset do Christ." Ro-iarfaiges-[s]a, ar Lucian :—" cait hi cuindigfem ata-bar-cómnaice ? " Atbert Gamalél ' na-n-cuinchid is-in tír comfhoebraib do m'fhích-sa, 7 is é ainm in tíre-sin .i. tír flier nDé, no tír ina fer cathach.' Iars-in-ni atbert Gamalel na briathra-sa, ni-s-fhacca he
- 1540 iarum. Atrachtus-[s]a suas iar-sin, ar Lucian, iars-in táidbsin-sin, 7 ro-guidius in cóindiu ; is ed atbertus :—" a mo chóimdiu, a Ísu Crist, ma-s o Dia ata in fhís-[s]ca, 7 mi-na-p togoethad diabuil, guidimm in coimdid co r-dam-fallsige fo thri dam." Ro-ánius iarum, 7 ro-m-etarsearus o dáinib, 7 ní r-chaithes araill aelit arán 7 usce 7
- 1545 saland, amal gnathagait fri ré in chorgais. Tanic Gamalel doridisi iar secht lathib is-ind ceose cetna, amal tanic for tús, 7 is-in uair cetna na háidche, 7 is s-ed atbert frim :—" Cid ar na dechadais co hEoin, amal atbert-sa frit ? " Ro-freerus-[s]a dó-som, 7 atrubart friss :—" Ro-b ecal lium, a thigerna, mo thogaethad ó diabul is-in
- 1550 cetna fís, 7 ní cumntaburtach do aisneis ; co n-id aire-sin ro-guides in coimdid fo tri, ma-s ó Dia ro-t-fáided." Atbert Gamalél :—" Costi frim, a escuip ! ro-chuntabartaig-siu i-t menmain, *dicens*, cia bogabur-sa curpu na noem i n-oen luce, cindus conniciub a ndeliugud ? " Atrubart-sa fris-sium :—" Is fir a thigerna, in ní atberi : ba
- 1555 eumtabairt lem-sa sin." Atbert-som frim-sa :—" Ni a n-oen inud is-in adnocul atam ; uair ata Stephan tra i n-óirthiur in adnocuil, 7 Necodim i n-a medon, me-ssi imorro 7 mo mac hAbbibus atam i n-uachtur in adnocuil." Iars-in-ní atbert Gamalael na briathra-sa, teit uaimm focetoir. Ro-gnius-[s]a tra atlugud budi do Dia, 7
- 1560 ro-ánius fo'n indus cetna doridisi secht laa na sechtmaine. Iar

forba na secht laa tanic Gamalél, 7 ro-fergaig frim eu m-mór, *dicens*:—“cuid ar na dechadais cu hEoin escop, co n-indiste dó in ní ro-foillsiges-sa duit? Creit seo in ní atbér-sa fritt .i. mi-na dechais 7 mi-na indisea do Ióin nóem, fodéma ní nach dóig latt.’ Atbert-sa:—“regut, a thigerna.” Dochuadus iar n-a barach co 1565 r-indisus do Ioin in uli-sea. Ro-chi imorro Ioin ar fálti, 7 atbert:—“is bennachdu in coimdid Ísu Crist ro-fhailisig duit-siu in mirbuil-sea.” Atbert Eoin frim-sa:—“Eirgg 7 cuindig in du i-tatt cuirp na noem; 7 iars-indi fogéba. fóí nech chucam-sa co ndigins-[s]a i-t comdail.” Téigim-si iarum, 7 ro-tínchellus in 1570 tír, 7 fuarus дума cloch dóig leam is ann batar cuirp na noem; 7 tancatar iar n-a barach aittrebthaigi in feraind co ro-chlaidset immalli frim in дума-sin. Tanic Gamalél is-in óidche iar cind co raile manach, Nicetius a ainm, 7 atbert friss:—“Eirgg 7 abair fri Lucian escop na cuinchet is-in luc-sa, uair ní hann 1575 atam, acht ro-suidiged in дума-sa i forciull ar cainte o dainib; acht cuinched-som sind i tír na fer trén.” Tanic imorro chucaind is-in matín iar n-a barach in manach Nicetius, 7 iteúaid dun in ní iteonnaire. O ru-s-clos-[s]a sin, atlaigim fri Dia ar forelid aile imalle frind ic foillsingud na noem corp-sin. Dochuamar iar-sin is-in 1580 tír, 7 ro-s-claidsium in talmáin, 7 fuarumar cloich ind, 7 na hannund-sa i scribend indte .i. *Stephanus servus Dei, Nicodémus, et Gamaliél et Abbibus*, 7 fuarumar iarum tri lucaí tra is-in adnocul, amal it-cuadamar .i. Stephanus is-in cetna luce, Necedinnm is-in tánaise, Gamaliél 7 a mac is-in tress luce. Ro-fáidius-[s]a techta co Ióin 1585 escop Ierusalem, 7 tanic i-m cómdáil co n-escopu 7 braitliri imda lais.

In tan tuesam corp Stephain as inad i mbóí, do-rála talam-chumseugud mor ann; 7 tanic bolad direccra de as in adnocul, co ro-lín in uli inud i mbamar. Ro-b ailgen tra in mbolad-sin: is e a 1590 met ón, eu mba dóig lind is i n-oibindus parrduis ro-bamar. Rophócesumar ind-sin curpu na noem co n-onoir moir 7 oirmitin. Tancatar popul dirime [as cech] aird, 7 oes cecha tédma eturru, 7 ro-híetha uli i n-oen uair ind-sin, tri ar sechtmogat; ar conuarcaib Ióin escop Ierusalem co n-a popul corp Stepháin nóim, 7 rucsat leo 1595 he i n-Ierusalem co psalmu 7 immnaib 7 molta imda ile do Dia 7 do’n choimdid na ndula. Is-in aimsir-sin boi plag thirmatad i

n-Ierusalem co tanic fleochad and-sin, co ro-molsat in uli in tí
 Stephan ; nair is fair a aenur tanic in usce-sin. Ro-lessaiged tra
 1600 corp Stephain co n-onoir 7 oirmitiu ; 7 cid mor a onoir colleicc, bid
 mou a onoir i ndail brathla, in tan taitnigfes amal gréin hi nim,
 i n-oentaíd noi ngrád nime na tairmdeochatar, is-in oentaíd is
 uaisle cech oentaíd .i. i n-oentaíd na noem trinoti uasli airmitnige,
 athar 7 meic 7 spiruta noim. Alem trócaire Dé uli-chumaichtaig
 1605 tria impide Stephain noem martir, co risam uli is-in oentaíd-sin :
 ro-ss-airillem, ro-s-aitrebam *in saecula saeculorum. Amen.*

[XXI.]

PAIS PETAIR ocus PÓIL in-so. [172 β 41

*Beati (qui) persecutionem patiuntur propter iustitiam quoniam ip[s]o-
 rum est regnum celorum. .i. is conaich in t-íí fuilnges martra 7 ingreim
 ar in flaith némdai, nair is leo féin in flaithemnus némdai. Tatherithid
 1610 in eineda doenna, Ísu Crist mac Dé bíí, is e ro-raíd na briathra-sa,
 do nertad a apstal 7 a discipul 7 lochta na heclaisi ár-chena, fri
 fulang fochaide 7 ingrema is-in bith frechnaire ar in coimdid na
 ndúla, ar in mor foehraice ro-s-ta de .i. flaith nime. Matha imorro
 mac Alphe ro-scrib in faisne[s]-si for slicht a máigistrech, Ísu Crist,
 1615 co n-apair sunn :—*beati qui persecutionem patiuntur propter .i. is as
 fhásas in faisne[s]-sea do'n ní ro-raíd remí, ruidens autem Iesus turbás,
 ascendit in montem, et cum sedisset, accenserunt ad eum discipuli eius, et
 aperiens os suum dixit, beati pauperes spiritu quia ipsorum est regnum
 celorum : ocus ro-pritcha Ísu na biaiti aile iar n-urd cus-in ochtmad
 1620 mbiait .i. co biait in ingrema. Sochaide iarum i petarlaic 7 i nua-
 fiadnaise ro-fhódmatar ingreim la martra ar in flaith nemdai.
 Ro-fódmustar cetus Abél mac Adaim cet-firén o Cháin míscadach.
 Ro-fódmustar Samsón o Felestinib. Ro-fódmustar Eoin Bauptaist
 o Iruath. Ro-fódmustar Stefán o 'n sínagoig Iúdaide. Ro-fódmus-
 1625 tar Ísu Crist fesin croich 7 césad o Iud[aid]ib amirsechaib is n-Ieru-
 salem. Is fo'n indus-sin tra ro-fódmatar ingreim 7 martra ar in
 flaithius suthain na da apstal uasli airmitnecha, di-a ta líth 7
 forraithmet i n-ecmong na ree-sea 7 na hamsire .i. *sanctus Petrus et***

sanctus Paulus apostoli. Is ann-sin tra airmnitnigít na Cristaigi lith 7 forraithmet na da noem apstal-sa ; itat Kalaind Iúil ar-ái lathi mís grene, is-in lathi-sea indiu ar-ai lathi sechtmaine is-in bliadain hi-tam. 1630

Affiadar iarum ní di-a cenil 7 di-a miltuidecht is-in bith freenairc. Petar cetus, mac Eoin he do lucht Galalee .i. Abzadia ainm na cathrach di-a ra-bi in sainrud, brathair Andrias apstail ; ainm do Caifás .i. *capitalis* .i. cenna, uair ba cend, ba hairehindech na n-apstal he. Is ris ro-raid Dia fessin, Símon Bar-íone .i. a meic in cholaim .i. a meic in spiruta noim. Is e so oegaire in chinedu doenna ; is e in dail fors-a fothaigend in eclais, is e eochair na flatna némdai ; is e apstal is moo do-rat grád 7 seire do'n choimdid ; is e ro-imdig cosaib tirmaib dars-in muir ; is e ro-tóduise in fédba a bás ; is e ro-s-damain o breithir namá Annamiam 7 Sabirra ; is e ro-pritchastar soscela i nGalait, i Point, i Capadóic, i mBethain, i n-Assia, i n-Etáil. Iars-in-ní ro-fothaid eclaisi n-Antuaid, do-dechaid do cathugud fri Símon drúid co Róim, in dara bliadain flaithusa Clauit Césair. Cóic bliadna fichet do i n-a escop, co n-id iar-sin do-dechaid fri croich 7 césad ó Neir Césair is-in Róim. 1640 1645

Pól apstal imorro, do treib Benamín do ; in Tarso Cecile ro-genir, fo chosaib Gamaliél .i. sai rechta ro-alt, for sét na Damaisci do-rograd dochum n-ersi 7 cretmi. Is e forectlaid na ngéinti ; is e comorba Crist i n-ecna ; is e ro-priteustar soscela do'n uli domun acht bec, 7 is imalle fris ticfat i ndáil brátha ; is e is mó do-soethraig do na hulib apstalaib ; is e ro-tuairced fó thri o fleise ; is e ro-clochad oen fhecht ; is e fo-ro-erlangair in noe-combádud fó thri. Cia comic tra a áirem a shóethar 7 a frithaire, 7 cecha docúmna ár-chena ? .i. lí n-ítaid, i ngorta, i tróigi, i nochtai ; fo-ro-damair mor n-ingreim o na bráthrib ar-medon, 7 fo-ro-damair inntledai di-an-echtair .i. carcracha 7 eúibrigi 7 cosáite cechlathide 7 tómaithme báis co menic ; fo-ro-damair tra guasachtu for muir 7 tír o latrandaib 7 ó cheniul fén. Ro-boi din laa co n-óidche in noe-combádud i flúdomain mara ; is e ro-priteustar soscela cen lóg ; is é no-meiled lóg soethar a lám ; is e ba duthrachtach 7 ba trocar in na hulib dóimib ; is fair boi sním lá dethlitu na n-uli n-eclaise. Cia noo atat Cristaide na bad in lábra do Pól (cian duthacraite na bud in lobra do Phol) ? Cia no-discailte na bad erlocht do 1650 1655 1660

Pol (.i. a heris 7 a creteam)? Is e do-rat a forcetul cúbaid do cách, .i. forcetul sain do na tigernaib 7 do na mogadaib, forcetul sain do na hairchindechu 7 do na fómannaigechu, forcetul sain do na feraib 7 do na mnáib, forcetul sain do na lánónnaib 7 do na hógaiib, forcetul sain do na hecnaidib 7 do na hanecnaidib, forcetul sain do'n aes rechta 7 do gémtib, forcetul sain do'n eclais 7 do lucht in t-soegail. Is e dúthracair a malairt féu for na bráthrib co mtís slana i n-Dia. Ro-po crochda in domun dó, 7 ro-crocharson do'n domun; is e ro-mid ar nefní na huli, ar mét serci Crist

1675 occe; is e ruccad eus-in tres nem, do fégad rúine 7 derrite Dé; is e ro-ráid fri-a discipul i comfhacús a chesta:—*certamen bonum certavi, cursum consummavi, fidem servavi: de cetero reposita est mihi corona iustitie quam mihi Deus in illa die iustus iudex redet.* Ro-cúibriged tra in tíí Pól fa-deóid, 7 ro-sroigled o Iúd[aid]ib i n-Ierusalem, 7 ruccad

1680 cu Róim i n-a cúibrech di-a taiselbad do Neir Césair, amal atfét sin Marcellus discipul na n-apstal. Iars-in-ni tra do-dechaid Pól co Róim, tancatar na hIúdaide chuca, 7 is ed ro-raidset fris:—“Ar n-ires-ne in ro-génar-su, dítin 7 tacair dar a cend, ol siat; uair no-co n-fhúren det-siu co ro-fásaigi ires na n-Iúdaide, 7 tu féu

1685 do Iúdaidib. In tan tra atchithera-su Petar, tair i n-a agaid; is e ro-lá dar cend ar forcetul-ne .i. sapoit 7 nú-esca 7 imdibe, *de.*” Atbert Pól:—“Ereid 7 indissid do Petar comanacatar dún, 7 dia pritchasum forcetul nua, cloifet-su he in bar fhiadnaise-si; mað forcetul inorro ro-daingniged o thestemnaib o lebraib na n-Ébraide dogné,

1690 is ed is coir dún uli umaloit do, 7 comchetfaid fris.” O ro-ráid Pol na briathra-sa co tuilled, dochotar na hIúdaide co Petar, 7 ro-raidset fris:—“do-dechaid Pól ó Iúdaidib, 7 no-t-aitechenn-sa co tís chucai; ar do-fúcsat leo e-sium ille i cúibrech, 7 ní chomarlécet nach leth atcobair, co roa co Césair.” O ro-chuala Petar sin, ro-

1695 fháitnig co mor, 7 do-dechaid cen fuirech chuca. O 'tconnaire cách díb a céli, ro-chúiset ar fáiti, 7 ro-dáilset déra immda, 7 láma cáich díb dar brágait a céli. Atcuaid iar-sin Pól do Petar cecha ro-cesair oc tidecht; atcuaid tra Petar do-sum cecha fo-r-damair ó Shímón drúid. Dochóid ass Petar la fescor, (.i. dered láí), 7 o ro-shóllsig

1700 in laa ar a barach, do-dechaid Petar dorithisi, 7 fuair sochaidi moir for a chind, i ndorus in tigi i mboi Pól. Do-rala tra in tan-sin cosnum mor 7 fuasnad iter Iúdaide 7 génti; ar is ed atbertis

Iudaide :—“ Cenél togaide sinne, 7 cenél rigda do síl Abrahaim 7 Isác 7 Iácoip dún, 7 do síl in uli fhátha, di-a ro-labair in coimde gnúis do gnúis, 7 di-a ro-fhoillsig a mor mírbuli 7 a derrite rúnta. 1705 Sib-si din, do génntib dúib ; ní fuil nách mor maith ocaib in bar síl, acht ro-barn-élned oc adrad cloch 7 erand 7 ídal.” O ’trubratar na briathra-so 7 araile briathra immda, is e freccera do-ratsat na génnti :—“ Sinne, ol siat, amal atcuallumar in firinde, ro-lécesem úaind in comrorcuin, 7 ro-shechsem in firinde ; ro-fhetabar-si 1710 imorro in Dia di-a ndenta adartha, atconneabar ferta 7 mírbuli na fhátha ; is dib thuacad recht o Dia ; is sib tanic tria muir ruad cosaib tirmaib ; itconneabar bar náimtiu do báddud in bar fiadnaise ; is duib tuacad in máind do nim ; is duib ro-artraig columa níúil il-lou 7 columa tenntigi i n-oidche ; is dúib do-dechaid usce 1715 somblasta as in carraic ;—7 iars-na hulib-si tra, ro-chúmdaigsibar in loeg n-órdai, 7 ro-adarsibar he ; sinne imorro, cen eo n-acumar na hadamra-sin 7 na mírbuli, ro-cretsimar i nDia fíren ; ro-lécebar-si tra uaib he cen a chretium.” O mbatar íco’n cosnum-sin, ro-pritchastar Petar 7 Pól dóib, 7 do-rónsat síd eterru. Airchindig 1720 imorro na nIudaide, 7 sacairt na ngenntí, no-[f]rithairtis doib, eo r-thodúsasat fodord in popuil i n-agaíd na n-apstal, 7 ro-molsat in ní Símon drúid i fhiadnaise Neir Césair. No-chairigitís tra Petar 7 Pól, uair do-dechatar popul díáirmide dochum in chóimded tria procept na n-apstal. Ba he a mét, co tanic Libia sétig Neir, 7 1725 Agripína sétig Agripae .i. in errig dochum n-ersi 7 cretní, 7 fo-racsat a pelaiti rigda ar fognum do’n choimdid 7 do’n Christaid-echt. O ’tconnaire tra Símon drúid fodord in popuil fris-na hapstalu, is e ní for a tarla, for écnach Petair, 7 is ed atbert :—“ Petar, ol se, drúid saeb-flháid he.” No-cretitís imorro do Símon in 1730 foirend no-ingantaigitís na hairdena dogníd, uair dogníd in nathraig n-umaide co mbíd for gluasacht, 7 na delba clochda 7 umai co n-imdigtís 7 co ngluaistís. Dogníd tra he fén co faicthea oc rith is-in aeor. Petar din im-a-sech dogníd-som híce clam 7 dáll 7 baccach, 7 tafand démmu, 7 tóduscad marb ; no-pritchad do’n 1735 popul co ro-imgaibitís soeb-forectul Símoín in druad. Is ann-sin atbertís na Cristaide, in t-í Símon eo r-ba drúid cuilech peedach ; in lucht tra no-cretitís do Shímon, no-démmigitís co mba drái Petar. O ’teuala din Neir na seela-sin, forcongart in n-í Símon do thabairt

- 1740 chucáí. O do-rocht. ro-cúnscaig i ndelbaib brechtnaib .i. i ndeill gilla, i ndeill senorach, i ndeill óclaig tan aile : ro-delb fó'n indus-sin tria tımthirecht diabuil i fhuathaib imdaib. O ro-fég Neir in n-í Símon, do-rúmenar co r-ba mac Dé iar fír ; atbered tra Petar co r-ba draí guach cuilech. Atbert Símon fria Neir in tan-sin :—
- 1745 “ Coisti frim, a fhorcongairthid, ar is mi-se mac Dé, do-dechaid do nendaid ; fo-ro-damar-sa Petar a oenar conice seo. Ro-héimnad tra dam-sa inmossa ole mor .i. Pól, is e-side cathaiges frim-sa imalle fri Petar. Ni aicce-siu mi-ne imraide-siu do earthuítim na fher-sa, millfet-su do fhlaithius.” Atbert Neir :—“ Forcetul cech
- 1750 duine 7 a grád dogní Dia, ingrentig imorro na foirne-si tu-sa.” Atbert Símon draí :—“ In cenél dóine-sea ro-shoiset in uli Iúdaide co na cretit dam-sa.” Atbert Neir fri Petar :—“ cid ar n-atáuar anchretnig-si amal bar cenel ? ” Atbert Petar fri Símon :—
- 1755 “ Conanacar-su na huli do shaebad, ní coemnacair imorro me-si namá ; 7 cech oen ro-shaebai-si, do-fuc Dia erum-sa a cómrocaim. Machtnaigim-si cia haufhéle unaidi i fhiadnaise in rig foruaisliugud descipnil Crist tria t'eladain ndraidecht-su, ar do-triallais co menie, 7 ni-t-coemnacair.” Atbert Símon fri Neir :—“ Ni lugu is macht-naigthi lim-sa, a fhorcongairthid, co mad ní fiadut-sa in duine aneol-ach-sa .i. Petar, in t-iascaire guach nach sóim in mbrethir nach i ceneol nach i cumachtu. Forcongairfet-sai anosa do m' ainglib, co tísat 7 co tardat dígal fair.” Atbert Petar :—“ Ní-co n-imeclaigim-si h'aingle-siu, acht is mou imeclaigit-sium me-si tria nert mo Dia, Ísu Crist.” Atbert Ner :—“ Nach ecal let-su, a Phetair, in t-í
- 1765 Símon, is é démmiges a diadacht o fhertaib imdaib ? ” Atbert Petar :—“ Ni fhil diadacht itir and-som, acht atat dí fholaíd ann .i. folad duine 7 folad diabuil.” Oeus atbert Petar fós fri[s]-sium :—“ Ma-s o Dia, aprad Símon in ní imráidim-si, uair ro-fítir Dia imráti na ndoine ; 7 atbér-sa frit-sa, a Ner, i sanais in ní
- 1770 imráidim .i. apair-siu baingin n-eorna do thabairt dam-sa ille fó cleith.” Tuccad in-sin, 7 ro-bris 7 do-rat i n-a lámadaib. Atbert Petar fri Símon :—“ Apair-sin, a Símoim, in ní ro-imráidius-[s]a no do-rónus.” “ In dóig lat-su, a Phetair, ol Ner, co ro-cretind-si co mbeth anfis in nech-si for Símon ? ár do-s-gní ferta mora i m'fiad-naise-si, 7 cech ní a dubairt do dénum, ro-chomail.” Atbert
- 1775 Petar :—“ Ma do-rigne na mora, cid ar na dingned na becca ? ”

Atbert Ner :—“ Cia freccra dobere-si, a Símoín ? ” Atbert Símoín :—
 “ Aprad Petar in ní imráidim-si.” “ Bid follus anosa, ol Petar, co
 tuicim-si in ní imráidius Símoín.” Gabaid ferg iar-sin in t-í Símoín,
 ár na ro-thuic imrádud in apstail, 7 is ed ro-ráid :—“ Toinet coin 1780
 mora, 7 ethat in n-í Petar i fiadnaise Ner César ! ” Do-dechatar
 co hopunn coin co méit machtnaighthi, 7 do-rónsat tidfhuaipairt
 Phetair. Petar imorro ro-sín a láma i n-ernaighthi, 7 tárfaid do na
 conaib in mbairgin ro-s-bennach ; 7 amal itconncatar na coin,
 ro-thinsat focetóir. Is ann-sin atbert Petar fria Ner :—“ Adubar- 1785
 tus-[s]a frit-su co fhetar in ní ro-imráid Símoín .i. co tibre
 aingliu condai i m'agaid-si, 7 ni-bdís aingil diada.” Atbert Ner
 fri Símoín :—“ Domúinim-sea, a Símoín, ró-n-cload tú.” Atbert
 Símoín :—“ Do-rígne-sium frim-sa so hi tír Iúda 7 Pelestína, 7 o'n
 ní no-chathaiged frim co menic, ro-s-fóglaim ocumm nu gnúmu-sa.” 1790
 Atbert Ner :—“ Ro-t-gaired-su (no ro-t-gressed-sa) tria format i
 n-agaid na foirne-si, uair amal do-fucaaim-si, ata ét mor etrut-sa
 7 Crist in lochta-sa ; 7 is omun lium-sa do chlod-sa 7 do díleend
 uadib.” Atbert Símoín :—“ Na-t-saebthar, a fhorcongairthid,” ol
 se. Atbert Ner :—“ No-co ro-m-saebad, acht atéu co ndat ad- 1795
 bartnaighthi-siu Petair 7 Póil 7 a maigistrech .i. Ísu.” Atbert
 Símoín :—“ No-co r-ba maigistir itir do Pól Crist.” Atbert
 Pól :—“ In t-í ro-forcan Petar i freenarcus, is e ro-m-forcan-sa
 tri-a faillsiugud.” Atbert Símoín fria Ner :—“ Ingnad lem do
 beith i cúntabairt unam, ár do-rónus ferta 7 mirbuli ile fiad- 1800
 ut-sa.” Atbert Ner :—“ Ní cúntabartaigim, 7 ní cretim do
 neoch uaib, acht frecair dan in ní iarfaigfet dí.” Atbert
 Símoín :—“ No-con frécer-sa det-siu itir.” Atbert Ner :—“ Cid fil
 din acht ní thibér-sa tu-sa i n-áirem, uair is-at bréacach in cech ní,
 amal tuicim-si fort ; 7 do-rónsabar bar triur me-si cúntabartach, 1805
 co na fetar anossa, cia Dia di-a creiteab.” Atbert Petar :—“ Creit
 in t-athair 7 in mac 7 in spirut nóem, dúilem na n-uli dúl ; is e
 do-rígne nem 7 talam 7 in uli filet indib ; is é in fír rig 7 ní-co fil
 crich for a flaithius.” Atbert Símoín :—“ Nách tuicthí-si co mbia
 dúib in ní conaigid .i. techt im martraí ? ” Atbert Petar 7 Pól :— 1810
 A Símoín, a drái cuilech, a lestar lán no démnaib 7 do sherba,
 ní-co mbia maith det-siu siu no táll.” Atbert Símoín :—“ Costi, a
 Ner, co fesara na dóine-sea, co ndat togoethaig ; me-si imorro, co

n-id do nim do-dechad, 7 ragut i mbárach dochum nime ; is ann-sin
 1815 dogén-sa co ndat fechtnaig in lucht cretit indum ; 7 faillsigfet mo
 feirg 7 londus fors-in lucht no-m-dúltat." Is ed atbert Petar 7
 Pól :—" Do-n-rogart-ne Dia o cheim dochum nime 7 a mor glóri 7 a
 anoire ; tu-sa imorro no-t-gairther o diabul, 7 díanaig co tódernam
 7 co péin suthain." Atbert Símon :—" A Ner, láu uait na dóine
 1820 dásachtacha-sa, co ndernar-sa maith frit, in tan roisiur có m'athair a
 nim." Atbert Ner :—" Can as a úderbum-ne co raga-su li nem ?"
 Atbert Símon :—" Apair-siu tor mor do chrannaib do dénum co
 ndech-sa ind ; 7 co nu-s-imoreurit mo aingil as sin is-in aer,
 uair ní cúmgait tidecht co talam iter na peedachu." Ro-forceongair
 1825 Ner iarum tor ard do dénum a muig Mairt ; 7 atbert in uli popul 7
 na hoirchindig 7 na hapstail a tidecht i fhiadnaise in gnímu-sa ar
 a barach. Atbert Ner fris-na hapstalu :—" Bíd follus anossa in
 fírinde oe in tí 'e-a mbia." Atbert Petar 7 Pól :—" No-co fháll-
 sigfem-ne in n-í Símon, co n-id for góí ata ; acht fallsigfid ar
 1830 coimdiú Ísu Crist." Ro-sóí Pól co Petar 7 atbert fris :—" Is ed is
 lem-sa, sléchtain 7 ernaigti cus-in coimdid ; is ed is lat-su, Símon
 do traserad, anal fresgebus a n-airde, ar is taisce ro-togud-sa o
 Dia." Atbert Petar fri Símon :—" In ní ro-triallais, déna, uair
 ro-chomfhaesigestar foillsiugud do chlóine fort ; 7 is comfacus ar
 1835 togairm-ne co Dia, ar itchiú-sa mo choimdiú Ísu Crist 'co-m
 thogairm-sea, 7 ic togairm Póil." Atbert Ner :—" Cia leth ragu-sa
 i n-agaid mo thoihi-sea ?" Atbert Petar :—" In leth togairmfe in
 coimdiú, Ísu Crist ata-n-cómnaic, is ed ragum." Atbert Ner :—
 " In a nem ragthai-si ?" Atbert Petar :—" In leth bus tol do Dia
 1840 ro-n-gair, is ed ragum." Is-in tan-sin ro-fresgab Símon is-in tor i
 fhiadnaise cáich, 7 ro-sín a láma, 7 boi ic foluamain is-in aeór.
 Atbert Ner :—" Is fir-epartach in duine-si, Símon ; tu-sa imorro 7
 Pól saebthaide sib." Atbert Petar fri[s]-sium :—" Tuicfe-siu cen
 fuirech, sinne co n-id fir-epertaig 'n-ar ndescipuil do Christ ; Símon
 1845 tra co nach Dia he, acht dráí cuilech togaethlach." Atbert Ner :—
 " Fédligthi beos in bar n-ulce ; is follus atcithi he ic techt dochum
 nime." Atbert Petar fri Pól :—" Tocaib do chend, 7 fég Símon ic
 foluamain." Is ed atbert Pól :—" A Petair, comail in ní ro-thinn-
 scanais, uair ata ar coimdiú, Ísu Crist, 'e-ár togairm-ne." O'teuala
 1850 tra Ner a n-imacallam, ro-fháitbe impu, 7 atbert :—" Is follus do'n

lucht-sa anossa, co n-id clóthi, 7 co n-id for boile atat." Atbert Petar :—"No-barn-aitchim, a thimthirige demain, conuaircaib in fer-sa is-in aeor do mi-imbirt eríde na údóine n-amairsech, ar dúilem na n-uli dúl, ar Christ atracht is-in tres ló o marbu, co na ro-imchurit he o'n uair-si amach!" Do-ro-chair Símon focetoir is-in 1855
inad di-a n-ad aimm 'sacra uia,' 7 do-roinded a chorp i cethri blogaib, 7 do-rónta cethri clocha dib i cúimne in coscair apstalacda cus-índú. Atbert Ner iar-sin na hapstail do cúibrech, 7 corp Símoín do choimét co cend trédenuis, ár do-ru-menar dotresed is-in tres ló. Atbert Petar fris :—"Ní-co n-ér-sium tria bith sír, uair atbath 1860
i péin 7 i tódernam." Atbert Ner iar-sin fris-in errig .1. Agripa a aimm-side :—"Moghaid na doine écaibdecha-sa, 7 no-s-tabair fó lannaib teinntigib co ra-forbat a mbetha amal-sin, 7 cech oen atoibe (.1. is oentadach) doib." Atbert in errig :—"A rig, a fhorcongairthíd, ní cubaid bás cosmail doib, uair Pól enmace he, Petar tra duin- 1865
ergnuid 7 écaibdech e-side. Is firén dín amal atéither dam-sa .1. Pól do díchenmad, Petar imorro a crochad." Atbert Ner :—"Is maith in breth rucais," ol se. Ruetha iarum na hapstail i fiadnaise Ner. In tan tra ruetha Pól cu loce in díchennta, atconnaire araile bannscál co lín-anart nigel i n-al-láim. Atbert Pól fria :—"Tabair 1870
dam in lín-anart imu-m chend, co na faicer lám in fheoil-dénmada, 7 ro-sia chucat focetoir." Do-rat dó in bannscál in anart. Ro-díchenmad tra Pól for colomu marmardai in *uia ostensi*, 7 ro-siacht al-lín-anart cus-in mbannscáil doridisi for cúlú. Cend imorro Póil ro-reth-side focetoir co araile loch 7 boi cethracha bliadan ann. 1875
Téit iars-in cethrachatmad mbliadain ingen na mna do-rat in lín-anart do Pól, do nige etaig cus-in loch cetna; atconnaire-side na lochranna for lasad is-in loch, 7 ro-érdarcaid fo'n cathraig. Do-dechaid in tan-sin in popul Rómada cus-in loch; 7 fuaratar cend Póil im-medon in locha; rucsat leo iarum in cend co n-anoir 7 1880
clas-cetul mor cus-in corp; 7 is amal ro-batar in corp 7 in cend oc tepersain fhola, amal bid in la-sin no-s-díchennta Pól. Ocus ro-shuidigset in cend do'n chorp, 7 ro-dlutta, amal batar i mbethaid; ro-molsat 7 ro-bennachsat cách in coimdid for in mírbuil-sin. Petar imorro, o ro-siacht cus-in croich, is ed atbert :—"Mo choimdi-siu 1885
Ísu Crist, do-dechaid do nim, is amal ro-crochad, 7 a chemn suas 7 a chosa síis; me-si tra, ní hinnaic mo shuidiugud amal-sin, acht

tabar mo chenn síis, 7 mo chossa suas." Do-rónsat amal-sin lucht in crochda. Ro-comtínolsat tra sochaide díairmídi ann-sin, 7 is ed 1890 ro-tríallsat, loscad Neir Césair. Ro-gart Petar imorro, 7 is ed atbert :—" Dochuadus-[s]a adú indú do acallaim brathar dam, ocus do-rála dam fors-in sét mo choimdiu Ísu Crist, 7 ro-adras-[s]a he, 7 atbert-sa fris, *domine quo uadis?* .i. cia leth tégi, a tigerna?" *et dixit Christus, uado in Roma crucifigi iterum* : is ed atbert Crist frim-sa 1895 .i. no-m-tóchoise, ar tégim doridisi do'm croch[ad] do Róim' .i. di-a crochad i n-a ballaib .i. na hapstail. Na tairmiscid dín mo shet 7 m'inteht, ol Petar, uair atú oc techt dochum nime, ar is do ballaib Crist dam-sa 7 do Pól." O ro-ráid Petar na briathra-sa 7 araile briathra, ro-flhóid a spirut. Ro-artraigset iarum fir noema, .i. 1900 aingil, na facus reme na iarum a n-indshamail, 7 is ed ro-ráidset :—" Ar-daig Phetair tancumar ó Ierusalem," ol eat .i. ainm nime for Ierusalem in-sin. Rucsat iarum corp Petair co hinchlethi leo, 7 ro-shuidigset is-in inad di-a n-ad ainm *Vaticánus* ; 7 ro-ráidset fris-in popul Rómánda :—" Denaid suba 7 failte ar na sruthib 7 ar na 1905 hanchardib mora-sa in choimded do beth ocaib." Do-ratsat tra in popul Rómandai miscais moir do Ner : ba he a mét co ro-chinnset a sróigled 7 a thuarcaim, co mad marb. O t'eúala tra Ner in comairle-sin, do-dechaid crith 7 omun dofhulachta ind, co ro-imcaib co hinclethi co mbóí i ndithrebu 7 i coilltib in tíre for foendiul 7 1910 sechrán, co n-erbailt do fhuacht 7 gortai co nduatar biasta 7 ethaite he iar-sin. Do-dechatar tra Gregaig do breith chuirp na n-apstal leo dochum a tíre fessin : 7 tanic talam-chumscugud mor ann ; ocus ro-rith in popul Rómandai, 7 tairthetar eat co r-shuidigset na curpu is-in inad di-a n-ad ainm *Catacumba*, 7 batar secht mis for bliadain 1915 is-in inad-sin, co táirsed cúmtach na n-inad, i suidigfitís na cuirp fa-deoid. Ro-suidiged iarum corp Petair in *Vaticáno* .i. én míle cémend o Róim sair. Ro-suidiged dín corp Póil is-in dara míle o Róim fo-dess. Is ann-sin doberar a itthe di cech oen tria impide na n-ard-apstal-sin. Indú tra ro-forbsatar in da apstal noemu a 1920 cath fri demun 7 doman. Indú ro-failtig in uli cathir nemdai, 7 do-dechaid i frithsét na n-apstal co clas-cetlaib 7 moltai imdaib. Indú ro-fhresgab Petar noem co-hísu Crist ; is e do-rat seire sainredaig dó, sech cech n-apstal, co fil i fáilti shuthain í fhiadnaise in tí di-a tard mor sherec. Indú do-ratad eochroracht na cathrach

nemdaí dó, co n-íadand 7 co n-erslaicend ria cechl n-oen is áil 1925
 dó. Indíu do-ratað do Pól noem apstal in ní no-aítcheð do-gres,
dicens :—“ *Cupio dissolui et esse cum Christo,*” co n-aicend in Crist-sin
 gnúis do gnúis ; is air-side .i. ar Christ, ro-comthánsig a brathriu 7
 a choibnius 7 a chairdiu 7 in uli domun. Is dó do-rat seire ndifholl-
 sigthig amal atbeir fen :—“ Ni fil do threblait na do chumca na 1930
 d’ingreim na do gortai na guasacht na do cloidem ní no-m-eter-
 scara-sa o sheire Crist,” or Pól. Indíu ro-fresgabsat na da sruith
 noemu 7 da oegaire thairisi na heclaisi dochum nime, cus-in fír
 athair, 7 cus in fír oegaire, co Ísu Crist ; ocus bet-sium imalle fris
 oc fuigiull in cineðu dóenna, amal atbert friu :—“ *Cum sederit filius 1935*
hominis in sede maiestatis suae, sedebitis et uos super duodecim sedes
iudicantes duodecim tribus Israel,” betit imorro iars-in fuigell-sin is-in
 fhechtnaigi nemdaí tria bith sir ; i n-oentaíd noem 7 noem óg in
 domain, i n-oentaíd noi ngrad nime na tairmdechar, i n-oentaíd
 na noem trinóti uaisle armit[n]jigi, athar 7 meic 7 spiruta noim. 1940
 Alme trocaire nDe tria impide Petair 7 Póil, co risam uli in oentaíd-
 sin ; ro-s-aittrebam *in saecula saeculorum.* Amen.

[XXII.]

PAIS PARTHOLOIN in-so.

Luid Partholon apstal do forecetul is-in India. Dochoid i n-aroile
 tempul ann ; is ann-sin bóí hidal no-adratís lucht na cathrach .i.
 Astoróth a ainm in hídail. Bóí Partholon amal cechl n-oilithrech 1945
 is-in inad-sin. Bóí demun din ann-sin, 7 is é sin atbered co
 n-ífad lucht cecha galair ; acht chena in lucht no-frithardad fén,
 is iat no-íccad ; ar batar in lucht-sin cen adrad in fír Dia occu ;
 ocus no-melltais na dee bréce-sin na doine, uair mellaid demun
 tria eladain in drém na techtait in fír Dia .i. do-s-beir gallra 7 1950
 tedmanna doib, 7 dobeir aithesca ar-dáig idparta do. In-dar leis-
 na doinib borba ann-sin, is e-sium dobeir slánti doib ; 7 ní thabrat-
 som chena iar fír slanti doib, acht a lécun cen a frithardad ; 7
 no-cretitis na dóine ann-sin co mbad e-sium no-íccad iat, in tan

- 1955 no-anad di-a pianad. O ro-boi tra Partholon co fedil ann-sin, ni thabrad Astoroth nach freccra, 7 ni híccad nach oen no-frithardad ; o ro-bitis tra na buidne oc innsaigid Astoróth 7 oc denum edpart do, 7 na tabrad freccra doib, 7 na híccad iat, lotar co cathraig n-aile, do adrad in demain di-a r-bo ainm Heríth ; 7 ro-iarfachsats
- 1960 de-sin, ‘cid dia mboi Astoróth cen freccra do thabairt doib?’ “Fí a abba dó, ol Eríth, ár ró-cenglad he o chúibriuch temtigi, co na fetann labra, o’n uair tanic Partholón apstal Dé is-in cathraig.” “Cóich e-sein?” ol iat. “Cara Dé uli-cumachtaig, ol se ; 7 is aire tanic-sen ille, co ro-chuiread dar cend bar n-uli dee-se.” “Apair
- 1965 frind caide a delb, ol iat, fo-daig co tucam aicme fair iter cách.” Atbert in demun :—“Is ead so a delb .i. folt cas dub fair, srón choir 7 cluasa cumaide oeca, 7 ni fil móile and, ulcha imlebur 7 uathad finda liath inne, delb mesarda iter mét 7 laiget fair, étach taitnemach imbe, 7 boccóti corcra ann ; ata din in étach-sin sé
- 1970 bliadna fichet imbe, 7 ní sine 7 ní salcha a chach he ; atat din dí assa fris-in ré cetna imbe, 7 ní sine a chách iat ; cét slechtain cech n-oidche 7 cét slechtain cech láí lais ; guth bínd orgánta oecaí ; aingil do-gres i n-a choemthecht, 7 ni lécset uacht no seís no íttaid no occorus fair. Fer blaith cennais o menmain 7 o fordreich ;
- 1975 feochair laind subach failid in cech aimsir ; fis cech neich 7 cech belra oeca ; is aire ro-fítir cech ní for bith, aingil oc indisi cech neich dó. Cia ra-bthai-si oc a iarraid, mad áil lais, fógébhái he, mad áil lais, ni-s-fuigbithi. Ocus guidim-se chena sib-se, ho foge-bthái he, co na tartai chucum-sa he, ar-daig na denat na haingil filet
- 1980 imalle fris frim-sa cech ní do-rónsat fri hAstoróth.” O ’trubairt in demun-sin, bóí i n-a thost iarum. O rancatar tra in lucht-sin di-a tig, batar oc iarraid Partholoin, 7 ni fuaratar he. Do-rala tra ann-sin duine demnaeda is-in cathraig, 7 itcualae-sen Partholon oc ernaigthi ; teit co hairm a mbóí Partholon 7 atbert fris :—“A
- 1985 apstail Dé, a Phartholoin, ata h’ernaigthí ‘co-m loscad.” Ro-tuic tra Partholon co n-id demun ro-chuir in duine for dásacht 7 atbert :—“Bí a tost, ol Partholon fris-in demun, 7 fác an inad atai.” Ros-aerad ann-sin in duine o’n demun boi oc a imluad fri híl-bliadnu. Indisid tra in fer-sin do rig na cathrach in scél-sin .i. Policim a
- 1990 ainm-side ; ingen din ico’n rig, 7 demun oc a himluad fri híl-bliadnu. Foidis in rig techta do-shaigid in apstail ar co tísed

do shaerad a ingine, amal ro-shaer Séustrim .i. in fer bóí fri dásacht reme. Docóid in t-apstal fris-na techtai, 7 itcomaire in ben iar n-a cúibrech, uair no-buailed 7 no-ithed eech oen fris-a mbenad, 7 ní lamad nech béin fria. Atbert in t-apstal a cúibrigi do thaitlméach 1995 di. “Cia lemus tocht di-a saigid?” ol na timthirigi. “Ata hi cúibrech ocum-sa, ol in t-apstal, in t-íí no-s-inluaided .i. diabul; ercid dín 7 taitlmigid hí, 7 denaid a herdach, 7 tabraid chucum-sa a mórach hi.” Do-ronsat uli amal atbert in t-apstal, 7 ní ro-lam demun ó-sin a lenmain. Tanic in rig ar a barach co n-ere cámaill 2000 lais de ór 7 argat 7 de gemmaib carrmocaíl 7 de étaigib examla di-a tabairt do’n apstal, 7 ní fuaratar he; 7 rucait cus-in pelait rigda doridisi iat. Do-rála tra ar a bórach a tús in láí in t-apstal 7 in rig 7 Seustirim i tig a triúr, 7 atbert Partholon fris-in rig:—“cid di-a mba dam-sa, ol Partholon, do thabairt indmáis dam? ár is do’n 2005 lucht bíť oc iarraid na rét soegulta, ata a tarba-sin. Me-si imorro, ní ní talmaide no collaide iarraimm, acht co ro-thuice-siu co ngenair in t-íí do-roine nem 7 talam 7 muir cus-na hule filet indib, tria broind óige .i. Muire, 7 is d’oig is co saingnústa ro-génair mac Dé, ar is i in óg-sa ro-idpair ar tús do na hulib ogaib a hóige do Dia; ár 2010 ní [fh]ríth o thús domain banscál doberad a hóige do Dia, acht Muire .i. a chinded di i n-a menmain, na fiudfad oentaid fheriscáil. Do-rála tra di-ssi, in tan boi oc ernagthi i n-a cubaccuil, co tanic Gabriel aingeal a dóchumm, co r-gab ombun spiritalda i-ssi remi. Atbert in t-aingel fria:—“Na bíť omun fort, a Muiri óg, ar béra 2015 mac di-a mba lán nem 7 talam.” “Cindus dogentai sin ón? ol si-se, ar ní fetar, 7 ní fhindub-sa ferscál, cén bam beo.” Atbert in t-aingel fria-si:—“In spirut noem dogéna a erlathair, 7 is aire-sin atberar noem fris-in tí genfes uait.” O ro-genair dín mac Dé, ol Partholon, ro-p áil dó a aimsiugud o diabul, co ro-chlóí Crist tria 2020 áine is-in dithrub in tí ro-clóí Adam i Párrdus tria craes; uair ro-po chubaid co ro-cloitea o mac na hóige .i. Crist, in tí ro-cloiestar Adam mac na hoige .i. mac in talman nóim; ar in talam di-a ndernad Adam, óg e-side, ar ní ro-helmed ó iarnd nách o fluil dóenna, 7 ní ro-heroslaiced fria hádnocul neich in tan-sin. Crist 2025 dín, ol Partholon, ro-haimsigid fó-thri o diabul, 7 foruaslig-side fo-thri diabul, hi saint, i ndíumus, i craes; ocus is e ro-fhóid a apstalu fo’n uli doman, co ru-s-indarpatís na démnú aitrebait for na delbu

is-na templuib. Ní cougabmait-ne tra nach n-ernail indmas o nach
 2030 aen is-in bith, acht doberam dímicin do, uair ferr a mbeth sáidbir
 i flaith nime, áitt na bia téidm no toirsi no bás, aitt i mbia fecht-
 naige shuthain 7 failte cen crieh 7 aireru oibne. O'n lo imorro
 dochuadas-[s]a is-in tempul, ol Partholon, ro-cúibriged o aingliu
 bar ndee-si .i. in deman do-s-bered freccra dib as in ídal ; dia creti-
 2035 siu imorro do Christ, 7 dia no-t-baitsither, ol Partholon, atcife
 diabul, 7 tuicfe a ole fair ; 7 mad áil det-siu, a dérbad co n-id fir na
 hí atberim-si, rágmait-ne uile is-in tempul 7 atbér-sa fria demun
 labra do'n deilb frib-se ; 7 is ed atbera-som, ata i cúibrech o
 ainglib Dé bíí." "Regut-sa i mbarach, ol in rig, cus-na sacurta do
 2040 denam idpurta, co nu-s-fégam in mirbuil-sin." Do-rónsat na sacairt
 ar a barach na hidpurta, 7 atbert demun friu iar-sin :—" A thruagu,
 ol se, na denaid idpurta dam-sa, na tecmai cu mba mesa dúib oltás
 dam-sa ; uair do-ratsat aingil in choimded ro-crochsat Iúdaide
 cuibrech tened form-sa. Dar le hÍúdaidib imorro connicfítis a
 2045 fhasad o bás ; ro-doer-sun tra bás, 7 ro-chengail o chuibrigib tened
 céli in báis .i. ar n-oircindech-ne ; ocus atracht Crist is-in tres
 ló, 7 se coscrach o bás 7 ó diabul, có tarut sigin a chroiche di-a
 apstalu, 7 ro-fóid iat fo'n cruinde do shilad cretmi ; 7 is oen dib-side
 fil i-fhos is-in cathraig-si, 7 is e no-m-fastann-sa i cuibrech ; 7
 2050 guidid-se form-sa co ro-léci dam dul i cennadaig aile, ar ata ernaig-
 thi Partholoin 'co-m pianad sund." "Apair frium, a diabuil, ol
 Partholon, cia ro-s-mill na huli atat i ngallruib examluib is-na
 templuib." "Ar n-oircindech .i. diabul, ro-foid sinne chuca, is e
 ro-cengail iat ann, 7 is e sin ro-fóid sinne cus-na doinib cu ra-
 2055 frithardmís ar-tus a curpu ; ar ní fil cumang i n-a n-anmannaib
 ocaind, acht mi-ne dernat idpart do na deeib ; in tan dogniat idpart
 ar híce a corp, ní dénmait-ne erchoit di-a corpú in tan-sin, ar is
 and-sin tindscanmait eumachtu i n-a n-anmannaib ; uair in tan
 annmait-ne cen inluad a corp-sum, in-dar leo-sum is e a ndethide
 2060 7 a ngrad bis linde ann-sin, 7 is aire-sin doberat adrad Dé foirn.
 O'n ló din tanic apstal Dé ille, atú-sa cengalti o chúibrigib tened ;
 is aire labruim-si frib-se, uair do-chetaig-sium dam labra, ar ni
 lemaind labra i n-a fhiadnaise cen cetugud do-sum, 7 ni mo no-lémad
 cid mo aircindech, Lucifer, acht mi-ne cetaiged-sum dó." "Cid
 2065 fodera deit ein na dóine-si tucait elueat do híce?" ol Partholon.

“Ni ansa, ol demun; in tan do-s-guam-ne a cuirp do imluad o
 threblatib, 7 cin imluad a n-anmand fedligit na cuirp i n-a treblatib
 ann-sin.” “Cindus millti din in anmain?” ol Partholon. “Ni ansa,
 ol demun; in tan credit co ndat dee sin-ne 7 doniat idpurta dun, berid
 in coimdiu he fen uadib ann-sin, 7 ni thabrum-ne treblati for a 2070
 corpu ann-sin, acht aimsigmit a n-anmunna,—ar is ed nama
 iarrmait, doerad na hanma dun,” ol se. Atbert Partholon fris-in
 popul:—“Ni coir duib adrad do’n ti-sea d’a r-gabsabar deilb dee; is
 e tra in fír dia in t-í na haittrebann i cranda na hi clochaib, ocus mad
 ail duib-si, ol se, guidfet-sa in coimde tar bar ceann, co fhagbathi 2075
 slánti; 7 cuirid in hidal-sa ass, 7 brissid he, 7 coisecarbat-sa in tempul-
 sa do Dia, 7 dogén bar mbaitsed ann.” Do-ratsat in popul ann-sin,
 iar n-a ráda do’n rig friu, sinnaig 7 refeda 7 teta do tharraing in
 hidail as a inad; 7 ni r-fhétsat. Atbert in t-apstal fris-in demun
 boi is-in ídal:—“ma-ni-p áil duit-si, ol se, do chur for muir 7 2080
 fairrge do-gres, bris fen in hídal, 7 eirc is-in dithrub, bail na fil
 aittreb nach n-anmand.” Ro-minaig in demun focetoir in hidal
 cus-na huli thremlu do-ronait do fén is-in tempul. “Is e in t-oen
 Dia uli-chumachtach, ol in popul, in t-í erdarcraiges Partholon.”
 Iar-sin ro-thócaib in t-apstal a láma dochum nime, 7 atbert:—“A 2085
 Dé Abraham 7 Isac 7 Iacop, is tu ro-fhóid do mac oen-geni, co
 tard a fhuil tar cend na ndoine do-rochratar i peccad; is e sin
 do-rat dúin-ne chomus shlanaigti dall 7 clam 7 baccach, co ro-
 thodúisemís marbu; is e asrubairt frin-ne, cech ní no-chuindegmais
 fris-in athair nemda, dobertha dúin; uair is tu-sa in t-oen Dia, a 2090
 nim 7 i talmain 7 i muir. Tabair hi t’anmum dam-sa, co ro-slanai-
 gther na huli indut-sa indú, 7 co ro-thuicea cách co ro-p tu in fír
 Dia uli-cumachtach.” “Dogné Dia amlaid!” ol in popul. Tanic tra
 aingel Dé ann-sin, 7 se taitnemach amal grein, 7 cethri hette fair,
 7 boi oc foluamain tria cethri cúla in tempuil, co ro-roind sigin na 2095
 crochi i fraigid in tempuil. Atbert in t-aingel iarum:—“Asrubairt
 Dia frim-sa, ol se, co slanaigfiter sib-si uli ó bar n-enerti; 7
 ro-s-glan Dia in tempul o’n uli élned, 7 o aittreb diabuil boi ann; is
 fri[s]-side atbert in t-apstal dul is-in dithreb, 7 mad ail dib-si, ol se,
 taisbenfat-sa duib he; 7 na gabad oman sib reme, acht tabraid sigin na 2100
 crochi tar bar ngnusib, amal tucus-[s]a i fraigid in tempuil, 7 regaid
 cech n-ole uaib.” “Is cet lind,” ol siat. Ro-fhailisig in t-aingel

doib ann-sin Etheopaeda dermáir,—duibither gual a gnúis, uleha
 fhota lais, trilis conice a shálu fhair, ruise themntemla occa; ticed
 2105 lassar borb as a bragait 7 as a shróin, amal lassair shuirm tened,
 brenither fial-tech in lassar-sin, 7 no-loisced in mbith; etteda delg-
 necha amal sciaich fair, 7 a lama i cúbrech o shlabradu tened fria
 a drúimm. Atbert in t-áingel ind-sin fris-in demun:—“Uair do-
 rónais umaloit do'n apstal, ol se, 7 ro-glanais in tempul o na hidluib
 2110 batar ann, ere amal atbert in t-apstal fritt is-in dithrub, aitt na bia
 aittreb doemna; 7 bi ann co lathi in fluigill.” Ro-thaithmigit a
 chuibrige do diabul ann-sin, 7 do-rat gáir tróm 7 égium dermáir
 ass, oc dul uadib, co r-lán in tempul di-a brentur. Teit iarum
 in t-áingel dochum nime i n-a fiadnaisé uli; 7 ro-creit in ríg co n-a
 2115 rígaín 7 co lucht na cathrach uli, 7 co lucht na cathrach com-
 fhochraib doib, oecas na huli aittrebthaigi batar i cumachta in ríg,—
 ro-cretset 7 ro-baitsit uli. Boi tra in ríg iarum i coimitecht in
 apstail, 7 curid a mind ríga uada.

Ro-tinoilset tra ann-sin uli shacart na tempul, 7 tiagat eus-in ríg
 2120 n-aile .i. Astriágés a ainm-sen, brathair in ríg Policim, is e-side
 ro-creit do Partholon. Atbertsat na sacairt fris-in ríg .i. As-
 triágés:—“Ro-creit do brathair-siu, ol siat, do'n dráid ro-bris ar
 n-állu, 7 do-róine co n-id descipul do he.” Gabaid ferg Astriágés
 ann-sin, co r-fhéid mile fher n-armach ar-oen fris-na sacartu d'iarr-
 2125 aid Partholon. 7 di-a thabairt eus-in ríg. Do-ronad tra amlaid, 7
 tucait Partholon eus-in ríg. Asbert Astriágés fris:—“In tu-sa
 ro-shóí mo brathair-si?” ol se. “A shoud o écoir, 7 a thabairt fór
 coir do-romas.” ol in t-apstal. Atbert in ríg:—“In tu ro-t-bris na
 dee?” “Do-ratus cumachta do na demnaib batar innib, ol in
 2130 t-apstal, co ro-bristis iat, ar-dáig na údóine do breith o chomrorcain
 7 di-a tabairt do-shaigid Dé uli-cumachtaig fil a nim.” Atbert
 in rí beos:—“In tú do-rat for mo brathair-si, a dee fen d'fhac-
 bail, 7 cretem do-t Dia-su?” “Is amal do-rala,” ol in t-apstal.
 “Do-s-ber-sa fort-sa, ol in ríg, do Dia fen do fácbail, 7 cretem do-m
 2135 deib-si.” Atbert Partholon:—“Ro-brisius-[s]a in dia d'a r-adair do
 brathair-siu, 7 dogén do dia-su fessin, 7 in uli dee filet ocut; 7 dia
 cúmcat ní dam, cretfet doib as a haithle,—mi-ne cúmcat inorro,
 cret-si do-m dia-sa as a aithli.” O ro-boi in t-apstal oc a rada sin,
 ro-hindised do'n ríg na hídla do thuitimn 7 do brissed. Ro-dluig

in rig a étach corcarda ann-sin, 7 atbert fri-a múintir, in t-apstal 2140
do thuarcaín o shúnd ar tus 7 a fhennad iarum, 7 a díchendam o
chloideb fa-deóid. Tancatar tra na sacairt 7 téglach in rig do-shaig-
id in apstail iar-sin, co r-thuaireset he di-a údornu, 7 do flescaib
némnechu 7 do sonnaib iarnaigib, co ro-erig a fheoil 7 a lethar de
uli, 7 e-sium beos oc procept do'n popul 7 do lucht a marbtha fesin. 2145
Ro-fhendsat he iar-sin, 7 bensat a chroicend de, amal cech n-an-
munda n-indligtech, 7 ro-fhuaigset a chroicend imme doridisi co
údelgi spíne 7 sciach eterru. Atberat araile co tartsat fair fén a
chroicend do iumochar fiarut na cathrach, di-a creice for indmas
doib-sium. Do-riacht tra aroile fer díb chuice iar-tain co cloideb 2150
lomm i n-a láim, 7 do-rat dar a bragait do'n apstal de, co
nu-s-dichend he amal-sin. Tancatar popul na cathrach ro-cretset
do Christ tremit-sium, 7 in rig .1. Policimus, is e-side ro-fhacaib
a rige 7 ro-creit do Dia tria forcetul Partholoin; tancatar imalle
ann-sin, co rucsat corp in apstail leo, 7 ro-chansat immund 7 2155
cantaice logmair do; 7 ba brónach rucsat leo he. Do-rónait tra
baslice moir occu dó, co tuesat a chorp innte.

Tanic din Astriages in rig, hi cind mís iar n-adnocul Partholoin,
7 in uli shacart ar-oen fris, 7 demnu oc a n-impluad, 7 siat for mire 7
dasacht, co hadnocul Partholoin, co n-id ed atbertis:—"Trias-in 2160
apstal doberair in díl-sa foirn," ol siat. Do-rochratar tra ann-sin, 7
siat marb cen anmain; 7 lotar a n-anmunna la démnu, i sír-aittreb
pene ifirn. Do-rochair aduath mor 7 ecla dermair fors-na huli
anchretmechu oc a fhaecin sin, co ro-cretset do Dia, 7 ro-baitsit uli
o na sacartu ro-ordaig Partholon fesin remi-sin: ro-fhailsig tra 2165
Partholon do'n popul, co mad he in rig .1. Policimus, bud escop
doib di-a esi-sium.

Boi tra Policimus fiche bliadan iar-tain i n-escopoti, 7 dognid
firta 7 mirbuli díríme i n-anmaimm Dé 7 Partholoin apstail iar-tain.
Atess imorro anim Partholoin amal uan tuinde no dellrad ngrene, 2170
7 aingil oc a imochor dochum nime. *Finit.*

[XXIII.]

PAIS IACOIP APSTAIL in-so.

Luid Iacop mor mac Zepedei .i. brathair Eoin apstail 7 in shuisce-laig amra, co mboi oc procept bréthri Dé i tír Iúda. Ro-fhóid in draíd di-a r-bo ainm Ermogenies a descipul do-shaigid
 2175 Iacoip, 7 drem do na Farsaidib imalle fris, co ro-énaigitís ainm meic Dé i fhiadnaise Iacoip in apstail amra oirmitnig: Filétus dín a ainm in descipuil-sin. O rancatar iarum co hIacop, batar oc a rada, 'na r-bo mac Dé Crist'; ro-díchuir tra Iacop a tacartha, 7 ro-thend o thestemnaib na scríbtúire, co n-id fir mac Dé Ísu
 2180 Crist. Luid tra Filétus co hErmogin, 7 atbert fris:—"Atcéther dam-sa, ol se, co na fetfá-su apstal in coimded Ísu Crist do foruaslucud; uair atcommare-sa daill 7 baceaig 7 claim do shlanugud do i n-annum Crist, 7 iteuala o-m chairdib co fhacatar mairb do thodúscad do. Cid fil ann tra aelit ata in scriptuir noem do
 2185 mebair lais, 7 is esti demniges co n-id he mac Dé in Crist ro-crochaisat Iúdaide. Is i mo chomairle duit, ol se, eire di-a shaigid 7 cuindig logud fair, ar ní bia tarba do draidechta duit, co nderna a n-apraimsi fritt." "Regut-sa imorro di-a shaigid, ol se, 7 cuindegat logud fair, 7 lenfat amal cech ndescipul he." Gabaid
 2190 tra ferg Eromoghín o 'teuala sin, co ro-cúibriged Filétus occa, 7 atbert:—"Dia saera Iacop tu ó na cuibrigib filet fort, cretfet-sa dó." Is ann-sin cuirid Filétus gilla do-shaigid Iacoip, co ro-innis do in ní-sin. Ro-fhóid tra Iacop a gilla, 7 a bréit allais lais, airm a mbóí Filétus; ro-thaithmigestar dín na cuibrige la tidecht
 2195 in bréti, co ro-scail de focetoir. Do-dechaid tra Filet co hIacop iar-sin, 7 bóí oc eenach Ermogin, 7 oc tathair a draidechta i n-a fhiadnaise. Ro-s-gab ferg Ermogin ann-sin, ar ba hole lais a dalta di-a fhacbail: ro-dusig tra demnu tri-a druidecht, co r-fóid co hIacop iat. Atbert friu:—"Ercid, ol se, co hIacop 7 co Filétus
 2200 co-m dalta-sa, 7 tabraid chucum-sa iat, co ro-cathaiger-sa friu, dáig na berat mo descipulu leo, 7 na ro-s-mellat iat." Tancatar dín na démnu co hIacop, 7 is amal bóí Iacop, oc ernaigthi ann-sin; atbertsat fris, 7 siat oc gol-gaire is-in acor uasa:—"A apstail Dé, ol iat, oirchis dínna ría n-amsir ar ndamunta, ar atám chena i pén." "Cid di-a

tancabar ille ?” ol Iacop. “ Ermogin, ol na demna, do-cuir sinn, co 2205
 rucam tu-sa 7 Filetus di-a shaigid ; o thancumar tra ille, ro-chengla-
 tar aingil in choimded o chuibrigib tened sind, 7 atat-sen oc ar lose-
 ad.” “ Oslaicet aingil Dé dib, ol Iacop, i n-ainm in athar 7 in meic
 7 in spiruta noim ; ocus ercid co hErmogin, 7 na denaid irehoit do,
 acht imluadid i fhoendel he !” Lotar na demnu co hErmogin, 7 2210
 atbertsat fris :—“ Cid di-a r-chuiris sind di-ar pianad 7 di-ar
 crochad co hIacop ?” Ro-cenglatar na demnu a láma iar n-a
 druim, co tucsat leo iarum co hIacop he. Atbert Iacop fris :—
 “ A buirb 7 a aneolaig, ol se, cid im-a r-thechtais fri namait in
 chineda doena .i. diabul, ocus cid na feqa in ti .i. diabul, ro-aitchis co 2215
 ro-chuiread a thimtirigi do m’indechad-sa, co filet fo-m cumachta-sa
 di-a n-aindeoin : ni ro-lécus-[s]a tra doib do mhalairt-siu.”
 “ Léc dun, ol na demnu fria hIacop, co ro-díglum h’ ancride-siu,
 7 ar n-ancride fen fair do neoch fo-ro-damar ar a daig-sium.”
 Atbert Iacop friu :—“ Cid duib cín ole do denum fri Filetus fil in 2220
 bar fhiadnaise ?” “ Ni-s’fetam tra ole fris-in ti ata i-t lepaid-si,”
 ol na demnu. Atbert Iacop fri Filétus :—“ In ti ro-cenglastar
 tu-sa, ol se, taithmig-siu de, daig co tuicet na doine co n-id
 condercli fil oc muintir Ísu ; ar is maith dar cend uile dogniat.
 In t-í ro-cuir demnu do-t bret-siu i cuimbrech chucái, saer-su 2225
 e-sen, 7 he doer o demnuib, 7 cetaig do tocht cech conair bus tol
 dó.” Taithmidig Filetus a chuibrige de iarum ; boi tra hErmogin
 i tost iar-sin, 7 atbert Iacop fris :—“ Eire in conair bus tol duit,
 ol se, ar ni fil ’n-ar forectul-ne nech do thabairt ar ecín chucáind.”
 “ Ro-fetar-sa innoosa, ol hErmogin, cumachta uile na ndemnu 2230
 fris-na doinib, 7 mi-ne thucu-sa comartla dam, benfat na demna
 o phianaib examla me.” “ Beir mo luirg [fessin] lat, ol Iacop,
 7 rega cech conair bus ail duit [cen ess]orcain.” Gabaid din
 hErmogin in mbachail i n-a laim, 7 teit le di-a thig ; 7 do-rat dí
 lestar lana do lebraib for a muin fen, 7 for muin a dalta, co luid 2235
 co hIacop, co tarut for breth Iacoip in-sin. Fuabrid hErmogin a
 losead ; “ Ni dingne, ol Iacop, dáig na ro-erchoitige a ndetach
 do doinib ; acht baid iat im-medon mara !” Do-s-gni tra hErmogin
 cu solam in-sin, 7 tanie do-shaigid in apstail, co r-thoirind i n-a
 fiadnaise, 7 atbert fris :—“ A thigerna, ol se, dilgud dam i cinaid 2240
 cech ecora do-rónus frit.” “ Ma-sa flúr athrige dogní, ol Iacop,

dobera Dia dilgad duit." "Nach comartha aithrige dam, ol hErmogin, mo uli lebar do badud?" "Eire tra, ol in t-apstal, doechum n-irse 7 cretmi; 7 cech oen ro-shaebais anallana o drúidecht, 2245 apair friu innoa co n-id bréc in m ro-raidis, 7 ro-démmigis doib; 7 in t-idal ro-adrais anallana, bris he; 7 in t-indmas fuarais a gin diabuil, tidnaic do bochtu Dé he; daig co r-bat mac Dé innoa, d'éis do beth oc diabul anallana." "Dogéntar uli in-sin," ol hErmogin. Ro-creit tra hErmogin do'n choimdid tria forectul 2250 Iacoip, 7 ro-s-comaill timna Dé o-sin amach, co nderna Dia firta 7 mirbuileda inmnda trit fen iar-tain.

O 'teondeatar tra Indaide hErmogin co n-a muintir 7 co n-a descipula do cretium do Christ, do-ratsat indmas do na díb cenntúrib batar hi n-Ierusalem, for Iacop do hergabail .i. Liasias 7 Teoctus 2255 a n-annanna síde. Ro-gabad Iacop iar-sin, 7 cuirset Iudaide draide farsaide do thaccra fris, 7 atbertsat:—"Cid di-a n-erdarcaige dún in Crist, ro-erochad eter na latrandu?" ol iat. Atbert Iacop, 7 se lau o rath in spiruta noim:—"A braithri inmhaine, ol se, a maceu Abraaim 7 Isác 7 Iacop, ro-gell Dia da bar n-athair-si 2260 .i. do Abram, co ngenfítis einedu iumda di-a shil; ro-tharngir din Abram fessin .i. cara Dé re-síu ro-himthescad he, co nd-epert beraid og mac, 7 bid he a ainmn, Dia nime 7 talman,' ol se; ar-ái ní i n-a immthescad, acht i n-a chretem adrubrad cara Dé fria hAbraam; is demin de-sin co n-id náma Dé in t-í na cretend 2265 ann." "Cia na cretend i nDia?" ol Iúdaide. "In t-í na creit do fhaitisne Moysi, ol Iacop, co nd-epert Esaias fáid oc a tharngire, 'duiscebaid in coimdin fáid mor amal Moysi duib.' Ro-tharngir din in fáid amra sin .i. gein Crist; ro-tharngir Eremias fáid co n-apair, 'ticfa din in t-í cennaigfes tu, a Ierusalem, 7 bid iat so a chomar- 2270 thada .i. do-s-bera a rusca do dallaib, 7 etsecht do bodruib, todúisefe marbu o brethir;' ro-tharngir tra Daniel fáid Dé gein Crist, co n-apair, 'do-ficfa mac in duine, 7 géba apdaine 7 cumachta fors-in domun;' 7 atbert in coimthe fessin fri Dáuid mac Iese, 'dobér-sa do thorad do brónd nech gebus rigi for do shosad;' atbert din 2275 Esaias fáid oc a césad, 'berthar mac Dé amal choirig cennais di-a édpair;' atbert din Dáuid i persain Dia fodesin, 'ro-ghonsat mo chossa 7 mo lama, 7 ro-fhodailset m'étaige, 7 ro-laiset crandehur forru;' atbert Dáuid beos a n-esergi Crist, 'erigfet-sa ó marbu,

fo-daig na ndoime truag flet a n-iffen;’ atbert in fer cetna is-in esergi, ‘ro-fholuamnig 7 ro-flhresgab mac Dé for gradu hiruphin;’ 2250 atbert Dauid beos, ‘mac Dé do shuide for deis Dé athar a nim;’ ocus atbert in coimdiu fesin fri Ísu, ‘suid for mo deis;’ atbert in fáid cetna di-a tidecht il-lo bratha .i. ‘do-raga in coimdiu co follus, 7 biaid teine difhulaing for lassad i n-a fhiadnaise, 7 ainbthine mor i n-a timchell.’ Ro-comaillit din na hii-sea uli, ol Iacop, i n-ar 2255 tigerna-ne, Ísu Crist; is e sin ro-s-ícc in uli thedmand; is e do-rat a rusca do’n dull tria chor a shele i n-a agaid, amlaid ro-genair sin o máthair 7 se dall, co ro-derbtha trias-in mirbuil-sin, co n-id he ro-chruthaig Adam do chriaid in talman: do-rigne din Crist dí choep criad, 7 do-rat a n-inad a rose iat, co r-shlanaig he focetoir. Ro- 2290 iarfaigsim-ne (.i. na hapstail) do Christ, ol Iacop, ‘cia díb do-roine imarbos .i. in he so fen, no in iat a tustige, o ngenir 7 se dall?’ ‘ní derna so fen, 7 ní deñsat a tustige peccad, ol Crist, acht co ro-fhoillsigtea mírbuli Dé and;’ ár is e do-roine he; ro-híce Dia de-sin in ní na r-thusmestar ar tus .i. na súile. Iars-a-ní din, 2295 ro-hicc in fodbrachtaige, ro-glan clamu, 7 do-rat a rusca do dallaib, 7 ro-indarb demna, 7 ro-todusig marbu.” Atbertsat tra in uli Iudaide o aen guth:—“Is bidba báis Crist, ol siat, uair ro-braithed o disciplaib féin he .i. o Iúdas.” “Cíd fil ann tra, a braithre inmaine, a maccu Abraaim, ol Iacop; ro-labratat na fáide-sin tria thinfed in 2300 spiruta noim imtib gein Crist 7 a césad 7 a esergi o bás, ol se; dénad cech oen uaib aithrigi, 7 bíd a fhis lib, co r-cretset na gennti do gothaib na fháide, 7 na cretithi-se do na luasal-aithrib 7 do na faidib ro-terchansat Crist mac Dé.” O ro-boi tra Iacop ico’n forcetul-sin, do-rat Dia amus for Iúdaidib, co nd-ebertsat uli o aen 2305 guth:—“Do-ronsam peccad mor, ol siat; 7 tabair logad dún.” “Na denaid derchained, ol Iacop, acht cretid is-in coimdid, 7 déntar bar mbaitsed, co ro-cuirther bar peccad uaib.”

O’teonnaire imorro Abítar .i. sacart Ierusalem, popul immda do cretem do Christ tre Iacop, ro-s-gab ferg 7 lonnas, co tarut indmas 2310 immda do’n foirind ro-oentaigset fris i n-agaid Iacoip. Tanic tra oen do shúidib na Farsaide, co tarut suainem im bragait Iacoip, 7 ruc lais co tech Hiruath Agripa he; is e-side ba hiúdiec for popul Israel in tan-sin. Atbert din Hiruath a breth di-a díchendad amal-sin. O rucad din Iacop di-a díchennad. do-rala fodbrachtaigi doib, 2315

7 se i n-a lige, co n-id ed atbert :—“ a Iacop, ol se, a apstail Isu, saer mé o-m galar, ar no-m-piantar a m'uli balluib.” “Erig, ol Iacop, i n-aunum Ísu Crist; is for a ainm-side no-m-berar-sa do-m díchemnad; 7 bennach-sa he, 7 bat slan iarum.” Atracht in
 2320 galarach, 7 se slan focetoir, 7 ro-bendach ainmm údé. O'teonnaire tra in Farsaid (.i. Ossiás a ainm, is e-side ro-s-cengail suainem im bragait in apstail,) in mírbuil do-rónad ann, ro-shlecht do'n apstal, 7 boi oc iarraid dilguid fair iarum. O ro-fhítir tra in t-apstal, co n-id rath Dé tanic fair, atbert fris :—“ In creti co n-id he mac Dé
 2325 Ísu Crist, ro-crochsat Iúdaide ? ” “ Cretim, ol Ossiás, 7 bid hí mo líres cretím tria bithu, co n-id he mac Dé in t-í atbere-siu.” Atbert dín Abitár in sacart fri hOssiás :—“ Mí-ne digi-siu o Iacop, 7 mí-ne mallachda ainm Crist, rega i mbás imalle fris.” “ At mallachda-su tra, ol Osiás, 7 it mallachda in uli dee hídal lat; 7 is bendachda
 2330 ainm Ísu Crist; is e-side erdareaignes Iacop.” “ Gebid dúrna dar a gnúis dó,” ol Abitár; 7 ro-chuir-sén techta co Hiruath, co ro-marbtha Ossiás ar-oen fri hIacop. Tancatar dín cu loec in díchénta, 7 atbert Iacop fris-in fheol-dénmaid :—“ Tabair usce dún for tús re-siu marbai sínd.” Tacad lestar lán do usce dó, 7 atbert Iacop fri
 2335 hOssiás :—“ In creti i nDia .i. in t-athair, 7 in mac 7 in spirít noem ? ” “ Cretim, ol Ossiás, co n-id óen Dia uli-cumachtach he.” Doirtid Iacop in usce fair ind-sin, 7 ro-flhuirim a láim for a chend, co ro-bendach he, 7 do-rat sigin croiche Crist i n-a dreich; 7 díchemntar he iarum ar-oen fri hapstal in choimded: is do-side ata
 2340 gloir 7 anoir a nim 7 i talmáin tria bith sír. *Finit. Amen.*

[XXIV.]

PAIS ANDRIAS IN APSTAIL in-so.

Dia mboi ingreim mor fors-na Cristaigib is-in cathraig di-a n-aad ainm Patrais, oc in erchonsal .i. Egiás a ainm-sén; ro-bás oc iarraid forru co n-dernatís idpurta do na deeib. Tanic dín Andrias in noem apstal do-shaigíd in erig, 7 adbert fris :—“ Ro-po cubaid duit, ol
 2345 se, nair atai oc iúdicecht for dóinib, co tuicthea híúdic fen fil a nim

.1. Isu Crist, 7 co ro-adartha he iar n-a etergnáthugud ; 7 o dogénta adrad in fhír Dia, co soitea do menmain o na deoib.” “ In tu-sa Andrias apstal ? ol Egiás, is tú scailes tempuil na n-ídal 7 na ndee ; 7 is tu fhaslaiges for dóinib sechim in crábuid forbannaig fil ocut fen. Atbertsat na himpere Rómanachu, ol se, do fhorcetul-sa do 2350 chur dar cend.” “ No-co n-fhetatar na rig-sin, ol Andrias, co n-id for-dáig hícca na ndóine tanic mac Dé i talam ; ar na hídail-sea, citus, ní dat dee iat-sén, acht démnú 7 námait ro-olca in chinedu dóenna ; ar is iat forcanus for doinib ailbemniugud do Dia. Soaid tra Dia o na doinib ann-sin, in tan sharaigit he, 7 do-s-ber diabul fo 2355 smacht fen iat and-sén, co mboi oc a togoethad co lá a n-etsechta ; 7 ní berat ní leo dochum na todhóchaide, acht a pecda namá.” Is dílmáin uli in-a taceraí, ol Égiás, uair in t-Ísu-sin atbere-siu, ro-crochsát Iúdaide hé i cinaid in forcetail cetna do fhopairt dó.” “ In croch-sin atberi-siu, ol Andrias, *auctor* in chineda doenna 2360 dochoid di-a deoin fen fria, 7 ní la forécin dochóid fria.” “ Cindus a ráda, ol Égiás, co ragad di-a deóin fri croich, 7 co n-aparthaí a thidnocul di-a desciplaib fen, 7 co ro-gabad o Iúdaidib, 7 co ro-crochad o míledu in rig ? ” “ Is aire atberim-si, ol Andrias, a dul di-a deoin fri croich ; ar atbert fen frinde remi, co tídnaicfíthea he o 2365 desciplaib fen, 7 co crochfaidea he ar hícc in cinedu doenna, 7 co n-ereochad in tres lo o marbu ; 7 atbert Petar in tan-sin, ol Andrias, ‘ a thigerna, ol Petar, ní hurusa sin .1. mac Dé do dul fria croich ’ ; ‘ a Phetair, ol Crist, no-co tuice-sí rúine Dé beos ; is aire atberim-si, ol Crist, ar ata cumachtu m’anma do chur nam 2370 ocum-sa, 7 a gabala chucamm doridise, ’ ol se ; 7 atbert Crist frin-ne, ol Andrias, in tan bamar oc fledugud mar-oen fris, ‘ is aen uaib no-m-braithfi-sea, ol se, ocus in t-í di-a tibér-sa in mboimm-sea do’n baingin, is e no-m-braithfe, ’ co n-id follus as-sin co n-id di-a deoin dochoid-sium fri croich, ol Andrias, ar dia mbad ail dó, 2375 no-fétfad a imgabáil.” “ Is ingnad lim-sa, ol Égiás, 7 tu-sa glíce, do beth oc sechim forcetail in fhír crochda-sin .1. Ísu Crist, ar is dochraíd fia[d] dóinib in bás-sin.” “ Is mor glanrúin na croiche iarum, ol Andrias, dia fesara-su he.” “ Ní fhétar, ol Égiás, a beth glanrúin, acht a beth amal péin ndermáir.” “ Is glanrúin ath- 2380 nuidigthi in chinedu doenna in pian-sin,” ol Andrias. “ Fogéba-su indut fen in glanrún-sin, ol Égiás, mi-ne dena in a n-eper-sa frit.

“Dia mbeth ecla na crochi form-sa, ol Andrias, ni erdarefigind gloir na crochi, 7 is aire indisim-se duit-si rúine na crochi, co saertha
 2385 t’ anim-siu tréthi.” “Ni bás do’n anmain, ol Égiás, co n-id éeen a hathmiudiugud.” “At marbu anmanda na n-uli dóine i peccad, ol Andrias, ar do-rat in cet duine .i. Adam tria chrand an imarbois bás is-in domau, co n-id tré chrand crochi Crist ro-marbad in bás-sin; ocs amal do-ronad in cet duine do-roine peccad .i. Adam
 2390 do’n talmain nemélnide, ro-p eeen de-side co ro-gein Crist o óig nemehide, co rucad co bethaid suthain in cined doenna atbathatar i n-Ádam, 7 co ro-díchuirthea crand in báis tria chrand na crochi; 7 co ro-shúned a kúma hi crand crochi, ar na lamu ro-sínit co crand an imarbois, 7 co ro-s-gab dig seirb hi crand crochi ar biad milis
 2395 n-áilgen crand an imarbois.” “Indis do cách cretfes uait, ol Égiás; fogeaba-su din bás is-in croch-sin molai, ol Égiás, mi-ne dena edpurta do na deeib.” “Dogním edpairt cech láí do’n oen Dia uli-cumachtach, ol Andrias, 7 ni hedpairt boce no tarb, acht fuil in uain némlochtaig .i. Ísu Crist, edpraim cech láí,” ol se.
 2400 Atbert Égiás ann-sin iar n-a fhreugud Andrias do elur i carcair: do-rónad sámraid. Tanic in popul Cristaide ann-side do breith Andrias as in carcair, co ro-fhóbratar Égiás do marbad. Atbert din Andrias fris-in popul:—“Na denaid fuasnad bá-m dáig-si, ol se, ar do-rigne Dia foilitin 7 ceansa moir, in tan ro-crochad 7 ro-
 2405 háidnaiced he; na tairmiscid tra mo dul-sa hi martrai; 7 ní namá, acht airisid fén fri fulang cecha doccumlaí fogebotháí, uair is cumair in pian aimsërda, ar is fri diaid thened is casmail: ár amal turebas tene focetoir, 7 báidid co prap doridisi, is amlaid tra do’n péin aimsërda i n-athféad na péni suthaine; co n-id do’n péin na fil
 2410 crich na forcend is coir do neoch a menma do thabairt .i. aitt hi fhil coi 7 ochad cen crich.” Atbert iar-sin Égiás:—“In t-í la-sn-áid ecul rochtain cus-an inad-sin, denad in ní atbere-siu, 7 lenad hires.” “Bíd din forphti, ol Andrias, co rosti trias-na treblaitib aimsërdaí co ra-bthai i frencarcus Dé hi fháilte 7 subai tria bith sír.”
 2415 Bói din Andrias oc forectul in popul fot na gem-óidche fó’n cuma-sin.

Rucad Andrias iar n-a barach co hÉgiás is-in ríg-shuide, 7 atbert fris:—“In-dar lim-sa, ol se, is i comairle dogénta-su, anad do molad Crist, 7 idpurta do dénam do na deeib, fo-dáig na digthea hi

croich.” “Ro-pad maith citus, ol Andrias, adrad na ndee mbréci 2420 do fhácbaíl duit-siu 7 Crist mac Dé do adrad duit.” “Is aire atberim-si frit-sa citus, ol Égiás, edpurta do dénam do na deeb, ar-daig co ndena in popul no-t-sechend edpurta doib; ar ni fhil i n-Achia cathair na r-fhacaib in t-ídal-adrad tremut-sa. Mi-ne dena-sa sin, fodéma piana examla 7 bás croiche iar-sin.” “Cluin-si 2425 imorro, ol Andrias, a meic in báis, 7 a lasair dimbuan amal condall for tenid suthain, co n-id ferrde lem-sa cech pian fogéb ar ainm úDé, ar bam anoraigti-sea oc Dia, dia fhódmair martrai moir.” “Atbiur-sa luga, ol Égiás, mi-ne dena-su in a n-apraim-si, co fúigbe bás croiche.” “Is e is férr límm fogéb, ol Andrias, bás croich, ar 2430 is ed dochóid mo thigerna .i. Ísu Crist; is eclachu lím tra do bás suthain-si oltás mo bás aimserda fen,” ol Andrias. Atbert iar-sin Andrias do phianad: ro-síned il-lepaid he, co r-fhodaim secht fothraice for fhuachad ’n-a chend, 7 ní dernsat erchoit dó; rucad iarum co hÉgiás he, 7 boi oc tacra fris, 7 is ed atbert:—“Lasfaid 2435 do gnúis amal choindil is-in péin suthain, ol Andrias, 7 bíd garit dam-sa in pian aimserda-sa,” ol se. Gabaid ferg Égiás annsin, co n-epert Andrias do crochad, 7 cen clóí do chor tria n-a chossa na lámú dó, dáig co mad móti in pian dó beth beo co fotai is-in croich. Rucead iarum di-a crochad he. Boi tra in popul 2440 Cristaige oc écaine in fhir nóim eenaíd do crochad ein cinaid; bóí tra Andrias oc forcetul in popul. 7 oc a nguide beos na ro-thairmissetís in césad 7 in crochad do dénum. Atbert Andrias, o ranic loce in crochda, 7 o ’tconnaire hi:—“A chroch noem, ol se, ro-coiseacad 7 ro-bennachad tu o churp Crist do beth innut, amal betís 2445 margrétaí 7 clocha cúmtaig in domain betis ’co-t chúmtach; ni ro-imeclaig Dia remut, ro-gabaiss maise la sochraide tria chorp Crist do riadud indut, is tú ro-s-íec peccad craind an imarbois, is tú blath 7 torad taitnemach in talman, is tu in pailm toirtech co n-il-mblasaib. is tu in chuipris boladmar, o sastar 7 o mboltaigther cech n-iresech: 2450 geib chucat me-si tra o na dóinib ro-cennaiged tremut, 7 tidnaic me do-m thigerna .i. Ísu Crist!” O ’trubairt imorro na briathra-sa, ro-ben a etach epscoip de, 7 do-rat do lucht in crochda he. Ro-cenglad tra a chorp o shuainemnu do’n croich, 7 tocbaitheir i n-airde he.

2455

Batar dín buidne ile do doinib: ni r-bo uati oltas fiche míle, 7

Stratoeles .i. brathair Égiás eterru, oc aentaid fris-in popul Cristaige oc a rada co na r-choir Andrias do crochad. “Bec in cendach nime sin,” ol Andrias. Dochoid in popul co hÉgiás, 7 ráidset fris, ‘na
 2460 r-ba coir in fer genmnaid cundail eraibdech forpthi o dég-besaib do crochad, cen einaid.’ Boi tra Andrias is-in ló iar n-a barach, 7 se is-in croich oc forcetul in popuil. Gabaid iarum ecla Égiás res-in popul, co n-epert friu, Andrias do thoirnem as in croich. Luid tra Egiás ar-oen fris-in popul do-saigid Andrias. “Cid di-a tanacais
 2465 ille, ol Andrias fri hÉgiás, mad ail deit eretim do Christ, dobér-sa in betha shuthain deit, ol se, no ma-s do-m shaerad-sa o chroich, ni fhetaim-se dul beo esti, ol se, ar itchíu-sa mo rig mór .i. Crist mac Dé ‘co-m ernaide, 7 sé fuirithe d’indechad mo cеста-sa fort-su.” Do-dechatar na milid batar oc in crochad, 7 fobairset a thoirnem as
 2470 in croich, acht no-sheetis al-lama dia comristís fris. Atbert Andrias o guth mor iarum:—“A Ísu Christ, ol se, na leic me-si do’n croich-sin, co ro-fhoidea mo spirut 7 co mbera-su m’anmain latt!” Tanic tra dellrad mor do nim ann-sin, co riad imo’n croich, co na r-fhet duine a desain in oiret-sin; o ro-boi in sóllsi moir-sin fri re
 2475 leth-uaire ann, dochoid ass iar-sin, 7 ro-flhóid Andrias a spirut, co ndechsatar dib-línaib eter shóllsi 7 spirut dochumm nime co Dia. Dolluid tra demun i n-Égiás iarum co mba marb i fhiadnaise in popuil ria-síu ránic a thech. Tanic imorro Stratoclés .i. brathair Égiás, 7 ruc lais corp Andrias, 7 ádnacis co n-onoir moir he is-in
 2480 cathraig .i. Patrumm a hainm-side. Gabaid ecla mór in popul iar-sin, oeus ba he mét a n-omain co na boi oen duine dib cen eretem do Christ: is lai[s]-side is áil in uli dóine do slánugud, co róiset co hóibnius na fírinde suthaine. *Finit. Amen.*

[XXV.]

PAIS PILIP APSTAIL in-so.

Bui Pilip apstal da fhíclit bliadan oc sermoin 7 oc procept is-in
 2485 Seethia. Tancatar din génnti i n-a dochumm co ro-chuibrigset he, 7 rucsat leo he iarum co tempul Mairt .i. dia ídal occa-sum sin. Is ann boi in draice dermair: is e-side ro-marb in da threband batar a

cind na cathrach ó Romanchuib oc tobach in ehása Césarda, 7 timthirigi ecrabdecha na draice-sin is iat ro-s-cuibrig Pilip.

Batar din sochaide dermáir i ngallruib examla is-in cathraig-sin 2490 do'n t-shúth nime ticed do'n draic sin .i. aroli daill, aroli buidir 7 baccaig, 7 eech aincest ol-chena dobert forru, dáig co ndernatís ídpurta do diabul for híce na ngalar-sin, 7 co ndamnad-som a n-anmanna iarum. Atbert tra Pilip apstal fris-na huli dóinib batar hi ngallru is-in cathraig :—"Dénaid mo chomarli, ol se, 7 fogébtái slanti chuirp 2495 7 anma .i. taifnighther i n-anmun in choimded Ísu Crist in draice démnaig do-roine irehoit dib anallana, 7 todúiscfet-sa i n-anmun Crist in lucht ro-marbait uathi." "Apair frind amáin cid dogénum," ol iat. "Curid ass deilb Mairt 7 brissid hi, ol Pilip, 7 tabraid din croich Crist i n-a linad, 7 ádraid hi iarum." "Tabair-si slanti nama 2500 dún, ol siat, 7 brisfem-ne delb 7 ídal Mairt iar-sin." O do-rónad toi mor ann, atbert in t-apstal :—"Eire ass, a draice, ol se, fáccaib in t-inad a-tái i n-ainm in coimded Ísu Crist, 7 eire ass co locc écin, airm na bia nach n-aittreb doine, daig na ro-erchótigi do duine co brath." Dochoid ass tra in draice iar-sin la brethir in 2505 apstail, 7 a gol-máirg esti, 7 tórruma demun impe, co ro-lín in tempul di-a díraig 7 di-a brentur; 7 ni ro-artraig nech as a aithle. Ro-thódúsíg Pilip din mac in t-sacairt dobered tened fo na hidpurtaib, 7 ro-shlanaig focetoir in uli doine batar i ngallraib o shúth nemi na nathrach. In uli dóine tra batar i comrorcain fria Pilip 2510 reme, sóiset fri haithrige údichra o 'tconncatar in mírbuil moir-sin.

Erepoli din ainm na cathrach in ro-crochad Pilip 7 no-adratis amal Dia in tí Pilip. Boi tra Pilip oc procept fri re mbliadna doib, 7 ba he forcetel dognid .i. i-n cruth i-n ro-genir Crist o'n óig, 7 amal ro-césad, 7 amal ro-fhresgab dochum nime i fiadnaise a apstal, 7 amal 2515 tanic rath in spiruta noim for a apstalu, 7 do-rat rath na n-il-belra doib in dómnach in Chingcigis, 7 is iat oen-belraig có-sin .i. Ebrai. "Oen dib-side din me-si, ol Pilip, 7 ro-m-fóided chucaib-si cu rafhoillsigind dib na nechí-sea, ocs na hidail di-a n-adarthái, eo nach dat dee iar fhír, acht ídail ámlabra ein cheill ein dlíged, 7 soethra 2520 dímaíne láma dóine peccdach, 7 co ndat námaít fhíre do Dia in lucht adrait iat." Ro-cretset sochaide do Pilip ann-sin. Ní-ptar uati oltás il-míle do doinib, 7 ro-baitsit uli iat lais, 7 ro-cumdaiged

eclasa immuda lais ann-sin, 7 ro-oirdnestar escopu 7 sacairt 7 deo-
2525 chaine.

Iar-sin tra ro-faillsiged do Pilip hi flúis co mba cubaid dó na tíre
7 na cathracha-sin do fhaebail, 7 dula co hescop Aissia, co ro-air-
chissed de 7 co ro-accallad he iarum. Dochoid tra Pilip apstal iar-
sin dochumm na hAssia Mori, co r-fhuirig is-in cathraig in Erepóli,
2530 7 ro-dímienig 7 ro-s-euir dar cend ires cretim na nÉbóntai : ar is
s-ed atbertis sin, ' co nach o óig ro-genir Crist ; ' ro-s-dímienig din
Pilip, 7 ro-s-tafajud a n-ires-sin. Batar tra dí ingein oe Pilip .i. da
óig derseaighti iat-side, 7 do-rat Dia trempu-sin immad dáirmide óg
n-aile dochumm n-irse 7 cretim. Ro-gairmestar tra Pilip chucai in
2535 da laa dée re n-a cesad in uli shacart 7 deochain 7 escop na cathrach
comfochraib dó, 7 atbert friu :—“ Ní fhilet acht da la dée do-m
shaegul-sa, ol se, 7 bíid-siu cuimighthi i forcetul in cóinded Ísu
Crist, 7 guidid-siu co ferrda in coimdid, 7 cathaigid co calma di
chend bar údualchi 7 bar peccad, 7 dímienid 7 tarcasnig in námaít
2540 n-arsata .i. diabul co n-a aslaigib, 7 troethaid 7 crochaid bar tola
collaide i n-áine, i n-ernaigti, i n-abstanait, i n-alm-sanib bíd 7 étaig
do bochtu 7 adilenechaib Dé bíí, ol se. Comillfid tra Dia a gellta
frínd, dia ndenum na hii-si uile ; do-s-bera Dia dún síd 7 suba
i-fhoss is-in t-shoegul, 7 flatha nime di-ar n-anmannaib iar mbás ;
2545 métaigfid din Dia a mírbuli is-na heclaisib talmanta, ar it iat sin
fátsine 7 gellta in choimded frínd, dia comaillem na hii-sea feib ar
cumaing.” Atrachtsat tra dronga écraibdecha 7 na sacairt Iúdaide
i n-agaid Pilip apstail, co n-id ed atbertsat, a thengaid do thescad.
Do-rónta sánilaid ; ar-áí ní lugati dognúid-sum forcetul in popuil in
2550 ní-sin. Atbertsat in popul 7 na sacairt doridisi a thengaid do
thescad ; do-gníset tra, 7 ní ro-erchotig dó. Fo-secht tra ro-tescad
tengaid in apstail leo, 7 ní ro-airis-[s]ium oe forcetul fris-in ré-sin.
Atbertsat a clochad iarum : gabsat din durna 7 saba luaigi 7 clocha
dó dar a gnúis, 7 ní ro-erchotig nách ernail péne dib-sin dó. Atbert
2555 in popul 7 na sacairt iarum, in t-apstal do crochad, o na r-fhétsat
bás ele dó ; tanie aroli fer angid étrocar dib chucua, 7 do-rat gosti
némnech im brágait in apstail nóim, co nu-s-crochsat he iarum iar
n-imad pene 7 athisi 7 esoreni for slicht a máigistrech .i. Ísu.
Eripóli tra ainm na cathrach i-n ro-crochad Pilip apstal. Atces din
2560 gloir dermáir la tórruna aingel imo'n croich, in tan ro-fhóid Pilip a

spirut ; co ro-shamaigset na haingil aním in apstail a n-irbothaib fatha nime, i ngloir aingel iar mbuaid martrai. Se bliadna ochtmogat tra ba slan do Pilip noem apstal in tan ro-escómpla cus-in coimdid. Ro-ádnacit imorro a chorp in apstail is-in fhích di-a n-ainm Bezaida. Ro-ádnacht tra a dá ingen, in da noem óig iar cén máir 2565 iar-tain .i. oen díb di-a deis in apstail, 7 oen ele di-a chlí. Is ann-sin tra doberair a n-itge da cech oen no-s-guidet co gresach in t-apstal co na dí noem óig ; 7 cid mor a n-anoir colléc, bíd moo co mor il-ló brátha, in-tan taitnigfit amal gréin a nim fiad gnúis in dúilemun, 7rl. 2570

[XIX.]

160 a 1] *Passio DOMINI nostri IESU CHRISTI incipit.*

Is-in nomad bliadain déc do flaith Tibir Césair hin ímper Rómanaig ard-ríg in uli domain, 7 is-in bliadain cetna ro-bói Teodbair mac Hiruaithe 'n-a rig for in popul Iúdaide 7 for claind Israel ar-chena .i. in fichetmad la do mis Márta na bliadna-sin, tancatar buidne díáirmide do na hIúdaidib, do chasait 7 do chairingud Ísu 2575 Crist meic Dé bí o chasaitib imnda examlaib i fhiadnaise in fhir di-a r-bo ainm Piláit ; hiúdice imorro e-side, giustis 7 fer follam-naigthi rechta 7 congbala corach for in popul Iúdaide, a hucht in rig Rómanaig .i. Tibir Césair. Is iat so ém ba hard-toisig for in foirind tancatar do'n chasait remráti-sin .i. Amias 7 Coifás, dá 2580 ard-oirchindech na sacart n-Iúdaide, ocus Nicoméit, Abimedathan, Gamaliél, hIudás, Leui, Neptalim, Alexander, Sirius, 7 in popul Iúdaide ár-chena ; 7 is ed ro-raidset fri Piláit :—“ Ata imorro, ol siat, duine dermáir is-in tír-sea oc saebud in popul o shaeb foret-laib ; mac side din do Iósep gaba, 7 Muire ainm a máthar, 7 Ísu a 2585 ainmm fodén ; 7 is ed atbeir, ‘ co n-id rig he fén, 7 co n-id mac Dé, ’ 7 ni hed nama, acht micheimétaid ar sapóti-ne, 7 tafnid in recht n-atharda.” Atbert Piláit :—“ Taispénaid cia mod as a mbrisendse in recht.” Atbertatar-som :—“ Is do mor aichnedaib in rechta, ol iat-sum, cen saethrugud is-in sapoit, 7 is-in ló-sin ro-slanaig Ísu 2590 aroli dóine do bódraib, araile do bacachaib, aroli do dallaib, aroli do

chromaib, aroli do chlamaib, aroli doine inluadit ó démnaib, aroli o gallraib examlaib ár-chena.” “Dar lind, ar Piláit, ro-pad chora fer na ngnín-sin do molad oltás a dimolad.” “Ni hed, ol iat-sum, 2595 acht duine démnaeda hé, 7 tria dhemun slanaigés cech oen.” “Ni cosmail, ar Piláit, co n-id tria spirut inglain indarbas-sum na spiruta as na hinuta i ngnathaigit tairisium, acht is dochu co n-id tria shualchi Dé forcongrus for na démnu na hinata a ngnáthaigit d’facbail.” “Guidmit-ne, ol iat-sum, tu-sa a thigerna, tré-t miadamla 2600 7 tre t’fhlaithemnus, co tuethar in duine-sin i t’fhiadnaise-siu, 7 co ro-aicille he.” Is ann-sin ro-fhóidestar Piláit cursúr .i. gilla turusa for cend Ísu, co tísad di-a acallaim. Dochóid in cursúr i fhail i ra-ba Ísu, 7 ro-adair hé, 7 ro-slécht dó, co r-seáil in speilp boi imme i fiadnaise Ísu; 7 atbert:—“A thigerna, ol se, gluais co tech in 2605 brethemmais, uair ata Piláit ocu-t iarraid.” O ’tchonnecatar na hÍúdaide in anoir do-rat in techtaire do-n t-shlaníccid, ro-chomégitar 7 atrubratar:—“A thigerna, a Philáit, ol siat, cid im nach tria guth challaire no mair do-fhocrais do’n melltoir ut techt i t’fiadnaise, no cid im a r-chuiris cursur co honorach for a chend?” 7 2610 ro-indisetar in anoir do-rat in techtaire dó. Ro-gairm imorro Piláit in techtaire, co r-iarfaid de, ‘cid im á r-adair Ísu, 7 cid f’a tue anoir do?’ Atbert in techtaire:—“A thigerna, ol se, in tan ro-m-cuiris do Ierusalem fecht n-aill, atconnare Ísu ann oc marca-chus for assan mbec, 7 maccaim na n-Ebraide oc scailed a n-éaig 2615 f’a chosaib, 7 gésea pailme i n-a lamaib, 7 siat oc slechtanaib 7 oc anóir 7 oc ádrad Ísu; 7 atbertis fris, ‘slanaig sind, a thigerna, 7 a meic Dé bíí, tanic di-ar cabair.’ Is ann-sin ro-chomegetar na hÍúdaide arís i n-agaid in techtaire, 7 atrubratar:—“Cindus ro-thuici-siu in mbelra Ébraide uadib, 7 tu fen a-t Gredda?” Atbert 2620 in techtaire:—“Fer comtha Ébraide boi occum, is e no-dersnaiged dam cech ní no-iarfaigind de ’n-a belra fen.” Atbert Piláit:—“Ni ro-pheccaig in techtaire a becc fo adrad Ísu, o’n lo atconnairc drong do na hÍúdaidib fen oc a adrad.” Atbert Piláit fris in techtaire:—“Eirg, ol se, 7 tue latt in fer cetna di-ar n-acallaim.” 2625 in techtaire amal atrubrad fris, 7 gairmid Ísu co honorach dochum Piláit, amal do-roine ar tus.

Is amlaid din boi Piláit in tan-sin, 7 mergeda for crandaih il-lamaib lóech-miled i n-a fiadnaise i tig na cuirti. Ocus amal

tanic Ísu is-in pelait, do-chromsat na craind cus-na mercib co forec-
 nech, al-lamaib na loech tria mírbulib Dé i fiadnaise aighi Ísu; 7 2630
 ni luga ro-chronaigset na hÍúdaide míledu chongbala na crand, 7
 atbertsat ‘co ru-b do deoin na míle ro-fhillset na merceda.’ “Ni
 hed moltai itir, ar Piláit, amal ro-fillset na merceda d’a nideoin fen,
 7 ro-adartar Ísu.” “Ni liat ro-adair, ol na hÍúdaide, acht lucht a
 congbala.” “Exced, ar Piláit, Ísu immach as in tig doridisi, 7 2635
 erced dá milid déc ro-chalma, 7 congbat na merci dús in fillfet
 doridisi, amal do-ronsat riam.” Do-ergetar míledu congbala na
 merced, 7 atracht Ísu in dala fecht is-in pelait, co r-fhillset na
 merci arís dar a lamaib na loech ar écin, 7 ro-adartar Ísu. O
 ’teonnaire Piláit in mírbuil moir-sin, ro-fhuabair ergi as a shudi 2640
 thigernais, 7 Ísu do shuidiugud innti; ar ro-lín oman 7 urecla re
 n-Ísu he. Is-in uair-sin tra tánic techttaire o mnái Philáit do
 acallaim a fir .i. Procúla a hainm, 7 is ed atbert fris, ‘iúdicecht coir
 do dénum for in duine noem fil i t’fhiadnaise, ar is mor d’inned 7
 d’etualang ro-himred form-sa is-in aidehe a-rér tremit.’ Demun tra 2645
 tánic do thairmese in chésta ann-sin, ár ro-fhitir-sium in a mbiad
 de .i. esergi Crist a bás, 7 a ch[r]onugud fen, 7 oreain ifirn im Adam
 co n-a cloind fhíreoin. Do-freccatar na hÍúdaide, 7 atrubratar fri
 Piláit:—“Nach dubramar-ni frit co ra-b duine démuaceda in duine
 út? 7 is follus innossa a droch-gnimrada fair, amal ro-chuir sé demun 2650
 d’áidmilliud for do mnai-siu.” Piláit imorro ro-gairmestar Ísu chuide,
 7 ro-ráid fris:—“In cluine-siu na mor chasaiti doberait in lucht-sa
 fort, 7 cid tai cen freccra do thabairt forru?” Ro-frecair Ísu 7 adu-
 bairt co féta:—“Mi-ne beth cumachta laburtha occu, ni laiberdáis,
 7 o’n ló tue Dia comas luamairechta a tengad doib, fétait maith 7 ole 2655
 do labra; 7 d’fechat-som cindus bias sin fa-deoid.” Do-freccatar
 imorro senoraig na sacart 7 na n-Iúdaide ar-chena, 7 atrubratar:—
 “Atchiamait 7 do-fetamar ar tus, co ru-p tria merdrechus do-rigned
 tu-sa, ar ni r-pósta h’athair 7 do máthair re cheli; 7 ro-fetumar fós
 i n-a diaid, co ro-p is-in Bethil do-t-ruccad, 7 co tanic dith mor is-in 2660
 tír tre-t genemain innti .i. marbad na macraide la Hiruath ocu-t
 iarraid-siu, o macc óise da bliadain co macc óise en oidche; 7 ro-
 fetumar fós in tres ní, co r-theichetar lat-su h’athair 7 do máthair
 hi erich na hÉgepti, ar ni r-lamsat beith i n-a tír fén trit-su.”
 Atbertsat tra drong do na hÍúdaidib na r-chuitigset casait Ísu:— 2665

“Ni abramait co n-id tria merdrechus do-rónad e-ssium, ar do-
 fetumar co r-phósta Muri 7 Iosep.” Atbert tra Piláit fri hIúdaidib
 casaiti Crist:—“In-dar lind ní dat fíra na scéla-sin o’n fliur út; ar
 ata drong da bar cined fén oca-bar n-aithceód 7 oc a ráda co n-id mac
 2670 lánomna pósta Ísu.” Atrubrtar imorro fri Piláit Amiás 7 Caifás
 7 uili popul chasaiti Crist ar-oen friu:—“Is sin-ne ata for firinne,
 7 in lucht tice i n-ar n-againd descipuil do Ísu iat, 7 deoraid i n-ar
 tir-ne iat; 7 ní dlegar a ngabail i fiadnaise i n-ar n-againd-ne.”
 Ro-iarfaig imorro Piláit do Amiás 7 Caifás:—“Cuich iat in lucht ut
 2675 chungnus le Ísu?” “Dóine páganta sin, ol iat-sum, 7 mna Iúdaide
 a máthrecha, 7 aderait fén co n-id Iúdaide iat.” Hit iat so tra
 anmand da fher déc do-derbatar Ísu a beth ’n-a mac mna pósta
 .i. Lazár, Astair, Antonius, Iacop, Tetos, Samuél, Isác, Finés,
 Crispus, Agruspa, Amés, Hiudás, et adubrtar sin:—“Ni deoraid
 2680 sin-ne, ol siat, acht is do Iúdaidib ar mbunad chenel; 7 is firinde
 ráidmit, uair bamar i fhiadnaise pósta Muiri 7 Ioseip.” Atbert dín
 Piláit fris-na da fher déc remrati:—“Guidimm sib co ro-luighi
 i fhiadnaise Cesair co ru-p mac mna pósta Ísu.” Atrubrtar-som
 imorro:—“Ata recht ocaind .i. cen luige do thabairt fo dáil ar
 2685 domun; 7 luiget in lucht ele co ro bréc adermait-ne, 7 cedaigmit bás
 d’fhágabail ’n-a dhiaid.” Is ann-sin do-freccrtar lucht casaiti
 Crist:—“Cretmit do’n da fer déc ut co ro-p mac mna pósta Ísu, 7
 cid ed a ra-bba, is duine démnacu he, uair ader sé fen, ‘is mac Dé
 7 is rig he,’ 7 ní chretmit-ne do.” Ro-forcongair imorro Piláit in
 2690 popul Iúdaide do chor as in pelait amach, acht da fer déc do-rigne in
 fhiadnaise le hÍsu, 7 Ísu fén; 7 ro-iarfaig ‘cid im a ra-butar na
 hIúdaide oc iarraid oideda Ísu?’ Atbertatar-som ‘co ru-p tria format
 7 aingidecht, ar mét na mirbuiled dogníd is-in phopul.’ “Is ed dar
 lind, ar Piláit, is ar a deg-gnimradaib ro-p ail leo ole d’fagbail
 2695 dó.” Dochoid Piláit tria fheirg as in pelait immach, 7 atbert:—
 “Gabaim-si in grian i n-a fiadain form, co na fágabaim adbar bais
 is-in doman na cair na peccad is-in duine noem út.” Do-freccrtar
 na hIúdaide, 7 atrubrtar:—“Acht ma-ni bad droch-duine he, ní
 thindlécmáis-ne det-siu he.” Atbert Piláit iar-sin co feirg 7
 2700 londus:—“Tócbaid-si lib he, 7 denaid iúdicecht fair do rér bar
 rechta fen!” Atbert fer do na hIudaidib:—“No-co lamum-ni
 duine do marbad acht mi-ne bera-su do breth dó, co ndligend a

marbad." Dochoíd imorro Piláit doridisi is-in peláit, 7 ro-gairm Ísu chuire, 7 ro-ráid fris:—"In tu-sa rig na n-Ebraide (no Iúdaide)?" Do-freacair Ísu 7 atbert:—"In uait fen aderi-siu sin, no in duine 2705 ele ro-indis deitt?" Do-freacair Piláit 7 atbert:—"In fhacca tu-sa nách Iúdaide me-si? do chined Iúdaide fen, ro-thidnaic a-m lámaib-si thu; 7 crét do-rigni-si friu?" Do-freacair Ísu 7 atbert:—"No-co n-anns-a doman-sa ata mo flaithemnus bunaid-si; 7 da mad ead, dogéntais mo muintter cathugud dar mo chend, 7 no-co tind- 2710 léctis na hIúdaide me." Do-freacair Piláit 7 atbert:—"Ma-s ed, is rig thu-su? "Aderi-siu cipindus, ol Ísu, is rig mé; 7 is fir adere, ar is chuire-sin rucad me, 7 is chuire tanac is-in domun-sa; 7 cech oen ata for firinde, dochluimet mé." Atbert Piláit:—"Adeir in recht, nach fil firinde i talmain." "Ni fir sin, ol Ísu, biaid firinde i 2715 talum i cén ra-bur-sa innti." Ro-fhácaib din Ísu in peláit, 7 dochoíd fén amach; ocus atbert Piláit fris-na hIúdaidib, 'co na fuair cair na peccad do dénum do Ísu, 7 na r-dlig ole do denum fris.' Atbert oen do na hIúdaidib:—"Do-rigne Ísu ole i n-a ndligend bás d'fhagbail; ar atbert co ndingned tempul Dé do 2720 díscailled 7 a athcúntach fri trí láib." Ro-iarfaig Piláit:—"Ca tempull d'á r-labair Ísu mar-sin?" "Ni anmsa, ol siat, tempull ró-cumdaiged la Solam mac Dáuid fri secht mbliadna cethrachat; 7 atbert Ísu, co cumdaigfed he fri trí laib namá." Ni do thempul Solman tra ro-bói briathar oc Ísu in tan atbert sin, acht do 2725 thempull a chuirp fesin, in tan atbert, 'scáilid-si in tempul-sa mo chuirp-si, ol Ísu, 7 dodén-sa a athcúntach iar tredenus.' Atbert imorro Piláit doridisi:—"Gabaim nem 7 talam 'n-a fliadnaib form, co n-id nencúntach mé o fhuil in duine nóim-se." Atbert oen do na hIúdaidib:—"Léic a fhuil 7 a dígal foraindi 7 2730 for ar maccaib i n-ar ndegaid!" 7 no-aentaigset uli in dolad-sin. Ro-gairm din Piláit sin 7 sacairt 7 deochaine 7 sruthi na n-Iúdaide, 7 atbert friu:—"Ni fhágbaim cair na cin is-in duine-sea, atathai do chasait frim, i-n bud choir bás no oided d'fhagbail dó." Atbertsat beos senoraig na sacart n-Iúdaide fri Piláit:— 2735 "Luidmit-ne fa Césair, cech aen dogéna bréc, co n-id dingbala bás d'fhagbail dó. Do-rigne-sium tra bréc i n-agaid a thigerna .i. a ráda co n-id mac Dé he, 7 co n-id rig." Ro-forcongair Piláit for na hIúdaidib dul as in peláit imach; 7 ro-gairmestar Ísu

- 2740 chuice, 7 atbert :—“ Créd dogéna me frit ? ” Ro-frecair Isu, 7 atbert :—“ Do-thairngir Moysi mac Ámra, 7 Daid mac Iesé, 7 na fáide ol-chena, mo chésad-sa 7 m'esergi o thús betha 7 aimsire.” Ro-chomégitar na hIúdaide i n-agaid Ísu, 7 atbertsatar, ‘ co n-id bréc in ní-sin, 7 ro-dérbobmais-ne i n-a agaid hí.’ “ Ma-sa bréc a n-abair-
- 2745 sium frim-sa, ar Piláit, tócbaid-si lib hé, 7 berid breth do rér bar rehta fen fair.” “ Is ed adeir in recht, ol Iúdás, ‘ da peccaige duine ‘n-a chomursaind, co ndligen da fichit tallann acht oen tallann is luga do thabairt ann do’n chomursain; dia peccaigi imorro i nDia, dlegar a chlochad focetoir.’ ” Ro-d’fhech imorro
- 2750 Piláit for in popul Iúdaide, 7 atconnaire drong do’n popul oc toirsi thruim fa Ísu do beth i mbroit i n-a fiadnaise, 7 atbert :—“ Ni he in popul uli ata oc casait Ísu, na oc iarraid a oidedu.” Do-freccatar in popul Iúdaide, 7 atbert oen dib :—“ Is uime thancumar, indus co fhagbad-sum bás, 7 co scistar a ainm as in popul.” Atbert
- 2755 Piláit :—“ Ca hadbur b’ú ndligid bás d’fhagbail ? ” Do-freccatar-sum imorro, 7 atbertsat :—“ Adeir co n-id mac Dé he, 7 is ed is coir a oided cen fuirech ind.” Is ann-sin atracht fer amra Iúdaide .i. Nicomét a ainm, i fiadnaise Piláit, 7 atbert :—“ Esti frim-sa, a thigerna, a Piláit, co ro-aiciller tú beccan.” “ Labair frim,” ar
- 2760 Piláit. “ Is ed so aderim, ol Nicomét fri dóinib uaisle amra 7 fris-in uile popul Iúdaide uli, cia hádbar f’a filet oc iarraid oideda Ísu ? ar ní thianic 7 ní thicfa do’n popul Iúdaide nech do-rígne na dogena na comarlhada dermaire 7 na mirbuli do-rígne Ísu. Is aire-sin doberim comairle hidan do’n popul remrati-si .i. Ísu do lécun as a
- 2765 fhorcongul; 7 ma-s o Dia ata, merdait a gnimruda co sír, 7 ma-s o dhemun, legfadit amal legus cech bréc ele.” Do-freccatar na hIúdaide, 7 atbertsat co fichda fereach fri Nicomét :—“ Dar lind is descipul do Ísu tu-su, ar atai oc ráda neich dar a chend.” Atbert Nicomét :—“ Ni descipul dó Piláit, 7 ata oc ráda neich dar a chend,
- 2770 uair is e ro-ordaig Cessair i n-a inad fén ‘n-a iúdic foruib-si.” Ro-dréntaigetar 7 ro-dréstanaigset na hIúdaide a máint 7 a fhiacra i n-agaid Nicomét aire-sin, 7 atbertsat, ‘ co ru-p hi a fhirinde 7 a chumachtu fógnus det-siu 7 do t’anmain is-in tír tall.’ Do-frecair Nicomét 7 atbert, ‘ co ra-p fír annal atrubrabar !’ Is ann-sin ro-
- 2775 lingestar fer amra Iúdaide a n-airde, 7 ro-guidestar Piláit, ‘ co n-ésted fris.’ “ Dogéntar,” ar Piláit. “ Ro-bádus-[s]a tra, ol se,

bliadain imlán for oen lepaid, 7 na r-fetus ergi; 7 ro-forcongrus for mo mogadaib mo thocbail dochum Ísu, 7 amal atconnaire mé, tánic a throcaire form, 7 atbert frim, ‘erig 7 imdig!’ Ro-ergius cen fhuirech fri breithir Ísu, co filem cen eslánti o-sin cus-indú,” ol se. 2780

Atbertsatar na hÍúdaide:—“Cia la ro-slánaig se tú?” Do-freacair-sium, 7 atbert, ‘co n-id is-in sapoit.’ “Nách ead siut atrubrumar frit, a thigerna a Piláit, ol na hÍúdaide, co n-id is-in sapoit shlánaiges eech slánugud d’a ndenand?” Is ann-sin ro-erig fer ele Iúdaide, 7 atbert:—“A-m dáll ruccad me-si, ol se; 7 do-chuala 2785 Ísu, 7 ni fhacca he fen, 7 ro-guidius he im a throcaire do thecht form, co r-chuir a méra fó-m shuilib, 7 itconnare ní focetoir.” Ro-erig tra fer ele, 7 atbert:—“Ro-bádus-[s]a dronnach o ruccad me, 7 ro-slanaig Ísu me d’aen brethir.” Ro-erig fer ele, 7 atbert:—“Do-badus-[s]a clam, 7 ro-m-slanaig Ísu d’oan brethir.” Do-erig 2790 imorro ben Iúdaide iarum, 7 atbert:—“Ro-bádus-[s]a, ol si, dá bliadain décfri (?), 7 rith fola form, co r-gabus bend etaig Ísu, 7 ro-thumas frim he, 7 ro-tairis in rith fola focetoir.” Atbertsat din Iúdaide:—“Ata is-in recht cen mnái do gabail i fhiadnaise.” Is ann-sin do-chomégetar drong mor do na hÍúdaidib, iter mnai 7 2795 firu, 7 atbertsat, ‘nach tanic fáid amal Ísu, 7 co ra-bi in uli demnaigecht fomamaigthi dó.’ Atbert Piláit fris-na hÍúdaidib:—“Ca fáth nach filet na demnu fomamaigti da bar forcetlorachaib-si, amal attat do Ísu?” “Na fetumar,” ol siat. Atbertsat tra drong do na hÍúdaidib ‘co r-thodusig Ísu Lazair, 7 se cethardenus i n-a 2800 uaig.’ Ro-erithnaig imorro Piláit o ehind co a chois, 7 atbert:—“A doine tróga, ar se, ca tarba duib in fhuil nemurchoitech do thogail cen cinaid?” 7 ro-gairmestar chuice Nicomet in dala fer dec boi oc cunnam le Ísu, 7 atbert:—“Crét dogéna mé? uair ataum i cas comaire moire remi in popul.” Atbert Nicomet:—“Do-fhetu- 2805 mar-ni sin, a tigerna, ol se, 7 atchifet-sun amal digeltar forru sin,” ol se. Ocus ro-gairm Piláit in uli popul Iúdaide chuice, 7 atbert:—“Ro-fhetubar-si co n-id gnathugud bunaid ocaib in eech ard-shollamain fer cúibrighthi di-a toitend cumm bais do lecuin dib ass do breth rechta cen cennach cen pianad; ocus attat dias ocum-sa 2810 anossa il-laim .i. Barabas tria duine-marbad, 7 Ísu cen cair cen peccad; 7 berid bar roga, cia dib is ail duib do shaerad o-m lamaib-si.” Ro-chomegitar na hÍúdaide 7 atbertsat:—“Lec Barabás dún

amach, 7 crochthar Ísu!” ol siat; 7 atbertsat doridisi:—“Da
 2815 lecea tú Ísu ass, ní bat cara do Cessair; ar cech oen atbeir rig fris
 fén, ní-t cara do Cessair he; 7 adeir Ísu co n-id mac Dé he, 7
 co n-id rig he, is aire-sin nach dlig a lécud ass, amal atai-siu
 hi t’óclach do Césair.” Is ann-sin lingid dassacht i Piláit, 7
 atbert fris na hIudaib:—“Is fir co n-id ciniud formtech miscnech
 2820 impuithech for in tí eungnus lib-si,” ar se. Do-freccratar na
 hIúdaide, 7 atrubratar:—“Cia for a ndernsum-ni in t-impod-sin?”
 “Do-ronsabar for bar nDia fén, ar Piláit .i. in t-í ro-shaer sib o’n
 doire ergranna Egeptaeda, 7 tuce sib cosaib tirmaib tria muir ruad,
 amal tísad sib tria thalmáin tirimm, 7 in t-í ro-t-biath sib is-in
 2825 dithrub o maind nemda (.i. arán na n-aingel), 7 do-díl bar n-ítaid
 o’n usqui do-tharraing sé as in carcair cloiche co mblas mela 7
 mescaí fhína, 7 do-rat díb in recht n-athardai do chur cretmi indib
 7 da bar treorugud cech conair. Iars-na maithusaib-sin uli ro-
 fhellsabar-si for bar tigerna, 7 ro-grandaigsibar he oc adrad in loeig
 2830 ordai ro-cumdaiged do lamaib doine, 7 ro-trecsibar bar nDia fen,
 co tarmairt se bar marbad uli is-in ngnim-sin, acht mi-ne guided
 Moysi mac Amra dar bar cend, na ro-epled sib uli i n-oen fhecht.
 Ocus o’n ló do-rónsabar-si sin, nemingnad dúib a rada frim-sa co
 n-id fuath lem mo rig 7 mo tigerna.” Is ann-sin ro-erig Piláit as a
 2835 rig-shuide co r-triall dul amach, 7 ro-chomégetar na hIúdaide, 7
 atbertsat:—“Cia inmdigi? is e Césair is rig forainde, 7’no-co n-e
 Ísu; 7 is aire ró-marb Hiruath in macraid i mBethil, o ’tchualaid
 na draíde Incedai do thabairt ascad amal rig do.” O ’tchualae
 imorro Piláit na briathra-sin, gabaid omun 7 imecla he, 7 iar coist
 2840 echt do’n popul uli fris, atbert o guth mor:—“Ma-s ed, is e so in
 t-Ísu oc a ra-ba Hiruath d’iarraid!” 7 atrubratar-som uli ‘co ro-p
 e.’ Gabaid Piláit usqui iar-sin, 7 ro-indail a lama i fhiadnaise in
 popul, 7 atbert:—“Is nemurchoitech me o fluil in duine fhíreon-
 si.” Do-freccratar na hIúdaide, 7 atbertsat:—“Léc a fluil 7 á
 2845 dígal foraindi 7 for ar claid i n-ar údegaid!” Is ann-sin ro-forcon-
 gair Piláit Ísu do thabairt i n-a fhiadnaise fen, 7 ruce breith fair as
 na briathraib-sin ann-sin:—“A Ísu, ol se, do chined fen do-rigne
 do chasait frim-sa, 7 ro-derb fort a rada duit, ‘co n-id rig tu 7 co
 n-id mac Dé,’ is aire-sin tidnaicim-se tú do rer brethe rechta il-lamaib
 2850 in lochta-sin do-t shroigled for tus, 7 do-t bualad 7 do-t brissed 7

do-t crochad fa-deoid.” Is and-sin tra ro-tairnged Isu as in pelait amach, 7 da ghadaige imalle fris, d’a r-sat comanmann Dismus 7 Iesmus ; 7 amal rancatar loec in crochda, ro-fádbud ann Ísu o étach .1. inar corcra do-róine Muiri dó, 7 ni fess cia luib di-a ro-bi ; 7 ro-suidiged coroin do spín im a chend, 7 ro-crochad in da gataigi 2855 di ceoh leth de .1. Dismus di-a deis, Iesmus di-a chlíí. Is ann-sin atbert Ísu :—“ A athair nemdai, ol se, cocill 7 log do na doinib truaga-sa a ndenat, uair ni fhetatar cid dogniat !” Ocus ro-rannsat na hÍúdaide iarum étach Ísu eterru a cirt crannchuir. Piláit imorro, is dó ranic inar Ísu, is e do-roine Muiri do Christ, corcra 2860 din dath an inair-sin .1. purpuir a ainm ; ni bui tra tomailt na uaimm snathati is-in inar-sin ; ba mirbulta ingnath he, 7 maraid beos. Batar tra in popul Iúdaide a timchell na crochi oc fanamut fa Ísu, co n-id ed atbertis fris :—“ Ma-sa mac Dé tu, slanaig tu fen anossa !” Atbertsat oirchimig 7 iúdice in popul eterru fén :— 2865 “ Do-slánaig se doine ele, 7 ni fhetann a shlanugud fén ; 7 ma-sa mac Dé he, ticced anossa as in croich, 7 cretfemit-ne dó.” Is ann-sin atbert Ísu is-in croich :—“ Ata hittu form ;” 7 ro-línsat na hÍúdaide lestar do fhín-eccra co ndomblas ae, 7 tuesat do Ísu sin for barr shlati. Atberair is-in scriptúir, co n-id aire ro-s-cuindig Ísu in 2870 dig-sea is-in croich .1. co ro-piantá i n-a uile ballaib, ar ni boi ball de cen pian fo leith acht a thenga nama ; 7 co ro-pianta i-side o’n fhin-aicet. Is and-sin ro-erig aroile milid di-a r-ba comainm Longinus, 7 tue bulli do laigin míled i sliss Ísu, co r-rethitar focetoir da thuind as a sliss .1. tond fhala 7 tond usci. 2875

Atbert Piláit iar-sin, titul do scribend os cind Ísu is-in croich tria litrib Ébra 7 Grec 7 Latin .1. in fáth for a r-crochad Ísu ; 7 is ed so tuieither estib-sin .1. *Iesus Nazarenus rex Iudaeorum* .1. is e so Ísu Nazarda rig na n-Iúdaide. Do-chomégitar na hÍúdaide iar-sin, 7 atbertsat :—“ Crét f’á r-seribais co n-id he so rig na 2880 n-Iúdaide ?” Do-frecair Piláit, 7 atbert :—“ In ni ro-seribus, ro-seribus he.”

Is ann-sin ro-labair in dala crochaide boi mar-oen fri hÍsu, 7 atbert :—“ Ma-sa tú Crist mac Dé, saer sin-ne, 7 saer tú fén o’n mor gabud a filem !” Do-frecair in dala crochaide 7 atbert :— 2885 “ Ni hecal lat-su Dia, 7 is casmail tú fris-in lucht atat oc pianad Crist, ar is inann sechrán fil foruib ; uair is dingbala dogabmait-ne

ar césad .i. ar mbeth i comfochraib Ísu, ar is mor da cech ule do-ronsamar; Ísu imorro, ní dernai nach n-ole, ar is cen cinaid
 2890 chrocthar;” 7 ro-labair i n-a diaid fri Ísu, co n-id ed atbert fris:—
 “A thigerna, ol se, cuimnig me-si in tan ticfas tú dochumm do
 flaitheinnais!” Do-frec[air] Ísu, 7 atbert:—“Aderim eo fir frit, ol
 Ísu, co bia tú indiu im-m’fochraib-sea i pardus.”

Ba hi tra in sesed uair do ló inn-sin, 7 tanic dorchatu dermair
 2895 for in tír 7 for in talam cus in nómad uair; 7 tanic temel tar grein,
 7 ro-scoilt bend-chapur in tempuil in údib lethib, ó mullach co a lar;
 7 do-rónad talam-chumscugud mor is-in tír 7 is-in talmáin. Is ann-
 sin ro-nuall Ísu o guth mor, 7 atbert:—“*In manus tuas, Domine,*
comendo spiritum meum, etc., a tigerna, ol se, aicnim mo spirit
 2900 i-t lamaib;” 7 ro-flhill a chend iar-sin, 7 ro-flhóid a spirit. Ateon-
 naire diu fer cumachtach do na hÍúdaidib d’a r-ba comainm Cenn-
 túrio na mirbuli mora-sin, 7 ro-glom la rig-dia, 7 atbert:—“Is duine
 fíren in duine ut ro-crohad 7 ro-césad ann.” In popul din bóí i n-a
 thimcell, ro-buailset a n-ochta, 7 ro-gab ecla 7 omun mor iat. O
 2905 ‘tchualae imorro Piláit na nechí-sin, ro-gab cenel toirsi moire he,
 7 ro-gairm chnice na hÍúdaide, 7 atbert friu:—“In tabair sib da bar
 n-aire anossa, ol se, na mirbuili-sea dogníther foraib?” Atbertsat
 na hÍúdaide:—“Ni mirbuile itir a bec, ol siat, acht temel chena
 tanic tar in ngrein do rér gnathaigthi.” Is ann-sin tra batar lucht
 2910 aichinte Ísu, 7 na bannscálu do-len he o’n Galilee, hi timchell na
 crochi oc toirsi truaig ic faesin cech neich di-a údernad ann; co tanic
 and-sin fer fíren forglige cunnail craibdech, di-a r-ba comainm Iósep,
 o’n cathraig di-a ba hainm Armathia: fer ón na ro-aentaig fri col
 na peccad na n-Íúdaide. Ocus ro-shir in fer-sin for Piláit corp Ísu
 2915 di-a údnocul; 7 do-deonaig Piláit dó, co tue-som corp Ísu as in
 croich, 7 ro-chengail he do lín-scoit gil taitnemaig, 7 ro-ádnaic he i
 n-adnocul núa do-rónta do Iósep fessin, aitt na r-hádnaiced nech
 riam có-sin. O ‘teualatar tra na hÍúdaide Iósep do chunchid cuirp
 Ísu, 7 a adnaicthi, ro-chuirset búidne troma d’iarraid Iósep, 7 d’iarr-
 2920 aid in da fer déc ruce in fiadnaise ‘nach-a r-mac merdrige Ísu,’
 7 d’iarraid Nicomé 7 na foirne ele ro-indis ferta 7 mírbuli Ísu 7 a
 deg-gníma ol-chena. Ro-theichset in foirend-sin uli, 7 ro-ingaibset
 iat fén, acht Nicomé namá; ar ba fer uasal cumachtach he iter na
 hÍúdaidib, 7 atbert fri hÍúdaidib:—“Crét f’á tancabar is-in eclais do

dénam ernaigthi, 7 in gním is mó do-rónad i talmain do dénum dúib 2925
 .i. Ísu Crist do césad 7 do crochad? ” “ Cid f’a tanic tu-su cindus?
 ol iat-som, 7 tú ar n-oentugud fri Crist; 7 eu ra-b ’n-a fhochraib ra-b
 h’oentu-sa tall is-in bethaid thodóchaide! ” “ Ro-p fir, ro-p fir! amal
 atrubrubar,” ol Nicomé. Boi tra fer ele do’n popul Iúdaide, ro-bás
 d’iarraid fo’n cuma cetna .i. Iosep a ainm, acht ní ro-fholaig he, 7 2930
 atbert fris na hIúdaide :—“ I n-aire atathai dam-sa, ol se, tria chorp
 Ísu d’iarraid for Piláit, 7 a ádnaicthi, 7 clochi do chur for dorus a
 uaigi; 7 ole in ní do-rónsabar, in firen do crochad cen cinaid; 7 ní
 hed amain ro-crochsabar he, acht a bualad 7 a fhanámut; 7 ro-
 thollsabar a thoeb co láigin.” Iar n-a estecht sin uli do na hIudai- 2935
 dib, ro-n-ergabsat Iosep, 7 ro-erailset a choimét i carcair foriata co
 ndechsad in sapoit seccu; 7 atbertsat fris :—“ Do-fetumar, ol siat,
 co nach dingbala h’ adnocul-sa ar fhagbail bais duit; ar tucais
 t’ádnocul fén do Christ; dobéram-ni chena do cholann-sa do ethatib
 nime 7 do biastaib in talman di-a hithe.” “ Is cosmail in sermon- 2940
 sin, ol Iósep, fri sermoin Golias diumsaig i n-agaid Daid, in la ro-
 chomraicset, d’a r-toirned a diumus; 7 toirnfíther bar ndiumus-si
 amal-sin; ar atbert Dia fén tria bél in rig-fhatha .i. Daid meic
 Iese, ‘léicid dam-sa in t-innechaid, 7 dogen he.’ Ro-indail Piláit a
 lama in bar fhiadnaise-si, ol se, 7 ro-gab grian ’n-a fiadain co-r ne- 2945
 murchoithech he fen o fhuil in fireoin do-césabar-si; 7 do-rec[r]ubar,
 7 atrubrubar fris, ‘léic foraindi 7 for ar maccu i n-ar ndiaid a fuil 7
 a digal;’ 7 is ecal lim, ol se, da n-aithe a ferg Dé foruib, 7 da ndian-
 scaile se sib is-in mí-gním mor do-rónsabar.” Iar coitsecht na
 n-athcomsan-sin do na hIúdaidib, ro-gab ferg 7 londus iat, co 2950
 r-chuibrigset Iosep, 7 cursit hi cubacail iatta he, cin sollsi itir
 fair, 7 ro-cuirset glas iarraigí for dorus na cubacla, 7 ro-cuirset
 fós da choimetaigi for in dorus .i. Annás 7 Coifás; 7 do-rónsat
 comarli fri sacartaib 7 deochanib in popul, co tinoltis a n-oen inad
 a aithle na sapoti, indus co festais cia mainder báis dobertis for 2955
 Iosep; 7 ro-tinolsit tra iars-in sapoit a n-oen inud,—sin 7 sacairt 7
 oirchindig in popul; 7 do-fhocreatar do Annás 7 do Choifás, Iósep
 do thabairt chucu di-a phianad. Ro-oslaicset sin dorus na cubacla,
 7 ní fhuaratar Iósep innti. Ba hingnad mor fris-in popul sin .i.
 dorus na cubacla d’fhagbail dunta, 7 cen Iosep do beth innti. In 2960
 tan tra batar ann for in imluad-sin, co fhacutar chucu ann drong do

miledaib coimeta ádnaethi Ísu, 7 atbertsat :—“ Estid frin-ne bic, ol siat, co ro-indisium araill do scélaib dúib. Bamar-ni, ol siat, i coimeta ádnaethi Ísu, 7 tania talam-chumscugud mor ann, 7 iteconn-
 2965 cumar aingel Dé oc tócbail na clochi boi for dorus in ádnaethi ; a dellrad amal gréin, 7 a etach taitnemach amal snechta. Bamar-ni for a ecla, cin seg cin súg, amal bemís marb ; 7 itcualamar in t-aingel oc cómrád fris-na bannscalaib batar do thob ele in ádnaethi, 7 is ed atbert friu :—‘ Na gabud ecla sib, ar ata a fhis
 2970 ocum co n-id oc iarraid in Ísu crochda atathai ; ni fil súnd, acht ercid co luath co Galilee, 7 indisid di-a apstalu .i. do Phetar sainrud, atracht Ísu a bás, 7 co ro-p sib tóisech in bar mbannscálaib indises betha do’n doman ; ar is tria bannscáil atbath in doman i mbás pecetha 7 péine o Adam eus-indú.’ Ro-indisitar tra mflid choiméta
 2975 in adnaethi na scéla-sin in aingil i fhiadnaise cáich. Sochdait na hIúdaide iar-sin, 7 ni fetatar cid comarli dogéntais iarum.

In ernail tanaise for PÁIS IN CHOIMDED sund *secundum Mathaeum*.

“ O ro-scaith do Ísu co n-apstalaib atlugud, dochotar i sliab n-Olifét.” Matha imorro mac Alphe, in sui Ebraide 7 in dara apstal déc do-roega Ísu i n-apstaldacht, in cetna suiscél[ach] ro-scrib in soscela
 2980 coimmeta, is e atfét in gním ra-mor do-rónsat Iúdaide amairsecha is-in lathi indú .i. Ísu Crist mac Dé bíí, slaniceid nime 7 talman 7 shíl Adaim uli, do crochad 7 do césad cen cinaid tria thnuth 7 format ; co n-id do chuimniugud in mor gníma-sin i n-eclaisib na Cristaidi co deriud domain ro-scrib Matha in liachtain nóim-sea, co
 2985 nd-epert :—“ O ru-scaith in molud-sa.” Oenta imorro 7 coibnes na liachtanu-sa for cúlá, is e is oentadach fri Matha, co dú ind-ébert ria sunn :—“ Dia mbatar imorro i n-Olifét, ar-ro-flhét Ísu baingin i n-a láim, ro-s-bennach 7 ro-s-bris 7 do-rat iarum di-a apstalaib, 7 is ed ro-ráid oc a tabairt doib, ‘gebid uaimm in mbaingin-sea, 7 tómlid
 2990 hi, ol se, ar is é so mo chorp-sa.’ Ocus ro-gab iar-sin bleid lán do fhín i n-a láim, 7 dogní atlaigthi buide, 7 do-rat iar-sin di-a apstalu ;

7 is ed ro-raíd friu, ‘ibid uli so as in chopan-sa, ár is i so mo fhuil-si .1. fuil in t-sláníceda dailfíther dar cend sochaide, a ndilgud chinad 7 tarcabal; atberim frib, ar Ísu, nach húb o sunn amach do’n chenal fhína-sa acht so, céin co n-ebair in fín nua imalle frib i fhilatha 2995 m’athar; co n-id for slicht na mbriathar-sin ro-raíd Matha, “O ro-scaich in molad-sa (no in t-atlugud).” Is ed sin ro-terchan in fáid o chein máir anall, co nd-epert:—“Toiméldait na boicht spiritalda, ol in fáid .1. na hapstail 7 na descipuil, corp 7 fuil in choimded, 7 sásfaíther iat, 7 dogénat molad 7 adamrugud in coimded 3000 as a aithli.” Is ann-sin do-roine Ísu in taircetul-sa di-a apstalaib, co nd-ébert:—“Dogéntai-si uli mo díultad-sa, ol Ísu, is-in aideche anocht, ar is ed sin ro-scrib in fáid .1. Dauid mac Iese, co nd-epert i persain in athar némda .1. ‘benfat a n-ogaire, 7 scailfíther coirig in treoit’ .1. comarlécfet Crist do crochad, ol in t-athair némda, 7 3005 dogéntar scáiled na n-apstal for cech leth. Iar n-esergi dam a bás, ragut romaib co Galilee;” amal bud ed atberad Ísu fri-a apstalu:—“Dogén airius dála frib ann focetoir.” Ro-freacar tra Petur, 7 is ed ro-raíd fri Ísu:—“Cia no-s-diuldat na huli, no-co díultab-sa, 7 no-co n-fhuiceb tu.” ‘Boegal tra i n-ecmais omain’ do Petur in ní-sin 3010 do rada, ar ní r-chomail iar-tain. “Atbér-sa frit co fir, ol Ísu, co n-am-diultfa-sa anocht fo tri, re-síu goires in coilech.” Atbert Petur fri Ísu:—“Ar is tar ar cend-ni digi-siu fri croich 7 cesad, is taisee atbél iná-s dogén do diultad-sa;” is ed a cétna ro-raidset na hapstail uli. Is ann-sin do-dechaid Ísu co n-a apstalu cus-in 3015 inad di-a n-ad ainm Genfamání .1. inad sin a n-íchtar slebi Olifét, 7 lúb-gort sin din sainnrud; 7 atfét Eoin lub-gort do beth ann-sin, 7 co n-id ann-sin ro-hergabud Ísu. Ro-fhitir tra Iúdas in mairntig co téged Ísu co menic co n-apstalu cus-in lub-gort-sin. Cubaid din cé mad i lub-gort no-hergabtha Ísu, ár is a lub-gort 3020 chena ón .1. i pardus ro-hergabhad Adam; 7 is tar a chend co n-a chined do-ratad doennacht Crist fri croich 7 cesad. Atbert Ísu fri-a apstalu:—“Airissid sund co fóill, co ndechsaind for leith, co ndern-aind ernaigthi;” 7 rue leis for leth da mac Zepedei .1. Iaccop Mor, 7 Eoin Bauptaist; 7 ro-gab for toirsi moir i n-a fiadnaise-sin. In 3025 toirsi tra do-rigne Ísu sund, no-co n-ar a omun fén do-róine, ar is do do-dechaid-sium, ar oen lus co ro-crochtha, acht is ar cetharda do-róine .1. ar Iúdás n-anfhechnach di-a thídmocul, 7 ar díscaild

na n-apstal, 7 ar indarpu in popuil Iúdaide o Dia, 7 ar cor tar cend
 3030 Ierusalem o'n popul Rómanach iarum, a údígail a chesta-som. Is ann-sin atbert Ísu fri-a apstalu :—" Is toirsech m'anim co bás ;
 airisid sunn, ol se, 7 denaid frithaire imalle frim." No-co n-é tra
 in cotlad collaigi ro-thairmese Ísu im a muinntir in tan-sin, uair ni
 thanie aimser in chotulta in tan ro-raid Ísu na briathra-sa ; acht is
 3035 ed ro-toirmise umpu, cotlud aimsire 7 utmaile menman,—na ro-
 epletís i n-aprisee pecctha. O 'tchuid Ísu sel bec uadib for leith,
 do-rat a gnúis fri lár, 7 dogní ernaigthi, 7 is ed ro-ráid :—" A athair
 nemda, mad conear, dichuir uaimm in coilech-sa!" .i. coilech
 in bás. (Indissid Lucás imorro, in oiret dochoid Ísu for leith o
 3040 apstalu .i. oiret teit cloch a taball, do-roine Ísu slechtana 7 ernaigti
 is-in inad-sin, tar cend in chinedu dóenna ; 7 ro-p e mét a
 shoethair-sium, na r-ba déni tepersain fhola oltás in da muscach
 allais tanie tria n-a chorp. Atfet tra in Lucás cetna, aingil do
 thidecht do nim in tan-sin di-a nertad-sum 7 di-a gresacht imo'n
 3045 césad.) " Ar-áide, ni ba hí mo thoil-si bess imo'n césad do rér mo
 chollaidechta 7 mo doennachta, ol Ísu, acht bud hi do thoil-si, a
 athair némda!" Inann tra toil dóib iar ndoendacht 7 diadacht.
 Do-dechaid Ísu co apstalu iar-sin, 7 forfhuaire n-a cotlad iat ; ar
 mét a toirsi din batar na hapstail i n-a cotlad, ar is gnáth ro-chotlad
 3050 iar mor thoirsi. Ocus is ed ro-ráid fri Petur :—" Is follus co na
 coemnacabar eíd en uair namá do frithaire imalle frim-sa. Denaid
 frithaire 7 ernaigthi, ar na dechsaid i n-aimsigtib 7 na ro-cloa diabul
 sib." Is aire is re Petur sainrud co n-epert Ísu na briathra-sa, ár
 is e ro-máid, 'cia no-diultad cách, nách diultfad fén.' Is dána
 3055 cipindus in ainimm, is áinnert 7 imecal in cholann ; ar ni-s-fitir-
 sium na comailfed a gellad fri Dia cen a díultad. Dochoid tra
 Ísu doridisi do'n cur thanaise do dénum ernaigthi, 7 is ed ro-ráid :—
 " A athair nemda, mi-ne cumgaither in coilech-sa in césta do
 sechmall cen toil dam-sa, bíd do thoil-si ann, ar is toirsech m'anim
 3060 co huair éca." Do-dechaid Ísu doridisi co apstalu, 7 fo-s-fuair i n-a
 cotlad iat, ár ro-ptar tromda a roise o'n chotlud ; boi din tortromda
 mor a roscaib na n-apstal, ar ba comfochraib doib díultad a tigerna.
 Ro-fhácaib doridisi a apstalu, 7 do-róine ernaigthi in tres fecht ;
 is ed in cetna ro-ráid :—" A athair nemda, mi-ne cúmgaither in
 3065 cailech-sa in cesta do shechmall, bíd do thoil-si ann." Is ed

inchoisciter dúin-ne trias-in ernaigti thrédai do-roine Ísu sunn, co ndenum-ne ernaigti trédatu fri (Dia do chuimchid dilgud) do na cintaib do-ronsam 7 dogénam. Is ann-sin do-dechaid Ísu co apstalu, 7 is ed ro-ráid friu :—“ Dénaid cotlad 7 eúmsanad coléic ; is follus, ol se, ro-chomfhoiesigetar in uair, 7 tídnaicfiter mac in duine 3070 il-lamaib na pecdach di-a chésad.” Atbert Ísu iarum fri a apstalu :—“ Ercid, ol se, 7 indigem co follus 7 co fóill i fhochraib in tí no-m-tídnaicend fri croich 7 césad.” Is aire din dochoid Ísu i cómdail lochta a ergabala, ar na bud ed no-airigfitís fair, gne mbróin 7 guba, acht co mad gné forbáiltechuis no-beth fair. 7 in tan tra 3075 bóí Ísu oc lábra na mbriathar-sa, is ann tanic aen do’n da apstal déc .i. Iúdas a ainm ; oen ám he o airem, 7 ni hoen o airem (no airilliud) ; oen o fordreich 7 o deilb, 7 ni r-ba hoen o fírinde nach o maithius ; oen is mesa ro-gen 7 genfes do shil Adaim co forlethan. Is amlaid ám tanic Iudas, 7 slog mor imalle fris co cloidmib 7 3080 sabaib 7 sonnaib iarnaigib, o airchindechaib na sacart 7 o shenorib in popul do ergabail Ísu.

In fer imorro ro-t-mairnn .i. Iúdas, do-rat comartha doib for Ísu, 7 is ed ro-raid, co mad ar nemaichentus Ísu do’n lucht do-dechaid di-a ergabail doberad Iúdas comartha doib fair ; no amal atcuala 3085 Iúdas in tarmeruthugud i sleib Taboir .i. il-mile aingel do thoidecht do nim i comdail Ísu i sleib Taboir, co ro-ela al-lamaib a apstal 7 a descipul dochumm nime, co r-ba lan nem 7 talam do’n tóchim 7 do’n tarmeruthugud ro-fás ann la toidecht Ísu dochum nime, is de ata tarmeruthugud sleib Taboir : ro-p eacil din la hIúdas, Ísu 3090 do elód tri-a tharmeruthugud a letheti al-lamaib oesa na hergabala. No is aire do-rat comartha doib, ar boi do múintir Ísu fer ba cosmail fri hÍsu .i. Tomas apstal .i. folt dond 7 ulcha fota ruad for cechtarde dib,—co na bud e-side no hergabtha ann, acht co mad he Ísu écin. 3095

Do-dechaid tra Iúdas i comfocus do Ísu, 7 atbert fris :—“ *Aue rábī* .i. Dia latt, a maigistir !” 7 do-rat póic do iar-sin. Atbert Ísu fri[s]-sium :—“ A chara, ol se, a ní di-a tanacais do dénum, dena !” uair ro-psat cara cus-indiu ; no ‘ is-at cara iar ndreich 7 deilb, cen co-p ed iar fhír : ó sunn amach ni bat cara.’ Is ann-sin tancatar 3100 i fochraib Ísu, 7 ro-láiset láma do, 7 ro-n-ergabsat. O ro-fitir tra Ísu in ní ro-bóí dó for cind, do-dechaid chucu co dána, 7 ro-raid

friu :—“ Cia fors-a taid d'iarraid ? ” Do-freacairset na hIúdaide dó :—
 “ Ísu conagam,” ol siat. Atbert Ísu friu-sum :—“ Is me-si in duine-
 3105 sin.” Doehótar-sun uli for eúla ann-sin, 7 do-rochratar ann fri lár.
 Ocus ro-iarfacht Ísu doridisi dib-sium :—“ Cia fors-a taid d'iar-
 raid ? ” Atbertatar-sum :—“ Ísu conagam.” Ro-freacair Ísu doib,
 7 is ed ro-ráid :—“ Is me-si sin ; déchaid-si acaib féin, ol Ísu, ma-sa
 me-si ataid d'iarraid, 7 lecid uaib mo muinntir cen nech dib do
 3110 ergabail.” Do-rónta din, amal atbert Ísu, 7 ni r-hergabhad oen di-a
 múinntir. Is ann-sin do-dechaid fer do múinntir Ísu .i. Petur a
 ainm, ro-nocht a cloidem, 7 do-rat buille do mogaid do múinntir
 oirchindig na sacart n-Iúdaide, co r-ben simitt a chluaisi de ; Maleus
 din ainm in mogad-sin, amal immises Eoin. Indissid tra Lúcas co
 3115 r-bí smitt a cluaisi dessi ro-benad de ; ocus indissid in Lúcas cetna,
 co ro-gaib Ísu in smitt i n-a láim, 7 co ru-s-coraig fris-in cluais, co
 r-ba hog-shlan hí i comartha dilguda in-sin. Atbert Ísu fri Petur in
 tan-sin :—“ Tabair do cloidem i n-a truail, ár cech oen tairisnig-
 fes a cloidem, is o chloidem atbéla, 7 is cloidem eúis a n-oideda.
 3120 Nach doig lat-su, a Petair, ol Ísu, dia mad ail dam-sa in t-athair
 némda do ctarguidi, nách tibred dam ni bud mó oltás dá légion dée
 do ainglib do-m chabair ? 7 cindus chomaillfithir na scriptúri noem-
 da, 7 cindus cretfithir iat, mi-ne dechus-sa fri croich 7 césad,
 amal ro-thairngirset fáide dúin ? ” Atbert Ísu friu-som in tan-sin :—
 3125 “ Tancabar-si do m'ergabal-si co clodmib 7 sonnaib ; nach airisind-si
 ocaib-si cech dia is-in tempul oc forectul, no-co ndernsabair m'erga-
 bail ? ” Is aire atbert Ísu na briathra-sa, ár co mad follus do lucht
 na hergabala, nách ar écin ro-gabsat he, acht is di-a deóin fen. Is
 aire imorro do-rála in scél-sa, co ro-chomalltís scriptúire na fhuátha
 3130 Crist do crochad.

Is ann-sin din ro-fáesat a apstail uli in slániceid .i. Ísu Crist
 mac Dé bíí. Ocus in lucht ro-chúbrigestar Ísu, tuesat leo hé co
 Caifás airchindech na sacart n-Iúdaide, baile i ra-butar súide 7
 senoraig in popuil uli a n-oen inad. Boi din Petur i cómitecht
 3135 Ísu do chéin, co toracht co hinisel co hindlis airchindig na
 sacart ; iar techt do Phetur is-in indlis, desid imalle fri timthirigib
 in césta, co fhaiced cia hordugud dobertha for Ísu .i. co fesed in
 orcain Ísu 7 a bás no-chindfed in sacart, no in n-é a lécuð ass cin a
 malairt. Atfét din Eoin co raibe descipul ele imalle fri Petur sund,

7 co n-id he ruc Petur les is-in indlis ar a aichentus do'n t-sacart 7 3140
 di-a thimthirigib: Eóin fodesin din in descipul-sin, amal atfiadat
 na trachtaireda. Aircinnig na sacart 7 in uile chomthínol ro-batar
 oc iarraid gu-forgill i n-againd Ísu di-a crochad, 7 no-co n-fhuaratar
 cinaid oc Ísu, cia ro-batar gu-forglige imda i n-a againd. Fa-deoid do-
 dechatar ann da ghu-forglige, 7 is ed ro-raidset:—"Ro-máid in fer- 3145
 sa, ol siat, 'ro-laifed tar cend tempull Dé, 7 dogénad a athcumtach
 iar trédenus.'" Do thempul Ierusalem ro-líset-sum for Ísu sin do
 ráda, 7 ni de ro-boi briathar oc Ísu, acht do thempull a chuirp fesin;
 uair is ed ro-ráid Ísu:—"Scailid-si, ar Ísu, in tempul-sa .i. tempull
 mo chuirp-si, 7 tóduiscfet-sa he iar tredenus;" co n-id follus as sin 3150
 co mdar gu-forglide, o ro-cloechloset in aithesc-sin do liamain chinad
 for Ísu. Atracht iar-sin aircindech na sacart .i. Caifás, 7 is ed
 ro-raid fri Ísu:—"Ni thabraid-si freccra for na haithescaib út?"
 7 atbert Caifás doridisi fri Ísu:—"No-t-aichim ar Dia mbeo, co
 n-erba rind, in tú Crist mac Dé bíí." Atbert Ísu fri[s]-sium:— 3155
 "Atberi-siu cipindus is mé," ol Ísu; amal buđ ed atbere, 'no-co
 sénaim-si umat-sa sin;' "7 atcífíther o sund amach mac in duine
 do shuide for deis Dé athar uli-cumachtaig for nim, 7 a thoidecht
 a nellaib nime do mes for bíu 7 marbu." Is ann-sin ro-dluigestar
 aircindech na sacart a étaigi,—airdhe mbróin leo-sum sin, in tan 3160
 atcluinet ní as direccra leo,—7 is ed ro-ráid in sacart:—"Do-rígne
 in fer-sa ecnach; 7 cia can dún, beth oc cuingid gu-forgill ele i n-a
 againd fodesta? Is follus ro-chualabar anosa in ecnach, cid atcither
 duib de?" ol se. Is e tra freccra do-ratsat na hIudaide for in
 sacart:—"Reus est mortis .i. is bidba báis dún, ol siat, in t-í do- 3165
 rígne in ecnach." Anfhírén in breth rucad ann-sin for rig na
 ffrinde! Is ann-sin ro-laiset a saile for a gnúis foirend ele dib, 7
 is ed do-rónsat, a mbasa do thabairt for a gnúis, 7 is ed atbertis:—
 "Dena fátsine dún, a Christ, cia ro-t-buail?"

Boi tra Petar in tan-sin i n-a shuide amuig is-in indlis, co 3170
 tania inilt do lucht in baile chucu, 7 is ed ro-raid fris:—"Nach
 do muintir in fhir Galilee atathar do crochad duit-si?" ol si.
 Is aire din is ban-chumal sainrud ro-chronaig Petar, cia con-
 nístais fir a chronugud, co mbeth cuid ban na n-Iúdaide i crochad
 Crist, 7 co roised a digal for a fhiru 7 for a mná. Ro-dfúlt 3175
 Petar fiad na hulib, 7 is ed ro-ráid:—"A banscál, ol se, no-co

n-fhetar cuich he in duine-sin." Is aire tra ro-chomairléc Dia do Petar imarbos do denum, nách-a r-gabad met menman, 7 na ro-thairisniged i n-a nóime, eid he is airchindech na n-apstal; 3180 co fesed Petar indus bud cóir aircisecht do'n foirind dogéntais imarbus tria aiprisee is-in eclais, ar no-co n-uil nech cen imarbus. In tan tra dochóid Petar dar dorus in lis imach, atonnaire cumal ele he, 7 ro-raid in chumal fris-in lucht batár is-in inad sin:—"Do muintir in Ísu Nazarda do'n fir-sa," ol si. Diultais 3185 Petar doridisi co a luigi, 7 is ed ro-raid:—"A banseál, ol se, ní co n-aichnid dam in duine atbere." Ni cían as sin do-dechatar, in tan tarla co Petar in foirend tarustar is-in inad-sin, 7 is ed ro-raidset:—"Ni cumntabairt lind, ol siat, co n-id do muintir Ísu duit; ar is follus for h'irlabra co n-id do muintir Ísu." No-co n-iars-in-ní 3190 ba sain belra do Petar 7 do na hÍúdaidib ro-raided so fris, acht do-rala saine aibe for erlabra lochta na Galilee fri haitrebtachaib Ierusalem, 7 is ed ón ro-ráthaiged for erlabra Petair. Is and-sin ro-gab Petar for aidetehiugud 7 for a luga, 'na ba haichnid dó itir Ísu': ro-gair in coilech foctoir iar-sin, co n-id ann-sin do-rat 3195 Petar di-a aire in ní ro-raid Ísu fris .i. "No-m-dúlftha-sa anocht fo thri re-siu goires in coilech fa dó," ol Ísu. Dochóid Petar sechtar in lis amach, 7 ro-chói co trén. O ro-siacht tra la Petar in dúltad amal-sin, 7 ó do-gair in coilech fa dó, ro-fhég in slániçeid in tí Petar, 7 is ó in fégad-sin ro-t-cuir Petar dochum aithrighi díchra: déra 3200 fola din tarlaie Petar is-in aithrighi-sin, amal indisit na scribenna. Indisid din Clemint i n-a stair .i. dalta Petair, co cóied Petar in trath-sin cech n-óidche i cein ro-boi i mbethaid.

Scela na haidche a-rér tra in-sin. O do-dechaid din matan in lái indiu, dochótar uli airchindig na sacart 7 senoraig in popuil 3205 Iudaide i comairle i n-agaid Ísu di-a crochad; 7 tucsat leo i cúibrech, 7 do-ratsat do Piláit Pointecda do'n errig he. O 'tconnaire tra Iudás in tan-sin in aradain tuccad for Ísu, ro-n-gab cenel n-aithrechuis he, co tue lais in trichait n-airgennti ro-gab for brath Ísu, 7 do-rat do airchindechaib na sacart 7 do shenorib in popuil in 3210 trichait n-airgennte-sin .i. teora unga co nd-ór: trom tra dobarthu na cennaigechtu in tan testa a cethruime do'n cethramad unga. In trichait n-airgennte-sin tucsat Iúdaide for brath Crist do Iúdas anfhechnach .i. ocht penginde co leth iar n-umir choitchind, is ed

fil in cech airgent d'f' iar n-a scribenn la sruthib n-a n-Ébraide. " Is mor tra in col do-rignius, ol Iudás .i. fuil in fhireoin do thogail cen 3215 cinaid." Atbertsat na hIudaide fri Iudás:—"Ced ón, cia caingen fil det-siu frin-ne? do-rónsam d'lsi chennaig frit: lat-su na rucais, linde na rucsam!" 7 o ro-laustar Iudás in airgent is-in tempul dochoid uadib ind-sin, 7 do-rat gosti im a brágait fen, co mba marb de; amal ro-bo chubaid fri-a airilliud. Ni focetoir il-ló et- 3220 sechta Ísu ro-marb Iudás he fén, acht il-ló na hesergi coimdetá in cech dú. Cubaid tra nama múinnté nime 7 talman do oigid iter nem 7 talam! Is aire imorro ro-crochustar Iudás he fen, fo-daig co roisséd a ainim co luath dochumm n-iffirn, ár ba dóig le-[s]sium co mbertha a animm a hiffern imalle fris-in mbroit. Ni ro-leic 3225 imorro Ísu anmain Iudáis dochum n-iffirn, cein co tucad in broit a hiffern, 7 co n-id hi cet aním for a r-íadad iffirn iarum aním Iúdáis. Airchindig na sacart imorro o ró-gabsat in argut, is ed ro-raidset:—"Ni coir dún, ol siat, in argut-sa do thabairt i ciste choitchend na sruthi, ár is lóg fola 7 feola he." Is bes din la 3230 hIúdaidib, ráthaigít na min-pheccda dogniat, 7 ní co ráthaigít na mor-pheccda; amal ro-bad pheccad leo in argut 7 lóg na fola do thabairt i ciste na sruthi, ní ro-rathaigset beos ar mad ein dóib oreuin Crist 7 a crochad. Ocus iar ndenum chomairle doib imorro, ro-chennaigset do'n argut-sin ferann cerda do ádnocul ailithrech 7 3235 deorad 7 doine soimm ndochinelach ann: co fharcbatís dar a n-ési comartha suthain a n-eena 7 a ndeg-crabuid, cin co-b aire do-ronsat. Is aire-sin ro-comallad in aithese ro-ráided tria Zacrias fáid; is e in t-aithese-sin .i. ro-gabustar trichait n-argéinti il-lóg in chimeda ro-chennachsát meic Israel o Iúdás, 7 do-ratsat in argat-sin for tír 3240 cherda .i. Achél démach, is aire-sin is e ainm in tire-sin beos .i. Aichel demach; is inand ón 7 'tír na fola' .i. tír do-ruaicled do lóg fhola Crist; 7 do-ratsat in argut for tír cerdaí 7rl.

In tres gné in-so.

Amal ro-fhaillsig in coimdid dam-sa, ol in suiscelach .i. tarrus- 3245 tar Ísu i fhiadnaise in errig, 7 ro-iarfacht in t-errig dó-sum:—"In tu-sa rig na n-Iúdaide"? Atbert Ísu:—"Atbere-siu cipindus is mé; amal bud ed, 'no-co senaim umat.' Ocus cia ro-comthánsiged

7 cia ro-cairged Ísu o airchindechaib na sacart, ní tharut freccra
 3250 forru. Is ann-sin atbert Piláit fri Ísu:—"Nach cluine-siu na
 haithesca-sa atberair frit o'n lucht-sa?" 7 ní co tarut Ísu nach
 freccra fors-in errig, ce r-ba hingnad lais cen a freccra dó.

Ro-clecht imorro in t-errig i sollamain na cáise, cimbid do
 shaerad dóib .i. do maccu Israel; 7 co mad he fath a shaertha
 3255 doib in chimeda .i. ar is i cáise ro-saertha meic Israel o'n dóire
 Egeptacda; no is e fath a saertha doib, ar ba flaith echtrann
 ro-t-coemnacair, co mad riarraigthi dó in popul Iudaide. Boi din
 cimbid ergna uadib i n-ergabail oc in errig in tan-sin .i. Barabas a
 ainm; in Barabás-sin tra, mac deg-duine do Iúdaidib he, 7 is e fath
 3260 a ergabala .i. duine ro-marb se do muintir Ierusalem. O ro-tinolta
 tra na hIúdaide i n-oen baile, is ed atbert Piláit friu:—"Cia díb din
 do'n dís-sea is ferr lib do lécum dun ass? .i. in n-é Barabás duin-
 oreng, no in n-e Ísu cen cinaid?" uair ro-flhitir-sium nách ar fath
 ele ro-thidnaicset Crist fri croich 7 césad, acht ar tnúth 7 format.
 3265 In tan tra desid Piláit i fiadnaise in rig-shuide, ro-flhóid a shetig
 techtaire chuide .i. Procúla a hainm-sium, amal atfét Necódin; 7 is
 ed ro-raid trias-in techtaire:—"Na bíd do chuit oc dénum uile fris-in
 nduine fhíren-sa, uair ro-chéasas-[s]a indíu mor-mor ndocair i n-ais-
 lingti ar a dáig." Demun tra do-dechaid ann-sin do thoirmesce in
 3270 cesta, cid he is auctor oc aslach in césta remi, ar is tria césad Crist
 tanic enerti.7 inlobrae do-sum. Airehindig imorro na sacart 7 seno-
 raig in popuil, is ed ro-aslaigset, Barabás do anocul 7 Ísu do crochad.
 Ro-frecart din in t-errig, 7 is ed ro-ráid friu:—"Cia díb do'n dís-sea
 is amsa lib do lécum ass dúib?" Ba he a rád uli, 'Barabás do
 3275 anocul!' Atbert Piláit friu:—"Cret dogén-sa fri Ísu, d'a n-ainm
 Crist?" Is ed ro-ráidset uli, 'a crochad do dénum.' Atbert in
 t-errig friu-som:—"Cid on, cia olc do-rigne Ísu frib?" Ni thardsat
 di-a n-úid aithese Piláit ind-sin, acht is ed do-rónsat, nuall mor 7
 séselbi i n-a agaid; 7 is ed atbertís:—"Crutifige, crutifige!" ol siat.
 3280 O 'teonnaire tra Piláit na r-ba hurusa dó anocul Ísu, acht nuall 7
 seselbi do-rónad i n-a agaid, tuccad usci dó, 7 ro-nig a láma i fiad-
 naise in popuil, 7 is ed ro-raid:—"Is-am nemchintach-sa o fhuil in
 duine noim-sea; 7 déchaid-si co na ra-b droch-iartaigi díb fén i n-a
 crochad!" Ro-frecair in uli popul, 7 is ed ro-ráidset:—"Léic a fhuil
 3285 7 a digal forainde 7 for ar clannaib di-ar n-éisi!" ol siat. Olc tra

an iarmairt ro-lécsit Iúdaide forru fen ann-sin .i. fuil Crist do thabach di-a clannaib di-a n-eisi ! Is ann-sin ro-leiced Barabás ass, 7 do-ratad Ísu doib iar n-a sróigled di-a crochad. Atfiadat din na trachtaireda co marand fós áirrdi fhola Crist iar n-a sróigled fors-na clochaib ba comnesa dó in tan-sin is-in pelait rigda. Is aire tra ro-sróigled Ísu 3290 occu, uair ba bés oc Rómanachaib, in t-íí no-chinntís do crochad, a shroigled for tús. Is ann-sin rucsat mílid in errig leo in slániceid as in imseing .i. as in garrda rigda, co r-thinolset chuice uli shlogu na n-Iúdaide. Is ann-sin ro-nochtsat he, 7 ro-bensat a étach fén de ; 7 ro-gabsat étach corcorda imme di-a fhochoitbiud, 7 ro-córaigset 3295 coróin do spínib rind-áithi im a chend for do'n mínd rigda ; 7 ro-slechtsat dó di-a fhochoitbind, 7 is ed atbertís fris :—“ Dia latt, a rig na n-Iúdaide ! ” Ro-laiset a saileda fair, 7 tallsat in slaitt as a láim, co r-gabsat i n-a chend di iarum ; 7 o ru-scaich doib a fhochoitbed amal ba lór leo, tallsat in etach corcarda de, 7 gabsat a 3300 étach fen ime, 7 tucsat leo he di-a crochad. Dia mbatar tra oc im-decht iar n-a sróigled, fuaratar for a cind duine Cirenesta .i. Simón a ainm, 7 do-ratsat fors-in fer-sin croch Ísu do imochur. Soer in cimíd, ba huasal in mog-sa .i. Ísu, ba hennac, ba firén, ba hidan umal ainmnetach trocar dílgadach. Mairg forgligi for a r-forgaillset 3305 anfhírinde for rig na fírinne ; mairg cathraig i ndernad in t-écht-sa ; mairg airchindig 7 sacart bá oc aentugud in guima-sa ; mairg cride ro-smuain ; mairg eluais ro-cúala 7 na ro-écain ; mairg súile itconaire in fer-sa for lar cathrach co n-a croich ndelgnig fri-a ais, 7 na ro-chainsetar he ! Do-dechatar iar-sin cus-in inad di-a n-ad ainm 3310 Golgotha : is inand ón 7 ‘inad in mí-imberta.’ Mor tra in mí-meirt do-rónad ann-sin .i. mac rig nime 7 talman do crochad cen cinaid !

Ocus do-ratsat fín serb di-a ól dó, 7 o ro-blais, no-cho r-b' ail dó ní ba mo. Iar n-a crochad tra do na míleadaib, 7 iar tabairt eló 3315 n-iairn tria n-a dernandaib 7 cossaib, ro-laiset crandehur for a étaigib .i. fors-in tonaig (.i. inar) sainrud ro-laad in crandehur, amal atfét Eoin, co ranic in tonach do Pilait i cirt crandchuir. Amlaid-so din ro-suidigthea Ísu is-in croich .i. a dhrúim sair fria turebail úgréni, a aiged frinde anair fri fuined úgrene, a chlé fo-dess fris-in 3320 úgréin, a dess fo-thuaid fri fuined beos. Desitar iar-sin 7 batar 'e-a forcoimet, co ro-suidiged oc na míleadaib uas a chind a n-oen scribend

in fhochaind for a údernsat a crochad .i. *Iesus Nazarenus rex Iudeorum* .i. is e so Ísu Nazarda rig na n-Iúdaide. Is ann-sin ro-crochsat imalle
 3325 fris da latrand .i. latrand di-a deis .i. Dismus a ainm, 7 latrand di-a clí .i. Gestus a ainm-side, amal atfét Necodim. In lucht no-thegtís secha, no-bitís oc a ecnach, 7 no-ehrotís a cindu fair do fhochuitbiud fói. Indissid imorro Lucás a úd-erbairt Ísu is-in croich, co n-apair :—“ A athair neudai, tabair dilgud do’n lucht-sa, di-a
 3330 ndenat aithrighi is-in peccad ndoilig da-ronsat, ar ní-s-fetatar co mad ole in ní dogniat.” Is ed beos atbertis Iudaide fri Ísu :—“ Dirsan deit beth amal-sin, a rig na n-Iúdaide ! Mor in ní adubartais .i. ro-laifitheas tar cend tempull Dé, 7 dogénta a atheumtach iar tredenus ; dena do goire (no híc) fen, ma-sa mac Dé tú, 7 tair anossa as in croich
 3335 a fhuile !” Is ed in cetna ro-ráidset airchindig na sacart 7 sruthi la senorib in phopuil. “ Sochaide ro-íccais, ol siat, 7 ní co ndeine tú fén do ícc. Ma-sa rig Israel he, toet anosa as in croich, 7 cretfimit-ne dó. Tairisniged as in cóimdid, 7 saerfaid in coimdiu he, mad ail do, uair atbert-som fechtus ele co r-ba mac Dé he ro-t-coémnacair.” Is ed in cetna do-ronsat na latrainn ro-crochtha imalle fris, beth oc a aithisiugud. Indissid Lucás co n-id he in dara latrand nama do-s-gni a écnach-sum : Gestus din a ainm in latraind-sin. Dismus tra ro-ehret-side do Ísu ; 7 ro-ráid Isu fris :—
 3345 desmirecht sin do lucht na dian-aithrige, acht co ro-p díchra a comshod co Dia, co tabair dilgud doib. O’n sesed uair cus-in nomad uair .i. fri re tri n-uaire forcoemnacar dorcha mór for tal-main. Ocus ro-díucart Ísu is-in nomad uair is-in croich o guth mor, 7 is ed ro-ráid :—“ *Ely, Ely, Ely, lama Zabatanj?*” is inann on 7 ‘a
 3350 mo Dé, cid di-a ro-m-dilsigis?’ Forend ele imorro, batar oc estecht fris-sin, is ed atbertis :—“ Ely, or eat, ic a tógairm di-a thesorcuin.” Ro-reith focetoir oen do na míle-daib iarum, 7 do-rat fin serb a machdual for rind slatti, co tarut do Ísu di-a ol : Zefaton tra ainm in míled-sin, amal atfiadat na scribenna. *Ceteri vero dice-*
 3355 *bant, ‘sine, uideamus an ueniat Elias liberare eum.’* Ro-ráidset tra na sloig ar-chena :—“ Léic, ol eat, he a oenur, co n-accamar in ticfa Ely di-a thesorcuin.” Gabaid tra oen ele do na míle-du góí, 7 do-rat buille de i toeb údess Ísu, co tanic fuil 7 usce ass. Is ed ro-ráid Ísu iar-sin fria droing do doinib, itconnaire oc siubal na sliged i com-

flocus dó :—“ A dóine maithe, ol se, in fhacabar mo galar for duine 3360
 is-in doman riam ?” Do-riucart tra Ísu doridisi o guth mor, 7 ro-fhóid
 a spirut iarum, *et dixit, ‘in manus tuas, Domine, comendo spiritum*
meum, r. m. me. d. d̄s. u. t. [Ps. xxx. 6];’ is inand ón 7 ‘a athair
 nemda, aichnim m’annain 7 mo spirut i-t lamaib.’ Ocus ro-dluiged
 iarum fial in tempuil a ndib lethib, o ta a uachtar co a híchtar; *et* 3365
terra mota est, 7 ro-cúmscaiged in talum; et petrae scise sunt, 7 ro-
dluigit na clocha; et monumenta aperta sunt, 7 ro-herslaiethi na hádn-
cail. In tan tra is iat na marb-duile cen dliged cen tuicsi ro-chóiset
 a ndúilemain, in coimdiu, is in mor-mo is coru do na beoib 7 do
 na dligtechaib a chóined. Alim trocaire Dé uli-chumachtaig co ro- 3370
 n-dítne Matha mac Alphe, in sui ordraic inill na ro-thairind demum.

Forend ele dib batar oc estecht fri Ísu in tan ro-fhóid a spirut,
 is ed atbertis fó’n innus-[s]a ic forcetul in popuil :—“ Bid amal-so,
 ol siat, tairises ocaib firinde cecha caingne, dia mbet da fhiadain no
 a tri indruca oc a forgell, co n-id ar ehúibdes tra fris-in airem-sin na 3375
 ūgu-forglide tancatar na forglide uaisle .i. aingil Dé nime, do forcell
 7 do demniugud na hesergi coimdetar.” Do-raitne imorro etrochta
 in aingil amal saigné, is aire ro-artraig in t-aingel i ndeib etroicht
 in t-shóigné, do shoillsiugud na hóidche do na banscálaib noem-
 aib; ocus dín do fhuasnad 7 d’imeclugud na coimétaigi n-écaibdech 3380
 batar imo’n adnocul. It e in-so annund na cethri míled batar o[c]
 coimet adnaicthi Ísu .i. Lixus, Helixus, Membrón, Acherón. Etach
 in aingil-se taitnemach amal snechta. Is aire tra ro-artraig in
 t-aingel hi ūgné solais áilgen in t-shnechta, co mad lugaiti no-
 bídgfís na banscála ria n-a fhacsin; ar is omun 7 imecla doformig- 3385
 ther tres-in soigné, —censsa imorro 7 áilgeni tuicther tres-in
 snechta.

Cubaid dín in cethardai-sin fris-in aingel, uair is ecenssa
 na haingil nemda do na peclachu; censa tra 7 ailgen do na
 noemaib 7 do na firenu. “Ro-gab dín omun tromm na coimétaigi 3390
 fri fegud in aingil, 7 do-ráitne gné báis forru.” Cia ro-gab tra
 uromun mór na coimétaigi écaibdecha, aráidi ni hiat chómndidnus
 in t-aingel, acht na banscála noemu, for a coem-airilliud; co n-íd
 do demniugud na célli-sin atbert Matha :—“ Ro-frecair tra in t-aingel,
 co n-id ead atbert fris-na banscálu, ‘na bíd omun na imecla forai- 3395

si ;” amal bid ed atbered in t-aingel, ‘is follus co n-id cubaid do’n forind, fris nach oirfited ar tidecht-ne i n-a ndóchum di-a torruma, omun 7 imecla di-a ngabail remaind.’ “Sib-si imorro, a chaillecha noemu, cid dochana dúib ar n-uaman-ne do beth foraib ? uair
 3400 ro-fhetar-sa co n-id ic iarraid an Ísu crochda atathli-siu ;” amal bid ed atberad in t-aingel, ‘ro-fhetar-sa ata bar cúnntabartaigi-si beos imo’n esérgi, 7 ata bar ndeinne imo’n césad.’ Ni fil sund iar freenarcus a cholla in t-íí di-a n-ad lán na huli iar fhreenarcus 7 cumachta a doenachta, amal demniges in faid i persain in choinded,
 3405 co n-apair :—‘at lána na dúile dím-sa,’ ar in cóimdiu ; aráidi ní chungat na dúile a thairchell-sum nach a thacmuc, iar ndliged ree corpda ar a uaisle 7 ar a dermáire : dethbir sin, uair is é-sium ro-fhuilnget-sum. “Uair atracht amal do-rairngir ;” 7 tabraid dia bar n-úid in ní ro-rarngir .n. a esergi iar trédenus. “Tait 7 fégaíd an
 3410 inad hi tardsaid he ;” mu-na chretithí do-m briathraib-si, ol in t-aingeal, cretid do’n ádnocul fhás. “Ercid anosa co luath, 7 indisid di-a apstalu, ‘atracht Ísu ó marbaib’” ; 7 dénaid tindenus co ro-p sib toisech innises bethaid do’n doman in bar mbanscálu, uair is tria banscáil tanic bás do’n bith. “Ocus ragaid Ísu remaib
 3415 hi nGalilee ; is ann-sin fobebthai amal ro-rarngair dúib.” Ni haire ro-raid in t-aingel so, ar-áí co mad i nGalilee toisech atciftís a apstail Ísu iar n-esérgi, uair demnigid Lucás 7 Eoin, co n-acatar na hapstail he remi-sin co memie i n-Ierusalem ; acht is aire atberair so, ar is i nGalil is cómláni ro-forean Ísu a apstalu im na rúnib diadaí, co
 3420 n-epert friu oc a fhóided uad :—“Ercid anosa, ol Ísu, do procept 7 do forcetud do uilib dóimib in domain,” ol se.

Is coir tra a fhís, co ro-fuigrad 7 co ro-terchanad o chein mair anall esérgi Crist ó sruthib petarlaecthi, amal labras in eclas cecha bliadhna ar in sollamain-si na cáse ; ar ata dia sruthi 7 dia huaisli
 3425 na hesérgi coimdetá, co mbatar na huli dúl ’g-a hairm-fhiugrad 7 ’g-a tairchetud. Ro-fuigrad tra in esérgi-sin Crist o marbaib is-in esérgi atracht ar sen-athair .n. Adam as a chotlud, iar tepe Eua as a thoeb, i fhiuir Crist atracht ó marbaib, iar tepe na noem eclaisi as a thoeb i suan chrochi. Ro-fuigrad tra esérgi Crist a soud flesci Moysi
 3430 a nathraig, ro-imfuling bás do nathrachaib na ndruad, 7 a nathraig doridisi i fhleise ; Crist imorro in-sin do shoud i mbás, 7 a bás dori-

disi is-in esergi. Ro-fugrad esergi Crist as in ternam terna Ionás fáid iar tredenus a broind in míl moir .i. esergi Crist iar trédenua a brú thalman. Ro-fugrad esergi Crist ó marbaib i n-uasal-athrechaib do-raingired din o fháidib. Do-rarngir cetus Iacop mac Isac, dia 3435 mboi oc faitsine di-a mac .i. do Iúdas co n-epert:—"Is í samail Iúdaís lium-sa, ol Iacop .i. cuilén leómain; cid cia dogena a dúscad?" uair is í aiste in chuilén-sin, co mbi trédenua i mbás iar n-a gein focetóir, co tic in fer-leo chuice, 7 co tabair a anáil imme, 7 co nualland uasu o mor guth, 7 co n-eracht ann-sin in cuilén dochumm bethad: is 3440 amal-sin din atracht Crist ó marbu tria nert in athar nemdai. Do-rarngir din Iób fáid, fer in ratha diadaí, co n-epert:—"Is e mo chretium, ar Iob, co mba beo mo thatherithid Ísu Crist is-in esergi, 7 co n-éirus fen imalle fria cách i mór-dáil lai brátha. Ro-terchan tra aúctor cecha fáitsine .i. Ísu fodesin in esergi, co n-epert: 3445 —"Tuaslaicid-si in tempul-sa, ol Ísu .i. tempul mo chuirp-si, 7 dogén-sa a thóduscad iar tredenus." Ocus is é sin etargna fhollus na liachtana-so.

Mad iar sians imorro, in fescor Sabóti atberair sunn, is ed doforne: forba 7 erich do dul for in forbunn rechtaide la tuidecht 3450 soscela; amal demniges in t-apstal, co n-apair:—"Ro-erehransat fo-decht-sa, ol in t-apstal, fugra 7 fosethi petarlaiethi, 7 ro-hathnuidigthea na huli tria Crist mac Dé bí. In cét lá Saboti atberar sund, is ed doforne iar sians: tindsetul in nú-fiadnaise a údlegar da cęch herisech, anad o pecdaib 7 dualchib. Na da 3455 Muire batar oc iarraid Crist oc in adnocul, is ed dofornet: na da eclais atat oc cuinchid in choimded indú is-in nu-fiadnaise .i. eclais na n-Iúdaide n-irisech, 7 eclais na ngénnti togaide. Na banscála tra do thidecht is-in moch-matain dochum in ádnocuil, is ed dofornet sin iar sians: in eclais cechtarda adrubramar, do 3460 thidecht ó amsir a mbaiste 7 o thindsetul a n-ersi 7 a cretmi focetoir co máigtrib eolchaib in nú-fiadnaise, do chuincid (fesa) eolais forru. Do-rala talam-cúmscugud mor ann in uair-sin, is ed doforne sin: na huili génnti do cúmscugud as in cómrorcain i mbatar anallana, oc fógnun d'ídluib d'arrachtaib, do chuinchid 3465 anosa a n-ícca 7 a fortachta for slanícid na údúla. Uair tainic aingel Dé do nim, is ed doforne sin: in slanícid Ísu, di-a n-ad ainm in scriptuir 'aingel na comarli moiri,' do thidecht do na

nemdaib do deoin in athar nemda dochum thalman, do chobair 7 do
 3470 thesorcaim na ndoine. O dochóid in t-aingel, ro-lai in cloich o'n
 ádnocul, is ed doforne sin iar sians : o thanic Crist i colaind co
 ro-díchuir dúire 7 accairbe in forcetail rechtaide, tria chenna 7
 ailgine in forcetail shoscelta. In adnocul óbela, is ed doforne sin :
 glanrúin na petarlaethi do fhollsiugud indíu is-in n-ú-fiadnaise.
 3475 Desid in t-aingel fors-in cloich, is ed doforne sin : co n-id follus a
 recht 7 a soscela, co n-id he Crist is rig 7 is brethem na n-uli dúl.
 Etrochta in aingil amal soignéin, is ed doforne sin : in slaniceid Ísu
 Crist, co n-id eccennais accarb do na peccachaib 7 do na héccraib-
 dechu ; co n-id adnad tra menman 7 aicenta a noem 7 a fhiren
 3480 o lassair desherci 7 deg-gnim. A étach taitnemach amal snechta, is
 ed doforne sin : co n-id cennais ailgen in coimdiu do na frenaib,
 amal demniges Ísu, baile a n-apair is-in soscela, ' a doine, ol Ísu,
 fóglaimdig uaimm cenna co n-ailgine, uair is amal atú fén co
 cennais ailgen.' Gabaid tra erith 7 omun na coimétaigi, is ed
 3485 doforne sin iar sians : na hÍúdaide 7 gennti no-choimetatís anallana
 forbunn dímain in fhógnuma rechtaide, co ro-comshaiset indíu tria
 rath aithrigi 7 congaine cride dochum n-ersi 7 cretmi. Do-raítne
 gné báis foraib, is ed doforne sin iar sians : co n-id becc nách
 indshamail báis do na herisechaib in soethar dogniat oc traethad a
 3490 tol collaide. Na bid uamun ná imecla foraib, is ed doforne sin :
 nach dlégar fo-decht-sa do'n eclais oman Dé do beth forri, di-a
 pianad no di-a damnad ; amal demniges in t-apstal co n-apair, ' o
 thic grad Dé co forpthi co nech, ol in t-apstal, díchurid uad in uabar
 n-anforpthi ; ' ár no-co recat a less lucht na desherci forbthi omun
 3495 in choimded do beth forru, ar is mor a múinnterus 7 a thairisecht
 doib chena ar a ndésheire .i. ní hinand ata aitreb in choimded
 anossa is-na dóinib 7 i forbúinn dímain in rechta Iúdaide. Uair
 atracht amal do-rarngir .i. is ann ata cúmgabail fo-decht-sa do'n
 choimdid i n-uaisle 7 i n-etrochta in forcetail shoscelta. Tait 7
 3500 fégaid in inad, in doendacht, co n-id áitt 7 co n-id aitreb hi do'n
 mac iar ndiadaacht. Ercid co luath 7 indissid di-a apstalu, atracht
 Ísu o marbaib .i. indisid anosa do'n eclais, co r-fhácaib in coimdiu
 na hÍúdaide atbathatar anallana ic fógnum do stair rechta, 7 co
 tanic indíu eus-na gemtib iresechaib di-a adrad. Ragaíd remaib i
 3505 nGalilee .i. erdarcaigid do na huili iresechaib, na ro-chuinchet in

cóimde is-in forbunn rechtaide, acht co ro-b ann écin connesat he, i nGalil .i. i tarmescómlud o pheedachaib co forbtthecht, o bás co bethaid .i. o dígail co dílgud, o dorcha co sóllsi, o ulc co maith, o iffern co párdus.

Atat cethri forcométésa for celebrad na cáse as a tórniter rúin 7 3510
sians. Is e ám in cetna forcometas, co ro-p iar techt dar equinoctás celebrathar, co ro-foruaslaigthi sollsi in lai dar dorca na hoidche, 7 co ruca braff fuineta di. Cubaid sin fris-in sollamain hi tarrngirther dúin-ne sollsi na bethad suthaine, cid ann no-celebartha in tan túisech beres sollsi grene cecha bliadna cet choscor do dorcha na 3515 haidche. Is e imorro in forcometus tanaise, co ro-p is-in cetna mís na bliadna celebrathar .i. a mís na nua-thorud. Ocus is i sin tra mi i-n ro-ceteruthaiged in domun, 7 ro-suidiged in cetna duine i pardus, is ed doforne sin: co n-id tria rúin na sollamun-sa a sailem-ne flacht na nemmarbdachta 7 na nemtruailhdechtá o 3520 torcramar do rochtain doridisi. Is e tra in tres forcométus, co ro-p is-in tres sechtmain in mís-sin dognither .i. o cóicmad ar déc co aenmad ar fichit. Cubaid sin fri rúin 7 failti in esergi forcoemnacair is-in tres lathi 7 is-in tres aimser: ar atat teora aimsera ann .i. aimser rechta aicnid, i ra-batar uasal-athraig; ocus aimser 3525 rechta litre, i ra-batar [fáide; ocus aimser rechta in spiruta nóim, i tanic fén .i. Crist mac Dé. Is e din in cethrumad forcometus fil for celebrad na cáse, forcometus tórmaigit lucht in nu-fiadnaise .i. a celebrad for domnach sech cech lathi sechtmaine; ár is-in domnach do-rónta riched co n-a ainglib, 7 is ann asreracht Crist o marbu, 3530 7 is ann atresim-ne uli iarum, co n-id so dethbir dún a thoga sech cech la aire-sin. Is e sin etergna siansaide na liachtan-so. Etargna staraide .i. co follus; etargna siansaide .i. runda 7 infhoiligi.

Techtaid din in liachta-su etargna mbésta, is cubaid da cech iresach do fhóglaim 7 do indithmiugud; ar is tria chomallad in 3535 etargna-sin no-s-cuibdigenn cech iresach do Christ 7 do'n eclais .i. In fescor sapoti atberar sum, di-a n-ad etarchert *requies* .i. cumsanad; is ed doforne iar mbestataid: dílcend 7 epeltin na tol collaide is-na doinib; amal eráiles in t-apstal fors-na fir iresechaib, co n-apair:— “A doine, ar in t-apstal, troethaid bar colann, do thimorcain 7 do 3540 díbad innti na tol collaide.” Is e in fescor-sin taitnes suun, is ed

doforne sin : in duine athnuidigther i sualehib ; amal erailes beos in t-apstal, co n-apair :—“ Cuirid uaib, ar in t-apstal, serua 7 arsaidecht bar pecetha 7 bar ndualach, 7 dentar bar n-athnuidiugud hi Crist.”

- 3545 Na da Muire, is ed doforne iar mbestataid : corp 7 anmain in duine shoethraiges ar Dia ; no is ed doforne : na da bethaid iars-a fhognann cech iresech i-fhos co forbthi do'n choimdid ; *actális uita et tethorica uita* .i. in betha actalta, a memma i n-ar 7 i mbuain do-gres ; 7 in betha thcorda .i. a memma i nDia do-gres. Do-rala talam-
- 3550 chumscugud mor ann, is ed doforne sin : cumscugud 7 comergi na colla as a toiliun 7 as a collaidecht i comchétfaid do'n anmain deirges a pecda 7 a dualchi. Uair tania aingel Dé do nim, is ed doforne sin : procept brethri Dé do na hirsechu as in scriptúir nóim ; 7 ainm nime am-sin forş-in scriptuir ar a huaisle 7 ar a
- 3555 hetrochta. O thanic in t-aingel, ro-la in cloich o'n adnocul 7 desid furri, is ed doforne sin : in forectul diada do fortamlugud for dúire cride 7 memnan cech oen duine iresaig, 7 di-a tabairt do foglaimm 7 do etargnaugud na firinde soscelda. Na da gné imorro tarfaid in t-aingel fair sunn .i. gné aighthide aduathmar, amal soignen, 7 gné
- 3560 ailgen etrocht, amal snechta,—is ed doforne sin iar mbes[ta]taid : na da gné filet forş-in forectul ndiada .i. gné ecennais accarb, in tan tomaithes piana 7 todernuma do na hécraibdechaib 7 do na peddachaib ; ocus gné mín chennais, in tan tarngires fechtnaigi 7 fochraice do na noemaib 7 do na ffrenaib. Na coimetaigi, is ed
- 3565 doforne : cétfaide na colla, coimetaigit dímaine 7 anaircheas in t-soegail. Ni fil sunn .i. ni hann ata oirfithiud in choimded, i cridib na peddach 7 na n-écaibdech. Uair atracht amal do-rarngir, is ed doforne sin : co n-id ann bis inóebail do'n choimdid, i n-anmann-
- 3570 aib na noem 7 na fíren. Fégaid an inad .i. tabraid aradain cóir forş-in anmain i fil delb 7 cosmailius Dé. Indisid di-a desciplaib .i. erailid for cétfadaib na collai, maith do dénum ; 7 is aire doberair ainm discipul foraib-side, uair cén inntamlaigit na cétfada Crist, 7 dogabat desmirecht de a maithes, airmither ann-sin ar desciplaib do Christ iat. Ar ragaid romaib i nGalil .i. ragaid romaib o na fáiltib
- 3575 corpda cus-na failtib spirutaltaib, o dúmus co hinisle, o shaint co desheire, o garbi co cendsa. Is é sin etargna bésta na liachtan-sa.

Mad iar n-anagóig imorro .i. iars-in etargna doróisce cech n-etar-

gna is cubaid fri Crist 7 fris-in eclais némdai. In fescor sapoti atberar sunn, is ed doforne sin: crich 7 forba in t-soegail tóchaitear i-bus tria sé hoesaib in domain, 7 in sechtmad óes i comshined friu 3580 .1. óes cúmsanta na firen o Abél co brath. In cet la sapoti atberar sunn, is ed doforne sin: tindscetul na hochtmadi oesi tóchaithit na nóim 7 na fireoin tall iar mbráth i frencarcus Dé cen crich cen forcend; uair amal is e cet lá na sechtmaine in domnach, tria thindscetul do gabail uad, is amal-sin din is e is ochtmad lá tria 3585 anad aice ar anoir na hesergi coimdetar. Na dá Muiri batar co dethitech táll imo'n ádnocul, is ed doforne iar n-anagóig: na da eclais betft for-aird il-ló bratha i fiadnaise Dé .1. in eclais nemdai 7 eclais talmanta. In talam-chumscugud, is ed doforne sin: coimne esergi na n-ulí dóine il-ló bratha; acht bid sain tuirthiud doib is-in 3590 ló-sin, uair ragait forend dib dochumm nime, 7 forenn ele dochumm n-iffirn. In t-aingel tanic do nim il-ló na hesergi di-a fóccra, is ed doforne sin iar mbestataid [no iar n-anagoig] .1. Michél archaingel do thidecht o nim d'erfuaccra na hesergi coimdetar for in cined ndoenda il-ló bratha, co n-eper friu fo thri:—"Ercid, ercid, ercid, 3595 a chined Adaim!" 7 atréit na huli fris-in fhocera sin.

"A braithre inmaine, ol in t-ecnaid, indfu dogniam in sollamain .1. sollamain na cásc; 7 dligid in sollamain-si a hanoir 7 a herdach co mor do na huli iresechaib."

O tri modaib tra ordaigther in sollamain-sea do anoir: is e in cet- 3600 na herdach, celebrad 7 prócept brethri Dé; is e in t-erdach tánaise, almsana do thabairt i n-anoir in choimded, do sheire 7 trocaire for na bochaib; is e tra in tres erdach, in n-oifriund, a ndéntar híd-pairt chuirp Crist 7 a fhola tar chend na firén. Ocus cid mor dliges cech sollamain a herdach 7 a hanoir o na modaib-si, is in mor-mo 3605 dliges in sollamain-si; uair is i so sollamain choimne muinntiri nime 7 talman, is hi so sollamain petarlaieithi 7 nu-fiadnaise, is i so sollamain diles in athar nemda, is í so sollamain na esergi coimdetar, is í so sollamain doróisci cech sollamain, is í so sollamain anorach oirmitnech múmtiri nime 7 talman, in sollamain-si na Cásc; ar is 3610 imda a ferta 7 a mirbuili,—uair is i Cáisc dochoid in t-aingel sech tégdaisib macc n-Israel dia ro-marb uli primgeni Egepti, is i Cáisc tanic popul Israel a hEgipt do áscnam tíre tarngire, is í Caisc din

atracht Crist o marbaib iar cuibrech diabuil do a n-iffern, is i Cáisce
 3615 tancatar anmanna noem 7 firén na cóic n-aimser a hiffern dochumm
 pardais, is a Caise din bias in lá erdraice .i. lathi bratha.

At mora tra 7 at diaisnesi gnímrada in lái-sin, uair is and bus oen
 breo lasrach in uli domun, o thurebail grene co fuined, 7 loscfid in
 lasar-sin amal soigné n-aduathmar na pedáchdu, biaid imorro amal
 3620 braen cennais n-áilgen do na noemaib 7 do na firénaib ; ar no-s-ditnifit
 a n-almsana 7 a n-íparta is-in ló-sin for thenid brátha. Is-in lo-sin
 cuirfither tar cend in nem 7 talam 7 muir 7 na huli filet innib ; is-in
 lo-sin loiscfither talam, co ra-b 'n-a luathred, acht athnúidigfiter
 iarum doridisi na dúile-sin, hi cruth bus ailliu 7 bus sochraide co
 3625 mor oldás amal do-ronta for tús. Is-in ló-sin tra dodéna Michel
 árchaingel a erfuacera for na hulib dóinib, co n-epera friu fo thri,
 'ercid,' 7 atréset na huli o bás co bethaid fris-in forcongra-sin .i.
 do neoch díb ro-shluic talam 7 ro-báid tond, ro-loise tene 7 aduatar
 biasta. Is-in ló-sin .i. il-ló brátha, do-raga chucaind ar coimdiu,
 3630 Ísu Crist .i. in t-í tanice co humal inísel is-in cet fecht i n-a
 genemain, do-raga co haigthide aduathmar is-in ló tánaise .i. il-ló
 brátha ; ocus in t-í tanic di-a mess o beoib, do-raga do mess for bú
 7 marbu ; 7 terbabaid ind-sin a noemu 7 a fhírenu ris-na pcedachu ;
 7 is ed atbera in coimdiu friu-side, oc dlomad doib, 7 ic a n-indarbad
 3635 uad, 'seuchaid dím, a mallachtnachu, is-in tenid suthain ; airm i
 mbia díb cói 7 crith for detaib 7 tólegud rose ; airm i mbiat cruma
 7 biasta aduathmara, 7 tene cen erdíbad oc athi bar col 7 bar
 n-écora foruib ; airm i mbia díb comlántius cecha uile 7 esbuid
 cecha maithiusa ; airm i sánntaigfiter bás o na pcedachaib 7 ní
 3640 fhuigbet, uair ro-pad fherr leo co mor bás d'fhágabail 7 dul for
 nefní co hopund, oltas beth ic fulang na pian 7 na tódernam suthain
 tria bithu sír. Is ed atbera in coimdiu fria noemu 7 fírenu .i. lucht
 na desherei 7 trocaire, oc a tócuired chuide do'n fhlaith nemda :—
 " Tait, a bennachtnachu, 7 selbaid flaith m'athar-sa, forúired dúib o
 3645 thús domain ; airm i mbia díb na maithiusa mora-sa .i. betha cen
 bás, áite cen sentaid, slánti cen galar, fáilti cen brón ; airm i mbia
 díb cech cúmsanad hi cend a chele ; airm i mbiat na fochraice
 deólta i tír na mbeo .i. fochraice comlán di-a corpaib 7 di-a n-an-
 mannaib i fhlaith nime tria bith sír. Beit iarum na noim 7 na

freoin is-in oirechus mor-sin, ico'n choimdid, a n-óibnes 7 a 3650
 n-aireru na flatha nemda tria bithu, i n-oentaíd noi úgrad nime na
 tairmdechatar, i n-oentaíd diadachta 7 doenachta meic Dé, is-in
 oentaíd is uaisli indas cech oentaíd, i n-oentaíd na trinóti uli-
 chumachtaig, athar 7 meic 7 spiruta nóim. Álme trocaire Ísu Crist,
 atracht is-in lathi-siu indíu ó marbu; co risam uli i n-oentaíd-sin, 3655
 ro-s-airillem, ro-s-aitrebam, *in sæcula sæculorum. Amen.*

170 α 21]

[XX.]

Ero mors tua, o mors, et morsus tuus, o inferne. In spirut
 noem, in spirut doroisece cech spirut, in spirut ro-lesaig in eclas
 cechtarda .i. petarlaecthi 7 nua-fiadnaise, o rath ecna 7 fhatsine,
 is e in spirut-sin do-r-infid na briathra-so a gin in fatha, Osse, 3660
 do thairchetul in mor gním forcoemnacair is-in lathi-si indíu .i.
 Ísu Crist mac Dé bíí, slanícid in uli domain, iar forba crochi 7
 césta tar cend sil Adaim, iar fhácbaíl a chuirp i n-a adnocul do
 thecht a-raind a anma dochumm n-iffirn, do shaerad 7 tuasluccad a
 carcair iffirn na braite ruc diabul fri re na cóic n-aimser, o Adam 3665
 co tanic Crist i colaind, 7 co r-césastar tar cend Adaim co n-a cloind,
 7 co ndeachaid a anim a n-iffirn, 7 co ro-la cúbrech for in curaid
 comnart ruc coscar do cloind Adaim .i. for diabul, hi slabradaib
 tenntigib i fhúdomain peni iffirn, co r-sháraig 7 co tuccad ar écin
 anmanda na togaide ro-batar aice a n-iffirn; co n-id do thairchetul 3670
 in mor choscair-sin ro-uc Crist o diabul, ro-raid in fáid tria gresacht
 in spiruta nóim, *ero mors tua, &c.* Ní nama din atfét in scriptúir
 coisecartha forgles in gním n-uasal n-adamra so .i. Crist do thabairt
 na braite a hiffirn, acht forglit na mairb imda atrachtatar a bás
 ar-oen re Crist, 7 ro-batar oc imdecht i n-Jerusalem 7 a n-il- 3675
 chathrachaib tíre Iúda, oc forcill esergi Crist o marbaib; amal
 atfét Necódim sin,—sáí rechta e-side, 7 ba múinnter do Christ,
 7 bóí oc molad Crist i fiadnaise Iudeí 7 Pilait, 7 atbert, ‘ba
 hécoir doib Crist do orcaín;’ ba lonn la hIúdaide in ní-sin ro-
 raid Necodim, 7 ro-raidset fris, ‘ro-p é bus oentudach deit il- 3680
 ló bratha!’ Ro-[fh]recart Necódim doib, 7 is ed atbert friu:—
 ‘Ámen, amen, ol se, ro-p fris beos mo oenta-su is-in bethaid

táll re Crist !” Iosep din duine noem 7 duine uasal do lucht na cathrach di-a n-ad ainm Armatia, ro-ráid, ‘ba hécoir doib a
 3685 ní do-ronsat .i. Ísu Crist mac Dé bíí, tigerna 7 dúilem in domain, tanic do shlaerad claimni Adaim ar diabul, do marbad cen ein-aid.’ Ro-chuinnig tra Iosep co Pilait, corp Crist do thabairt do, co ro-adnaiced he. Fofhuair-sim o Pilait a ní-sin, 7 do-rat lín-anart glan im chorp Ísu, 7 ro-shuidig iar-sin i n-adnocul nua
 3690 do-róine Iósep do budén. O ’tchualatar tra Iudeí sin do denum do Iosep, ro-fergachsats fris, 7 ro-chúibrigset 7 ro-laiset i carcair, co ndechsad as in sapoit, 7 ro-raidsat fris :—“ uair tucais t’ádnocul do Christ, ní co raga do chorp-sa í n-ádnocul ocainde, acht laifither he do ethitib aeoir 7 do biastaib talman.” Iar forba na sapoti
 3695 inorro tancatar oirchinnig na sacart .i. Annás 7 Coifás co dorus na carerach, 7 fuaratar in carcair fo’n iadhad do-ratsat forri : ro-oslaicset iarum, 7 ní fuaratar Iosep innte. Ro-lá i socht de-sin, 7 ro-ingantaigset co mor, in carcair do beth fo’n ndúnad cetna, 7 Iosep do nemfágbail innte. Tanic tra iar lathib triar fer o Galilee co
 3700 Ierusalem .i. Finiés sacart, 7 Anna forcetlaid, 7 Agius súi rechta e-side ; 7 ro-ráid fri hairchindechu na sacart :—“ In t-Ísu ro-croch-sat-side, atconncumair-ne oc acallaim a apstal, 7 se a medon eterru for mullach slébi Olifét ; 7 is ed ro-ráid ríu, ‘ercid 7 forenaid in uli chinedach, 7 baitsid iat i n-ainm in athar, in meic, in spiruta
 3705 nóim ; 7 in t-íí baithisither 7 creitfes, biaid se slán ;’ 7 o ro-ráid Ísu in aithiuse-sa fria a desciplu, atconncumair-ne he oc fresgabail dochum nime.” O ra-chualatar oirchindig na sacart 7 senoraig in popuil na scela-sin, ro-aitchiset na firu ro-indis doib, ‘ na ro-indistis iat ó-sin amach,’ 7 do-ratsat lógidecht mor 7 indmas immda doib,
 3710 ar beth i tost cen a n-fhaisnes do neoch ó-sin amach. Ro-tinoiled tra in tan-sin mor-airecht na n-uli Iúdaide imalle, co r-ingantaigset na mor airrde inganta do-rónta i tír Israel in tan-sin, .i. esergi Crist o marbaib, 7 Iósep do élóid as in carcair dúnta. Annás tra 7 Coifás oircindig .i. na sacart iat-side, ro-batar oc nertad na
 3715 n-Iúdaide co] n-airéltis orthaib na hairrde-sin, 7 ro-raidsat friu iarum :—“ Tiagar uainn tra co cathraig Iósep, .i. co hArmatia, 7 finntar dún in fil Iosep innte.” Dochotar iarum techta uadib co hArmatia, 7 fuaratar innti Iosep. Tancatar tra na techta for cúlá, 7 itcuatar do na sacartaib, Iósep do beth i n-Armatia. O ro-

chualatar din na Cristaide, Iosep do beth i n-Armatia, ro-failtnigset 3720
 co mor, 7 ro-molsat in coimdid ar Iósep do shaerad as in carcair i
 roibe. Airchindig imorro na sacart, ruccad epestil uadib co Iósep
 di-a thogairm chucu co Ierusalem di-a n-accallaim; 7 is ed ro-
 raidset fris:—"Ar Dia mbith-beo, apair cindus tanacais as in carcair
 ndúnta i ra-badais ocaindi?" Is ed atbert Iósep friu-sum:—"In 3725
 tan, ol se, ro-dúnsaid-si form-sa in carcair i fescor áin dídine, 7
 ro-m-bá-sa in-sin oc ernaigthi a medon-óidchi in t-shathairn,
 tuarcabad dímm a n-airde o cethri hullib tégdais na carcrach i
 ra-ba, 7 atconnarc Ísu, ocus se taitnemach amal gréim, 7 do-rochar-
 sa fri talum for mét mo omain. Tanic Ísu chucum iar-sin, co r-gab 3730
 mo láim, 7 ro-m-tócaib o lár, 7 ro-ráid frim, 'na bíd omun na
 imecla fort, a Iosep; is me-si Ísu mac Dé, is é mo chorp ro-ádnais-
 [s]i.' Ro-radius-[s]a fri[s]-sium, 'faillsich dam in ádnocul i ndernus
 t'ádnocul.' Ro-gab Ísu mo laim, 7 ro-m-ue lais cus-in ádnocul in
 ro-ádnaičius hé; 7 tárfaid dam in anart tucas imme. Tucus-[s]a 3735
 inn-sin aichne fair-sim, co r-b' é Ísu, 7 ro-ádrus Dé, 7 ro-ráidius
 fris, 'is bennachda in t-í tanic i n-ainm in tigerna.' Ro-gab Ísu mo
 laim iarum, 7 ro-m-ue conice mo thech fen i n-Armatia, 7 ro-raid
 frium, 'síd 7 cáin-chomrae deit! 7 ní dechais as do thig fén fri ré
 cethrachat lathi. Mi-si din, ol Crist, ragut do nertad mo discipul.' 3740
 Na Iudei imorro 7 oirchindig na sacart, o ro-chualatar na scéla-sin,
 ro-lá i socht, 7 do-rochratar a ngnúise fri talmáin, amal beti mairb;
 7 is ed atbertis eterru:—"Cia hairrde so i tír Israel?" Atracht
 tra Iosep, 7 ro-raid hi fhiadnais in popuil fri hAnnás 7 Coifás:—
 "Is ingnad lib-si, ol se, Crist do esergi o marbaib, 7 co ro móti bus 3745
 ingnad lib beos: ní namá atracht Crist fén o marbu, acht ro-
 thódusecastar hil-marbu ele lais a bás; 7 atrachtatar as a n-ádnaičius
 co n-acutar sochaide i n-Ierusalem oc indecht innte he. Estdin
 frium-sa beos, ol Iosep, co r-indiser díb araill. Ro-p aichnid dún
 uli Sémion sacart noem; is e-side ro-gab i n-a nóidin Ísu for a righthib 3750
 hi tempul Solman. Batar da macc oc in Sémion-sin .i. Carinus 7
 Leontius a n-annanna-side; ro-bámar-ne uli i fhiadnais a n-éca 7
 a n-ádnocuil beos. Ercid din, 7 fégaíd a n-ádnocuil, 7 is amal fo-s-
 gébtái: it é eroslacthi fása, uair itráchtatar imalle fri Crist, 7 atat
 beos i mbethaid is-in cathraig, di-a n-ainm Armatia; 7 ro-cluinter 3755
 oc cantain ernaigti, 7 ní acallut nach duine. Tiagum uli di-a saigid

co n-anoir 7 umaloit moir doib, 7 tabram línd iat co Ierusalem, 7 aitchem iat ; 7 is doig écin indisfít dún an ní fodera in esergi.”

- O 'teualatar tra na Cristaide na scéla-sin, ro-fháiltngiset co mor
 3760 7 dochoid Annás 7 Coifás 7 Necódim 7 Iosep 7 Gamaliél do fégad in ádhocuil, 7 fuaratar na hadnaethi : it é eroslaethi cen a curpu inntib. Dochuatar iar-sin di-a n-iarraid co hArmatia, 7 fofhuaratar innte-side, 7 siat oc ernaigti 7 sléchtain. Bennachsát doib tra .i. Annás 7 Cóifás 7 Iosep 7 Necódim 7 Gamaliél ; ro-phócsat ínn-sin,
 3765 7 rucsat leo co n-anoir 7 oirmitin co hIerusalem, co r-tinoilit chucái ann-side in uli Iudéi ; 7 do-ratsat liubra rechta 7 fáitsine i n-a lamaib. Ro-aiteigset iat iarum, 7 is ed ro-raidset :—“ Ar Dia mbéo, do-rat rechl 7 fáitsine di-ar n-athrib romaind, mad chreti co n-id é in Dia-sin ro-dúsaig o marbu, indissid eindus atracltabar o marbaib.”
 3770 O 'teualatar tra mee Sémioin in t-atach sin forru, ro-impóset a n-aigthi fri nem, 7 do-ratsat airrdhe crochi Crist tar a úgena 7 tar a tengtha, 7 labairset friu focetoir meic Shémioin, co n-id ed ro-raidset friu :—“ Tabraid dún cína memruimm, co scribam dúib a ní itconneamar 7 iteualamar.” Do-ratad doib tra in cairt dia scribend,
 3775 co n-id é so scél ro-scribsat 7 atcuatar :—

- In tan bamar-ne 7 ar n-uli sruith imalle frind i ndorchadu iffirn, tanic co hopand chucaind sollsi dermáir, co ru-s-indarb úainn in uli dorchai boi ocaind. Ro-shubaid Adám focetoir la tidecht na mor shollsi-sin chucaind, 7 ro-shubachsát imalle fris na huli uasal-
 3780 athraig 7 fhátha ; 7 atbert Adam in tan-sin :—“ In sollsi-so, athair na sollsi marthanaigi do-gell dún a shollsi fén, is í tic chucaind anois.” Ro-raid din hEsiás fáid :—“ Is i so sollsi Ísu Crist meic Dé búi, do-rainngertas-[s]a dúib-si do thidecht, in tan bá-sa beo i talum, co n-abair, ‘in popul do-shuid s-a dorchacht, docífet siat
 3785 sollsi mor ; in t-í ata i fhlaithemnus dorchatu in éca, dellraigfid sollsi mor forru ;’ 7 is i sin sollsi tic chucainde anosa, is i shollsiges dún, 7 dítnes for in mbás ind.” In tan tra ro-shubaigsim-ne uli ar tidecht na mor shollsi-sin chucaind, is ann tanic ar n-athair-ne .i. Semión, hos é fáilid, 7 ro-raid frind :—“ Molaid uli in coimdiu Ísu Crist
 3790 mac Dé búi, is é tic chucaind innossa, 7 ro-n-gabus-[s]a fén a m’ucht in tan ro-po náidiu i tempul Solman.” Ro-raid din Eoin bauphtáist in tan-sin :—“ In t-shollsi-so atchithi-si, is e Crist mac Dé sin, is de ro-ráidius-[s]a iar n-a failisugud dam o’n spirut noem, in tan

tanic Crist chucam di-a bathhis i n-Iordanén, co n-apair, ‘ac-so uan Dé nech tócbus pectha in uli domain;’ 7 do-ronus-[s]a a bathhis 3795 iarum i sruth Iordanén; 7 atchonnare din in spirut nóem do thidecht fair i ndeilib choluimm, 7 iteuala guth in athar do nim oc a ráda, ‘ac-so mo mac dil fén na derna ní acht mo thoil.’ O ’teuala Adam Ísu do bathhis i sruth Iordanen, ro-raíd fri Seth mac Adaim :— “Indis, ol se, do-t chloind .i. do na huasal-athrachaib 7 do na 3800 fáithlib a ní ro-ráid Michel frit-so, in tan dochuadais co dorus parrduis do chuinchid neich do olai do chrúnd na trócaire fil i parrdus, do ongad mo chuirp-si, in tan ro-m-ba a n-inlobra 7 dloigi.” Tanic tra Séth la forcongra Adaim dochumm na n-uasal-athrach 7 na fhátha. co n-id ed atbert :—“Docuadus-[s]a, ol Séth, co dorus parrduis, co 3805 r-aitches in coimdiu ann co tarta dam ní do olai na trócaire do ongad chuirp Adaim; tanic tra in tan-sin Michel do m’acallaim, 7 is ed ro-ráid :—“Is me-si, ol se, aingel in cheniúil doenna, 7 na cuindig anosa in ní conaige, ar ní thanic beos a aimser-sin, co ro-geine Crist mac Dé i n-aimsir derid domain do saerad Adaim co 3810 n-a chloind o bás pecctha; is e dobera ola a throcaire do cách tria aithgin a mbathhis o usce 7 o’n spirut nóem is-in mbethaid suthain, o ragus fen ar tús fo bathhis i sruth Iordanén: is e tóduiscfes corp Adaim 7 na marb ar-chena a bás; is e beras Adam i parrdus co crand na trocaire iar slaitt ifirn do um Adam co n-a chloind.” O 3815 ro-cualatar tra in uli uasal-athraig 7 fhátha in aithese-sa ro-ráid Séth, ro-subachsat co mor.

In tan tra ro-cuala Sattan, airchindech ifirn 7 taisech in báis, in uli noemu do shubugud, ro-ráid fri hiffern :—“Bí i n-erlaimé, 7 gaib chucut Ísu, is e-side maides co n-id é Crist mac Dé .i. duine 3820 imeclaiges bás e-sium, co n-eper fén, ‘tuirrsech m’animm co huair m’éca.’ Bidba dam-sa in duine-seo do-gres; is mor do ulc do-roine frium; is mor fhecht ro-m-sáraig in forend for a tardus-[s]a daille 7 buidre 7 claime 7 cech cenel galair fil is-in domun, ro-s-ícc in duine-seo tar mo shárugud, o forcongra brethre namá. Na mairb tra 3825 tucus-[s]a chucut-sa, ro-s-uc in duine-seo uait-siu ar écin, 7 tue betha doib tar ar sárugud a ndís. Is dethbir det-siu amal-sin, cia fo-gabad mor d’imned ocut-sa.” Ro-[fh]recart ifirn di-a oirchindech do Shattan, 7 is ed ro-ráid fris :—“Cia duine oc a tá in mor chumachta-sa, 7 omun báis fair? uair uli-cumachtaig in talman 3830

chena, a tairberta fo ar cumachtu ar údís. Cindus dín conanacair
 duine for a ta omun báis fair tidecht i n-againd do chumachta-su?
 araide chena, ol iffern fri Sattan, atberim-si aithesc fír frit-sa: ma ta
 in mor cumachtach atbere-si oc in duine-seo ar-raind a doemachta,
 3835 is uli-cumachta ar-rind a diadachta; 7 ni co cumaic nech ele tidecht
 i n-againd a cumachta; 7 in tan ro-ráid omun báis fair, is do-t brécad-
 sa ro-ráid, 7 ro-t-mairg-si de-side a Shattain.” Ro-[fh]recart in tan-
 sin Sattan oirehindech in crínair do iffern 7 is ed ro-ráid:—“Cid for
 a cúnntabartaigi, 7 for a n-imeclaigi, ol iffern, ar mbidba a údís .i.
 3840 Ísu do airtin chucat? nair tucus-[s]a a m’oenur amus calma fair
 .i. ro-gresus in popul Iudaide o eut 7 feirg i n-a againd; tucus forru a
 chúibrech 7 a chuitbind 7 a crochad, 7 fín-acét 7 domblas oéi i
 cumase do tabairt dó di-a hól; 7 tucus forru a guin co kíigin tria
 n-a thoeb, co n-erbailtt de; do-fucus chuent-sa iar n-a bás, is e
 3845 tairberta fó ar cumachta ar údís .i. mi-si 7 tu-sa a iffern!” Is he
 frecrea do-rat iffern for Shattain in-sin:—“Is demin lium, ol se, is
 trit tanic do chonugud fén do-gres, a Shattain, trias-an ngnám
 no-maide .i. bás Crist, uair atat sochaide ocum-sa súnd, 7 ro-
 thódúscsat marbu uam-sa, in tan batar fén i mbethaid; 7 nó-co
 3850 n-acum-sa fen do-rónsat sin, aelt tria attach 7 etarguide Dé uli-
 cumachtaig do-rónsat he. In duine-sin imorro .i. Ísu ruc-side
 uam-si sochaide tria foreongra a bréthri namá, cen etarguide itir;
 ocus is doig lium, is e so ro-thodúsaig tria foreongra a brethri namá
 Lazair, bóí fri ré cethardenuis ocum-sa i mbás.” Ro-ráid Sattan
 3855 fri hiffern:—“Is demin écin, is e in duine-si ro-t-saraig um Lazáir,
 7 ro-s-uc uait a bás dochum bethad.” In tan tra ro-cuala iffern in
 aithesc-sin Sattain, is ed atbert fri Sattan:—“No-t-aitechim frit, ar
 ar múnnterius, co na tuca itir chucum-sa in duine-sin, uair in tan
 iteuala-sa foreongra a bréthri oc breth Lazáir uamm, ro-m-gab crith
 3860 co n-aduath remi, 7 ro-fuasnaigthea mo uli thimthirechta 7 bríga; 7
 ni-t-coemnacair Lazáir do fostud ocumm, cia r-bo saint lium. Ró-
 fetar-sa co n-id Dia trén in duine-seo, 7 co n-id he slanécid claindi
 Adaim; 7 is demin lium, dia tuca chucum-sa, tuaslaicfid na huli filet
 occum i carcair 7 i cúibrech,—no-t-saerfa iat, 7 no-t-bera lais is-in
 3865 mbethaid suthain.”

In tan tra ro-batar oc an imacallaim-sin eterru .i. Sattan 7
 iffern, co cualatar in guth mor, amal toraind údermáir, co n-id ed

atbered :—“ Oslaicid bar ndoirrsi iar-naigi, a thaisechu ifirn, co ndechsad rig na glori is-in tech ! ” O ro-cuala tra ifern in aithesc-sin, ro-raid focetoir fri Sattan :—“ Eirg uaimm, 7 na bí i-m sostaib- 3870 si itir ; ma ta cumachta latt, cathaig amuig fri rig na glóire ! ” Ro-indarb din in tan-sin ifern Sattan oirchindech as a sostaib imach ; 7 ro-ráid iar-sin fria a thimtirib écaibdecha as a aithle :—“ Dúnaid bar ndoirrsi umaide, 7 tabraid druil iar-naigi forru co daingen ; 7 dénaid calma dún, na ro-doerthar 'n-ar ndís, ar is 3875 ocaind atat cúch a ndoire corice-seo.”

In tan tra itcualatar na huli noemu 7 fíreanu, batar i n-ucht Abrahaim a n-ifern, in imacallaim-si do-róine Sattan fria a tim-tirechaib écaibdechu, ro-raidset fria hifern co cairiugud 7 cursachad mor fair :—“ A hifirn, oslaic do dóirrsi co ndechsad rí na glóire 3880 is-in tech ! ” Atbert din Dáuid in tan-sin :—“ Bec a tarba deit, a ifirn, in daingniugud dobere for do dóirrsib, ar do-raingertas-[s]a in tan ba-sa beo i talum, co mbrisfed Ísu Crist do daingne-siu, co n-apair, ‘ ar do-oslaic sé na doirrsi umaide, 7 do-bris sé na lúthraigi iar-naigi. ’ ” Atbert din Essias fáid :—“ Do-raingertas-[s]a dib-si, a 3885 noemu, in tan bá-sa beo i talum, in coscar-sa beres Crist indú, co n-apair, ‘ ni-s-fil doba (.i. brig) o thanic Crist. ’ ” O ro-cualatar in uli noemu aithesca Dáuida 7 Essiás, ro-ráidset fria hifern :—“ Eros-laic do doirrsi, a ifirn ! uair no-t-cloifither anosa, 7 scerthar frit do cumachtu 7 do flaithes o chéin.” Ocus ro-clos guth mór ann in 3890 tan-sin amal toraind, 7 is ed ro-ráid :—“ Tócbaid bar ndoirrsi, a thaisechu ifirn, co ndechsad astech rí na glóire ! ” O ro-cuala tra ifern in aithesc ro-ráid fris na fáide, is ed atbert, amal na fesad cia tanic and :—“ Cia so fria a n-abair ‘ rí na glóire ’ ” ? Ro-[fh]recart din Dáuid do ifern :—“ Is aiehnid dún, ol se, in rig-sin ; is e ro-tir- 3895 chanus-[s]a in tan ro-bá i mbethaid i talum, in tan ro-ráidius, ‘ tigerna laidir 7 cumachtach, tigerna cumachtach is-in cath, is e sin rí na glóri ! ’ Oslaic-si din, a ifirn, do doirrsi co tí chueat rí na glóri ! ”

In tan tra atbert Dáuid in aithesc-sa, is ann tanic rí na glóri i ndeibb duine .i. Ísu Crist, is e-side ro-shollsich dorecha ifirn, 3900 ro-bris a daingne, ro-tuaslaic a chuimbreachtaigi, 7 do-rat fortacht do'n foirind batar i ndorchaib ifirn 7 báis. O 'teonnaire imorro ifern 7 Sattan, Crist do beth i n-a sostaib, ro-s-gab grain 7 aduath co n-a timthirechaib croda écaibdechu, tria dellrad mor

3905 soillsi Crist do thaitnem i n-a sostaib; 7 ro-n-driúchtatar co Crist,
 7 is ed atbertsat fris:—"Ro-n-clód-ní uait-si, 7 is tú tanic co
 dána i n-ar crichaib-ne, 7 ro-t-comaicsigis o-t míadamla ar cu-
 machta-ne, 7 fuasne ar légiona, tuaslaice uaim in foirend ro-
 cuimrig ocaind li peccad bunad-géimnti, 7 tógairé iat is-in saire
 3910 n-arsata i mbátar for tús ria n-imarbus, 7 do-s-bere soillsi taitnem-
 aig do'n foirend ro-dallait o dorchuib phecca; is mor an dñsium
 7 in sárugud do-s-bere foraind." Do-driúchtatar in tan-sin na huli
 légión na údémnu imalle co n-aduath 7 imecla moir, 7 is ed ro-
 ráidset fri Crist:—"Can as tanacais-[s]iu, no cia tu, a Ísu? ár ní
 3915 acúmar duine do maesánla, ar mét do nirt 7 do míadamla, ar
 h'ergnus cen locht, ár do gloine cen peccad; uair in domun tal-
 munta ro-boi fó ar cumacht-ne conice-seo, 7 no-éraitís eís dúin-ne
 do-grés, no co ranacais-[s]iu chucaind; is cosmail det-siu, is tú tanic
 co dána chucainde, 7 ní namá na himeclaigi ar pianna-ne, acht
 3920 berid uaim eíd in foirend fil i piannaib ocaind. Ocus is dóig linde, is
 tu-sa in t-Ísu tall di-a nd-ebert frinde o chéin ar n-oirchindech .i.
 Sattan co ngébad ard-rigi in uli domain tria n-a crochad tar cend
 claindi Adaim.

Is ann-sin tra ro-gab rí na glóri, Ísu Crist, tigernus for bás, 7
 3925 gabaid for bragaid Sattan oircindech in bás, 7 do-rat fó cumachtu
 ifirn. Ro-ráid din ifern re Sattan in tan-sin:—"A oirchindig na
 malarta, a thaisig in tairmtechtais, aúctair in bás, a bunad in
 díumais, a cind na n-uli n-ole, a chotarsna, a doeráin dúr-eride
 dícondireil, a dona deoil dóbil díumsaig díscir daermitnig, a angbaid
 3930 anfhéil inresnaig imchosáitig, a duine áimnertaig, ro-t-millis tú
 fén 7 ro-t-millis sin-ne uli tres in ngnim do-ronais .i. duine noem
 7 firén cen gaile cinad .i. Ísu Crist mac Dé bí, rí na glóri, do
 crochad det-siu co hanfirén; is aire-sin ro-t-aithrigad-sa indiu, 7
 ructá uait tria crand crochi Crist na huli indmas fuarais tria crand
 3935 in tairmtechtais i parrdus." In tan tra ro-ráid ifern in aithese-sa
 fri Sattan oircindech in bás, ro-ráid rí na glóri re hifern:—"Bíd
 Sattan oircindech in bás fó-t cumachtu do-gres a n-inad Adaim."
 Ro-shín tra rí na glóri .i. Ísu a láim, 7 do-rat airrde na crochi tar
 Adam 7 tar in uli noemu batar a n-ifern; 7 ro-ráid fri hAdam:—
 3940 "Síd 7 cain-chomrac det-siu có-t claind fhíreoin, a Adaim!" 7
 gabaid láim ndeis Adaim i n-a láim, co nu-s-uc lais a hifern, co n-a

uli noemu ar-oen ris ; 7 ro-aithnestar iat uli do Michel árchangel, 7 ro-s-fuc lais Michel i fháilte parrduis ; 7 batar ann-side, o cháise in esergi co fresgabail, co ndechatar i lathi fresgabala Crist for comairce a crochi 7 a césta, ar-oen re Crist dochum nime, baile 3945 i taitnemand amal gréin i flaith in athar : flaith side i-tá betha cen bás, óice cen séntaid, &c.

[VII.]

35 β 26]

SERMO AD REGES.

Cum placuerint Domino uiae hominis, inimicos eius conuertet ad pacem [Prov. xvi. 7], in tan toltnaigfit do'n choimdid sétai in duine, do-s-bera a náimtiu di-a reir. 3950

In spirut nóem, in tress persu na diadachta uaisle, is comsuthain 7 is commolbthaige do'n athair 7 do'n mac, is é in spirut-sin ro-faillsig na runi-sea do Shohmain mac Davida. Is é in Solam-sin ba hecnaide do doinib domain, cenmotha Crist mac De, slaniceid in uli domain, in tan ro-thecht bethaid i colaind doenna amal cech fhir duine 3955 iressach ar-chena is-in t-saegul, 7 is e tra ro-hidpair mile edpairt do'n choimdid in-oen uair for altóir Dé is-in cathraig hi nGabaon focetoir iar ngabail rigi dó, 7 ro-fharfaid dó in coimdiu is-in aideche-sin i n-a aslingthi, co n-epert friss :—“ A rí, cuindig in itche is ail latt hil-lo th'edparta, 7 doberthar duit.” Ocus atbert 3960 Solam :—“ Tabair dam din immad eena 7 eolais, co ro-mider co firén do popul-sa, 7 co ro-deligur eter olec 7 maith, 7 co ro-flegur a miad coir for cách.” Dethbir sin, uair ranic-sium a less eena 7 tre-bairecht moir o'n choimdid : boi di-a oite in inbuid,—da[bliadain] déc ba slan do-som in tan ro-gab rigi phopuil Israel. Ro-thaitne tra fris- 3965 in coimdid an itche-sin ro-chuindig Solam, 7 atbert in coimdid fri Solmain :—“ Uair is i sin itche ro-chuinchis, ol in coimdid, dober-sa duit immad eena 7 eolais, co na boi remut nach hi diaid rig bus eenaide 7 bus eolchu in dai ; 7 ni ba hed-sin nama,—doberthar duit immad innmais 7 glore, co na ro-genair remut ina diaid rig bus 3970 saidbre 7 bus glordai in dáí.” Co n-id follus as sin, co nach nama

ernes Dia do na firenaib in itche forpthe condagatt fair, acht do-s-beir ceech maith aile doib ar chuindche 'n aithe-sin.

O ro-follsig tra Dia do Sholmain fo'n indus-sin immud ecnai 7
3975 eolais fria hetarehert co leir tra do aiened ceech retai, 7 din do-rigne
tri liubair do forectul in duine is-na tri haesaib i tairisend .1. a
ngillacht, a n-óite, a sendataid ; 7 is iat na libra-sin airmither i
n-urd na canoine noime .1. Parauule 7 Ecclesiastes 7 Cantaice na
Cantaicci.

3980 Paraule sin, lebor as a forehanter in duine as a noidendacht
i n-a besaib, 7 imo'n tesmalt is coir dó do sechem 7 do inntsham-
ail ;—Ecclesiastes tra, lebor e-side i fhollsigther dímáine 7 erchra in
t-saegail i n-a gloir 7 i n-a ádbehlos, i n-a móinib 7 i n-a indmasaib,
do forectul in duine, na ro-t-saebtha tria n-a sántugud ;—Cantaice
3985 imorro na Cantacci lebor sin i follsigther dá ceech duine forpthe
di-a chomdídnaid, in t-airfítind 7 in fáilte fil do'nd ernastaid spiri-
tuala i n-a mban-ernastaid, 7 do'n ban-ernastaid and-som .1. do Crist
is-in eclais, 7 do'n eclais hi Crist.

I parabaib din Solman .1. il-libur na cáin-bés ata in testemin
3990 pritchaiter i-sund :—“*Cum placuerint, &c.*” Is iat séta etargnaither
sund na gnima o tóchaite saegul-rith na bethad doenna ; 7 is cubaid
ainm ‘séta’ fors-in mbethaid saegulta i-flus, uair in-nim ata
athardai díles na fhúren, ailithre imorro a mbetha for talmain. Ocus
din ata fath aile ann for a n-inntsamlaigther in betha doenna do'n
3995 t-shét ; uair in sét fodén, tan and is dírech he, tan aile is cáim,
araill de is ard, araill is ísel, fecht ann is lethan, fecht aile is
cumung ;—is amlaid-sin ata sét na bethad doenna .1. dírech he is-na
dég-dóinib, cam imorro he is-na droch-dóinib, uasal i freisin na
suthaine, íchtarach is-in dérchóiniud, lethan is-in toil chollaide ; is
1000 ac aisneis in t-séta-sin atberar is-in scriptúir :—is lethan 7 is fair-
siung in sét ídnaices na hecraibdechu cos-in malairt 7 cus-in etar-
thuitimm suthain, cumung imorro sét na bethad doenna i comall-
iud thimna De ; is ic a aisneis-sin atberair is-in augtortas :—is
4005 bethad .1. cos-na fochraicib nemdaib.

Is iat din séta in fireoin na de[g]-gnima-sa i n-a toltanaig do Dia,
amal for-t-gella sin in fáith co n-epert :—“*Dúthracur-sa, a Dé, co*
mpítis díрге mo shéta do chomalliuud do thimna-su trias-a techtfaind

noime 7 frenchi ;” is fri[s]-sin is cubaid in ní atbeir Solam sund,
cum placuerint, &c. Seta in duine cu coitcend atbert, 7 ní seta oen 4010
 duine sainrud ; uair ní fuil airtiu persand oc Dia .i. is cumma
 gebes a rer, o rig 7 o aithech, o thigerna 7 o mogaid, o shaidber 7 o
 dhaidber, o shochenelach 7 o dochenelach, o shin 7 o hocce, o fheraib
 7 o mnaib, ci-p e din toltnaigfes do’n ehomdid i n-aen urd dib-sin,
 dogéna in coimdiu a naimtiu co mbat sithamla dó. In tan tra 4015
 tocraides do’n choimdid nech 7 na denand a ehomarli, dognither in
 inbuid-sin a charait co ndat namait dó, *ut dixit* Dauid mac Iese :—
 “ Tancatar, ol Dauid, mo charait 7 mo choimnesta i m’agaid-sea, o
 thanuc-sa dar timna nDé ; 7 in fairend ro-ptar tairissi dib dam for
 tus, is iat sin ro-ptar etairisi dam iar-tain, 7 is mou ro-m-trecsit.” 4020

Cech dúil imorro do neoch techtus bethaid 7 na techtand, bid
 síthamail do’n ti chomailles timna De, acht diabul namá ; is e-side
 cathaiges co himresnach do-gres fris-na firenu ; aráide ní chumaic-
 sium nach erchoit do dénum dóib, acht amal comarlées in coimde
 fodén do, iar ndliged dírech a fuigill fhíreoin ; uair cia thechtaid 4025
 diabul aice áilces cech uile do dénum, aráide ní thechtand nach
 cumachtu, acht amal comarlécthar do o Dia. Co n-id aire-sin, in
 tan ro-tholtnaig Dauid do’n choimdid tria comalliu a timnai, do-
 rigne in coimdiu in tairngere-si dó, co n-epert friss :—“ A Dauid, ol
 in coimdiu, uair ro-comaillis mo thimna-sa, betit comorbada do-gres 4030
 uait ir-rige 7 i flaithius mo phopuil-se .i. popul Israel.” Ocus is s-ed
 a cétna do-rarngert i mbaile aile, co n-epert :—“ Bid o-t chloind-siu
 7 o-t chinud, a Dauid, gebthar do-gres rígi na cathrach nóime-
 sea .i. Ierusalem, uair ro-chometais mo comairle-sea 7 mo thimna.”
 Saul imorro, in cetna rí ro-gab for popul Dé, uair na r-chomail 4035
 timnai Dé, ro-chairig in t-í Samuél in fáith noem he, co n-epert
 fris ic a imdercar :—“ A Saul, is ole a ndernais, na r-chomailis
 na timnai ro-aithin Dia fort do chomet ; uair dia comailte-so
 timna in choimdead, ro-pad shóinmech do flaithius fén for popul
 Israel, 7 is uait no-betís rígi fair do-gres ; 7 uair na dernais-siu sin, 4040
 rega fén for nephní, 7 ní gebthar uait tria bithu rígi tuatli Dé.”
 Is aire-sin, uair ro-tholtnaigset do’n choimdid séta Daniél ro-fóidit
 i cuthi na leoman, 7 na tri meic ro-laitéa is-in sornd tened, do-rigne
 a náimtiu co r-bat sithamla doib ; uair ní r-choemvacair na biastu
 nach in tene ní doib, tria chumachtain in choimded boi oc a n-imde- 4045

gail. Ocus in tan na-chomilltís meic Israel timna in choimded, no-shaerad in coimdiu for cech n-ingreim, 7 ba fortamail oen díb for míle di-a náimtiu; 7 dan immasech fris-sin, meic Israel in tan nach comalltís timmna Dé, fogebtís aire-sin mor d'ulcc o n-a naimtiu .1.
 4050 gorta 7 doire, 7 cech ingreim ar-chena, 7 din ba fortail oen di-a naimtiu for míle díb-sium, uair ro-dílsig in coimdiu iat di-a naimtib ar tairmthecht a thimna; 7 dan no-impatís doridisi meic Israel cus-in coimdid iars-na dóconlaib-sin, no-fortachtaiged in coimdiu doib, 7 no-shaerad iat di-a tréblaitib, amal for-t-gella in scriptúir fáthacdaí,
 4055 eo n-apair:—" 7 no-aitechitís meic Israel in coimdid in tan dobered treblaite forru, 7 dognitís díbrócoit móir chucaí, 7 no-shaerad in coimdid iat iar-sin." Uair in tan chuibdiges in duine fírén séta a oprid 7 a shaethair do'n choimdid .1. eter de[g]-gním 7 ernaigthi, toltuaigít and-sin a sheta do Dia, 7 saerthar he o náimtib, amal
 4060 for-t-gella in rig-ecnaid hi-sund, eo n-apair:—" *cum placuerint, &c.*" Acht eíd cubaid in forectul-sa fris-na ulí dóinib .1. co ro-s-techtat síth 7 rethínche i n-a ngnimaib, aráide is cuibde fris-na rigaib; uair in tan toltuaigít do'n choimdid seta na rig 7 comedait díliged na fírinde diada i n-a fhúiglib, dognither in tan-sin a námait co
 4065 ndat síthamla dóib tria nert in choimded. Rigi imorro firena dogniat a follannus co dírech iar comairle in choimded, it comorba sin in rig uasail .1. airmiter ar maccaib in rig némdaí.

Is cóir do chach co ra-put faen fúthib sin, 7 co r-rabat di-a rér, *ut dixit* in t-apstal:—" A dóine, ol in t-apstal, bíid co dethitech do
 4070 rér na rig 7 na n-oirchindech ro-hordned foraib ir-rige 7 i follannus o Día;" uair is cóir do cách a fhiss co n-id o Día ata cech flaithius 7 cech cumachtu, uair is o Dia imorro ata cech flaithius; is follus co n-id uad ro-hordned na rig is-in uaisle 7 is-in oirechus hi filet uas dóinib; ei-p e din imresnaiges do na rígu fíreanaib hi-sund, imres-
 4075 naigíd do Día ro-s-ordne iat. In fhoirend imorro imresnaigít co hanfhíren doib, dlegat péin 7 damain forru ar in indliged 7 ar in an-fírinne dogniat; uair is for tarbai ro-comarléiced do'n rig co ro-thechtad claideb 7 na harmu ar-chena, do thraethad 7 do thimorceuin cech indligíd dogenta i n-a flaithius. Uair in rí talmanda, airrig he
 4080 fri laim in rig nemdaí, 7 is fris ro-herbad o Día indechad cech indligíd, 7 damnad cáich i n-a cinaid amail bás techta.

Is aire-sin, a doine, ol in t-apstal, is cóir díb-se co ra-bthai do

rér na rig, for a n-imecla 7 for a n-aduath ; 7 ní namá aire-sin, acht ro-fhetubar co n-id hi tol De a riarugud do cách ; uair cia is uaisle 7 is écora do thoccrad i talmáin oldás in rí talmanta ? .i. 4085 mád dia follamnaige co fírén in rí talmanta, ní fil tigerna eli uasa acht rí nime namá. Co n-id aire-sin ci-p e aile dogné imarbus, is bidba do'n rí talmanta he ; in rig imorro di-a ndena imarbus, ni bidba do neoch aile he acht do'n rí nemda nammá.

“Fég din, a rí aimserdai, timna in rig nemda, 7 amal is áil lat 4090 cách do-t rér, co mba hamal-sin bia-su do rér in rig nemdai.” Ma-s áil dut-si tol De do dénum 7 a chomarli do áiritin, dena th'fhóll-annus 7 do rigne fo íntamail-sium 7 fo chosmailius .i. co réthinech 7 co messarda. Ni ro-techta occut feirg no fuasnad, acht réthinche 7 cendsa, ic follannus ind lochta ro-herbad duit o Día do fholl- 4095 annus ; uair is ed dlegar do'n rig, co ro-thechta athasenam bóid 7 athasenam n-atharda im a fomamaighthib immar bdais meic dó ; 7 din is ed dlegar díb-sium, co ro-charut he-sium mar bud é bud athair dóib ; uair is ed dlegar do'n rig, cuindrech cáich 7 athirrech as ind luce i mbí tria fírinne 7 ma dligend nacha malairt tri-a chródatus 4100 7 coraidecht.

Feg lat uaisle na gloire 7 na honore i-n ro-torned o Día, co n-id fochund pian 7 tódernam deit tall, mi-na chometa i-flhus co faitech in uaisle-sin ar pecdaib 7 dualchib : pianfaiter tall sech cách co hadbul na rig dogniat a follannus co hanfhíren, 7 no-s-imbret co 4105 hindligthech for cách, as a nirt 7 as in cumachtain tuccad doib o Día i-fus. Biaid din dígal díchondirelech tall fors-in fairind follannus co dichondirelech i-flhus, amal demniges in scriptuir, co n-abair ;—in t-í di-a tabair i-flhus immad máine 7 indmais, 7 neirt 7 cumachtu, mi-na dena maith díb, damainfíther táll co dichondirelech sech 4110 each o Día ; 7 dan, in t-í di-a tidnaic in coimdiu imarcraid a móine, a n-indmusaib 7 i-nd-eena, mi-na dena tol Dé díb, toibéchar fair co serb 7 co dichondirelech fa-deoid o Día. Cech méit is moo in onoir i mbí nech, is i sin méit is guasacht dó, 7 is coir dó imecla 7 faitchius 7 rá-imchoméit. Is follus sin as na desmberechtú-sea ;— 4115 uair in crand is ardi is-in fhídbuid, is e is gnathciu dofuit tri fuasnad 7 anbhíne ngoithe,—in tor din is ardi im múr na cathrach, is e is meniceiu do terbrud 7 tuitenn,—na slébtí is ardi and, it iat sin is guasachtaigi loiseter-sum o shaignénu ;—is amal-sin is mor in

4120 guasacht do'n foirind, bit i n-uaisle in flathiusa, mi-na be rath Dó is a n-imcomet for na hulcu frencarci 7 tódochaide.

Mad ail din do'n rig co n-ingabu tódernuma troma tall, im-
 gáibed i-flus cech anfhír 7 cech indliged, sanntaiged tra co nu-s-
 techtad trocaire la firinde : amal demnigter is-in scriptuir, it eat na
 4125 sualche-sin .i. trocaire 7 firinde, fhuiglit amal columna na rigu
 firenu, 7 no-s-cometat co sonarti a flathius cen len cen erchra
 forru ; .i. dobeir Solam in comairle-si do na rigaib a n-inud aile, co
 n-apair :—" caraid in firinde .i. berid fúigle firenu, a rigu in do-
 main." Uair no-imeclaiged Solam co mor in coimdid in tan no-
 4130 mided in popul 7 no-bered bretha fair ; uair la ann boi-sium i
 fiadnaise in rig uasail, Dauida a athar, in tan no-mided-side in popul,
 co nu-s-increch-som he for a emilte leis, 7 for a imrígne leis bóí ico-n
 fhuigell ; co n-id and atbert a athair fris-sium :—" tair, a meic,
 indiu is-in rig-shudi, co ro-thúri 7 co r-etarglee cestai 7 caingne in
 4135 popuil, indas is luathi oltás amal doguím-sea ; uair is-at gliccu-sa, 7
 is-at áithe o engnu 7 o thuesin, amal atbeir is-in derbárusc ' áithin
 cech delg is ou.'" Tanice iar-sin Solam is-in rig-shuide iar forcon-
 grai a athar ; 7 tarfás dó lám in Duileman co claideb tdefhaebrach
 os a chind, 7 no-thomad co hoband bás n-aduathmar dó, dia n-ellad
 4140 do bice no mor o'n fhuigell fhíren ; 7 o 'tconnaire Solam sin, ro-crith-
 naig cu mor, 7 ro-shóí fuil do chnám dó ar imecla in oen Dia ; 7
 ro-guid-sium ind-sin a athair co ro-guided in coimdid aire, 7 co tartad
 dilgud dó do'n tocerad tucc fair tria aneolas ; 7 guidset dib-línib
 iarum in coimdid, co ro-chometad in fírinne 7 na ructais nách
 4145 fuigell anfiren for nech tria bithu ; 7 forclidset and-sin co n-id mor
 in guasacht do neoch nach fuigell do breth i fhiadnaise in rig
 uasail, as frencaire do-gres do cech fhuigell 7 do cech caingin .i. Ísu
 Crist, mac Dé bíí, slaniccid in cinedu doenna.

Is hi so tra firinde is cóir do'n rig do forcomet, co na ro-mide
 4150 tria n-a chumachtain anforlond na indliged for nech i n-a flathius
 uli, co ro-p coitchend 7 co ro-p firen 'n-a fhuigell do cách cen airtin
 persainde etir aichnid 7 anaichnid ; etir sochenelach 7 dochenelach,
 etir sháidber 7 daidber, etir thigernai 7 mog, etir rig 7 aithech ; 7 co
 ructha a breth choir for cach in cech fhuigell, 7 i n-écese co
 4155 n-uamun 7 co n-imecla in choimded as frencaire 7 is fiada da cech
 fhuigell.

Is ed din dlegar de, co ro-gaba co fír ic na fannaib, 7 co nu-sfortachtaige do na trógaib 7 do na deroilib 7 do na dilechtaib 7 do na fedbaib. Is ed beos is cóir do-som, co ro-thairmiscea na drochdoine im cech mi-guím 7 im cech mi-dénum ol-chena ro-clechtsat ; 4160 7 co ro-dámna cach dib i n-a chinaid, 7 co ro-misraige 7 co ro-chuindrige eat for a ndualchib, .i. for étrad 7 adaltras, for gait 7 bruit, for slait 7 airchiull ; uair coirpther co menice in flaithius tres-na pecthaib-sin do lecad i comdilmaine do cách ann.

Is ed din is téchta dó, co ro-onoraigea na heclaisi noemai, 7 co 4165 ro-fhóglainde 7 co ro-mhidea in eclais, co n-id rigan in rig nemda, 7 amal is tol do'n rig talmandai co ro-onoraige cách a rigan, is amal-sin dlegar de-sium co ro-s-anóraige rigaim in ríg nemdai .i. ind eclais, ic a fil comus cech maithiusa 7 cecha deg-impide dó for a tigerna .i. ar in coimdid is cend 7 is aircindech di. 4170

Is ed din dlegar do'n rig, co tarda ahsana bid 7 étaig do bochtaiab ar deire 7 trocaire ; 7 co r-gaba col-leir do'n choimdid dechmadu a máine 7 a indmais.

Is ed din is téchta do'n rig, co ro-chathaige co calma fria a naimtiu for a atharda .i. ar a thuathaib 7 cenelaib ro-herptha fris o 4175 Dia do follamnugud, 7 co ro-p sciath imdegla 7 díten doib he for cech n-ingreim 7 doccomail. Is ed din is coir do, co nach i n-a nirt fen tairisniges, acht a nirt in choimded ; 7 din co ro-techta do mebair a créda iar forcetul in apstail, imalle fri hernaigthe in cóimded fodén .i. fris-in '*pater*' ; uair is ed dlegair da cech cristaige, co ro-techta in 4180 déda-sin aicce i n-a chuimne fén 7 i n-a fhorraithmet .i. a *chredo* 7 a *phater*. Is ed dlegar imorro de, co ná r-chomarlécci di-a chloind no di-a chiniud nach anfhírinde no indliged do denum i n-a flaithius for ái a neirt 7 a chumachtu. Is ed din is coir dó, co ndena áine 7 abstanait 7 trossethi co gnathach, do chuinchid chonaich 7 sorrtiusa 4185 dó o Dia i n-a rige ; 7 din co na ro-loinge re n-a trath, acht co rothormala a proind i n-aimsir thechta dó, co fhailte 7 co n-atlugud buide a deg-maine do Dia. "Is he fochund malarta do na tuathaib 7 do na cellaib ic á mbít na rig 7 aircindig atta dílsi do chraes 7 do raebaidecht in t-saegail." Is ed din is coir dó co ro- 4190 miscnigea na droch-dóine atta dílsi dá cech ulce .i. do gait 7 brait 7 slait 7 aircell, do fheill 7 fingail ; 7 co ru-s-indarba do-raith as a [fh]laithius, 7 co nach fagbat síth no aentaíd etir aicce, amal

demniges sin in fáith, co n-apair ic atach in choimded:—"a De,
 4195 or in fáith, ní ro-aircissi do'n forind fédligit co dúr i n-a n-im-
 orbus, 7 lenait choidche di-a n-ulce cen timtúd 7 cen atchor etir
 cus-in coimdid do chomailiud a thinnai." Uair in ri dámnas 7
 timaireas na droch-doine, 7 no-s-crochand 7 marband, mi-na fheta a
 timoreain chena o na modaib aile, o ndlegar a cuindrech .i. tria n-a
 4200 n-areain 7 breth a n-indmais dib, 7 tria longais 7 carcair 7 cepp 7
 cuthi 7 tescad a mball fa-deóid.

In ri tra nach fetann o na modaib-sin, 7 no-s-crochand 7 no-s-
 marbann ar an annach, is timthrid tairise do'n choimdid, is
 mace umalóti 7 erlatad buide dó Dia for damnad 7 timoreain na
 4205 ndroch-daine fo'n indus-sin. Uair cia crochaid 7 cia marba in ri
 náimtiu in choimded, 7 a bhidbaid for a nduin-oreain 7 for a n-ulcu
 diaisnete ar-chena, uair na fetand a cuindrech o nach mod aile, ni
 hairmither amal duin-oreuin do sin, acht ar comailiud timnai 7
 rechta De, 7 ar umaloit 7 tintirecht do'n choimdid. Uair in ri
 4210 nach damnand 7 na timoreand na droch-dáine o na modaib-sin, is e
 fen is bidba do'n choimdid for a nduin-oreain 7 for cech n-ecóir aile
 do gait 7 bruit. Uair ní dligend bennahtain iar fir o'n choimdid
 in ri tairmises a chloidem o fhuil in pecthaig; uair ni hármithe ar
 cródacht na ar chóraidecht do'n rig crochas 7 marbus na córadu
 4215 cróda na fetann do timoreuin o nach mod aile. Erchótig do na
 deg-dóinib in ri choieles do na droch-dóinib; uair ni tolnaigend do
 Dia in chondirele-sin no in chenna do dénum do'n rig .i. cocill 7
 oircisecht do n-aeúduine bith-binech malartas in sochaidi; uair is
 menice élnigther 7 malartaigther in popul uli tria imarbus in aen
 4220 duine; co n-id aire-sin is coir focetoir a malairt-sium, na ro-b
 guasacht do shochaide he, 7 na taetsat tri-a fochaind. Uair cid in
 liaig eolach, ni choielend do'n én bull i n-airig in galur, nách cumaice
 do legius acht nach tescand, ar-dáig na ro-letha in teidmtria ballaib
 in chuirp ár-chena, 7 na ru-b guasacht báis do'n duine, mi-ne
 4225 tesetar do-raith o'n churp in ball-sin i-n ro-gein i-n galar.

Na rig imorro na herlathrigit 7 nach ordaigit ar-rigi 7 a flathius
 iar riaglaib in rechta diada, fuasnaigther aire-sin a flathius o
 threblaitib 7 o doecomlaib imda. Uair is [ar] tairmtecht timna Dé
 do na rigaib tuaslaicter síth 7 comchetfaid i n-a popul, 7 tódúsethar
 4230 debtha 7 decétfaide etarru, co mbí cách dib i n-agaid araile tria

indliged na rig n-anfhíren. Is for anflaithius tra na rig dogníter na tíre 7 na ferunda co ndat ambrite, 7 co na taircet torad, amal ba gnáth doib, 7 co na fétait de-sin na popuil fognam amal ro-dleacht dib .i. for an domattaíd 7 dáidbre fil is-in [fh]laithius i filet. Truailter din co menice a sónmhige 7 a flaithius o thedmannaib 4235 imdai 7 ho gallraib examla; foruaisligter din co menice o náimtib echtrand, 7 indrither a tuatha 7 a cennadacha i n[-a] fhiadnaisse, 7 ni chumgat a tairmese impu, uair ni fil Dia imalle friu; fuasnaigter din rethinche 7 mesardacht in aeoir, co na fil iar n-a choir suth no torad im-muir na hi tir, acht truallnither uli tria anmessair na 4240 hanfine 7 trias-na sínaib saebu; loisether din co menice o théuntib 7 o shaignénu na guirt úrai, 7 pappe 7 blatha na fínemna 7 cecha tortha examla bís for talmain 7 for crandaib, tinait 7 feodaigit fo-cetoir iar n-a táidbsin 7 iar n-a tócbail namá do doinib. Ni nama imorro milles anfhine in rig 7 a indliged a [fh]laithius imbe 4245 foden, acht millid im a maccaib 7 im a uaib di-a essi, co na gabat a chomorbus-som indus as dínghala doib; uair is ar indliged 7 ar anfhírinne Solman ro-etarsear Dia flaithius deig-threbe o a maccaib 7 o a uaib-sium di-a essi; 7 din is ar fírinne in rig fhíreoin Dauida, ro-chomarleice in coimdid lochairnd rí 7 ordnige airegda di-a síl- 4250 som i n-Ieruselem ir-rigi de-threbe; uair ni nama tharmnaiges fírinde in rig fhíreoin do foden, acht tarmnaigid di-a claind 7 di-a chined do-gres.

Sanntaiged tra in rig for na fáthaib-sin in fírinde, imgabhad in anfhirinde, na ndenad uaill na diumus, acht traethad 7 inísliged he 4255 fen, for utmalli 7 ereraide ind flaithiusa saegulla i fil;—is garit ár uair co nd-erercand in fechtnaige domunda, is snimach 7 is toder-numach saídbres 7 sommatu in shaeguill-sea. Is deroil 7 is tinside in chumachta saegulla; is ereradach 7 is aprise, is utmall 7 is aimserdaí in flaithius 7 in chumachtu talmanta. Tuc do d'oid, a 4260 rig, ol in t-ecnaid, amal dochuatar col-luath for nefní na rig 7 na himperi, na toisig 7 na hairchindig batar anallana i n-uaisle 7 i n-oirechus in t-shaegail remut-sa. Fé 7 din latt aidid 7 iartaige n-anfhechtnaig na soimm 7 na sochenelach: fuarutar gloir 7 inoc-bail is-in domun, ro-erercansat sin uli amal foscad no ciaig, 7 ro- 4265 thinsat amal na delba dúmaine táidbditer do dóinib i n-aislingthi; 7 fria tabairt d'aire, is lór do desmberecht ererai sin .i. nách mair

indiu folliuchta a nglóre nach a n-anore; co n-id oc accáine sin atbert in rí craibdech .i. Daid:—"Atcomarc-su fen, ol Daid, ina
 4270 rigu eebraibdechu do cúmgabail 7 do naisligud amal cedir slébi Leuáin, 7 a ndul col-luath iar-sin for nefní, 7 a n-ereraí cu hopund, 7 nach [fh]rith folliucht no comartha in oirechais i mbátar." Finnad din in rí a cumachta co n-id aimserda; findad din in rí co pianfaiteir e-sium tall o thódernaib imdaib mi-na dena a fhollamnus i-fhus co
 4275 fíren; uair amal ata in rí uas cách i-fhus is-in uaisle talmanta, is amal-sin bias-sum fo cach tall i pianuib 7 i todernaib diamra. Uair bid dofhulachta tall do na rigaib anfhirenu oltás do na huilib dóine ar-chena .i. bid uille co mor a pian-som oltás pian ceoh duine for a mboi a follamnus 7 fortamlus co anfirén i-fus.

4280 Dia comaille imorro in rí timna Dé, 7 dia ndena a rige 7 a follamnus iars-na riaglaib-sea forectail Dé, biaid síth 7 sónmige i n-a [fh]lathius 7 i n-a rigi, 7 ní bia fortamlus a namut fair, *sed* bid inill do fen as ceoh aird, 7 do na tuathaib 7 do na cenelaib for a fuil ir-rigi; 7 din ní-s-bia tedmunna no gallra anaichinte i n-a fhilathius; bid
 4285 toirthech do muir 7 tir, machaire 7 caill, lacha 7 aibne; fogébat tra boicht 7 dóine tróga a comdídnaid 7 a fortacht aiciisium, i n-almsanaib 7 i n-édpartaib; 7 bet-sium oc ernaigti 7 oc etarguide Dé tar a chend-som, co ro-p sóinnech 7 ro ro-p soraid dó a rigi 7 a follamnus, a smacht 7 a fhoreongra for dónib i-fus is-in saegul-sa; doberthar tra
 4290 in ro-miad-sa dó imalle fris-na nechib-sin o'n choimdid na ndúla, co mba hathair spiritallda he da ceoh oen eter tróg 7 trén, eter loech 7 clerech, eter ferscál 7 banscál, eter shean 7 ócc, i tuaith 7 i nd-eclais; 7 biaid gnús airmitiu fair, indus co mba subach forbailid do in ceoh dú imchemnigfes iter doimib i-fus is-in t-saegul-rith in betha frec-
 4295 nairc, immaille fria rethinche aeoir 7 aimsire for muir 7 tír fri-a remess; 7 iar tochaithem a bethad dó fo'n indus-sin co cian i fhecht-naigi 7 i n-uaisle ind [fh]laithiusa domanda, berthar fa-deoid co fecht-naigi 7 co huaisle na flatha nemda, 7 beit a macc 7 a ua i n-a chomorbús tria n-a rath-som 7 bennachtain; bid inmain fria cách a
 4300 ainm-sium 7 a fhorraithmet di-a éssi, co mbet oc a bennachad for a fírinde 7 indraccus.

Na rig tra diumsacha, na dénat a follamnus co fíren, acht foruaisligit 7 fordingit a tuatha co croda 7 co corata, ata comorba sin in rig diumsaig .i. diabuil, is oc a flaisnes-sin atberar is-in scrip-

tuir :—is e diabol is rig 7 is tigerna fors-na huilib rigu anfirenu 7 4305
 fors-na coradu diumsacha. Is doib-side dlomas in rig nemda il-lo
 bratha 7 itbera friu ic a n-indarbad uad :—“ Seuchaid uam, a
 mallachtnachu is-in purgatoir suthain, ro-fuired do diabol co n-a
 droch-muntir ; aitt i mbia doib-sium cói for gnúsib 7 crith for déta ;
 aitt i mbia doib immad cech sherbi 7 domblais, 7 tercei cecha so- 4310
 milli ; aitt i mbia doib imad cech dorchatu 7 doccomla, 7 tercei sollsi
 7 sónmigi ; airm i mbia doib uch 7 maire, cnet 7 galar ; airm i
 mbia doib imad dérchointe 7 tódernuma 7 treblati 7 cecha eccum-
 santa for bith ; airm i mbia doib cenela examla na pian 7 na riag 7
 na todernam, nách sochma do neoch for doman d’fhaisneis no 4315
 d’indissin ; aitt i mbia doib todernuma na pian ndermair cen cum-
 sanad ; aitt i mbia doib immad gorta 7 hitad 7 uile ford o’n p[— ?]
 7 tacha cecha maithiusa ; is and-sin beos bes doib-sium imad cech
 fuachta 7 nochta cen comrachni 7 cen airchisecht friu ; aitt i mbia
 doib bás cen crich, cen forcend, cen bethaid do thaissebad doridisi 4320
 i colaind doenda ; aitt i mbia doib déra immda tenntige dar forgnus-
 ib 7 guadhib, for mét na nglífite 7 na pian 7 na todernum 7 na
 ndocomul ar-chena i mbet d’fhulang. Is ann-sin beus betit gnúsi na
 ndémna mucna forniatta n-aduathmara ic maidem 7 ic tomaithium
 7 ic sroigled na n-anmand tróg fhodmaiter cech pian 7 cech toder- 4325
 nam ar-chena ; is and biaid dóib suthainecht na pian n-ecsamail o
 ndamainter iat-som tria bithu sír ; is and-sin biaid dóib aireigmech
 7 accáine 7 tólegud for a roscu, 7 coi cen slemnu, cen trógi, cen
 airchisecht ; is and-sin biaid doib tortromad na hittad dermári
 cen erdíbad, cen etarfuarad etir trias-in saegul sír ; is ann-sin biaid 4330
 dóib comaittreb salach granai dhocraid toirsech doinmech aigthide
 aduathmar ina mac mallachtan 7 ina ndroch-fhéichem, nach logait
 nach ni di-a fiachaib, acht toibgit iat co cutruma o bice co mor .i.
 demna iffirnd 7 a droch-muinnter ar-chena ; biaid dóib pian cen
 crich, cen forcend, cen cúmsanud ; aitt i mbia dóib immad ndorecha- 4335
 tais n-iffirndi cen sollsi as nach mod no as nách n-aird ; is ann-sin
 nach fil comdídnad no cúmsanud na etarfuarad doib-sium, acht
 nuall tromm 7 diucaire dermair ra-mor ro-díreccera ; is ann-sin na
 sailter fortacht a nim nach i talum, acht tormach 7 metugud 7
 tuilled cecha péni 7 cech todernuma 7 cech doccomla 7 cech trom- 4340
 glífite fri aroli ; is ann-sin shantaigfiter bas tanaissi o na rigu

écearaibdechu-sin for saint 7 accobar bethad bud fherr d'fhadbail, 7
ni-s-faigbet; is and-sin biaid doib beos comlanus cecha uile, 7 cech
toceraid 7 cech inuid, 7 essbuid cecha maithiusa do neoch fil eter
4345 neam 7 talam.

Na rig imorro firena craibdechu chondirelecha, tocuirfiter iat-
side o ard-rig nime 7 talman .i. o'n t-shlaniceid 7 o'n choimdid na
ndúlai, is cend 7 is tigerna forra-som 7 for in uli dúl ar-chena; 7
bera lais iat ar a firinde 7 indracús, 7 ar a ndeg-gnimradu 7 sualehi
4350 ar-chena, is-in failte suthain fil aiece di-a nóemu 7 di-a fhiirenu
fodéin, is inuid ón 7 is-in fhilatha nemda; dú sin i n-etarseéra a
choimdiu fodén cech brón 7 cech torsi 7 cech dubaigi 7 cech snimche
uadib-sium; airn i mbia dóib-sium betha fororda cen bás, failte
suthain cen torsi. Is ed so bias do rigaib in dúnaid-sin .i. óitiu cen
4355 shéntaid, síth cen debaid, flathius bith-buan cen fuasnad, subachus
dermáir cen foreend tria bithu; is ann-sin bias dóib oentu etochta
muimtire nime 7 talman; is and-sin bias dóib betha suthain cen crich
cen erehra immaille fri somillsi 7 fri haibnes parduis; biaid dóib
beos ind-sin immad do[fh]ulachta 7 comlanus dermár direcera
4360 cecha maithiusa; 7 terci 7 esbuid, merbe 7 lagatus cech uilec; is
and-sin taitnigfit na nóim 7 na fireoin i n-uaisle 7 i n-etochta
aingelaeda amal grein is-in flaith nemda; aitt i mbia oenta
sithamail na heclaisi cechtarda, nemda 7 talmanta; aitt i mbia
in oentu is uaisle oltás cech oenta .i. oentu na trinóti uaisle uli-
4365 chumachtaigi, athar 7 meic 7 spiruta noim. Alme troccaire ind
rig uasail; ro-lisam uli in oentaid-sin, ro-s-airillem, ro-s-aittreuam;
in secula seculorum, amen.

[VIII.]

DOMNACH NA HIMRIME.

Ocus o ro-comfocsig Ísu co n-apstalaib do Ierusalem, 7 o do-
 róchtatar co Bethfáge hi fhail slebi Oliueit, is ann-sin ro-fháid
 Ísu uad dís di-a múinntir, 7 is ed so atbert friu :—“ Ercid is-in less 4370
 ar bar n-agaíd; 7 fobebthai focétoir ann-sin assan i cúibrech; 7 óc
 ech immalle fria; taithmigid dib, 7 tabraid lib chucum-sa; 7 dia
 trialla nech imressain frib, apraid, ‘ro-s-furic a less in coimdiu,’ 7
 no-s-comarlécfi dib focétoir.” Is do imorro do-rónad so uli, do
 chomallad in neich ro-terchan in fáith o chéin anall, co n-eperit :— 4375
 “Apraid re hingin Sióin, ol in fáith, ac-sin chucut do rig cendais
 síthamail, oc immrimm for assan 7 for óc eoch.” O dochotar
 imorro na hapstail, do-ronsat amal ro-erail Ísu forru, 7 tucsat leo
 in n-assan 7 in óc eoch; 7 ro-chóraigset na hapstail a n-étaige fén
 fors-na hechaib, 7 dessid Ísu iar-sin forru. Na búidne immda 4380
 imorro batar immalle fria Ísu, ro-orraigset a n-étaige for in sligid
 ar a chind; fairend imorro dib no-thescatis-[s]ium barra crand, 7
 no-chóraigitis for in sét; na búidne imorro bitís remi 7 ’n-a degaid,
 no-diucratis o guth mor, 7 is ed atbertis :—“ Ro-n-slanaig, a meic
 Dauida ! is bennachda in t-í tanic chucaid i n-anmair in choimded, 4385
 7 no-n-slanaig is-na huaislib ! ” Ocus o dochuaid Ísu is-in Ierusalem,
 ro-cúmscaiged in cathir uli i n-a agaíd, 7 is s-ed ro-raíd :—“ Cia so
 etir ? ” ol iat. Is e imorro freccra do-ratsat na buidne for múintir
 Ierusalem :—“ Is e so Ísu fáith, ol iat, o Nazareth Galile.” Do-
 chuaid is-in tempul, 7 ro-chuir ass immach na huli batar ann oc 4390
 creice 7 oc cúnrad 7 oc cennaigecht a n-indmais 7 a marcaid
 ár-chena is-in tempul, 7 ro-chuir cend dar cend 7 druimm dar ais
 miassa na monotóri, 7 cathaire na fairne no-ehreccatis ann beos na
 coluime; 7 is ed atbert friu, icc a n-indarbu ass imach :—“ Ata is-in
 scriptuir, ol Ísu, uair mo thegdais-si, bid he a hainmm, tégdais ernaig- 4395
 the 7 etarguide dar cend beo 7 marb; da-ronsabar-si imorro di innossa
 co n-id uaim latrand 7 cennaiged hí.” Ocus tancatar ann-sin focétoir
 co hísu is-in tempul aes cecha tedma 7 cecha doccomla .i. claim 7
 daill 7 baccaig 7 coss-gallraig, 7 ro-slanaiged uli uad-som-focétoir.

4400 Matha mac Alphe, in shúí Ébraide, in dara apstal déc ro-thog Ísu
 i n-urđ apstal, in cethramad suiscealach ro-scríp in soscele coimdetá,
 is e ro-scríp in liachtain nóib-sea, aisnedes do'n inrim rigda, ruc
 Idu leis is-in domnach indíu do Íerusalem; 7 do'n erglanad 7 do'n
 4405 mirbulib do-rigue oc íce lochta cecha tédma is-in tempul 7 a
 n-echtair. Comuaim imorro 7 coibnes ciallaide na liachtan-sa, is e
 leth is aentadach fri Matha co dú i nd-epert remi:—"7 o tanic
 Ísu co n-apstalu co hErihcó, tancatar sloig hile i n-a chomitecht; 7
 do-ralatar doib ann-sin da dhall ar or na sliged ind-sin; 7 ó ro-
 4410 cualatar co n-id he Ísu dochuaid seccu is-na búidnib, ro-dúcairset
 o guth mór, 7 is ed so ro-raidset:—" *miserere nostri, fili David,*" is
 inand ón 7 "airchis dín, a meic Dauida"; 7 tarrusair Ísu fris-na
 dallaib, 7 ro-thochuir chuice iat, co n-epert friu:—"Cid is áil duib,
 a throgu uaim, co ndernur díb?" Is e freccra do-ratsat na daill for
 4415 Ísu:—"slanaighther, ol iat, ar súile dún." Ro-airchis imorro Ísu do
 na dallaib, 7 ro-furim a laim for a roseaib, 7 tuctha doib a súile
 focetoir, 7 tancatar iarum i n-a chomitecht-som, 7 batar immalle fris
 ic erdarecugud bréthri Dé, 7 oc silad na cretme; co n-id for slicht
 na mbriathar-sin ro-scríb Matha in liachtu noib-sea, co n-apair:—
 4420 "7 o ro-chomfoesig Ísu co n-apstalaib do Ierusalem."

O ro-fitir in slanécid Ísu cu r-chomfoesig aimser a césta, is aire
 ro-b ail dó comfhoiesiugud do'n chathraig im-mbiad in césad .i. do
 Ierusalem, co mbad follus do chach as sin, nach ar écin, acht is
 di-a deoin fén, dochuaid-sium fria croich 7 césad. Ocus o n-athigtis
 4425 co Bethfáge for slis slébe Oliueit: in Bethfáge atberar sund, bale bec
 sin for táeib slebe Oliuécit, díles do-gres do shacartaib. Is and-sin
 ro-fhaid Ísu uad dis di-a muntir: cubaid ind árim ind umir i-n ro-
 fóid Ísu uad a apstalu .i. ind árim déda; uair is gnáth rúin 7 sians is-
 in scriptúir is-in árim-sin, co n-id aire-sin sis 'n-a déda ro-thog Ísu a
 4430 apstalu i n-a cé[t]-toga; 7 dín, sis 'n-a dédaib ro-fhoid uad iar-tain,
 do procept 7 forcetel sechnon tíre Iúda; 7 is ed so adbert friu:—"er-
 cid is-in castel ar bar n-agaid." Is he castial atbeir Matha súnd, cas-
 tial Maire 7 Martha; uair is gnath is-in t-shoscela in t-ainm fair, amal
 démniges Eoin sin, co n-apair:—"Do-rala imorro and ind inbuid-
 4435 sin, ar Eoin, araile fer ingalar, Lazurus a ainm-sium; a castel
 Muire 7 Martha dó." Tri-a remfhis dín 7 tria fhollsiugud in spiruta

noib ro-thuc in slaniccid Ísu co faigebtha assan and, 7 co n-id i cuibrech fagebtha, 7 co mbiad óc ech imalle fria, 7 co comarlécifís do na hapstalaib. Co mbad trias-in cumachtain ndiada, fri-s na fetar fritecht ná impressain, atberad Ísu in aithusc-sa; no is aroli 4440 sain múnnterus bóí dó fri tigerna na n-ech, co r-b'ail lais a leud chuide cen impressain. *Hoc autem totum factum est, ut adimpleretur quod dictum est per prophetam dicentem:—“dicite filie Sión, ecce rex tuus uenit tibi mansuetus et sedens super assinam et pullum filium subiu-galis.”* Hil-libuir Zacair din ro-scribad in líne noeb-sa: oen do na díb 4445 min-fháthib dec e-sside. Is i imorro ingen Sioin atbeir Zacair sund .1. Ierusalem, uair is for sliss tuaiscertach slebe Sióin ata-side iar suidigud, amal demniges in salm-cetlaid, co n-abair:—“for tuaiscert slebe Sioin, ol in salm-chetlaid, ro-cumdaiged cathir in rig moir” .1. Ierusalem. *Euntes autem discipuli fecerunt sicut precepit eis Iesus; 4450 et adduxerunt assinam et pullum, et imposuerunt super eos uestimenta sua.* Is follus indiu mor dethidiu 7 mor grád in choimded cos-na hapstalu, uair ní namá do-ronsat in ní ro-herailed forru, acht ro-thuillset tria umalóit 7 cáin-duthracht ie tabairt a n-éaig fén fors-na hechaib, co mbad t-shoccomlaite do Ísu marcachus do 4455 denum forru iar-tain; co n-id di-a forgell-sin atbeir Matha sund, *et eum desuper sedere fecerunt.* Demnigid tra Matha sund, Ísu do shuide for cectarde na dá ech, cen co-p ar seís no ar fhot in uide tanic tuetha chuide; acht is do thóraind rúine na da popul, for a tairisfed-som rí 7 tigerna iar-tain .1. popul na n-Iudaide n-íressach, 4460 7 popul na ngénnte togaide. Ructha imorro focetoir o'n t-shlaniccid na hech-si for cúla di-a tigernaib, amal demnigther is-in soscela iar n-Ébraidib.

Is iat da-ronsat in dethite-sin, na búidne tancutar o'n cathraig o Herichó 7 Betania 7 o na cathrachaib comfhocsib i comitech t Ísu. 4465 Is iat din do-ronsat in umaloit-sin, na búidne tancatar i comdál Ísu o Ierusalem do fégad Lazair; uair ro-closs fo'n tír uli a thódusc-ad-side do-som ab-bas. *Turbe autem que precedebant, et que seque-bantur, clamabant dicentes, ossanna, fili David, benedictus qui uenit in nomine Domini;* amal bid ed atbertís na buidne immda 7 na sloig 4470 mora fri hÍsu:—“ro-n-shlanaig, a meic Dauida, is-na ferannaib-se ro-po rí foraind fectus n-aile t'athair” .1. Daid. No, amal bid ed atbertis .1. “amal ro-shlanaig inallana lucht cecha tédma 7 cecha

- doceumla 7 cecha glhifite, hi nglendaib isle na Galile, ro-n-slanaig
 4175 sinde innoosa amal-sin i slébtib arda trebe Iúda." Cia nech imorro
 do rigaib 7 do aircindechaib in t-shaegail tanie riam eo a chathraig
 ndúthaig fodéin co nglóir 7 anoir na meti-sea, amal tanic Ísu co
 hIrusalem is-in domnach indiu ? 7 is s-ed sin ro-cumscaig in cath-
 raig uli i n-a agaid-sium, amal dénniges Matha sin, co n-apair :
 4180 —*et cum intrasset Ierusalimam, commota est uniuersa ciuitas.* Ainm
 eathrach dobeir in suiscealach sund for aittrethchaib na eathrach
 fodéin .i. ina Ierusalem, amal bid ead atbered, "ro-cumscaigit suid
 7 saeairt in popuil Iúdaide hi tnúid 7 format i n-agaid Ísu"; 7 ni har
 amaichinus doib na persaine tanic and, acht is ar a ingantus leo, onori
 4185 na méti-se d'fhágbaill do'n duine ro-po deroil 7 ro-po dínsgithe fiadaib
 fen. *Dicentes, quis est hic?* amal bid ed athbertis, "nach e so, ol iat, mac
 Iosep ? 7 cid he ni mac fir uasuil d'airithe" ? *Populi autem dicebant,*
hic est Iesus propheta a Nazareth Galilee. Cúbaid in frecre do-ratsut na
 buidne sund .i. fáith do gairm d'Ísu; dethbir ón, uair is e-ssium in
 4190 fáith iar fir, 7 is nad ata rath eena 7 fatsine do dúilib petar-
 kaiethe 7 ní-fhiadnaise. O Galil din sloindset for a altram 7 a
 thócbail i nGalil. Dochóid Ísu iar-sin is-in tempul .i. dochóid
 is-na hindlessaib batar imo'n tempul. Uair is inntib-side fuair
 4195 7 na eóerchu 7 na columbia, 7 is estib ro-s-díchuir co n-a crodaib 7
 co n-a cundarthaib. Co n-id aire-sin atbeir Matha sund :—*et circie-*
bat omnes uidentes et ementes in templo, et mensas numulariorum
et cathedras uendentium columbas euertit. Is aire din do-rigne in
 4500 som ar eem fri croich 7 césad. Is he seo firt is mou do-rigne Ísu
 i-flus is-na talmendaib .i. in t-océin duine 7 in duine na r-ba hanor-
 ach is-ind amsir-sin, d'indarbud co srogill mbice na slóg mór 7 na
 sochaide n-immda, ro-batar oc creice 7 ic cumrad is-in tempul.
 Ruethen tentide imorro ro-mebaid as a roscaib, 7 do-raitne o mor
 4505 gne a diadachta sechtair for a daenacht, co na caemnacair nech fri-
 tidecht no impressain friss. Fa thri imorro do-rat Ísu in erglanud-sa
 for thempul Ierusalem .i. is-in domnach indiu, amal indisess Matha
 sund; is-in luan iar n-a barach, amal indisess Marcc; 7 is-in tres
 bliadain fri-a chesad, amal indisess Eoin suiscealach, co n-apair :—
 4510 "Is aire imorro no-chemnaigitis na baí 7 na cóirig 7 na cóluimna

is-in tempul, ar-daig a n-edparta ann focetoir do'n choimdid." Is aire imorro batar na monotóri ann ar-aird, daig co mbad erlaimite tomus in argait do'n foirind no-chennaigfítis na hedparta. Doig leo din co mbad dilmáin doib is-in tempul cennach na maine na-edpartís ann do'n choimdid. Acht chena, uair na r-b'aíl do'n 4515 t-shlanícid, nach cennach saegulla do denum is-in tempul noem, is aire ro-dichuir ass immach na cendaige écraibdecha, co n-a n-ind-masaib 7 co n-a cunnarthaib. "A brathri inmaine, ol in t-ecnaid, in doig lib cia haithe doberad forru, dia mbad oc debaid no ic essaentaid, ic ecnach no ic adchossan, no ic nach anoirches ar-chena, fugebad 4520 ar a chind is-in tempul, in tan ro-indarb ass immach in fairend na-cennaigítis na maine na-hídpártís ann do Dia?" O 'tconairce Ísu cennaigecht na letheti-se do denum i tegdais a athar .i. i tempul Dé, ro-gab ferg 7 ét spirutalla, amal ro-thercan in faith o céin moir anall, co n-epert:—"ro-m-gab ét im do tegdais, a Dé;" 7 do-rigne 4525 sroigill do shuainemaib becca, 7 ro-s-indarb di na sloig mora 7 na sochaide imda, ro-batar ic creice 7 ic cunnrad is-in tempul. *Et dicit eis*:—"scriptum est, quia domus mea domus orationis uocabitur, uos autem fecistis eam speluncam latronum"; ed ón, amal bid ed atberad Ísu:—"sib-si, a latrandu 7 a burbu, cia r-élnabair-si anallana 4530 tempul Dé, ní denaid duib de, o t-shund immach, margad cundraid no cendaigechta." Is aire do-rat Isu sund a rusca do na dallaib, 7 imtecht do na baccachaib, do foillsiugud in neich dlegair do denum hi tempul Dé.

Ro-fúgrad din in ímrim-si in t-slanicceda Ísu o cein moir anall, 4535 i sruthib na petarlaicce, feib ro-fúgrad is-in marc-[sh]luag tanic Zorobel mocc Salathel 7 Ísu mocc Iosadach, iar n-a chetugud o Chir mac Dair, do athnugud 7 do cumtach Ierusalem. Ro-fúgrad beos is-in marc-shluag tanic Esstras 7 Nemias iar-tain co mbuid-nib immdaib, do athnugud na cathrach cetna, Ierusalem. Amal ro- 4540 fúgrad din is-in imrim-se meic Dé i n-uasal-athrachaib ro-terchanad o fháthlib; feib ro-terchan Zacair faith, amal taithmetus Matha sund, co n-apair:—"Ecce rex tuus uenit tibi, mansuetus et sedens super assinam et pullum filium subiugalis."

Hec est istoria huius lectionis.

4545

Hec lectio habet et spiritualement sensum, ad Christum et ad ecclesiam pertinentem. In Bethfaghe atberair sund, di-a n-ad etarcert iar

tinntud fhocuil, ‘*dommus marillarum*,’ ‘tegdais na leccan’: is s-ed doforne sin iar sians, in eclais im-mínigther glanruin na serepttra
 4550 nóime do na hiresachaib. Na da descipul ro-fúid Ísu uad: is s-ed dofornet sin, na da recht ro-fóid in coimdiu is-in domun .i. peterlaice 7 nú-fiadnaise. In castel i-n ro-faidit: is s-ed doforne sin, in údomun. O ro-orðaig din Ísu ind eclais, 7 o ro-s-accomail do fen in síth 7 in muinnterus, ro-fúid chuicee di-a forcetul na
 4555 da recht adrubrumar .i. fetarlaice 7 nu-fiadnaise; 7 is ed sin dofornet na da descipul fris-i nd-ebert Ísu:—“ercid is-in castel” .i. ercid is-in domun. In da assan hi cengul: is s-ed doforne sin .i. popul na n-Iúdaide ro-cenglad fri fognam staire rechta namá. In t-óc ech: is s-ed doforne sin, popul na ngéunte ro-cumbrigid do dímaine 7
 4560 do anoirchess in forbaind gentlide. Ocus dia trialla nech impressain fri forcetlaidib na nú-fhiadnaise, ní choemsat. O dochotar imorro na descipuil, do-ronsat in ní ro-erail Ísu forru .i. tucsat leo in assain ocus in n-óc ech; .i. o thancatar na dá recht atrubramar is-in domun, ro-thuaslaicset na da phopul fuaratar and for a cind
 4565 .i. popul na n-Iúdaide o fhognam in forbaind rechtaide, 7 popul na n-génnte o fhógnam hídal 7 arracht; 7 do-s-fucsat iar-sin co haichnius in choimded tria bathis 7 heris. *Plurime autem turbe strauerunt uestimenta sua in uia*: is ed doforne sin .i. popul na n-gennte do thidecht as-in comrarcain ir-ra-ba, i comaitech in
 4570 t-slaníceda Ísu Crist. *Alii autem cedebant ramos de arboribus*: is s-ed doforne sin, popul na n-Iúdaide, geibes desmberecht do faithib 7 do uasal-aithreachaib im dénum maithiusa. Na búidne imorro ro-batar fria Crist: is s-ed dofornet sin iar sians, in popul iresach ro-fhogain do’n choimdid fria taidécht soscela. Na
 4575 búidne imorro ro-batar ’n-a diaid: is s-ed dofornet sin, popul na n-iresach indiu is-ind nu-fhiadnaise iar forcetul soscelai. Díucrait iarum na da popul-sin cus-in coimdid, do chuincid a slanaigthe 7 a fortachta uad-som. Ocus dochuaid Ísu is-in tempul .i. tanic-sium indiu is-in eclais ina nú-fhiadnaise. In fairend din na-
 4580 creccatis na hidparta: is s-ed dofornet sin iar sians .i. na hIúdaide ro-chreccat in coimdid na ndula, Ísu Crist mac De bíí, 7 ro-diul[t]sat he iar-tain. In fhairend din na-cendaigitis na hidparta tall: is s-ed dofornet sin, na gente chennaigit indiu is-ind nu-fiadnaise delba hídal 7 arracht. Na monotore ro-batar is-in tempul: is s-ed dofornet

sin, na hairitecdu dogniat praicept indú ar log 7 ar tuillem saegulla. 4585
 In fairend no-crecatís na colummu : is s-ed dofornet sin, na hindlig-
 thig dluigit síth 7 rethinche na heclaisi noime. √ Ísu dia rad friu,
 “ mo thegdais-[s]e, bíd he a hainmm, tegdais ernaigthe ” ; amal bud
 ed atberad Ísu :—“ a Iúdaide, a gentlide, a eretecdu, a indligthide, a
 brathre togaethachu, ro-elnebair cus-trasta 7 cus-indú in eclais,—o 4590
 shund immach imorro ní comarleicfidder dúib a helniud.” Ocus tan-
 catar na daill co hÍsu is-in tempul : is s-ed doforne sin, in popul gent-
 lide na r-flhég fírinne forcetail in t-shoscela, 7 lenas do'n comrarcain
 gentlide. Na baccaig tancatar co hÍsu : is s-ed dofornet sin .i. in popul
 no-lenad do stair rechta nama, 7 nach imthiged iars-in etargnu spirut- 4595
 alla. Tancatar iarum na da phopul .i. in popul Iudaide 7 gentlige
 co hÍsu, i nd-eclais na nu-fiadnaise, 7 ro-slanaigthe uad tria bathis 7
 tria iris.—Is e sin etargna siansaide na liachtan-so.

Tectaid in liachtu-sa eid etargnai moralla. In Bethfage di-a ta
 briathar i-fus, di-a n-ad etarcert iar n-araile tinntúd, ‘ tegdais gena 4600
 na nglend’ : is s-ed doforne sin iar mbestataid, in duine no-s-imislig
 fén ar-dáig co tí in slaniceid chuice di-a fhortacht 7 di-a fhóridin. Na
 da discipul ro-fháid Ísu uad : is s-ed dofornet sin, na dá shualaig
 airegda dlegar da cech iresach do beth aicce fodén ; is inund ón 7
 serc Dé 7 in choimnessaim. In castial co-s ro-faithe : is s-ed doforne 4605
 sin, in duine di-a n-ad sloind ic na felsamaib ‘ domun becc.’ O ’tchí
 din Ísu in nduine n-inisel ic comallad a thimna 7 a fhorcetail, fáidid
 chuice na cethri suailche airegdai .i. trebaire 7 mesraigetú, sonairte
 7 fírinde. Ind assan ro-bói i cuibriuch : is s-ed doforne sin, in
 cholaind ro-s-tairbir di-a haccobraib collaige, 7 imresnaiges do spirut 4610
 a hanmma dligthige. In t-óic ech : is s-ed doforne sin iar mbésdataid,
 in anmain scétaigthir co menice ó rith cathugud a colla in n-a
 hagain. *Et si quis uobis aliquid dixerit* .i. cia thriallait na duailche
 immresain fris-na súalchib, is iat na súalchi bid fortamlai tria
 fortacht in spiruta nóim. *Euntes autem discipuli*, ed on, o thecait na 4615
 sualchi atrubramar dochumm in duine, fuaolaicit a chorp 7 a
 anmain o na hocht cairib chendaib. Na búidne immda imorro
 ro-chóraigset a n-etaige for in sligid : is s-ed dofornet sin, in duine
 léicess uad arsaidecht a thol collaide, co tic iar-sin hi síth 7 hi
 munterus Ísu. In fhairend imorro no-thescatís barru na crand : is 4620
 s-ed dofornet sin, in duine ro-hathnaiged tria chretium in t-slán-

icecda, cu tógand dó iar-sin na súalchi atta airegda and. Na buidne ro-batar fria n-Ísu : is s-ed dofornet sin, in nduine n-imechtrach ;— is e imorro in duine immechtrach .i. in animm ágdha no-s-dilsig di-a hairfitedaib collaidib. Na buidne imorro ro-batar i n-a dhiaid : is s-ed dofornet sin, in nduine n-immedónach ;—is e imorro in duine immedonach .i. in animm oentaiges di-a dliged féin 7 do chomairlib in rechta diadaí. Diuerait na da duine-sin co hÍsu, oc cuinchid al-legis 7 al-lesaigthe fair. Isu do dhul is-in tempul : is s-ed doforne sin, in duine firén, airmither is-in scriptúir ar thempul do Dia. *Et eiecit mensas numulariorum, ul est, o thic in coimdiu chuecaind ar ar sualachib, dichuirid uaind cech sáibe 7 cech indliged ro-boi ocaind remi. Et cathedras uolentium columbas :* is e iar mbéstataid creice na coluim, grada do thabairt is-ind eclais ar chrod 7 ar indmas fors-in foirind nach dlegar hi sualachib na hi caen-bésaib. Is iat din crecait na coluim, ind fhairend gabait na grada-sin ar-daig co fhadbat cattaid 7 onoir shaegulda trithu. Is iat din crecait na damu .i. ind foirend pritehait sosccla, 7 ni for grád in chóimdead, acht is ar lóg 7 is ar thuillem saegulla. Is iat din crecait na caerchu, ind foirend dogniat crabud 7 sualchi ar-daig a n-admolta i-flus o dáinib.

Is amlaid din ro-s-órdaig in coimdiu col-léic i-flus ind eclais, cein co tí di-a torruma is-in titacht tanaise .i. il-lou bratha, iar n-indarbad uathi lúdaide 7 gentlige, heretecda 7 intlidgeithe, droch-*aesa gráid 7 droch-forcedlaide, 7 cech uile ar-chena. Et dicit eis, domus mea domus orationis uocabitur ;* amal bid ead atbered Ísu, oc athcossán doib-sin uli :—“ ro-millsibar ind eclais cos-trasta, o shúnd immach imorro, ni bia ar bar comus.” *Et accesserunt ad eum ceci et claudi :* is and din iar mbésdataid, dobeir Ísu ruseu do dallai, 7 imtecht do baccachaib, in tan fhoillsiges do dáinib in maith dlegair díib do dénum, 7 eráiles forru sin do chomailiud.—Is e sin etargna bésta na liachtan-sa.

In dómnach din, i nderna in slánicid Ísu na mírbuli móra indise Matha sund, is anórach 7 is airmitnech ic múinntir nime 7 talman ; 7 is as fuair a ainmniugud ó'n inrim rigda ruc Ísu ann leis co hIerusalem. Cia imorro acht mi-na beth borb 7 dúr o eridhe, nách greisfider im dénum maithiusa trias-na mírbulib-sea, acht in t-f mímerthar do ráith ó'n bethaid daenna? Caide imorro innshamail

na bethad daenna, acht ceó artraiges fri ré mbec 7 tinas focetoir ? co n-id aire-sin atbert in t-ecnaid oc dñisium in t-shaegail :—“ truaig 4660 sin, a betha daenna, sochaide ro-dallais, sochaide ro-múris ! is-at somilis fiad borbaib, at sérb imorro fiad ecnaidib.” In fhairend no-d-carud, is dérb nacha-t-acut ; in fairend imorro nácha-t-carut, is iat do-s-beir t'aichni féin fort.

A braithri inmaine, or in t-ecnaid, féigad cech aen uaib co trem- 4665 fhuirechair, ná ro-b dáll 7 na ro-b baccach hé iar mbésaib, céin bess i-fhus is-in t-shaegul-sa ! Uair in t-í is dáll 7 is baccach i-fhus .i. nach féigann co furachair sét na sualach, 7 nách immthigend di-a reirr-sin, láitfíther iars-in mbethaid-sin is-na dorchataib inmech-trachaib, baile i cengeltar al-láma 7 a cossa .i. scérthar fria soch- 4670 mattaid daenna cecha maithusa. In t-í imorro nach dáll 7 nách baccach i-fhus .i. fhéigas col-léir 7 co tremfuraichair sét 7 slige na sualach, 7 athascnás iarmo co dúthrachtach, ragaid in fer-sin do nirt for nert .i. do nirt a shúalach i-fhus in nert a fhochraice forórda 7 a bethad suthaine thall ; 7 féigfaid in coimdid na ndúla gnúis 4675 do gnúis is-in t-Síóin némda, 7 is-in glóir 7 is-in míadamlataid itta-som ann-sin fiad ainglib 7 árchainglib 7 mor múintire nime ár-chéna. Is e in féigad-sin na trinóti uaisle airmnitige uli-cumachtaige, athar 7 meic 7 spiruta nóim, tairngerthar ar fochraic fororda suthain mbith-buain do naemaib 7 do fhírenaib iar 4680 mbráth.

Ailem trocaire nDé uli-cumachtaig, co r-rísium uli in féigad-sin, cu ru-s-airillem, cu ru-s-aittrebam he iar-tain, *in secula seculorum, amen.*

[IX.]

CEDÁIN IN BRAITH *incipit.*

Cum autem ieiunatis, nolite fieri sicut hipocritæ tristes ; demoliuntur 4685 enim facies suas ut appareant hominibus ieiunantes ; amen dico uobis quia receperunt mercedem suam. Tu autem cum ieiunas, unge caput tuum et faciem tuam lava, ne uidearis hominibus ieiunans sed patri tuo qui est in absconso ; et pater tuus qui uidet in absconso reddet tibi.— [Matth. vi. 16]. Forcetaid cecha firinde, tidnaichid cecha maith- 4690

iusa, tatherentaid in chineda daenna, Ísu Crist mac Dé bíf, Dia 7 duine i n-aentaid en persainde, is e ro-raíd na briathra-sa, do tin-chosc lochta ina heclaisi, co festais indus bud choir dóib áine 7 trosead do dénum .i. co na ro-tháidbdtis gné mbróin ina torsi forru
 4695 sechtair, amal dogniat na breaire, do chuinehid a n-ádmolta o dóinib; acht co mbad gné shubach forbaelid no-thaidbdtis forru sechtair; *dicens, cum autem ieiunatis.*

Matla imorro ro-serib i corp shosccla co mbeth i cumni ico'n eclais. Coibnius imorro inna haisneissen-sa for a cula, is e leath
 4700 atoibe (.i. is aentadach) fri hÍsu, co dú i nd-erbarb reme, ic forectul inna firinde, *Attendite ne iustitiam uestram faciatis coram hominibus, ut uideamini ab eis: alioquin mercedem non habebitis apud patrem uestrum qui in celis est: co n-id for slicht na mbriathar-sin atbeir Ísu so, cum autem ieiunatis, nolite fieri sicut hipocritae tristes.*

[See Appendix for this Homily, which is almost wholly in Latin.]

[X.]

De Ieiunio Domini in Deserto incipit, et de temptationibus quibus diabolus eum temptauerat. [45 a 7

4705 Rucad Ísu an imbuid-sin o spirut di-a aimsiugud and o diabul; 7 o ro-áin 7 o ro-throise and cethracha laa 7 cethracha aidehe, tárfaid gné ngorta fair; 7 o thánic diabul co hÍsu di-a aimsiugud, is s-ed atrubairt fris:—"Ma-s-at mac Dé iar f hír, apair co r-bad baingin na clocha-sa." Is e freecra do-rat Isu for diabul:—"Ata is-in scriptúir,
 4710 nách is-in baingin stairide namá ata betha do duine, acht is a mbrethir Dé do chomaillid." Is ann-sin ruc diabul lais in n-í Ísu is-in cathraig nóim, 7 ro-n-ordaig ann for béind aird in tempuil; 7 is s-ed ro-raíd fris:—"Ma-s-at mac Dé iar fir, no-t-léic síis do'n béind aird-si in tempail co lár, 7 ni erchotigfe duit; uair ata is-in scriptúir, 'uair
 4715 ro-t-aithne-seo in coimdiu di-a ainglib, cu ro-t-coimetatis i t'ulib sét-aib, 7 cu ro-t-umorchortis for lámaib co na ro-bera do chos ail-béim.'" Atrubairt Ísu for diabul:—"Ata din is-in scriptúir, 'ni tharda amus for da choimdid 7 for da Dia, a duine fhírcoin.'" Ocus ruc leis iar-sin diabul in n-í Ísu i sliab ro-ard, 7 tuarcaib do ind-sin in uli

flilathiusa in domáin co n-a ngloir 7 co n-a n-ádbehlos ; 7 atrubairt 4720
 diabul fri hÍsu :—“ Dabér-sa duit-si, for diabul, inna huli maith-
 iusa for da chomus, dia sléchta dam 7 dia nu-m-ádra.” Ocus atrubairt
 Ísu fri diabul in tan-sin :—“ Eirc for-t chúlú, a chotarsnaig ! uair
 ata is-in scriptúir, ‘ adair do’n coimdid 7 do Dia, a duine fíreóin, 7 co
 mbá dó a aenur fhogna.’ ” Is ann-sin forácaib diabul in n-í Ísu, 4725
 uair forémid ní dó ; 7 is follus tancatar aingil nime do umalóit
 7 do thimthirecht dó.

Matha mac Alfei, in súi airdraic forburach do Ebraidib, is e ro-
 scrib in liachtain nóib-se, indises in gním n-uasal n-airmitnech
 pridchaither is-in laithi-se indíu .i. Ísu Crist mac Dé bíí, slánicid síl 4730
 Ádaim uli cu coitchend, do thoct i ndíthrub srotha Íordanén, co
 ro-áin cethracha lathi 7 cethracha n-áidche, 7 co ro-bris cath fa thri
 for demun i forbu a áine 7 a abstane. Oentu imorro 7 coibnes na
 liachtan-sa, is e leth is aentudach fris-in suisce-laig fri Matha, in tan
 atrubairt-sim remi i n-a shoscela, ic taithmet baiste meic Dé :—“ O 4735
 ro-baisted din in slánicid Ísu, dochuaid focetoir as in sruth suas for
 tír ;” co n-id a haithle na mbriathar-sin [ic] taithmet baiste meic Dé
 scribais Matha in liachtain nóib-se, indisess do threaimsiugud Ísu
 is-in díthrub, co n-apair sund :—“ O ro-baisted in slánicid Ísu o Eoin
 i sruth Íordanén, ro-greis spirut he focetoir do dhul i ndíthrub di-a 4740
 aimsiugud ann ó diabul.” Rucad Ísu i ndíthrub di-a aimsiugud ; 7
 ní ar ecin, nách i n-agaid a tholi ; acht is ó duthracht a menman
 badéin dochoid ann. Adlesc-som aráide do dhul i ndíthrub iar toil
 7 iar n-aeniud a cholla ; laind imorro 7 escaid e-ssium iar toil 7 iar
 comairle a menman 7 a dligid ; uair ro-fhitir an iarmairt no-biad de 4745
 iar-tain .i. athordugud diabuil i n-a n-ingremandaib 7 i n-a aimsib
 cechlathidib fors-ind eclais. I ndíthrub rucad : ar tri fáthaib imorro
 dochoid Ísu etir i ndíthrub. Is e in cetna fáth .i. co mbad i ndí-
 thrub no-chuinched Ísu duim-ne in maith ro-t-shechmallsamair i ndí-
 thrub .i. aittreb parrduis. Is e in fáth tanaise, co mbad i ndíthrub 4750
 no-cloud Ísu diabul, is-in luc i-n ro-chlóei diabul duine. Is e in tres
 fáth, uair is-in díthrub do-rochair duine .i. Adam, co mbad i ndí-
 thrub atresed tria duine .i. tria Crist. O spirut rucad Ísu i ndíthrub :
 o’n spirut nóeb cen chuntabairt, amal for-t-gella Lucas suisce-lach i
 n-a shoscela, co n-apair :—“ Ísu lán o rath in spiruta nóib ro-gressed 4755
 in dul i ndíthrub, co ro-hainsigtea o diabul ;” uair ro-po chubaid co

ro-chload ar n-ainisi-ne o aimsib in tí thanic di-ar fhuaslucad-ni tria n-a bás a bás ; uair amal ro-saerad ind eclais o bás na peni suthaine tria n-a bás-som aimserda, is amlaid shaerthar o aimsib 7
 4760 o ingremaib cechlathidib diabuil, trias-in fhoitin n-aimserda ro-boi do Ísu sund ; uair is súnd ro-eübriged diabul o shlabradaib díthuas-lacthib, co nach cumaing ingreim na heclaisi o-sin ille mar dú-thracair.

Ocus o ro-ain Ísu ann-sin cethracha lathi 7 cethracha n-aidche :
 4765 is aire imorro ro-ain Ísu cethracha lathi 7 cethracha n-áidehe, ar chuibdius fri recht 7 fáitsine, amal atrubairt Ísu fen is-in shoscela :—
 “ ni do scáiled rechta tanae-sa, ol Ísu, acht is di-a chomailliud.” Uair Móysi augtar in rechta diadai, ro-ain cethracha lathi 7 cethracha n-áidehe i sléib Shína ; co n-aire-sin arroét in recht scribtha do láim
 4770 in choimded uodessin. Helí din cend na fhátha, ro-ain cethracha lathi fo'n indus-sin, dia mboi i ndíthrub srotha Carith. Augtar din fodén in chiniuda daenna .i. Ísu Crist, dia mbui eter dóinib, ro-ain fri re cethrachat lathi 7 cethrachat n-aidche i ndíthrub srotha Iordanen, amal indises Matha suiscealach súnd ; 7 ni ro-thomail nách
 4775 mbiad in airet-sin. Sin-ne din, is s-ed dlegair dín do réir na ndes-mberecht-sin, cu ra-thraethum 7 cu ra-thimaircem ar corp, feib ar cumaing, i n-áine 7 i n-abstanait, fri re in chorgais chésta iar n-a índtshamail-seom.

Tarfaid iar-sin gné ngorta fair : is aire imorro ro-rad Ísu
 4780 gné ngorta 7 accorais do beñ fair iar forba a áine 7 a abstainte, co mbad dánaite tísad diabul di-a aimsiugud. Ocus o tanic diabul co hísu di-a aimsiugud, is s-ed ro-ráid fris :—“ Ma-s-at mac Dé.” Cia cuntabairt ro-boi aige, in tan atrubairt, “ ma-s-at mac Dé ” ? Ro-bo doig em leis cu r-ba duine namá, ar a gene-
 4785 main o'n bannscail .i. o Muire óig ; doig imorro leis co mba Dia, uair ro-honoraigset aingil nime hé i n-aidche na gene coimdetá, 7 ro-chansat cántaic na glóri diada do ; 7 is s-ed átbertis fris :—“ Gloir do Dia is-na huaislib ” ; doig din leis co mba duine, in uair dochuaid i n-Egípt for teiched fria n-Iruath ; do-rúmenair din co mba Dia,
 4790 dia fhacca in spirut noem do thuidecht fair i ndeilib choluim ; lan demin imorro le[s]-sium co mba duine namá, dia fhacca gne ngorta fair is-in díthrub ;—co n-id aire-sin atrubairt fris súnd :—“ Abair cu r-bat bairgin na clocha-sa.” No-cho n-ed atrubairt diabul fri hísu

sund, 'dena' acht 'apair;' uair ro-fitir-sium co n-id sochma do Dia
 cech gnim do denam tria n-a bréthir; mar bud ed atberiid:—"ma 4795
 ro-thusmis na huli do nefni tria bréthir, ni doilig duit innossa co ndena
 bairgená do na clochaib-se." Is aire is bairgen sech cech mbiad
 atbeir diabul sund, uair is imchubaid in sásad-sin do neoch bis
 i ngorta; amal demniges in fáith sin, co n-apair:—"o chaithes in
 choland in mbiad stairide, is sásad 7 is airfithiud di he": is nert- 4800
 mairite beus 7 is calmaite in menma daenna. Is e frecre do-rat Ísu
 for diabul:—"Ni is-in t-shassad chorptha namá ata betha do duine,
 acht is i timna De 7 i n-a forcetul do chomailiud." Ci-p e din na
 sástar ó bréthir Dé, ni beo; uair cia thechtaid in pectach bethaid a
 chuirp, ní thechtaid bethaid a anmma [.1.] Dia. Uair amal is f in 4805
 animm is betha do'n churp, is amal-sin is é Dia is bethu do'n
 anmain; 7 amal is e bás in chuirp a déirge ó'n anmain, is amal-sin
 is e bás na hanma a déirge o Dia. Uair cia atefter in pecthach co
 techtand bethaid as ind raind is deróile and .1. ir-raind a chuirp,
 ni thechtand as in raind is uaisle .1. ir-ráind a anma; co n-id 4810
 córa de-side marb do rád fris-in pecthach andaás beo, air fuigill na
 screptra noime. Is aire imorro is frecre ailgen mfn-chemmais in
 indus-sa do-rat Ísu for diabul súnd, uair is tria úmla 7 tria inísle ro-
 chind aice a chlood, 7 ni tria fornert a chumachtan for écin.

Is ann-sin ruc diabul in n-í Ísu leis is-in cathraig nóib. Ni ar 4815
 laiget a chumachtu ro-fhodamair Ísu do diabul a imluad sund, acht
 is co tardad desmberecht do chách in mod o clóftis he,—tria umla
 7 tria inísle, tria chenna 7 tria áilgine. Ruc diabul in n-í Ísu is-in
 cathraig nóib .1. i n-Ierusalem, amal atbert Lucás suiscelach:—"7
 ruc diabul in n-í Ísu i n-Ierusalem, 7 ro-n-ordaig for beind aird in 4820
 tempuil." O ro-n-aimsig o dhualaig in chraís, cu ro-n-aimsiged o
 dualaig na maidmige. Uair o tri modaib ro-aimsig diabul in n-í Ísu
 .1. ó chraes, o maidmige, o diumas; 7 is o na modaib-sin is menciú
 aimsiges-sum in ciniud ndéonna ar-chena. Aráide ni chaemnacair ní
 do Ísu o nach mud do na modaib-sin; deithbir ón, uair ní ro-thecht 4825
 Ísu nach ngaile chinad do pecud gnéthech na bunad-gennti. In bend
 ard imorro in tempuil atberair sund, cathair sin inna forcedlaide
 im-medón taidbled in tempuil di-a n-echtair .1. da cubait déc o lár.
 Ocus atbert diabul fri hÍsu:—"Foillsig dún innossa, ma-s-at mae
 Dé, no-t-léic síis do'n beind aird-se in tempuil co lár." Is s-ed atbert 4830

- fris, “no-t-léic síis,” 7 ní a shróined no a thrascrad da-róine; uair conic diabul co tren 7 co calma 7 co dána fhaslach in uile for na dóinib, araide ní chumaing écen do thabairt no d’imbert forru, mine aentaiget fén fris do réir a toli; co n-id dia fhollsingud in
 4835 fhaslaig-sin atbert diabul sund:—“Ata is-in scriptuir, or diabul, co ro-t-aithne-seo in coimdiu di-a ainglib, cu ra-chométatis i t’ulib sétaib, 7 cu ro-t-imorcortís for lámaib, na ro-bera do chos ail-béim.” Ní do Christ iar fhír ro-chan in fáith in-seo, acht is dá cech duine noem ar-chenai; uair ní ric a less Crist a fhortacht nach a fhóiridin
 4810 etir o ainglib. Is ole din ro-tracht diabul sunn in scriptúir .i. co ro-aidilgniged in slánicid Ísu o fortacht aingel, amal no-aidilgniged duine indlobar. Celid imorro diabul in fers a fhil a thuinsem fen amal fheichem ígnach; uair is do fhollsiugad in tuinsim-sin do-berat na dóine forpthi for diabul, ro-chan in fáith in fers do coise, co
 4845 n-apair:—“Imthigfe-su, a duine fhíreoin, ar in fáith, for nathrach-aib némnechaib .i. for in n-aspid 7 for in mbassilic; tuinsema din in leoman 7 in dracoin”;—is inund ón 7 “clóife 7 foruasligfe aimsi 7 tidfuabarta diabuil tria rath in spiruta nóib.” Atbert Ísu doridise fri diabul iar-sin:—“Ata is-in scriptúir, ar Ísu, ní tharda amus for da
 4850 choimdid 7 for da Dia, a duine fhíreoin.” Díchurid Ísu sund o chath-sciath na firinde díbrachtí toghaethacha diabuil as in scriptuir; is inand ón 7 athgid o fhírinne na screptra fadessin cefaide bréaccha diabuil as in scriptúir nóib: ní tharda amus for da choimdid 7 for da Dia, a duine fireoin.
- 4855 Is amus for Dia do neoch, dia maide as a shúalchib 7 as a degnimaib; is amus for Dia din, dia tairisnige nech i n-a nóime 7 i n-a fhírénchi fadessin, amal na rised a less etir a fhortacht nach a fhóiridin o Dia; is amus din for Dia do neoch, dia nu-s-tarda fadéin i ngáibthib 7 i nguasachtaib tria anfhaitchius 7 tria étrebairé
 4860 i n-agaid toile Dé; uair is menic aithnes Dia is-in scriptúir, co ro-imgaibe nech gaibthe 7 guasachta in t-shaegail tria fhaitches 7 tria threbaire,—amal is follus sin is-in probeirb choitchind, ‘is cian o ghuasacht cech faitech’; 7 din ata is-in derbáruse aile .i. is-in probeirb aile, ‘*deutabis periculum, et deutabit té,*’ is inann ón 7 ‘imm-
 4865 gaib ág 7 no-t-imgeba. Ocus ruc iar-sin diabul in n-Í Ísu i sliab ro-ard .i. i sliab n-Olifet, no i sliab fluathaigthe aile ar-chena .i. a thaidbsin dó chena tria rindad no tria ercad i n-a menmain 7 i n-a

imradud, amal is gnath sin i n-extais menman no i n-aislingthe. Cia hingnad din, cia na-deonaiged Ísu do diabul a breth is-in sliab n-ard út, in tan ro-dheonaig iar-tain a crochad do ballaib diabuil .i. do 4870 Iúdaidib ? uair is tria fhaslach diabuil ro-crochad Crist. Ocus tar-faid dó and-sin uli flaithiusa in domain co n-a ngloir 7 'n-ádbchloss : uli indmusa in domain eter ór 7 argut 7 lega lógmara 7 étdaige tóga. Ocus atrubairt diabul fri hÍsu :—“ Dobér-sa duit-siu na huli-se for-t chommus, dia-m-shléchta dam 7 dia nu-m-ádra.” Tria n-a 4875 máidmige din 7 tria n-a dífumus n-ingnathach ro-labair diabul fri hÍsu in n-aithese-sa : uair ní thechtann nach cumachtain no nach comus do oirdned na ndóine ; uair ro-fhetamar-ni cid sochaide do noemaib 7 do fhénaib ro-hordnit is-in t-shaegul, co n-id o Dia ro-hordnit 7 nach o diabul. Dia slechta dam 7 dia nu-m-adra : 4880 ro-labair in fhúinde a hoenur sunn ag-gin diabuil, uair is fír co tuitend i malairt 7 i n-etarthuitim shuthain in t-í ón slechtas do diabul 7 adras di-a chomairle. Is ann-sin atbert Ísu fri diabul :— “eire for-t chula, a chotarsnaig!” .i. eire is-in tenid suthain ro-faired duit-si fen, a malartnaig, 7 do to droch-muintir ; no, eire for-t 4885 chulu, a chotarsnaig, is inund ón 7 tabair dail dam fa-decht-sa cen m' aimsiugud co hamsir in chesta ; no don, tabair dáil do'n eclais cen a hingréim co hamsir Antichrist : uair is ann-sin taithmigfider a chuibrech do diabul, 7 is and aimsiges 7 imgrindfes ind eclais o aimsib 7 o ingremannaib dofhulachtaib. Is and-sin foracaib diabul 4890 in n-í Ísu, uair forémdid nach ní dó ; ocus tancatar iar-sin angil nime do umalloit 7 do thimtirecht dó. *Precedit temptatio ut subsequatur uictoria*, is aire ro-damair Ísu do diabul a aimsiugud ar tus, co mbad fhollas a chumachtu iar fholad a deachta ; 7 din do thaidb[sin] na mbuada 7 in choscair no-berad de iar-tain. Is aire din no- 4895 thimthiritís aingil nime dó, do derbad 7 do démniugud glóire 7 onóire in choscairig, 7 din do fhoillsiugud na mbuada 7 in coscair ruc do diabul.

Ro-fugrad o chéin moir anall ó sruthib na feterlaethi in buaid-se meic Dé di-a námait. Uair ro-haimsiged popul Dé fri 4900 re cethrachat laithe o Góla Felestina i nglind Teribinti ; 7 ro-foided Dáuid mac Iesé o athair do thórruma a brathar ro-batar immalle fri Saul is-in longport, 7 ruc cóic clocha leis a sruth Iordanen, co ro-marb Gola cus-in cóiced cloich : is ed tuicther as

4905 sin, in Daid rúnda Ísu Crist do fhoidiud o'n athair nemda do thórruma a brathar .i. na n-Iúdaide ro-batar hi nglind in t-shaegail ; co tue cóic lebuir Móysi al-libur ina screptra diada, co n-id as in cóiced liubur .i. as in Diuternoim, ro-uaislig in n-í diabul, 7 ruc buaid 7 coscar de.—Is e sin etargna fhollus na liachtan-sa.

4910 Mad iars-in etargna runda imorro ;—Ísu do dul i ndíthrub : is ed doforne sin, ind eclais do scarthain fri pecthaib 7 fri dúalchib iar n-a noemad 7 iar n-a coisecrad, amal démniges in fáith sin a persaind na heclaisi, co n-apair :—“ Ro-scarus, ar-sin, ind eclais fri pecthaib 7 fri dúalchib ; dochquadus din i ndíthrub 7 in etarehéne

 aduatar biasta 7 ethati. Do-llotar tra na Cristaige co coscur 7 co
 n-atlugud buide do Dia, co mbatar i n-uaim Míchil archaingil,
 7 fuarutar folliuchta beca is-in uir ic dorus airther-descert na 6330
 huama, co nu-s-fetatar co mbad he Míchil archangel ro-fhoillsig
 ardhe 7 comartha a fhrearcusa and.

Iar-sin ro-suidiged eclais 7 altoir is-in lue-sin, 7 ro-edbairset
 iar-sin edbarta do Dia 7 do Míchil is-in inad-sin : ainm do'n eclais-
 sin din *Aposania* (no *Appodonia*) .i. *costa*, fo-bith na folliucht (no na 6335
 n-essi) batar inti. Ba cuntabairt imorro leo dús in ba dílmáin
 doib inotacht in inaid-sin 7 a chosecrad : is i comarli do-s-gnisset
 iar-sin .i. ro-cúmtaigset eclais do Phetar apstal fri huamaid anair,
 7 ro-suidigset dí altoir inti .i. altoir do Muire 7 altoir aile d'Eoin
 Babtaist. Ro-fóidset tra techta uadib co habbaid Róma .i. Silbes- 6340
 tar a ainm-side [.i. in trichatmad abb o Phetar], dus cid dogentais

- im choisecrad na heclaisi. Ro-bi comairli Shiluestair doib, air-
chindig na Róma, co ro-áinitis dib-linaib .i. comarba Petair cu
popul na Róma, 7 aittrebthaide na cathrach Seponte. In adaig
6315 dedinach iarum ina haine, ro-artraig Michel do epscop na cathrach
Seponte, co n-epert fris:—"cid dochianus duib, or se, coisecrad na
heclaisi? uair ro-choisecras-[s]a fen chena lí. Ercid inti nama i
mbarach, or Michel, co n-oiffrennaib 7 co n-edbartaib, 7 guidid in
coimdid i m'anmaim-sea"; 7 atbert, co na dernatís cumdaige de
6350 ór no d'argat is-in eclais, acht co mbad glaine eride 7 menman 7
gréseche ernaigthe dognethea inti. Do-luid iarum in t-archaingel
inti .i. i ndeilb eoin etrochta, 7 da-ro-raind fot 7 lethet 7 airde ina
heclaisi, 7 forácaib folluicht a mer fors-an ailig, 7 marait beos.
Ocus fororeongart do'n phopul timmna 7 forcetul rechta Moysi do
6355 comallud 7 forcetul sosccla. Atat tra teora columna ic fulang na
heclaisi-sin, 7 suidig banna la taeb na columna medonchi in cech
aimser; bid lestar gloinide co slabradaib airgide fo'n usce-sin, 7
fodáilter do na tuathaib fri himfhulang n-feece. Snigid banna aile
la taeb na columan airthirche co línand lestar ngloinide aile, is e
6360 side usce fhodáilter fri sacarbaic 7 fri affriund. Snigid din banna
aile la taeb na columan iarthairche as in telaig, dítnes ind eclais fris-
in altoir a-tuaid, 7 líntar lestar gloinide de; 7 tiagait in foirend is
eraibdigte araile is-in phopul iar n-airitin chuirp Crist 7 a fhola, co
mblaiset in lind somblasta-sin; 7 iccid in lind-sin cech ngalar 7 cech
6365 n-aingees. Ata din ní aile do adamra ann, .i. cid mor in tepersain
7 in fleochad, ní thormaiget na bainde-sin, 7 cid mor in tartt,
ní-s-dígaib. Ocus ní lamur tra inotacht na huamad-sin in aídche,
acht is la fuined 7 la turgabail ngrene tiagar inti dó ernaigthe, co
n-imnaib 7 co salmaib 7 co n-edpartaib do'n choimdid na údula.
- 6370 Tri herdaige dlegar do denum i sollannaib na noem 7 na fhíren;
is e in cetna erddach, celebrad 7 procept brethri Dé; is e imorro in
t-erddach tanaise, edpairt chuirp Crist meic Dé bíí 7 a fhola, de
chind in phopul Cristaide; is e in tres erddach, biad 7 étach do
thabairt do bochtaib 7 do aidelcnechaib in mor choimded na údula.
- 6375 Ci-p e din dogné ina herddaige-si, i n-ainmm noem Míchil arch-
angil, bid fortachtaigthe Michel dó tria bithu na bethad, 7 dia lathi
bratha i n-esergi na noem 7 na fhíren 7 lucht in domain ar-chena
cu coitchend. Is e tra fáth ar-a n-abar airchindech re Míchil

archangel; uair in tan do-rígne Dia in domun, ro-choraig air-
 chindech airithe do na hulib dúilib saindredach:—Lucifer do na 6380
 demnaib, grian do na rendaib, sliab Siain do na slebtib, sruth
 n-Iordanen do na srothaib, finemain do na crandaib, colum do
 na henaib, in leoman do na biastaib, in lebedan do na bratanaib,
 Crist uas doimib. Ro-chóraid din ann-sin Míchel archangel i
 n-airechus 7 i n-abdaine for ainglib nime; is e in t-árchangel-sa 6385
 indises i fhiadnaisi Dé ina hetarguide doberait na nóib fair; is
 e seo archangel na n-archangel, 7 in rind uas rendaib, 7 in tene
 tháidlech; is e so bis oc cói 7 oc deprecóit ar na hainimib
 bí a n-iffernd; uair in tan atchiat munter iffirnd gnúis náem
 Míchil archaingil, is s-ed so atberut:—“a Míchil, is tu ar n-air- 6390
 chindech, a Míchil, is tu ar rig, a Míchil, is tú shaethraiges tar ar
 cend do-gres.” Is e so tra freccra dobeir Míchel forra-sum:—
 “bim-si, or Míchel, ic attach in choimded do-gres for animmib na
 ndoine.” Is e so in t-árchangel as a guth res-a n-erigfe in cined
 doenna do luathred in talman il-lo bratha, in tan doberthar do 6395
 chach in ni dligfes:—is ann-sin láifither na hecraibthig is-in tenid
 suthain; airmm i mbia doib pian íttad 7 gorta, uachda 7 tessa, 7
 tened cin erdibad tria bithu sír; airm i mbia doib comláine cecha
 huile 7 esbaid cecha maithiusa; bid ann-sin din thoromfaiter na
 hanfhirecin iar n-il-bliadnaib, 7 ni do dígbáil a péne, amal domúinet 6400
 ecaide, acht do thormach a pian. Rechtait imorro na nóib 7 na
 fireoin is-in mbethad suthain iar n-a fhortacht tria Míchel arch-
 angel, 7 taitnigfit amal gréin is-in fhlaith nemda; airm i mbiat i
 n-oentaíd uasal-athrach 7 apstal, i n-oentaíd aingel 7 archangel, is
 a n-oentaíd is uaisle cech n-oentaíd, i n-oentaíd na noem trinóti 6405
 forordhai, athar 7 meic 7 spiruta noim.

Ailem trocaire Dé tria innpide noem Míchil archangel; ro-
 hisam uli in oentaíd-sin; ro-s-airillem, ro-s-aîtrebam, *in secula*
seculorum, amen!


[For **XVII.**, see Appendix.]


[XVIII.]

107 β 57] *Incipit DO'N AITHRIGE in-so.*

6110 ^{leach} Cia ~~ce~~^{na} ro-forchan aithrige do denam for tús ?
 Ni ^{leach}nsa. Iohan Baup^{leach}taist 7 Ísu Crist 7 Petar apstal, is iat sin
 in cetna triar ro-s-ordaig ind aithrige ar tús. Eoin Baup^{leach}taist,
 imorro, is aire ro-s-ordaig-sium aithrige do dénam hi cinaid na
 prim-fhaithe noem ro-marbsat in popul Iudaide .i. Danihel 7 Here-
 6115 mias 7 Eziciel 7 Isaias 7 Mannases mac Esticia meic Amois, 7 na
 fhaithe noem ar-chena; co n-id hi cinaid a marbtha-side 7 a
 n-ingremai ro-forchan Eoin aithrige fors-in popul do-rigni na huleu-
 sin. Crist fessin din, ro-forchan in aithrige thanaise for Iruath 7
 fors-in popul n-Iudaide hi cinaid marbtha Eoin Baup^{leach}taist; ar is la
 6120 Hiruath Tetrachai mac Herotis meic Antipater meic Herotis Aseu-
 lontai ro-díchennad Eoin, 7 ro-n-ces Crist iar-tain, 7 ro-laad Petar
 hi careair: is e sin seel foraitmentar ^{reformed}hic. Is a cinaid tra marbtha
 Eoin ro-forchan Ísu Crist fessin aithrige for chach amal ro-raidsium
 romaind. Petrus apstal imorro, is e ro-forchan in tres fecht aithrige
 6125 fors-in popul n-Iudaide hi cinaid chesta Crist fessin. Ar is iat sin
 triar is togaide ro-forchan aithrige for chach, co n-id for a slícht
 teitt cech eclais hi forchantar aithrige o-sin ille.

Atat din teora hernaile do legius cech pheccaid in duine .i. mart-
 tra, 7 baithes, 7 aithrige. Atat tra dí ernail is denta do neoch in
 6130 tan do-s-^{repect}gní aithrige ^{reformed}ekolman .i. aithrige da cech ulc do-rígne o bic
 co mor; ocus aithrige aile, da cech maith na dorna mad conic a
 denam. Ar cech ole dogné nech o bic co mor, dollogfaithler tria
 aithrige ndíchraí, cenmóthla ecnach na trinóti nama; ar is dimain
 do neoch nach maith dogena mad condic de ecnach na trinoti. Mad
 6135 iar Cirine faith imorro, is e ecnach na trinóti,—ferta 7 mirbuli
 meic Dé do chur il-leth Belzebúb 7 fór neim ol-chena. Mad iar
 n-Augustin tra, is e ecnach na trinoti,—cen nach n-ernail aithrige
 do denam, no cride n-ecraibdech do beth ic neoch, 7 cen sailechtu
 -fhocraice Dé no a trocaire do thecht fair, acht arisium i n-a ule
 6140 dul i ndérchained.

Atat din cethri hernaile fors-in aithrige comlain .i. ecose na cinad, 7 fuisité, 7 loce, 7 aimser. Is e imorro in n-écose .i. cride imthoinnech co ngoirtius nemnech, co ndéraib troma, co lám-chomairt moir 7 cilice iar-sin. 7 Atat din dí ernail fors-in fhúisitin .i. fuisitiu doníther do Dia, 7 fuisitiu doniter do dainib. Uair is s-ed dlegar do neoch cloechlod inaid do denum in tan do-s-gní aithrige ndíchra i n-a pheccaib, amal do-rigne Adam ar sen-athair, 7 Petur apstal ar forceílaid. Ar is a parrdus do-s-gní Adam immarbus, 7 ro-dichuirthea as in luce in-a r-peccaig dochumm inaid aile .i. hi talmain, do dena[m] aithrige. Petur apstal din, i n-Ierusalem do-s-gní imarbus in tan ro-díult Ísu Crist fo thri, aidche a chesta, 7 fo hill-tuathaib in domain do-rigne aithrige is-in peccad-sin. Is for a slicht-side is dénta do neoch aithrige indíu .i. dia peccdaige nech il-loce airthe, is s-ed is techta dó ingabail in luic-sin, 7 dul il-loce aile do aithrige ind, co fhuisitiu a chinad for tús .i. in fáth im a nderna peccad, 7 in t-inad 7 in aimser i nderna, 7 aithrige ndíchra do dénam iar-sin.

Atat cethri hernaile fors-in aithrige, do nach buidech Dia, 7 ní chabrut corp no anmain .i. aithrige dérchaintech, amal do-rigne Cáin mac Adaim iar marbad á brathar (.i. Abeil) i fhingail; ar ní derna aithrige acht dul i nderchaimiud 7 cen sailechtu trocaire Dé di-a thair-sin. Ocus do-rigne Iudas anfhlechtuach iar mbrath Ísu Crist fessin: dochoid i ndérchoined, 7 do-rat féu gosti im a bragait, co ru-s-croch buden i n-a miginnaib, 7 co ndechaid i ndérchóiniud, co n-id hi a animm cet animm for a r-hiadad iffern, iar tabairt na broti esti do Christ mac Dé. Ocus aithrige lese no mall .i. cen a dénum focetoir, is e-sside in ernail tanaise. Ocus in cethramad .i. aithrige a hule i n-ole aile, no is-in ole cetna doridise, ar mi-na ingabai nech in n-uli ole in tan do-s-gní aithrige, is dimain dó aithrige do dénum. Aslach diabuil tra, fodera do nech cen aithrige do dénum, ar is ed atbeir fris-in duine ic aslach uilce fair:—"na déna aithrige indossa, or diabul, uair bíd fota do shaegul; ar is suaill in t-olce do-rígnis, 7 is sochaide do-róine ulcu bud móu in-datt, or diabul; uair is dirím méit trocaire Dé, 7 ícefaid-side cách di-a cintaib," ol se. Co n-id for in aslach-sin diabuil dogniat cách ní inossa, 7 ní co ndénat aithrige ndíchra fri Dia do díchor a cinad. Dáuid mac Iese imorro, in rig-fhaith amra

is dech ^{tráid} tarail talmáin, is fris atbert Crist fessin :—“ fofhuarus duine amal mo chride hi talum,” ol se ; in tan tra do-rigne Dauid
6480 imarbus, 7 ro-marbad lais a milid fen imm a mnái,—o do-s-gní aithrige ndíchra ind, ro-n-log Dia athair a uli peccadai dó tres-an salm n-erdraice .i. *Miserere mei, Deus*. Ezeccias faith imorro, tuetha dó cóic bliadna dóc for a shaegul, in tan do-rigne aithrige ndíchra co Dia.

Maith tra in lóg dobeir Dia do'n tí do-s-gní aithrige ndíchra .i.
6485 fot saegail i-flhus, 7 flaith nime cen forcend, 7 coitsecht fri hair-fitiud énlaithe parthuis, 7 cen feirg nDé friss il-lou bratha, in tan berus a bretha firenu for cech n-oen. Gairde shaeguill i-flhus imorro, 7 ifern tall cen crich, is e log ata da cech oen na dingne aithrige ndíchra co Dia, 7rl. }

[XXVII.]

183 a 23] PROCEPT NA MACHAABDAI in-so.

6490 “ Cathaigid co calma, cobsaigther 7 cómnertaigther bar cridè, a uli doine is a sailechtu fil is-in coimdid.”

In spirut nóeb, in spirut ro-inshorchaid in eclais chechtarda petarlaice 7 nua-fhiadnaise o rath ecna 7 fhátsine, is e in spirut-sin is augar do'n labra-sa tria gin in rig-fatha Dauida meic Iese, co
6495 n-apar, “ cathaigid co calma.” Is do molad in Dauida-sin atberar is-in shalm :—“ ro-thog in coimdiu Dauid i n-a muinnterus, 7 ro-thócaib eu honorach o ingaire choerech in tí Dauid.” Is e in Dauid-sin do-s-gní tri coccait moltai do Dia ; 7 is e ro-hordnit o'n choimdid co mba rí 7 eu mba fáid fír-epertach in cech ernail
6500 fhátsine he.

In fers áirithi-sea imorro di-a ta briathra *hic*, ‘ cathaigid co calma’ : is inand sin 7 nertatt na maithe .i. na sacairt iat féh tria éneri a colla o ndérgud dírech, trias-a flúidbet síd Dé 7 a muinnterus. Bíd féidm ferrda ocaib : is inand ón 7 na fágubar
6505 nech uaib i ndeathi no il-laxa, cid i cúimce na tréblaite 7 na n-ingremand ra-bthaí. Ar is e cathaiges co calma in t-í fhélliges co lán cobsaid is-na sualchib 7 i ndeg-gnímaib. Ocus calmaig-

ther bar n-indfhethium, a lucht, ídprathi bar cride craibdecha do'n choimdid: is mand ón 7 ní ro-fhergathí fo bés bandai fri fulang fochaide 7 tréblati in t-shaegail. A uile is a sailechtu 6510 fil is-in coimdiu: ní do'n fhoirind shanutaigít 7 carait in saegul doberair in comairle-siu, acht is do'n lucht is a comdidnad 7 is a sailechtu fil i nDia. Is coitchend tra do fheraib 7 do mnáib in forectul-sa, ar dlegar díb imalle co ro-p ferrda a fheidm fognuma do Dia: cathaiged tra co calma in t-í shailes i nDia. Cathaigít dí 6515 co calma in lucht carait in coimdiu, 7 tecaít i n-ágíd na n-ídál 7 na n-arracht la fóistín martrai, ar choimet 7 ar chomalliud in rechta athardai. Sochaide tra i petarlaic 7 i nu-fiadnaise do noemu 7 do ffrenu, ro-chathaisget co calma 7 co sonairt ar Dia fri hidlu 7 arrachtu, 7 dochótar fo buaid martrai a n-oentaíd múinntire nime; 6520 amal ro-chathaisget co fedil 7 co ferrda oc díten in rechta diada 7 timna Dé, co údechsát fo buaid martrai, na martíre uaisle airnit-necha dí-a ta lith 7 foráithmet i n-ecmong na ree-sea 7 na haimsire, .i. na martíre noemda .i. Machábdai. Is and tra celebráit na Crist-aige lith lathi na martiri-sea .i. hi kalaind Augaist ar-ai lathi mís 6525 grene, is-in lathi-si indíu ar-ai sechtmaine is-in bliadain hi-taumm.

Antiochus Epifanes uero .i. aroli immer do [] ro-follannaigestar oen bliadain déc iar cathaib immda fri hEgipt 7 fri cennadachaib ilib. Ro-gab cen chuimleng Ierusalem, co ro-s-marb sochaide indi; ro-fhodbaid 7 ro-fhasaig in tempul, ro-orlaig rechtaire and; is 6530 e-side ro-chomecnigestar lucht na cathrach im chomalliud timnai 7 forcetuil ba sain fri-a fhor[c]etul fen. Is i n-ecmong na ree-sin 7 na hamsire ro-boi is-in fhích dí-a n-ad ainm Modin aroli fer .i. .i. Mathias a ainm, mac Eoin meic Shimoin shacairt e-side, do fhine Iobab Ierusalem dai. Batar cóic meic ocái .i. Eoin in cetna 6535 mac, dí-a r-bo ainm aile Gades; ocus Simon dí-a r-bo comainm Mathathias, 7 Iúdas fris-a n-abar Machabeus, a quo na Machab dai; 7 Elizar dí-a r-b' ainm Saphus; 7 Abraam dí-a r-lil Ionathas. No-cathaigítis tra in coicer-sa dar cend in rechta athardai. Elizár dí 6540 oen do shuidib in rechtaí 7 fer nochat bliadan, fer sochraíd cennais o gnúis, no-comecnigthea he im thomailt fheola muce; ar is do thimnaib rechta Moysi nemthomailt fheola muce 7 pattan. Ro-chind imorro in fer-sa i n-a menmain, 'na dingned na hí na-ptar dílmáin dó do denum, for seirce a bethad'; ar ba ferr lais bás



6545 sochraid do thecht dó oltas beith i mbethaid misenig do Dia a-bus. Do-dechutar iarum chuice fo cleith aroli dóine tria chardine, 7 ro-n-aitchiset im thomailt na fheoland ba dilmain dó do chaithium, 7 co n-aprad, ‘ba hi in fheoil im a comecnigthea do chaithem nomeled,’ 7 co saertha a bás trias-in mbrec-sin. Ro-imráid imorro
 6550 in t-í Elizár, ‘in ní ba cubaid di-a ais 7 di-a shendatu 7 di-a sochenelchi; is e ro-airbert beth as a óitin fo recht Dó’; 7 is ed atbert friu:—“no-co n-indraice do fhir m’oesi-sea, ol se, brece no doilbiud do denam, co ro-midet sochaide do na moeth-oclachu Elizár, di-a n-ad slán nochá bliadan, do thecht co bethaid 7 co
 6555 tesmailt na tigénti, 7 saebobthar na moeth-oclaig-sin tria mo breccsi; 7 bam cintach-sa de-sen i-m shendataig; ar cia no-m-saerthar-sa is-in bith fhreonaire do phein 7 do thodernam na ndoine, ní chumcaimm co ro-ingaiber cumachta Dia uli-chumachtaig, ol se. Is aire-sin atbel-sa co hindraice a-m shemndattaig, 7 lécfet desmbi-
 6560 recht sonarti 7 calmachta do na moeth-oclachaib dar m’esi, co r-bat erloma do bás ar comallind rechta Dé.” In foirenn imorro ro-ptar cendsa fris ar tus, ro-soitea i fheirg 7 lonnus iarum fri hElizár for na briathra-sa, 7 midset co n-id for dásacht bóí. Is ed tra atbert Elizár:—“a Dé uli-chumachtaig, tucai-se co fódmain-
 6565 se na piana-sa 7 na todernuna erut-sa ó-m thoil 7 ó-m dúthracht fén, ar connigim mo shaerad uadib.” O ’tbert Elizár na briathra-sa co tuilled, ro-fhóid a spirut.

Tarraid imorro in rig iar-sin na secht mbrathri co n-a máthair, 7 no-s-comecnig co caithéis feola muce 7 ídal-idpurtaí; is ed atbert
 6570 in cétna fer dib:—“eid connige, no eid is áil duit, a rig? ar is ferr lind epilt o bás adéig, oltas tairmthecht in rechta athardai.” Atbert in rig tra, ‘tengaid in fhir-sea do thascad, 7 a thócbail i n-ardi hi fhiadnaise a brathre’; 7 tucait beos i n-a bethaid for lannaib tened di-a loscad iarum. In foirend aile imorro, boi cách
 6575 dib oc nertad aroli, co n-id ed atbertsat:—“atcí Dia in fhírinde, 7 comdidantar he i n-a mogadu 7 i n-a múntir fén.” O ra-fhóid in cétna fer a spirut o’n mud-sa, tucaid in fer tanaise co peim 7 todernum, iar fhendad a ehrocind 7 a fhindfaid di-a chind. Iarfaig-
 6580 set de iar-sin:—“in toméla na feola-sa, ol siat, síu no-t-piantar in cech ball fo-leth fo’n indus-[s]a?” Atbert-som iarum:—“ní dingen-sa, ol se, tol in rig inmme-sin.” Aire-sin tra forodomair na

todernuma mora-sa iar-tain, co n-id ed atbert oc tinfisin imechtraig a bethaid :—“ conice-siu ar malart-ni do'n bith frechnaire ar comalliud in rechtaí, acht toduscaid rí na n-uli sind a bás is-in esergi n-urdraice i mbethaid suthain.”

6585

Tucead tra in tres fer dochumm na pian. Ro-shín a lamu, 7 is ed atbert :—“ do nim asselbaim na bulla-sa, 7 no-s-dímienigimm for recht in choimded, 7 sáilim co ngéb na bulla cetna doridise ;” 7 ba he a mét ro-raid so, co n-ingantaigtis in uli menmain shonairt in oclaich-sin, ar bat nefni fiadu na todernuma 7 na piana tuetha fair ; 6590 7 ro-fóid a spirut.

Tuccad in cethramad fer, co n-id ed atbert fo'n indus-[s]a :—“ is maith, ol se, do'n lucht tidnaicther do bás ar in coimdid, nair hicfaither o Dia doridise ; na hecraibdig imorro, ni-s-bia esergi doib is-in fluigell.” Ocus o ro-fhóid in fer-sa a spirut, ro-piansat in cóiced fer, co n-id ed atbert-som oc fégad in rig :—“ conice-siu ar marbad-ne, 7 do-s-gní cech ní is tol deit ; ni ra-gba-su ocut ar cenel-ni co mbad deligthi o Dia, ar is ainmnetach he. Fégaíd a mor chumachtu, indus conic do pianad-sa 7 pianad cech oein as dir duit.”

6600

Tuccad in sessed fer chucu iar-sin di-a pianad ; 7 in tan ro-siacht cus-na dála dédenchu do, ro-ráid fris-in rig :—“ na bí for comrorcain na for ecoir ni as sia, ar forodam-ne na hulcu-sa for ar peccad fén, 7 for imarbus dun hi nDia ; tu-sa imorro no-t-pian-faither co sír, ar do-chathaigis co dána i n-agaid in choimded. 6605 Sinde tra, gebmít cech deg-thairngiri tairngaires dún ar comalliud a thimna 7 a fhorcetuil.”

Is adamraighti trá co mór 7 is indraice o forraithmet máthair na mace-sa ; fechnach imorro noem máthair na mace-sa .i. Machába a hainm, uair cia itconnaire a secht maccu do marbad i n-oen lo in fiadnaise, ni ba bronach de, acht ba subach forbailid, ar do-shail mor fhochraice d'fhagbail o'n choimdid aire. Boi iarum menma fherrda i n-éose banda aicee, co ro-nert co calma cech mace fo-leth di-a maceaib, co n-epert sí :—“ ni co fetur, ol si, cindus ro-mbabair i-m bróind, 7 ni me-si do-rat tinfed na betha dúib, 7 ni me ro-comordaig bulla bar corp, acht duilem na n-uli dul ; is e sin ro-fareruthaigfe doridisi 7 dobera tinfed 7 betha shuthain dúib ; 6615 ar ro-bar-dimienigsebair fen ar comalliud a thimna 7 a rechtaí.”

Antoich imorro in rig o ro-thuic a chomthainsium fen, ro-dínsig
 6620 7 ro-dimicnig guth na mná 7 ro-s-cairig co mor. O ro-boi din in
 macc ba sou and beos cen pianad, atbert in rig, 7 ro-thestaig o
 luga, co tibred anoir 7 cátaig ngradai 7 muinnterus do dia n-adrad
 na hídlu; acht ar na cualai 7 o na r-gab in moeth-oclach na
 briathra-sa, ro-gab in ri in máthair, 7 bíd oc a fhaslach forri, ‘co
 6625 nu-s-tesairced a macc do lámu na fheol-denmai.’ Fáitbis tra in
 máthair imo’n córaid crodai n-ecraibdech, co n-epert:—“a meic,
 ol si, is me-si ro-t-imoichur i-m bróind fri ré nói mís, 7 is duit
 do-ratus loimm na cích-sa co cend teora mbliadan, 7 ro-n-ailes
 conice-so; aitchimm aire-sin co nu-s-féga nem 7 talmain cus-na
 6630 huli filet indib, co nu-s-dermai in coimdiu do nefui: na himneclaid
 tra in feol-denmaid-sea, acht geb as do thoil fen bás, co nu-s-tíd-
 naice Dia duit bethaid suthain ar-oen fri-t braithrib.” O tharnic
 do’n bandscail na briathra-sa co tuilled, atbert in moeth-oclach
 iarum:—“a rig, no-co denaim-si ní for h’oreongrai no for h’aslach,
 6635 acht erladaigimm 7 oentadigimm do fhorcetul in rechta do-ratad
 dún tria Moysi mac Amrai, dia ro-scrib in coimdiu do dheg-timna in
 rechta o meor is-na taiblib clochda i sleb Sína; ar ma do-s-gní Dia
 feirg fri re mbice daig ar cuimbrig, dogena ar comdidnad iarum;
 uair mo brathri-siu, ra-pianais-[s]e o péin chumair, ataut i ngloir 7
 6640 i n-oibnes na bethad suthaine: me-si tra amal mo brathri tid-
 naicimm mo chorp 7 m’animm ar in recht n-athardai; 7 atchimm in
 coimdiu co ndena boide 7 trocaire, co soam ria n-ar cenel 7 ria n-ar
 popul, 7 co ra-t-piantar-sa, a rí cuilech, a choraid is mesa do doinib
 domain, o sroiglib 7 todernama dermaire, 7 co na ro-imgaba digal
 6645 Dé uli-chumachtaig, co fhesara 7 eo fhoisme co n-id e-sium a oenur
 is rig 7 is cumachtach na n-uli dúl.” Is ann-sin ro hadannad in rig
 colach ecraibdech o feirg 7 londus difhulachta fris-in fer-sa, co
 r-pianad he ní bud ulli oldait a braithre ol-cena. Atbath tra in
 fer-sa 7 ro-thairisnig is-in coimdiu co mor ria n-a bás, iar nertad tra
 6650 a meic di-a máthair 7 iar n-a marbad oc in rig .i. Antoich. Tuccad
 in máthair fa-deóid dochum na pian 7 na todernum, co ro-fulaing
 uli, 7 ro-flhoid a spirut dochumm nime.

Atcós do’n rig co r-ba lán tempul Ierusalem di ór 7 argat:

ro-foid ann-sin in fer di-a n-ad ainm Helodorus, co tucead uli indmas na cathrach chuca-sum. O ro-siacht tra Helidorus co 6655 n-a slog co Ierusalem, tanic is-in tempul co n-a múntir do tabairt a indmais ass; ro-shlím imorro popul na n-Iúdaide al-lama dochumm nime, ic dérchoined 7 oc cuinchid flhurtachta cus-in oen-dia. Ro-artraigset in tan-sin fochétoir is-in tempul da óclach shochraide thaitnemacha co hadbul, 7 sroiglit co mor in 6660 ti Helidórus, co torchar cul-lar, 7 se marb acht becc; ro-guid iarum in t-uasal-shacart in coimdiu aire, co ro-slanaigtea fochétoir; 7 fogni atlaigthe buide do Dia, 7 do-rat ídpurta do'n chóimdid co humal inisel. Do-dechaid iar-sin cus-in rig, co n-epert fris:—"ma thechtai-siu nech is miscais latt, foid co hIeru- 6665 salem, 7 is amlaid tiefa chucat iar n-a sróigled, ar ata nert Dé is-in inad-sin; ocus in t-í is aitreb fil a nim, is e is coimetaid 7 is furtach[t]aig do'n inad-sin, 7 malartfaid cech oen dogéna midenam ann."

Antoich imorro, lintar o díumus 7 o fheirg co r-thindscan . . . 6670

[Here ends the fragment.]

194 a 2]

[XXXI.]

"Ocus aithle ocht laa tarrustar na hapstail doridise ar medon, Tomas imalle friu. Ocus tanic Ísu i ndóchum doirsib foriatta, 7 tarrustar eterra ar medón, 7 is ed ro-raid friu:—" *pax uobis.*" Atbert iar-sin fri Tomas:—"tuc do mér hille, 7 féig mo lámú; sín uait do lám 7 tabair a-m thaeb, co na r-bat ancretnech ho sund 6675 immach." Ro-flirecair tra Tomas, 7 is ed atbert fri hÍsu:—"is tu mo choimdiu, is tu mo Dia!" Is he freccra do-rat Ísu for Thomas:—"ar itchonnarcas, is aire ro-m-cretis: mo-genar do'n foirind nacha-m-facatar, 7 ro-m-cretset."

Ioin mac Zepedei brun-dalta Ísu, comorba na hóige, in dara 6680 apstal déc i n-urd apstalacht, in cethramad suiscelach ro-scrib in soscela coimdetá, is e atfet in gnim n-uasal n-oirmitnech priteaither is-in lathi-sea indiu .i. apstail 7 descipuil Isu do beth i tegdais

foriatta, 7 Tomas immalle friu is-in ochtmad ló iar n-esergi Crist ;
 6685 ocus Crist do thidecht i ndochum doirsib foriata, do demningud a
 n-irse (.i. cretim) imo'n esergi, co tarrustar eterru ar medon, co
 ra-s-bennach ; co n-aire-sin atbert Eoin, 'ocus aithle ocht laa.'

Comuaim imorro 7 coibnes na liachtana-so, is e leath atoibe (.i.
 as dluith) co dú i n-erbairt Eóin, oc aisneis do'n taidbsin, dia n-ecid
 6690 (.i. aisnes) remaind i n-a soscela :—Tomas tra, oen do na dib
 apstalu déc, ní ro-bi imalle fris-na apstalu ar-chena, is-in taidbsin-
 sea. Is ed ro-raidset na apstail aile fri Tomas :—“ atconncumar-ni,
 ol iat, in coimde.” Is e tra freccra do-rat Tomas forra-som :—
 6695 “ mi-ne fhaeur-sa slicht na cló i n-a lámu, 7 mi-ne thardar mo láim
 i n-a thoeb, ní chretiub a esergi.” Co n-id for slicht na mbriathar-
 sin atber :—“ 7 a aithle ocht lá .i. is-in ochtmad ló iar n-esergi
 Crist, tarustar doridise na apstail ar medón.”

In sésed taidbsi is di ata briathar sund ; nair ba cóic tarfaid in
 coimdid Isu di-a muinntir hi ndómnach na hesergi ;—in cetna
 6700 taidbsi dib-sen, do na bannscalu noemu, oc dul dochumm in adno-
 cail ;—in taidbsi tanaise, do na bannscalu cetna, oc tidecht o'n
 adnocul ;—in tres taidbsi do Petar iar ndúltad a thigerna ;—in
 cethramad taidbsi, do na descipulu tancatar amach o Ierusalem
 conice in fich di-a n-ad ainm hImmaq̄s : Lucas 7 Cleofas iat-side,
 6705 amal is cétfaid do na trachtairib ;—in cóiced taidbsi, do na descipulu
 imnda i nIerusalem ; ocus o ro-gabsat-side occu co mad spirit
 atchitis, is ed atbert Ísu friu :—tabraid da bar n-oid, ol Isu, co na
 techtat na spiruta feoil na enamu amal techtaim-sea ; 7 o mbatar
 beos i cúnutabairt, is ed ro-raid-sim :—in fhil biad ocaib sund, ol
 6710 Isu, biad bud chubaid do thomailt ? is ann-sin do-rat indi apstail do
 Ísu ordu do bratan fhonaithe 7 criathar mela ; 7 o ro-scaith i n-a
 fhiadnaise ní ba lor lais do'n bíud-sin, do-rat doib a fhuigell, amal
 ba gnath do riam ; ro-s-failtnigset tra na hapstail cu mor o fhedad
 in choimded iar n-esergi.” In sesed taidbsi imalle fris-na apstalu,
 6715 amal innises Eoin ;—in sechtmad taidbsi imorro, do na apstalu
 batar oc iascairecht in-muir Thibriatis ;—in ochtmad taidbsi do na
 haen apstalu déc, i sléib na Galilee, amal ro-tharrngir fen doib re
 n-a cesad ;—in nóimad taidbsi do na apstalu cetna, oc tidecht for
 cula co hIerusalem il-ló na fresgabala, amal aiséd[e]s Marcus i n-a
 6720 liubar ;—in dechmad taidbsi, in tan atconncatar ind apstail in slan-

iccid Ísu oc fresgabail dochumm nime. Ár medon ro-batar i tegdais foriata, for oman na n-Iúdaide, amal atfét Lucás i n-Actaib Apstal; ar ro-p imecul in trét, uair ni bóí a n-oegaire trebur oc a n-imchoimet. Ro-ptar snimaig na descipuil, cen a maigistir tairise oc a forcetul; ro-ptar toirsig na meic .i. indí apstail cen a n-atthair bóid 6725 oc a furtacht 7 oc a remimthús;—co n-id ar na fáthaib-sin tra ro-batar indí apstail i tegdais foriata, 7 Tomas immalle friu; is aire doberair aiséns fó-leth sund for Thomás, ar is e oen discipul na boi inmalle fris-na hapstalu is-in cóiced táidbsi. Iar toidecht do cus-na hapstalu, itchuala leo Crist do esergi; ei-atthuala, ni r-bo áil dó a 6730 ehreteam céin co n-aicced, ar is démniu a n-at[eh]íí stíil inas a n-atthluin cluas. Tanie tra doridise in coimdid Ísu Crist, 7 do-rat a thob 7 a lámu di-a túr do'n discipul amairsech .i. do Thomás. Ocus ro-shlanaig Ísu crecht na haimirse bóí hi menmain Tomáis ar medón tria thaidbsin dó foillshlechte na crécht ro-thecht-sum sech- 6735 tair i n-a churp. Is mou co mor ro-tharmnaid do'n eclais faindires 7 cunntabairt Tomais imo'n esergi, ina hires 7 credem sonairt na n-apstal ar-chena; uair ro-heráiled cretem na hesergi for Thomas tria thúr 7 lamachtad in chuirp choimdetta, ro-shonartnaig ind-sin ar menma-ne 7 ar n-indfhethium imo'n esergi iar údíehur 6740 uaimn cecha cunntabarta 7 cecha amirsi.

Tanie Ísu i ndochum, doirsib foriatta: cesnaigther, uair is a fhír-churp a doenachta atracht Crist a bás, cindas dochuaid is-in tegdais, doirsib foriatta? uair ni regat cuirp na hesergi tria churpa dluthi 7 tria churpa daingne .i. tria chlochaib 7 crannu. Is 6745 demin cetus cuirp na hesergi co mbat foille 7 séime tria imfhulang in aienid spiritalda, ba solamachtaige tra iar fhirinde in aienid chorpda. Ar mírbuil din as gabtha do churp in choimded dul is-in tegdais foriatta; cia lingnad imorro ro-boi and iar fhír, cia no-dechsad hi curp nemthruaillhíde iar n-esergi is-in tégdais, 6750 doirsib foriattaib, in tan ro-genair hi colaind marbda o'n óig cen eroslucad n-inne? ocus ro-imthig iar-tain, cossaib tirma, for in muir; uair is riarach cech duil di-a duilemain. Ocus tarustar eterra ar medon iarum: sund ro-chomaill Ísu in ní ro-tharrngir di-a apstalu, co n-epert:—“baile a mbia dias no triar, ol Ísu, i 6755 comthínol i m'annaim-sea, biat-su fen eterra ar medon.” Is ed ro-raid Ísu fri-a apstalu, oc bennachad doib:—“síd 7 cain-chomrac

dúib!" Cubaid in t-ord forcetail do-rigne Isu sund .i. síd d'errdare-
 ugud do na hapstalu, co mad laindite leo in forcetul do gabail do
 6760 laim. Alaid tra in ní forcoemnacar ann .i. síd do erdareugud
 do'n t-shíd .i. do Christ, di-a n-ad ainm síd; amal demniges in
 t-apstal, co n-abair:—"is e Crist in síd iar fhír," ar in t-apstal; is
 e ro-aentadaig petarlaice 7 nu-fhiadnaise. Labraid sund Dia síd-
 amail na briathra sídamlá do na hapstalu sídamláib. Is aire-sin
 6765 ro-raid fria Tomás: cubaid cia mad for Tomás no-shaided Ísu sech
 na hapstalu ar-chena, ar is di-a forcetul 7 di-a sonartugud (.i. a
 cretmi) tanic iar n-esergi; uair is do tanic in sét .i. Isu, do thabairt
 colais do Thomas boi for aneolas anallana;—is do tanic in liaig .i.
 Crist, do thabairt hiece 7 fhurtaichta do'n discipul inlabor .i. do
 6770 Thomas;—is aire tra tanic in t-shoillsi .i. in slaniceid, co tartad
 sollsi colais 7 irse do Thomas, boi i ndorchuib aineolais 7 amirsi.
 "Tuc do mér ille, 7 féig latt mo láma" .i. démniget innossa in
 ní im a ra-bi do chumtabairt o chianaib. Ro-bo bec la hísu a
 táidbsin do roscáib Tomais, mi-ne thidnaiced di-a thúr 7 di-a
 6775 iarraid o lamaib. "Sín uait do láim, 7 tabair a-m thoeb; 7 ní
 r-bat ancretmech ho súnd innmach, acht co r-bat cretmech." Ní
 nama tarfaid Ísu sunn do Thomas folliuchta na eló ro-thecht i n-a
 lamu 7 i n-a cossaib, amal indises Lucás, acht tuarcaib do slicht in
 góí ro-thecht i n-a thoeb, amal indises Eoin .i. i n-a thoeb ndess co
 6780 demin. Ro-[fh]reacar Tomas, 7 is ed adbert:—"is tu mo choimde,
 is tu mo Dia!" Cubaid dogarar sund o'n apstal o dib n-anmannaib
 in t-í tairises co hoentadach o dib n-aicentaib .i. ho'n doenacht 7 o
 diadacht; 7 erdarcaither o'n dib rachtaib .i. ho phetarlaice 7 nu-
 fhiadnaise; 7 is a comairle comainsium in t-shaegail, 7 saint imo'n
 6785 mbiad todochaide. Atbert Isu fri Tomas:—"uair itconnarcais, is
 aire ro-m-credis" .i. uair itconnarcais comartha in chesta, is aire
 ro-cretis gloir na hesergi; uair atconnarcais mo doenacht, ro-cretis
 mo dheacht; uair itconnarcais o roscáib, ro-chretis o chride. "Ma-
 géнар do'n foirind nách-um-facatar, 7 ro-m-cretsit." Failtnigid' co
 6790 mor in t-aithesc-sa in t-shlaniceda na geinnte; ar is díb ro-bóí
 briathar occa sund, do'n foirind na ra-batar 'n-a frecnarcus, 7 no-
 chreit ho iris forpthe, 7 no-s-inntshamlaigend o chaen-gnimu; uair
 is e iar fhír credes co forpthe in t-í chomailles in maith cretes ho
 menmain. Tairngirid Isu sund finfed (.i. óibnes) 7 fochraice

forordhai do'n foirind na facutar ho roscaib corpda, 7 no-s-credet ho 6795
 ehride ar medón, 7 no-s-faismet o belaib sechtair. Ar is i an ires
 fhorpthe iar fhír credeam na maithe nemaicside, 7 coimet na timna
 ndiada co sonairt 7 co dligtech, cu ró nech trias-in ires-sin cus-in
 fhír-gné .i. co fegad De is-in [fh]infed (.i. is-in fechtnaige) 7 is-in
 t-shochraidecht hi-ta fiad aingliu. 6800

Is e sin etargna fhollas na liachtan-sa.

Techtaid tra in liachtu-sa etargna siansaide (.i. rúnda chiall-
 mar), is cubaid fri Crist 7 fris-in eclais. Mad iar sians tra (.i.
 iar ruin), na hocht lathi atberair sund: is ed doforne sin, ocht
 liubair na nú-fhiadnaise; 7 ainm lathi forru-side ar a sollsi 7 ar a 6805
 n-etochta; nair amal inorchaithe in corp sechtair ho shollsi grene
 7 na rend ar-ghena, is amal-sin inorchaithe in animm ar medón ho
 shollsi spiritalda na timna diada; amal démniges Ísu fessin, co
 n-abair:—"ci-p e imthiges is-in ló .i. ci-p e chomailles mo thimna,
 ol Ísu, no-co benfa ail-beim." Uair imdhigmet-ne cen ail-bém, dia 6810
 tóchaithem aimsir ar n-uli bethad do rér na scriptúri nóibe. Na
 descipuil tra ar medon: is ed doforne iar sians (.i. rúin), in eclais
 do chumsanud co sídamail i n-a nóime 7 i n-a hinncracus fodessin, iar
 ndichur uathi Iúdaide 7 indlaigtaide, eritecda 7 brathri togaethach,
 7 cech uilce ar-ghena. Tomas tra, di-a n-ad etarcert anma '*abisus* 6815
scientiae' .i. abis fessa: is ed doforne, na forcetlaide eoleha na-
 sechnand in eclais. Uair nach tarba in cend cen a deta, ho
 mínigther na biada do na ballaib, is amal-sin nach tarba in eclais
 cen a hecnaide, mínigit glanrúin na screpra nóibe do na hiresechu.
 Tanic Ísu chuca doirsib foriata: is ed doforne sin iar sians, co 6820
 n-id comartha techta Crist cus-na hirisechaib, di-a mbe occu síd
 7 rethinche, coiridetu 7 brathardhacht, oentu 7 derce, censa 7
 díute. Ocus tarustar eterra ar medon: is ed doforne sin, co n-id
 frecnaire Crist iar n-a dheacht do'n eclais nóib, amal ro-thairngir
 di-a apstalu, co nd-ebairt:—"biat-sa do-gres, ol Ísu, oc furtacht 7 6825
 oc foiridin na heclaisi nóibe." Ocus is ed ro-raid riu, oc bennachad
 doib, "síd duib": is ed doforne sin, co n-id im shíd 7 im cho-
 credetaid chongabar in eclais; amal ro-gell beos di-a apstalu, co
 nd-epert:—"doberim mo shíd duib, ol Ísu; facbaim mo shíd
 ocaib" .i. facbaim in síd n-erchradach, doberim duib in síd suthaim. 6830
 Tuc do mér ille: is ed doforne sin, in eclais do thocuiread co hiris 7

co cretium tria rath in spiruta nóib, di-a n-ad ainm i-n scriptuir, 'degitus Dei' .i. 'mér Dé.' Is aire tra doberair ainmm 'meoir' for in spirut nóeb, uair amal inchoisees fer eumachtach o n-a meor in
 6835 gnim is ail lais do génam di-a thimthirib, is amal-sin ro-fhailsig in t-athair nemdai do na hirisechaib a rúine 7 a derrité trias-an spirut nóeb; no amal is tri halta atat is-in meor, is amal-sin is e in spirut nóeb, in tres persa na deachta uaisle. Fég latt mo láma: credit mo doenacht 7 in chumachta fuarus o'n athair nemdai; amal
 6840 chomáides Ísu ri-a apstalu, co n-abair:—"tucad dam-sa, ol Ísu, comus cech neich bus maith liumm do denam a nim 7 hi talmain." Síu uait do láim, 7 tabair a-m thaeb .i. creit is-in scriptuir nóib fhaisnédes glanrúin mo chuirp-si 7 m'fhola. Ro-[fh]reair Tomas .i. cretid eclais in nú-fiadnaise cech maith forchanus in scriptúir
 6845 diadai. Is ed atbert, "is tu mo choimdiu, is tu mo Dia": is ed dofornie sin iar sians, na hiresechlu credit co forpthi deacht 7 doenacht a n-oentaíd oen persaine hi Crist.

Is e sin etargna shiansaide na liachtan-sa.

Mad iar mbéstataid tra, na hocht lathi atberair sund: is ed
 6850 dofornet sin, na hocht sualehi erechdai trias-a roichend cech firen dochum nime. In cetna sualaig dib-sin, in ires; in tanaisé, in genus; in tress, in umalóit; in cethrumad, in derec; in eóiced, in trebaire (.i. amainse); in sessed, in mesardhacht; in sechtmad, in t-shonarti; in t-ochtmad, in fhirinde. Deiseipuil imorro Crist ar
 6855 medon: is ed dofornet sin, na dóine foirpthe no-s-fégar fen co fuirechair, 7 no-s-deróiliget fen ar inísle; ní midet imorro a coibnestu. In t-í ordaiges a bethaid fo'n indus-sin, is 'ar medón' ata, 7 is airmide iar fhír eter discipulu Crist. Is ann tra thechtmait iar mbesdataid Tomás, di-a n-ad etarchert iar tinntud amma, 'abibus
 6860 scientiae,' 'imad fessa,' in tan ordaigimit ar n-uli gnimradu iar comairle in ecnai 7 na screbtra nóibe; ar is doreha cech oen i necmais ecnai. Ar is e in eena no-n-inorechaigend 7 no-n-ordaigend; is e din erailes oirn miscais in t-shaegail 7 grád do Dia, biad do bochta, étach do nochta, dínsem na n-erchraide, 7 sáint na suthaine.
 6865 Uair na maithe dogníam, is e in eena erailes ornn a ndénam; 7 na hulca imgabamít, is e in ecnai erailes ornn laim do thabairt friu 7 a n-imbabail. Ocus tanic Ísu a ndóchum, doirsib foriata: is ed dofornie sin .i. ho dúnmaít-ne ar cetfaide fria cech n-olec 7 fri cech n-anoir-

ches, conic Crist do fhédluigud 7 do aittreb induind. Uair dlegar dinn ar n-imcaissin do thimorcain, na ro-shanntaigemm indmas in 6870 choibnesaim co hin[d]ilmáin, na ro-n-tairmesethar ho dímaines 7 o anoirches in t-shaegail, na ru-p oirfited lind fégad furseori 7 dáine dóescaire, acht co nd-eb[ram] in ní atbeir in fáid :—“ mo roise 7 m'índfethium cus-in coimdid do-gres,” ol in fáid. Dlegar tra coimet in étsechta, na ro-etsium co herfhetech fri hecnach na 6875 adchosan; uair is mor is lethreta in cined doenna fris-ín dualaig-sin in ecaig; na ro-p oirfited lind tra etsecht fri briathraib dímaine, na fri scelaib anoirchessa in t-shaegail. Is cóir dun tra srian do thabairt ri-ar mbeol; na ro-luaidemm bréice no borb erlabra na briathra doescaire, acht co ro-labrum briathra cundla 6880 craibdecha; na tardum mallachta ar mallachtain, acht co ro- chanumm in ro-chan in fáid remuind, co n-epert :—“ bennachfat do-gres in coimdid,” ol in fáid. Ho dúnmaít ar cefadaí fo'n indus-sin fria cech n-anoirches, tice Crist chucaind di-ar noemad 7 di-ar n-aittreb, 7 dogní síd eter ar corp 7 ar n-anmain; co ru-p riarach 6885 ar coland di-ar n-anmain, 7 ar n-animm do Dia; co ndergem na maithe talmandai ar grad Crist, 7 co n-epram immaile fris-in apstal :—“ ro-pad he mo mian, ar in t-apstal, etarsecarad mo chuirp 7 m'amma, ar-daig co mbeind immalle re Crist.”

Is e sin etargna besta na liachtana-so.

6890

Mad iar n-[an]agoig tra, na hocht lathi atberair sunn : is ed do-fornet sin, ocht n-aimsera in betha doennai. Uair iar forba se n-oes in t-shaegail hi-flus, 7 in sechtmad oes hi comshíned friu .i. oes cumsanta na fhíren iar scarad fria a corp, doraga ind-sin in t-ocht-mad oes .i. oes fluigill bratha. Iar fluigell bratha dín, bedit 6895 discipuil Crist ar medon .i. in eclas ulide 7 comthinól coitchend na fhírían airmíther ar chorp do Christ, biaid a n-óibnesaib 7 i n-oireraib na flatha nemdai. Ocus biaid Tomás imalle friu, ‘im-mad fessa’; uair ní ba hanfhollas do na fírenu thall cech ní is anfhollus doib i-fluss; uair ní bia doib nach n-aneolas, in tan 6900 ibdaít na fíreoin topur in fhír fessa 7 in fír cenai; ní bia tra dorcha and, ár bid follus do chach in fhír shollsi. Is and-sin bus follus in trinóit do na fírenuib. Is and-sin arthraigfes doennacht Crist; uair dú a mbia doennacht Crist, is ann bértar na nóib 7 na fíreóin. Dorsib foriattaib : is ed dofórne sin, co mba dúntai il-ló brátha 6905

doras na flatha nemda fris-in uli pecethachu ; uair ni raga etradach na sánntach, fergach na diumsach, formtech na celgach, is-in flaith némdai. Ni gétar ar nach n-indraice, ni tídnustar do nach esindraice. Is and-sin bess síd 7 cumsanud foróda do na noemaib 7 do
 6910 na firenu ; ni bia doib saeth na galar, ni bia doib bochtai na senntai, ni bia tra doib bás na dorcha, ni bia din mian bíd na díge ; acht biaid ann frencarcus deachta 7 doennachta meic Dé, 7 frencarcus na noeb thrinóti, athar 7 meic 7 spiruta nóib.

Alim trocaire Dé uli-cumachtaig, ro-hisam uli in oentaíd-sin, *in*
 6915 *secula seculorum, amen.*

[XXXII.]

198 a 22]

EPIFANIA DOMINI.

Arroét Iosep in n-i noem Muire di-a coimét iar comairle in aingil fo annum chomaim, eo ro-thusim a mac prim-geui ; eo n-id for slicht na mbriathar-sin aisnedes Matha sund. Is ann tra celebráit na Cristaide in sollamain-sea na redlainde cecha bliadna, i
 6920 n-octid Enair, for-ái lathi mís grene,—inand ón 7 ar-ái lathi sechtmaine is-in bliadain hi-tám ; acht indissid Eoin Cassión nách sain sollamain la hEgeptaedu 7 la heclais in descirt uli .i. sollamain na gene coimdeta 7 na redlainne. Is ed fodera sin, uair is for in cet la ro-arthraig in redlu celebráit na hEgeptaedu a sollamain, for
 6925 octid Enair ; for in lo dédinach tra, for octid Enair, celebrus in eclais Cristaide ár-chena ; uair is uide dá mís déc bóí do na druidib o-tha tír Arábia eo tír Iuda, acht is tria mirbuil in choimded tancatar in luas-sa ar a fhot in inntig-sin eter muir 7 tir.

Is e din ainm na soll[am]un-sa las-in eclais ‘*theofania*’ .i. ‘*Dei*
 6930 *aparitio*,’—is inand on 7 ‘arthrugud Dé.’ Dethbir ém sin, uair is indiu ro-arthraig mac Dé do na dráidib trias-in rédlaind ; 7 is a comainm in loéi cetna ro-arthraig in spirut noem i ndeílbu coluimm fair-sium, in uair a baitsi ; eo n-id di-a chuimniugud-sin tucad in t-ainm iars-in n-inde thoirnes for in sollamain-si .i. arthrugud Dé.

6935 In Bethil Iúda atberair sund, cathair sin in rig Dauida meic

Iese, i-n ro-tusmed Ísu Crist; 7 ba he a ainm for tús .i. *Eofratta frugifer* .i. toirthech, uair ba suthach toirthech in tír fen; 7 din, co ro-thuisim in torad suthach sochraid, in slanícid, imte: ar is inand 'Bethelém' iar n-etarchert anna 7 'tegdais in t-shásta.' Cubaid ém, ce mad is-in cathraig rigdai no-genfed mac in rí, 7 co 6940 mad hi tégdais in t-shásta no-genfed in sássad suthain .i. Ísu Crist. Uair dethbir imorro, ro-tuilled Bethil Iúda, ár ata Bethil ele ann .i. hi treb Zabulóin beos.

Is brecht tra, 7 is [cu]nntabartach aisnéid in aughtair genelach in rig-sa 7 a bunadus .i. Hiruath. Uair mad iar n-Eosifio, prim- 6945 shenchaide na n-Ebraide: as do hIddomdaib do, iar mbunad athardai; do Aráibecdu do tra, iar mbunad a mathar. In t-Antipater-sin mac Hiruaith, ro-hergabaid i n-a gilla becc he la slataigib do hIddomdaib, 7 ro-halt he re cian occu i n-a mí-besaib fen; uair boi do dáidbre a athar na coemnacair a fhuaslucad .i. sacart 6950 tempuil Apuill as in Asculóin a athair. O ro-gnathaig Antipater in tír n-Iddomda, no-théged co menice co hIerusalem, co n-id ann-sin do-rála a múinnterus fris-in sacart, fri Hircán. Ocus do'n Antipater-sin is mac in t-Iruath-sa, fo ngéuir in slanícid Ísu Crist; co n-id ó'n chairdes-sin bóí di-a athair fri Hircán do-rála a oentu fen 6955 fria Rómanchu, co ro-s-cennaig flaithus tíre Iuda uli ho Octauin August; 7 boi tri bliadna trichat ir-rige mac n-Israel. Hiruath tra in fer is a mac Antipater meic Hiruaith Ascolonta e-sen, is i n-a aimsir-sium ro-genir Crist 7 Eoin Baupstaist, 7 is e ro-t-marb in maccraid im mBethil Iúda. Hiruath Tetracha a mac-side, is i n-a 6960 aimsir ro-ces Crist 7 Eoin. Hiruath tra Agripa, mac side Arcilaus brathair o'n Tetracha; is lais-side ro-hergabaid Petur 7 ro-ces Iacop Mor mac Zepedéi.

Senchus na n-Iruath in-sin.—Iarfaigther tra, can a cenel na níruad-sa, 7 cia tír as a tancatar? uair fogabar is-in aughtarrás 6965 slonnti immda examla forru .i. Caillde, 7 Persu, 7 Sabéi, 7 Arabéi. Calldai do ráda friu ar fógluim a n-elathan do beth occu; no is o chomfocus a n-aittreue atberar Calldai 7 Persa dib; Arabecdaí tra, 7 Sabecda co díles do gairm dib, iar fherund 7 ciniud: amal for-t-gella in scriptuir, co n-abair:—ro-ptar dráide rigda na drúide- 6970 si i n-a tirib fen; 7 is amal tancatar, co slogu mora 7 co n-ascadaib examla leo, do adrad in coimded. Cid di-a tancatar do Ierusalem

sech Bethil Iúda? Is e fáth, uair ro-fhácaib in rédlu iat o thancatar le co tír Iúda, 7 do-dechatar-sum is-in cathraig is ordarcu
6975 boi is-in tír; 7 ba doig leo co mbad o Hiruath no-genfed in t-í batar iarraid; ar is e ba rig for Ierusalem, 7 is innte boi a bunadus.

Is ceist in eu hoband ro-gein in rédlu, no in o chéin ro-suidiged eter na rendu, 7 sí infhoilige iar trill? Is ed is mou demnigít aughtair, co n-id co hoband ro-tusmed hi do'n t-shollsi etherdai, 7 co
6980 ro-tuaslaiced focetoir fo aiened na ndula-sin iars-in timthirecht-sin; amal is eu hoband ro-arthraig in spirut noeb for Crist in uair a baitsi, 7 ro-tuaslaiced iar-sin fo aiened na ndúl di-a ndernad; no dín, is aingel Dé nime ro-arthraig is-in delb-sin *stelle*, amal is cetafid sin do Augustin noem. Cesnaigít aughtair do mét 7 ardi 7 etrochta
6985 *stelle*. Atberait aroile co mba mou hi oltás escaí, 7 co mba sollsi oldás grian, uair ní díchléd sollsi grene hi is-in ló amal cech redlaind. I n-etarmedon tra in aeoir fhuasnadaig ro-arthraig si eter escaí 7 talmain acht comfhoesi hi do thalmain indas do esca. O ro-genir imorro rig nime for talmain, ro-fuasnaiged in rig talmaide; uair is énírt cech flaith talmaide i n-aithfégad flaithiusa nendai.
Et omnis Ierosolima cum eo: ar apéli dognétis comchetfaid dó; no is a míscáis iar fhír Crist ro-buí accu; uair is menice comchetfaigít na baill chlaena do'n chind chlaen. Is aire ro-thinolit leo-sum súid 7 airehindig in phopuil, co fessed indus bui a n-indfhethem imo'n rig
6995 ro-tairngered doib di-a ceenel fen, 7 co ro-flóglainded uathib in cathraig i-n ro-génair: co mad de-sside no-fhúided na dráide do thaiseclad uad for Ísu. *At illi dixerunt, 'in Bethel Iudae.'* Is follus co n-id mor dlegait na hIúdaide dammain forru ó Dia, uair ní namá ro-fhetutar fota ria ngenemain Crist co ngenfed, cia ro-díultsat. *Tunc Herodes clam uocatis magis*: is aire imorro ro-gairmsium na drúide fo chleith, co mad gné n-onore leó an n-acallam do'n rig hi coccur, 7 dín na festais Iúdaide in indethium ro-boi
7000 aeca do'n mac, 7 na ro-thairmes[c]tís imme o nach mud écin ar-rig díles do marbad. *Et mittens eos in Bethlem dicit*:—"ite et interrogate diligenter de puero, id est, in ciuitate an extra ciuitatem, qua die rel qua hora et quibus parentibus natus sit; 7 ho fo-n-gébaid, indissid dam-sa, co ndech-sa lib di-a adrad." Is sain in ní atbert-som sechtair ind-sin o briathraib 7 ro-imráid o menmain; uair is s-ed ro-gell sechtair, 'co n-aidérad in coimdid,' 7 is ed imorro ro-chind o

menmain, a marbad. *Qui cum audissent regem, abierunt, et ecce stella* 7010
quam uiderant in oriente antecedebat eos, 7rl. Is aire imorro testa in
 rédlu o na drúidib, cu ra-erdarcaigitís do chach in mírbuil ro-foill-
 siged doib, 7 din co mtis failtisgide d'facbail stelli a hesbaid uathib ;
 amal is follus sin o thochoscemtaige inna liachtan fé'n, in tan atbeir :—
uidentes autem stellam, gauisi sunt gaudio magno ualde, et intrantes 7015
domum inuenerunt puerum cum Maria matre eius ; 7 o ro-oslaicset a
 n-árceu, tucsat na tri máine-sea dó .i. ór 7 tuss 7 mirr. Ór do, a
 dualcus a rígdata, uair doróisce in t-ór cech tinde, amal doróisce in
 rig inna huli ;—túis imorro dó, a dualcus a diadachta, uair athase-
 naid a de-side iar n-a hadandad i n-uaislib nime : cubaid sin fri 7020
 huaisle na deachta ;—mirr din dó, a dualcus a doenachta, uair is
 gnáth mirr do thabairt im chorpaib dóine i n-ádnocul, co n-id
 maillite thinaid, amal do-ratađ iar-tain im a chorp-som fé'n.

Nomina et habitus et munera magorum Augustus Aurilius sic ait :—
primus eorum, Melcha nomine, senior canus cum barba prolifica et capillis 7025
prolixis et tunica iachintina .i. ulcha immlebur fair 7 folt fota 7 tonach
uaine imme, sagoque millenio .i. lend buide, et calciamentis iachitinis,
aurum quasi regi obtulit. Secundus nomine Caspar, iuuenis imberbis
et rubicundus cum millenia tunica sagoque rubeo et calciamentis iachi- 7030
tinis, oclach amulchach derg, 7 tonach buide imme, per thus Deum
cognouit. Tertius Patifarsa, adolescens fuscus integre barbatus .i. óclach
témnide lán-ulchach, rubeta tunica, sagoque albo et uario, cum calcia-
mentis millenis (.i. budio), per mirram filium hominis agnouit. Omnia
eorum uestimenta Sirica erant.

Et responso accepto in sompnis ne redirent ad Herodem, per aliam 7035
uiam reuersi sunt in regionem suam. Ní he in sét iars-a tancatar o
 Ierusalem do Bethil dochuatar ; no din, ni hinund sét etir tancatar
 as-in airthiur 7 dochuatar doridise do for a cúlu ; uair iar tír
 dochuatar, iar muir imorro tancatar, co ro-gabsat port i comfhocus
 tíre Iudae, co nu-s-tanic anbhine mor ann-sin, co ro-bris a longa 7040
 do chomailiud in neich do-rarngert in fáith co n-epert :—“ tuairc-
 fet-sa o anbhine dermáir longa in mara ” ; 7 is aire ro-chomarléic
 Dia in no-chombadud-sa, co mbad derb-airthe do Iúdaidib do
 chretium Crist .i. tria chomailiud na fáitsine ro-terchanad de,
 7 co na bud inann sét tiastais na drúid di-a tír 7 tancatar ar-daig 7045
 runi imchuide. Ro-fugrad em do chéin mair anall o na sruthib

arsataib in mirbuil-sea *stelle* : ro-fugrad chetus is-in columain tenn-
 tide ro-boi ic remtechtus in popuil Israel a tír Egipt eo tír tharngiri,
 hi fhiguir-sin 7 i tóraind inna rédlainde-sea ic remtechtus na
 7050 údruad do tír cetna ; 7 dan ro-fugrad is-na taiscełtaib noemaib
 ro-faitea o phopul Dé co hErechó do fhégad tíre tairngiri, 7 d'a
 r-tharehuirset for sét aile co a múintir, ar imgabail na hetarnaide
 ro-hindlit ar a eind, o ro-hairigthe iat ieo'n taiscelad. Ro-terehan
 din in faith uasal Isaias, *dicens* :—“ doragut sloig immda a tír na
 7055 hArábe, ór 7 tuis 7 mirr leo i n-edpart do Dia, 7 doberut gloir
 7 molad do Dia tre n-a n-edpartaib.” Ro-terehan din Dauid mac
 Iesé, co n-epert :—“ doberthar ascaid do Christ, de ór na hArábe.”
Hec iuxta litteram dicta sunt ; ceterum iuxta spiritualem intelligentiam.
 Na tri draid tancatar do adrad Crist : is ed doformet sin, na huli
 7060 chenela ro-genset o thri maccu Noe, do chreitem Crist 7 di-a adrad.
 O n-airthiur tancatar : is s-ed doforne sin, na huli iresechu tancatar
 do adrad in choimded as cech aird ; uair tuarcaib grian na firinde
 dóib dá cech leith, 7 ro-inorchaid ind uli domun : is si na fuinend
 cid is i n-áidche do na firenaib,—fuid imorro in-medon-tai do na
 7065 pechdachaib. Co hIerusalem tancatar .i. co fégad síth, uair is ainmm
 do Christ síth ; “ uair is e Crist ar síth-ne, is é ro-accomail in eclais
 cechtardaí ” .i. muinnter nime 7 talman. In redlu res-na draide :
 is ed doforne sin, etrochta in t-shoscela, no-s-beir co haithentus Crist
 7 có a chretium. *Audiens autem re turbatus est* : is s-ed doforne sin,
 7070 diabul ic a ra:bi ab[bd]ainecht 7 rigi in domain-sea, d'ubtad 7 do shar-
 ugud tria chomailiud Crist ; uair amal ro-shuidig diabul tre format
 bás do dóinib, is amlaid-sin ro-suidigestar [in] mbethaid suthain tra
 deire. *Et mittens eos in Bethlem* : is s-ed doforne sin, na hiresachu, o
 dergeit in domun co n-aithigid co gresach in mbethaid rúnda .i.
 7075 ind eclais, do thomailt in t-shásta suthain .i. chuirp Crist 7 a fholai.
 Ocus o dachótar is-in tegdais, fuaratar in mac i n-ucht a máthar : is
 ed doforne sin, Crist fodéin do gabail is-ind eclais do'n lucht chraib-
 dech no-s-aithig ; *ut dicit in salm-chetláid* :—“ aithigid do-t thegdais,
 a choimdiu, 7 dodén t'adrad is-in tempul nóeb i n-attebra.” *Et*
 7080 *apertis tesaris suis* : is s-ed doforne sin .i. na tri hetargna fogeib ind
 eclais is-in scriptúir noib ; is inand ón 7 stair 7 sians 7 anagoig ;
 no din, na trí dána édbras ind eclais do Christ .i. óige 7 aithrigi
 7 lanamnus dligtech. Dochotar iar sét aile dochumm a tíre : is

s-ed doforne sin, na hiresechu, o ro-laiset díb tigernas diabuil di-a ra-fhogainset anallana i sét na hindirge, co n-adrat innosa i sét na 7085 hirse cathalaeda ind fír Dia, chretir i nd-oendacht aicnid 7 i trédacht persainde, co n-id do a aenor fhognait, amal aithnes in scriptúir, co n-apair:—“ adair do'n choimdid 7 do Dia, 7 fad dó a aenur fógna.” *Hic est spiritualis sensus huius lectionis.*

Moraliter uero, na tri dráid tancatar o-n airthiur: is s-ed dofornet 7090 sin [iar] bestataid, in duine threda tairises o chuirp 7 o anmain 7 o spirut, iar n-a inorchugud o shoillsi in fhorcetail diada, co n-érnend na dana trédai, iris 7 frescisciu 7 déirec do Dia trédai .i. do'n trinoit. In redlu res-na draidib: is s-ed doforne sin, trócaire Dé do fhortacht in duine, co n-id áil leis cech maith do dénam, 7 co sánntaid adrad 7095 in choimded tria hedpartaib; amal for-t-gella in faith, co n-apair:—“ trócair Dé fodéin fhaslaiges form cech maith dognú.” Hiruath do fhuasnad: is s-ed doforne sin, in diumus do thairnem tria inísli tria umalóit is-in duine dognú toil Dé; *ut dixit Solam*:—“ dichuirid in coimdid uainn dúalaig in díumais tria rath umalóiti.” *Apertis tesauris* 7100 *suís, 7^ol.* .i. o d'fhéchas in fíren brechtrad na sualach i n-arg a anma, togaid in suaigaig i[s] sochraidiu fia[d] Dia and, 7 no-n-edpair do Dia. Uair idpraid in n-ór do Dia in t-í di-a fhoillsig Dia ecnai, 7 o tharmnaigid do chach i n-a fhorcetul, amal ata is-in scriptúir diada:—“ cid mor fháiltnigit ciúil 7 cóibleda menmain in duine, is 7105 mou co mór fháiltniges ind ecna diada.” Édpraid din tús do'n choimdid in t-í no-s-aitchend o chríde glan i n-a ernaigthe, *ut dicit* in fáith:—“ ro-athascná m'ernaigthe co dírech chucat, a Dé, amal diaid thúsi adantar i n-edpairt duit.” Édpraid em in morail do'n choimdid in t-í traethus dualchi a cholla tria apstanait, amal atbeir 7110 in t-apstal:—“ troethaid bar colaind tria óine, co n-erbalat ó'n mud-sain a haccobrai.” Na draid tancatar do adrad Crist co ndánaib examla i n-oesaib examlai .i. oclach 7 moeth-oclach 7 senoir: is s-ed dofornet sin iar mbestataid, co n-id ed is téchta dun, co ro-fhógnam do Dia in cech áis, 7 cu ra-edpram dó na dána 7115 logmara-sa .i. deig-imrad 7 deig-briathra 7 deig-gnám. Dochuatar na dráid iar sét aile dochum a tíre: is s-ed dofornet sin iar mbestataid, na hiresechu, impait o sheirce in domain-sea for a b' airchindech diabul, co n-imthiget i toil Dé iar sét dírech na fíren .i. i Crist; uair is ainmm do Christ sét, amal atbeir fen:—*ego sum uia et ueritas* 7120

et uita. Is e so in sét,—uair is iarma athascnait na fireoin di-a n-atharda fén .i. do'n fhlaith nemda ; frinde din he,—uair is bréc cech maith i-fus, i fégad na mathi tidnaicther uad-som thall do na firenaib ; betho imorro he,—uair fédligit na nóib acú is-na hinat-
7125 aib-sin, cen ais, cen forcend, cen erchra. *Hic est moralis sensus huius lectionis.*

Dies ergo uenerabilis est in ecclesia celi et terre hic dies ; quam multa sunt mirabilia huius diei teofaúe ! .i. Dei apparitionis per dominicam stellam ! hodie stella Christum querentibus monstrauit ; hodie baptizatus
7130 *est Dominus noster Iesus Christus ab Iohanne Iordanis flumine ; hodie consecrati sunt omnes fontes, hodie spiritus sanctus in columbae specie super Christum descendit ; hodie de quinque panibus quinque milia hominum saturauit ; hodie aquas in uinum conuertit, in Cana Galilee. Et idem Dominus noster Iesus Christus qui in hac die magis et gentibus*
7135 *apparuit, in die iudici iustis et peccatoribus apparebit : iustis ad gloriam, impiis ad penam. Tunc stupa collecta .i. sinagoga peccantium, in tenebras tradetur exteriores ; ubi erit pena famis, pena sitis, pena frigoris, pene caloris, horride tenebre, facies demonum, uoces tortorum. Iusti autem ibunt in uitam eternam ; ubi iuuentus sine senectute, uita*
7140 *sine morte, Christus cum patriarchis, Christus cum martiribus et cum uirginibus ; is-in oentaíd is uasli andas cech n-oentaíd, i n-oentaíd na noem trinoti airmitnigi, athar 7 meic 7 spiruta noim.*

Alme trocaire iDé, co r-ísam uli in oentaíd-sin, ro-s-airillem, ro-s-aittrebam, *in secula, amen.*

201 a 1]

[XXXII.]

7145 *Angelis suis mandauit de té Deus, ut custodiant te in omnibus uíis tuis.* Dauid mac Iesé, ard-rig claimni Israel, in prim-flháid amra, is e ro-faillsig i n-a shaltair nóib co n-id aingil is timthireda do Dia oc stiúrad 7 oc follamnugud in clinedu doenna is-na hulib shétaib. Noi n-uird aingel filet a nim .i. *Angeli, Archangeli, Uirtutes,*
7150 *Principatus, Potestates, Dominationes, Troni, Hirophin, Sarophin.* Aingil, is inand iar n-etarchert fhocuil 7 ‘techtairéda’ ; archaingil tra, inann 7 ‘uasal techtairéda.’ Aingil inlfhuiter o Dia d’erail na

ngnim coitchend maith n-adamrai for na dóinib; uair in tan ticc imrádud maith hi menmain duine,—im oidigecht do duine bocht, no im thorruma na ngalarach, no imm dig do'n tróg, no im cech maith 7155
 eli is cosmail friu-sin,—aingil erailes sin. In tan tra teit oen di-a oilithre, no in tan postar, no teit fo gradaib in choimded, no in tan gabus altrom Dé, no in tan dogní tempul i n-anoir in choimded, no maith mor ele is cosmail friu-sin,—archaingel erailes sin. Nóí ngrada aingel filet a nim, 7 in dechmad grad talman, *id est, Michael* 7160
archangelus, is al-líth 7 is a forraithmet chelebarthar is-in lathli-sea indiu i n-eclaisib na Cristaige. Is inann Michael iar n-etarchert, 7 'cia] amal Dia.' Is do tucad stiurad 7 follamnus na n-anmand dochum parrthuis; "is tu, ol Dia fri Michael, airchindech 7 cend 7 7165
 oirchindech, ro-orðaiges fors-na hulib anmannaiib, di-a stiurad 7 di-a follamnugud dochum parrduis." Mo-ngenar dogní a char[a]trad co cairdemail fris-in Mícahel-sin, hi n-áine, i n-érnaigthe, i n-alm-sanib! Mo-ngenar anmain fogabar co glan di-a stiurad o'n Míchael-sin, di-a delingud ó demnaiib!—Ar tri fáthaib celebarthar sollamain do Michael sech cech n-archaingel aile .i. for saerad in tairb bóí i 7170
 ndorus na huama, 7 ar marbad na biasta i sleib Gargáin, 7 ar díten na Cristaige hi cath muige Campain for Sharristínib. Is coir dún aisnes cumair do na tri mor mírbulib-sea. Ata araile cathir i crichaib na Campáne, di-a n-ad ainm Sepontina; is innte bóí aroli fer saidbir sochinelach, di-a n-ad ainm Gargan. Is ó'n Gargán-sin 7175
 do-rata ainmm for in sliab, co n-id sliab nGargán ó-sin ille. Boi do sháidbre in Gargán-sin, co mba lán in sliab uli di-a indilib. Boi din tarb gle-gel eter cethraib Gargán, 7 ba mó a grad fri Gargán oldait a uli cethra; acht do-rala tan co mbóí in tarb for sechrán 7 iarrair, co ndechsát na hoegaireda dia indisi do Gargán, 'co mbóí 7180
 in tarb for iarrair.' Atracht Gargán co tindesnach, co ro-shir diamra in t-shlebi do'n tarb, 7 no-co n-flhuair; acht do-rala co frith in tarb i ndorus aroli uamad na r-bo aicnid do dóinib có-sin. Rogab tra ferg mor Gargán, co nu-s-léic soigit i ndiaid in toirb; 7 ní dernai erchoit do'n tarb, acht ro-soud in soigit for cúlu co Gargán 7185
 fen, co ru-s-ledair co mor he; co n-id iatt a múinnter ro-s-imorechur he có a thech; 7 ba ingnad fris-na hulib in mírbuil-sea. Ro-orðaiged din ho epscop na cathrach trédenus do lucht na heclaisi 7 na cathrach ol-chena, co fhoillsiged Dia doib in ní in a ra-butar.

- 7190 Faillsigis aingel Dé i n-aislingthi di-aroile senoir, co n-epert fris :—
 “ is maith a ndernsabair, ol se .i. a shiriud ó Dia in ní bís i
 n-aneolas do dóinib.” Ro-s-freacair in senoir 7 atbert :—“ cia
 thu-sa, a ólaich thaitnemaig ?” Atbert in t-aingel :—“ me-si,
 ol se, Mícheál archangel ; is mé bís i fhiadnaise in duilemun co
 7195 sír. Ocus ro-thogus dam féin in locc mbece nemélnide út sech
 inad du in talmáin ; cumdaigid tempul anórach dam is-in lucc
 út, di-a thorruma o oilithreachaib in domain a cethar aird na
 cruinde.” Ro-comailled amal-sin, co n-id prim oilithre fós *sancti*
Micháel de monte Gargano. Gar d’aimsir iarum co ndechad Gargán
 7200 is-in sliab do thorruma 7 d’fhethium a thrét, amal boi ann,
 co fhacca béstín mbice mbuide is áille bóí do béstib domain, co
 mbocótib gela amal snechta, condergi amal chorcair. Tócbaid do
 thalmáin hi, co n-id ed atbert :—“ Ata én ingen cruthach ocumm,
 ol se, 7 sochaide oc a cunchid ; 7 is étáil liumm in béist bec-so
 7205 d’[fh]águail di-a tabairt do’n ingen-sin, co ndenai petta di.” Teit
 remi di-a thig, 7 ruc in béist lais, co tarut di-a ingen. Atbert a
 ingen fris :—“ A athair inmain, ol si, is mó lium so d’[fh]águail
 oldás mor d’immas 7 d’argut.” Oilis in ingen iarum in daltan
 mbece-sin. Garit tra do’n béist and, in tan ro-dhorchaid 7 ro-
 7210 forruamnig ; ro-métaig co mor beos co na r-ba luga hí hi cind mis
 oltás orce cránai. Ni-s-téged nech do muintir Gargán secci do
 leith, do’ na tabrad sceim némnig co letrad féoil 7 lethar o’n chnám
 immach. Geranaigit in muintir uli sin, co n-id ed atbertís :—
 “ marbthar, ol siat, in béist démnach !” Ro-fháslaig Gargán tra a
 7215 marbad. Ro-díult a ingen, 7 is ed atbert :—“ ro-pud ferr lium, ol
 si, bás d’[fh]águail dam buden oldás mo dalta do marbad.” Mét-
 aigis in béist iarum, co na r-ba luga hí hi cind teora mís oltás
 toree n-allta teora mbliadan. Iar-sin ro-marb sí triur mor do
 muintir Gargán, 7 slucid as a cind ; iar-sin folmaiged leth na
 7220 cathrach di. Hi cind bliadna tra ro-forbair co na ba luga hí oltás
 dam dílend. Fásaigther in baile uli di fá-deoid, 7 dochótar catharda
 in baile hi comairle, dús cid dogéndaís fria. Cathaigset i n-agaid
 na biasta iarum, 7 ni boi poind doib ann, uair ro-s-taifnit 7 ro-
 marbait sochaide dib. Iar-sin lécit in catharda uli di, co ndechsát
 7225 lucht na cathrach is-in t-shléib. In béist tra, o na fuair-side ní
 no-ch[o]cnad is-in cathraig, ro-s-len folluuchta in t-shlóig 7 ina cetri

is-in t-shleib. Teit din fo thrédu Gargán, 7 ro-marb dímór dib. Tinolsit iarum lucht na cathrach uli, 7 lécset cathugud do'n béist, 7 do tharb Gargán : ní ro-s-tarmnaig ní, acht bece na ro-nithaiged in tarb is-in ngleo-sin. In ám-sin tra, ro-thatin óc milid armach 7230 co n-etach taitnemach, co laind n-ordai, co r-thatin eter na slógu ar medon, 7 atbert :—“ Cret dobérad sib do'n tí no-dingebad in béist díb ?” Atbertsat uli o aen bel fris :—“ Dobermais, ol siat, sínn fen i ndílsi 7 ar n-uli máine.” Atracht in milid fris-in mbéist. Ro-freccatar srotha tened a srónu 7 a belu na biasta ; ro-dérg 7 7235 ro-ruthnig in milid, 7 a chloidem tenntige i n-a láim. Ro-lingestar in béist eteruas i n-aeor, co ro-artraig in slog demun i n-a smút chéó immpe ; ro-thatin in slog aingel imó'n mílid, co mbatar i n-a niúl gel imme. Ro-bruthnaig in milid i n-agaid na biasta, co tarut béim cloidim di 7 ro-thesece hi i ndíb rannu. Lingid is-in 7240 t-shléib in dara leth na biasta dar tri míle cemend ; ro-ling in mílid i n-a diaid, co ru-s-athmarb hí ;—7 ata tempul anorach ind-sin i comartha in choscáir-sin. Tanic in mílid iar marbad na biasta do acallaim lochta na cathrach, 7 is ed atbert :—“ Me-si, ol se, Michel archangel .i. bar cara bunaid-si ; uair is mor bar ndethlitu lium. 7245 Demun tra tanic chucaib i ndeib na biasta da bar ndiscailled .i. mín alaind socharthanach tice diabul do mellad chaich : serb 7 goirt iarum. No-discailfed in béist út in cruinne ho thurebail co fuined, mi-ne discailte hí fén for tus. Acht is ed so thothlaigim, ol Michel i persain in choimded fesin .i. co ra-b grad caich 'g-a chele ocaib. 7250 Ernid declmada na n-uli filet ocaib do fhulang na n-eclais ; tidnacíd bar n-almšana cu trocar do bochtu 7 do deblenu Dé ; ernid étaige do bochtu.” Iars-na labarthaib-sin 7 iar labarthaib immda aile, ro-fhresgab Michael i fhiadnaise in uli shlóg batar inn-sin dochum nime.—Scéla na biasta co-sin.

7255

Ro-erig cathugud mor eter lucht Sepontína 7 lucht Neapolis : Cristaide lucht Sepontína, Págandai din in drem aile. Uathad na Cristaide, at ile na Págandai. Ro-throiscset na Cristaide fria Dia 7 Michel im a fhurtacht. Ro-artraig Michel doib, 7 atbert friu :—“ Ercid a mbarach do chur in chatha, 7 do-icfam-ne i n-ar n-aingliu 7260 mar caeraib tened do marbad na Págandai in bar fhiadnaise.” Iarsin atrachtsat na Cristaide dochumm in catha. Ro-ergetar na caera tened 7 na sóignena as in aeor, co ro-s-marbsat hil-máine na

Págándaí. Is di-a rér-sin atberair is-in saltair nóim .i. “is tu th’oenur, a Dé, dogní th’aingliu spirutaldai, 7 dogní do thimtirige co ndat tene loisedech.” Ro-mebaid iar-sin do na Págánda, 7 ro-cretset do Dia trias-in mírbuil moir-sin.—Scela in chatla co-sin.

Bid a fhís ocaib co ticfa Michael doridise do chobair in chineda doendai. Ancrist inorro, duine e-side genfes i nderiud domain.
 7270 Derb-shiúr dó budén a mathair. Tomm liath hi cert-medón a édain; oen shuil as a chind im-medón in tuimm-sin. Oen mhala fair, 7 ro-sia tra o’n ehluais co ’raill allathís di-a shúil. Oen ehtar a chorp uli; oen ehtar a thraigthi. Tairrngid na crunna as a prému; sídíd a mbairr i talmain 7 a mbonai suas, 7 do-s-beir
 7275 duille la torad for préma 7 for bonu na crand. Dogéna ór 7 arcut do indebar 7 do otraigib na n-ech 7 na cámall 7 da cech étarba ol-chena, 7 sílfaid anclhrem fó’n mbith. Ni báid usce he, 7 ni loise tene 7 ní geba iarn. Helí 7 Enóc tra, atat i mbethaid fós i parthus; gebid étt mor iat, co ticfat do chath fri Ancrist; ní bia
 7280 poind doib am, nair marbthar eat. Iar-sin tic Michael do nim, 7 a cloidem derg tenntige i n-a láim, 7 muirbfid Ancrist. Dingebaid Michael in plág-sin amal-sin; comfhocsigfid lathi brátha iar-sin. Sendfid Michael a stoce co nd-eracht in uli as a n-ádnachthib. Doraga in brethem bratha do mess for in cined ndoenda. Do-s-bera
 7285 na maccu mallachtu di-a clí is-in tenid suthain; do-s-bera a noemu 7 a fhírenu di-a deiss .i. lucht na dérci 7 na trócaire, do ascnám flatha Dé, do thochaitthem na fledi ro-fúired doib o thús domain, i n-oentaíd na trinoti uaisle uli-chumachtaig[e], athar 7 meic 7 spiruta noib.

7290 Alme trocaire Dé tria impide Michil archangil; ro-hisum uli in oentaíd-sin, ro-s-airillem, ro-s-aittreum, *in secula seculorum, amen.*

[XXXIV.]

Atberair is-in naemad caibdel fichet do lebar Matha, co tanic araile fer dochumm in athar nemdai, dia iarfaide de, cindas dogébad-se a chuit do'n flaith nemdai. Ba hi freccra chumair tuc-sum air ind-sin :—"mad ail duit, ol Dia fessin, dul dochumm na bethad suthaine, coimet na haithneda do-flhácsam ac Moysi mac Amra iter da claraib ;" 7 ata cuit dib díultadach 7 araile daingnighthe ; 7 an as diultadach dib, is écen a sír-choimet, 7 is lór in dara cuit do choimet in tan tic amm a coimeta ; 7 is amlaid thuicit na heolaig in fhreccra-sa tuc in t-aen Dia, .i. cech aen na coingéba a aithneda, co mba hiffernd a adba bunaid, 7 co mbat mallaigthe o Dia, amal atbeir Daid :—"is mallaigthe na dáine claenus o t'aithnib." Ocus ata anns-a cethrumad caibdel fichet do lebar Moysi, co r-aithin Dia do Moysi mallachad luchtá sáraigthe na n-aithned co haduathmar ; 7 ata anns-a lebar cétna in bendachad thuc Dia for lucht coimeta na n-aithned, 7 cech ní ro-géll Dia doib hi-flhus, 7 flaith nime iarum. "Ma-s s-ed, coimet na haithne, ol Dia fessin, 7 coimetfaid siat tú."

In chet aithne dib-so :—"na hadair dee bréci, acht me féin m'aenur" ; creid mé, 7 dam, 7 indam, 7 cuir mo grad ós cind cech aein ; 7 tabair grád do-t chomarsain amal tú fodén. Ocus aderait ind eolaig co filet na deich n-aithneda is-in da aithne-si : uair da mad dil la nech a chomursa, ni choillfed se én aithne do na secht n-aithnedaib benas fris-in chomarsain ; 7 ata s-an aithne-si gan credium do chrandchuraib, na d'upthaib ban, no do glór eu, no d'aislinghib, no d'aímmsir escaí, no do la chrosta, no d'fháistine duine d'a marand indú.

In dala aithne tra :—"na glacc ainmm do Dia co dimain" ; 7 saraigther in aithne-si o thri modaib ; .i. in cet mod dib in tan doberar luige fire cen ádbar no le hadbara ta 'n-a peccal marbtha and fén ; 7 ata in chuit-se do'n luige i n-a éthech oc a thabairt, 7 ni dlegar a chomall ;—in dara mod le mbrister hi .i. in uair doberair luige, ce raib se i n-a fhír, 'ba chnedaib Crist' no 'bá ballaib Crist' beos ; 7 is mó so ina in cet peccad, uair doberait-sium aithis do Dia oc ainmniugud a ball for leith, mar nach in-

dénta ; 7 ata figuir aige-seo is-in lebar re n-abar *Leuiticum*, amal do-s-furail Dia fen er Moysi, ‘in bean do-rinde a shamail-seo do clochad,’ 7 ni fetar arim ca mence 7 ca med ro-s-ordaig Dia pian
 7330 adbul anns-a peccad-sa. Ocus is bec in da modh-sa atrúbramar oc fechain in tress mod, .i. na brégi re tabar luige, uair is i is pian choir do lucht in ethig, a cuirp a-blus do crochad 7 a n-anmunda do riagad tall a n-iffernn ; 7 ata so hi cuis in ethig, in t-i tue lebar aiffirind no dealb Dia no naeim dia naemuib i n-esliss, co ra-b í
 7335 so ciall a luige, .i. “doberim, ol se, maitheam 7 dilsigud for na haifrendaib 7 for furtacht na naem 7 for a nglóir, 7 gabaim chucam mo chuit do’n phein t-shuthain ; 7 ni hed amain, acht cech ball d’a ngluaisimm cus-in luige-sin, dilsigimm cech maith di-a nderna riam les-in mball-sin, gach paiter d’a r-gabus riam les-in mbel-sin,
 7340 7 cech maith d’a ndubairt, doberim sin uli il-laim ndiabail.” Ocus amal do-s-beir *par* do’n lebar d’eis a éthig, bíd oc gabail [c]eda o Dhia cumm degulta ris ; ma-s s-ed, bíd adbar acu-t luige oc a thabairt, 7 bíd i n-adbar choir 7 i [n-]a firinde, no bi gan a thabairt.

In tress aithne :—“cúinnig na dómnaige do naemad,” .i.
 7345 oibrigthe fechnacha do denum ímtib, amal aderair in *Apocolipsi*, 7 amal atbeir Solam in *Eclesiastico* is-in nomad capdel déc .i. dena ní maith is-ind lo maith, 7 na dena bec d’ole ann ; uair is i sin cong-bail is uaisle oc in aithne-si, 7 is annsa do brissed, .i. na peccaid marbtha do shechna and ; 7 ata a fhighuir-so anns-a cóiced caipdel
 7350 fichet do lebar na Nuimre, .i. co r-chuir Moysi 7 Áróin in duine fuaratar oc tinol a aire [.i. connaid] air is-in t-shabóit, .i. co r-chuirset hi prísún he, co fhindais cia breth do-s-berad Dia fair ; 7 is i breth rue Dia dó, a clochad fochetoir. Is he immaircess in t-ere-si co spiritalda, amal adeir Augustin, in t-e nach sechnann peccad
 7355 marbtha dia domnaig d’airithe, uair is e sin in t-ere trom beress in animm leis a n-ichtar ifirn ; 7 is do’n ere-sin labras Heremías fáid is-in sechtmad caipdel fichet, .i. “na himarcráid ereda is-in t-sha-boit,” .i. peccad ; 7 is do’n ere cetna labras David is-in t-shalm :—
 “atat mo pheccaid i n-a n-eri throm for mo muin.” Sechnum na
 7360 peccaid dia domnaig saindrud, cein co-b denta la ele iat, uair ata brissed na haithne d’imarcráid i n-a ndenum dia domnaig maille re a cin fén ; 7 ni hed as imtrecthi in peccad ann, acht ni dlegar umla ele ann do-roissed i peccad, acht onórugud sollamnach ; uair

aderair *in libro Exodi* is-in fichetmad cáipdel, “dena h’obrigthe fén, .1. obrigthe na colla, is-na se la ele, 7 na dena obair dómnaig.” Ocus 7365
i n-a fhighair-so do-rinde Dia in t-oibriugud sé-lathi anns-na lathib
ele, 7 bóí hi tost is-in t-shaboit. Ma-s s-ed, o-s e in t-anumm is
uaisle, 7 ni hed amain, acht is uaisle én anim ina a tanic 7 a ticfa
do chorpaib,—o thucad se la d’fógnam na collai, in t-én la tucad
do’n animm, ni dlegar ann acht oibrigthe na hanma, .1. oiffrind 7 7370
urnaigthe 7 diadacht do legud 7 do scribad, 7 almsana do bochtaib
7 oibrigthe na trócaire ol-chena; 7 gab fo’n aithne-si gach lá saire
er a fhuil cengul o’n eclais, a onorugud mar in dómnach.

Ocus is iat sin na tri haithne benus re Dia; 7 fris in comarsain
benait na secht n-aithne-so síis. 7375

In cethramad aithne:—“tabair onoir do t’athair 7 do t-
máthair,” chollaide 7 spirutaldai;” 7 is immda fáth o n-a b’égen
a n-onórugud .1. do shined do saegail for tús; uair do-gell Dia féin
saegal fotai do chách di-a chind-sin; amal ata *in libro Exodi*, is-in
fichead cáipdel, 7 atbert-se is-in tress cáipdel do liubur Sholaim, 7380
“ci-p é do-s-bera in onóir-sin, méraid se co fota.” In dara hadbar,
chuind beth for dha shlicht; uair ro-gell Dia s-a lebar cetna, “ci-b
e do-s-berad in onoir-si, co mbeth clann aibind aige.” Adbar ele,
amal atbert Dia s-a lebar cetna, “tabair onoir do t’athair, ol se, 7
dogeba bendacht in athar nemdai is-in lo deidinach.” Adbar ele, 7385
uair adeir is-in inad cetna, “is glóir do’n mac, ol se, in t-athair
d’onórugud, 7 is mí-maise mór a beth fa essanóir.” Adbar ele,
amal adeir Tóbias anns-a cethramad cáipdel, “cúimnig mar do-
immchur do máthair tú i n-a broind er fead nóí mís, 7 a fhuair
do galar acu-t breith, 7 a fuair do shaethar 7 do shalchar acu-t 7390
oilemain,” nó ber fén i n-a ghill, 7 cuimnig in uair na raibe árach
agut fén ort. Ma-s s-ed, in tan ata do nert acut, tabair dáib mar
thuesat duit, uair ata in nádúir fén ic a furail-so, cen co cenglad
Dia dítt he, ar gáel na fola, 7 er co ra-mian leis-in nádúir maith do
dénium i n-adaig maithiusa. Ma-s s-ed, o da-forcomail Crist so ort, 7395
7 do-rinne fen romut he, mar aderar is-in dara caipdel [déc ar ficlit]
do lebar Lúcais, co mbóí Crist fen oc mogsaine do Muire 7 do Iosep;
7 atbeir lebar na Ríg, ‘co ndechaid Solam i coinde a máthar fen di-a
honórugud; 7 adeir Ambróis *in Exameron*, ‘co cuirend in chorr-
grian a clúm 7 a hetti f’a hathair in tan bís arsaid;’—tabair do 7400

- t'úid in anoir-si do thabairt uaitt gan immdergad; 7 gach umla 7 gach ní ele rig a chorp a less, a údénúm dó; 7 da faicea ainflhis no mí-béasa ann, a múnad 7 a chertugud gan scandail; uair ro-dligfithéa dítt so do denum re nech ele i n-aimsir na hécne.
- 7405 Ma-s s-ed, is mó co mór dliges tú t'athair d'furtacht .i. t'athair collaide 7 t'athair spirutulda i n-a mbethaid-sin; 7 iar n-ég doib, aiffrind 7 almsana 7 guide do dénum, 7 do chendach doib di-a tabairt a purgadóir chumm flaithémnais, uair is uaisle so na cech anóir, 7 is cora frichnam inmpe na fa anóir na colla; 7 mi-na déna
- 7410 tú sin, dogéntar ritt mar dho-rinned re hApsstalón, nech d-innarb a athair fén .i. Dáuid as a flaitlhis .i. dogéba tú betha garit a-bus 7 bás suthain tall. Ní head amáin, acht ní fhuil maith dogeba ar chongbail na haithne-si, na fúidbe a chontrardai-sin as a brissed, uair ní ré dáimib shamlaid na doctúraig cech aen na cóimlet in
- 7415 aithne-si, acht re madraib, uair in comfhat bís in madrad i n-a chuilén, atmaid-se a máthair 7 is inmhain leis hí, 7 amal médaiges, ní aithmend-se a athair no a máthair sech na conu ele,—is amlaid-sin do'n duine-si; acht is messa he, uair theit animm in madraid leis fén. 7 maraid animm in droch-duine a n-ifferm, comfhat re
- 7420 glóir Dia.

- In coiced aithne** :—“ na déna adaltrass ”; 7 ata cech uli gné allamuig do'n posad fo'n aithne-si; gé tat gnethi is trumma ina' cheli dib, 7 is s-ed is cóir so do shechna ar cúissib immda. In cet adbar dib, ata essanóir do Dia ann, .i. a thempul fén 7 a
- 7425 thégdais tairise, .i. cridhe 7 corp na mna no in fhlir do-chendaig se 7 do-glan f'a chomair fén, in uair da-orðaig tond baitsi do chur o'n eclais air, sin do thruailled 7 do shalchad ó'n drúis, 7 diabul do liged i n-a inad fén ann, amal adeir in sálm :—“ do-loiscset do thenid na drúissi tempul Dia ” (.i. corp in duine). Fath ele, b'á-n
- 7430 cóir a sechna, ata sí i n-a dubachus d'ainglib nime, amal adeir *libró Ysaie*, ‘co n-éigit na haingil co sérb in uair dogníther in drúis tria mar dho-míllset na dáine in gáel glaine do-bí doib rú; uair do rér Augustín, as inann nadúir do'n duine 7 do'n aingel; 7 o dha-peccaid in duine, dochóid se in athardacht ó'n aingel. In tres
- 7435 adbar b'á ndlegar a sechna .i. a beith i n-a glóir ac diablaib, uair as inmain les-in spirut inglain in peccad némglan; 7 adeir Ambrós, ‘cid inmain la diabul cech peccad, is é so in dara peccad is annsa

lais for bith, 7 in peccad ele .i. ídpairt do na deib; uair salchair corp 7 animm leo-so, 7 scrístair duine as a [fh]lathemnus leo; 7 adeir Augustín ‘co ra-b sailche in duine ina diabul, ór techid in 7440 diabul furailles in drúis rempi cein bither oc a denam.’ In cethramad cúis, ata peccad na drúisi i n-a dígbáil do’n chomarsain, amal adeir Pól apstal *ad Corint[hios]*:—“na denamm drúis amal dognit daine ele”; 7 adeir in gluais, ‘co fuaratar tri míle fichet do dáinib bás tré mnaib na Madianta, 7 co tanic tria drúis én aidche do- 7445 rinned fri mnái in deochain bás cóic míle déc for fichit míle do dáinib.’ Má-s s-ed, tabair do t’úid do shechna co glan for in olc-sa, o ta do nádúir aige a dhescad do thecht do na dáinib na dénann he, dia ra-but ’n-a comarsain dó; 7 cúimnig gan a fhulang do-t chomarsain no do-t chompanach drúis do dénum, da fhétair a 7450 bascad immu; uair dia fhuilngir, biaid t’animm i n-a gill co sír; 7 is dóig a descad do thecht do-t chorp mar thanic remi. Adbur ele fa n-a sechanta peccadh na drúisi,—ar a dochraidecht; uair ro-bad olc la nech salchar do buain fri-a édach amuig; ma-s s-ed, is doilge co mór, édach na hanma do shalchad, .i. in choland; 7 d’a 7455 derbad co ru-bí amal adubairt íob is-in dechmad caipdel:—“do-chuir tú feoil 7 lethar mar étach umam”; 7 ader Solam, ‘co na fil fógnam d’imarcaid do Dia ico’n duine drúth sech na hainmigib brúidemla, uair ithit 7 ibit, collait 7 comriachtait na hainmige, 7 ní denat na dáine-si acht amal-siu. Is truag in turus do’n duine, techt 7460 anns-a saegul do riar thrualli na hanma, 7 in t-animm glan résúnta do-chruthaig Dia fa chosmailius féin do thrégen uirre; 7 ader in t-apstal, “in lucht d’a ra betha a colann fo na míanaib do frestal, is é in bás bus betha doib iar n-éc .i. ifferrn, re’ ndubairt Iob, mar-a fhuil bás gan bás 7 crich gan crich 7 esbuid gan esbuid .i. bíd 7465 in bás beo ind-sin, 7 in crich oc tinnscna, 7 nach aithnend in esbuid indus do beth esbuid uirri ann. Ma-s s-ed, is olc in cendaige in t-í do-s-beir in glóir, ic na fil deriud na tossach, do chind na glóiri erchraide-sea in pheccaid marbtha 7 do chind péinne co sír.

In sessed aithne:—“na dena duine-marbad”; 7 atat cóic 7470 gnethi ico’n duine-marbad: in chet gné díb-sin .i. droch-esimplair. Is hí so tra in gné duine-marbtha dogniat na preláti, in tan doberait droch-shómpla do gním no do bréthir no do mhaitnechtaige tre díth certaighi in phopuil; uair is í esimplair 7 gním 7 tecose na preláti

- 7475 is betha spirutalda do chách bís futhib. Ma-s s-ed, in tan na fádbait a mbiad díles, is écen di-a n-annannaib, bás d'fhaghbail, amal atbeir Grigóir:—"cech animm téit do díth a thecaisg, is e a prelait fén ro-s-marb he"; 7 is mo so co mór iná 'n corp do marbad, uair in tan marbthar in corp, ni dentar ind acht scarad cuirp
- 7480 7 anna, 7 ni lugaite marus in t-anumm; in tan tra marbthar in animm, scarthar fri Dia hi fochetóir, uair is e sin in bas fíre. In dara gné do'n duine-marbad .i. fuath; d'a derbad-sin, amal atberair il-liubur Eóin, is-in tres caipdel:—"is duine-marbthach in t-íí dobeir fuath"; ór do-marb sé a animm fén; amal adeir Pól apstal
- 7485 oc a derbad-sin:—"da tucaind a fluigind do'n t-shaegul do déi-blénu Dé, 7 mo chorp beos do loscad ar grád Dé, 7 dia n-dérmaind cech maith fhéduis eride do smuaintiugud, da mbeth fuath duine i n-a chómnaide a-m chríde, 7 bás d'fhaghbail fá-sin cen aithrige,—dobeind a n-ifféirn cen erich." In tress gné do'n duine-marbad .i.
- 7490 marbad na tengad; is do'n gné-sin in t-athimrad, 7 dochomairle beos do thabairt do marbad duine, amal do-marbatar Iudaide Crist mac De, 7 amal do-marb Dáuid hÚrias, 7 amal do-marb sétig Hiruaith Eoin Baupstaist. In cethramad gné, in marbad dogní lám, amal do-marb Cáin mac Ádaim a bráthair .i. Abél.
- 7495 Is doilig in gním-sa re dénum, ge ead dogníther cu cóir he, amal adeir *Hieronimus*:—"ei-b e d'á-n bás duine-marbad 7 droch-gnímrada .i. gaid 7 égen 7 éthech co sír, ni duine-marbad a fluil-sin do thogail, acht umalóit do Día 7 do'n recht." Ocus da identar duine-marbad, acht amail-so, atat nethi imnda i n-a agaid; a haen
- 7500 díb, ata in nádúir i n-a agaid, uair is clann én athar 7 én máthar sínd .i. Adaim 7 Eua; én athair 7 en máthair spirutalta acaind .i. Crist 7 in eclais; ma-s s-ed, is mí-nádurdhai dúinn o nach fil nech ar slicht Ádaim acht braithre dúbalta a cheli do marbad. Ata in duine-marbad beos i n-agaid in résúin; uair adeir in résún, 'nach
- 7505 dénta duit do nech aile in ní na bud maith leat do dénum duit fén,' amal adeir Tóbiás is-in cethramad caipdel:—"ó-s follus co fuil fuath in báis acut fén os cind cech fhuatha, na sanntaig bás d'imbert for nech aile." Ádbar aile do chongbail na haithne-si, amal adeir im-Malicia .i. is-in cethramad caipdel, 'co ndénand
- 7510 in duine-marbthach náimdenus for leith fria cech persain do'n trinóit,' .i. do-chuir se a n-ádaig in athar .i. a mac do marbad, uair

is mac do Dia cech Cristaige ; do-chuir sé a n-ádaig in meic .i. tres-an duine do-chennaig se, 7 nach d'ór no d'argat truallnigthe, acht di-a fhuil fén 7 di-a fheoil .i. in duine-sin do marbad co hecóir ; do-chuir i n-agaid in spiruta nóim .i. in tan do-baitsed in duine, 7515 do-cuiread ola choisrectha air amuig, as a tuicther comartha in spiruta náeim do beith suidigthe i n-a chride. Ma-s s-é, ci-b e duine do-marb he, tuc sé essanoir do'n spirut nóem .i. do-sháraig a chomartha. Di-a derbad-sin atbert in t-ecnaid :—" uch, cad dogéna in bocht d'a n-a hégen dul fó breith na tri persan bias i n-aen 7520 persain in lá-sin oc dénam in brethémnais, geu áigne ic nech 'n-a agaid, acht estecht re ráda .i. " ércid, al-lucht na mallachtan is-in tenid suthain ! " Ocus adeir lebar na Rig, ' co ticfa sédiud fa lucht in duine-marbtha i n-agaid shétid na fergi, as a tanic in duine-marbad, 7 co scaibeobthar amal míl-tóga a n-iffern iat.' In sessed 7525 gné do'n duine-marbad .i. in spreid le ndíngned nech a bethgud a bein de, 7 is í so in gné duine-marbtha dognít na tigernada tuathi 7 eclaisi, bít oc dénum adbair do argain na n-óglach, d'fhaghail in gné chóra, 7 ní d'grad a certaighthi, acht do mian édala ; 7 in uair na denat fén sin, bíd gadaige i n-a oclaechaib occu ;—is e codlad in 7530 leomain dogniat in fhoirend-sa .i. a súli oslaecthi, a máir 7 a fhedmannaig oc crechad cháich, 7 iat fén i n-a suan. Do-tharngair Dia foden so i mbeol Dauida, co n-apair :—" do-shluigetar mo thuath amal biad in aráin " .i. amal bíis arán i n-a thús da cech caithem d'a ndéntar ; mar-sin, cech féidm d'á n-érgend er a tigerna, 7535 caiter máin na n-oclach ris. Ata din da chin is-in ngním-sa .i. ata hicc anma in duine ort d'a r-benais a betha, 7 cin na hecni ; 7 is ecen co n-icthar cech ní d'a fhuigir amlaid-so, sul dechair i flaithius Dé.

In sechtmad aithne :—" na dena gait." Ata cech uli glacad 7540 nemchetaighthi d'a ndingir ar chomaighthech can chead do thigerna in raeta fén fo'n aithne-sí ; acht mo-na derna i údochus co ra-cead leis se ; 7 d'fhéchair ann-sin in fhuil gáel no munterus duit ris-in tii fo'r-ghlaccas, f'á bud chasmail fris in cet-sin do thabairt ; 7 mi-na fhuil, is gadaige thu b'a glaccad, gé do-sháilis co mbad cead leis 7545 he ; uair do-sháilis ní ecasnail ; 7 ma ta in gael ann chena, 7 gan rún droch-gníma acut-sa, ní gadaige thu, uair ní dentar gait gan rún gait, 7 is o'n chúis cetna-sin is díles do'n duine in n-ám bias

a chorp a ngill ris biad bec beras ó ghorta in tráth-sin he, a buain
 7550 do duine chonaich, no étach d'á ra-bi 'n-a gill, 7 nách o-t mf-bésaib
 fén tanic do bochtacht, acht do-t deóin, no Dia d'a tabairt chucat,
 7 cen buaidred ar do béssaib uathi, ór do-fhacaib Dia cech maithius
 cómdíles do chách i n-aimsir na hécne. Ma-s s-ed, in uair ata i
 riachtanus a leass ort, is leat fén in ní choingebas tú do máinib in
 7555 duine út .i. do'n inarceiraid fil aice; 7 o-s a let fén he, ní gadaige thu
 ic a glaccad, 7 gan rún gaité acut, acht úmla doní tú do'n recht, o
 nách ail lais-in fher conáich a thabairt d'a deoin.—Ní head amáin
 ata in goit fa'n aithne-si, acht ata in égen; uair is mo co mor in
 écen iná 'n goit; 7 is moo na sínte láime dogniat lucht na crech
 7560 oldáit na gadaige; o'n ló is mó is móu a résún a-bus 7 tall,—uair
 atat tri hurdail 7 aithgen in t-sheoit fén o fhir na hécni do réir *léx* 7
 chanóine, 7 ní fhil acht da urdail 7 aithgen o'n ghadaige, mo na
 berar air oc dénum na gaide; mar-sin, amal is mo pian in chuirp
 i-bhus o'n écin ná o'n gait, bid mou pian na hanma thall iar
 7565 n-écaib.—In tres gné do'n gait .i. usaracht édáil 'c-a dénum do díth
 do chomarsan: ata so i n-agaid aithne in ghráda, uair ro-dligfithi
 díth riachtanus a less do chomarsan do fhóirithin, 7 airlegúid can
 édáil do denum air, acht mi-na fhása bisech náddúrda duit fén do
 thorad do chumártha; 7 d'á derbad, co ra-b gadaige cech oen
 7570 dogní úsairecht, amal atbeir soscela Matha, in uair ro-díchuir
 Crist na cendaigeda a tempul Ierusalem, co n-ebert sé friu:—
 “goirfither tech na hurnaithe do-m thech-sa, do-rinnebair-si tég-
 dais ngadaige de.” Ocus is messa in usaracht na 'n gadaigecht;
 uair ní berend in gadaige leis acht a mbeir cen fhis, 7 o chomichib
 7575 is mo bereas,—berid fer na husarachta ní *cosáird* 7 cen fhis o na
 comarsannaib 7 ó na nemchomarsannaib; 7 is aire-sin do-thecaisc
 Dia fén a persainn Heremías fáid .i. ‘coimétad cech duine he fén er a
 chomarsainn,’ 7 na bíd tairise aige as a bráthair i cúis na husarachta,
 7 ná gab mar édáil seo, a duine; uair adeir Augustin;—“is dam-
 7580 mainte in édáil as a fhuaruis t'indmus 7 for a r-trégis do thig-
 erna”; “7 da mad he in bith uli dogebtha maille re díth t'anma,
 atbeir Lucás, cá bud fherrde do-sin?” 7 cá bud mesti, in doman
 do dhul a ndíth air, 7 a animm do lesugud? Ma-s s-ed, o-s as a
 chennaigecht do-b áil le fer na husarachta dul a mbisech, maig dó,
 7585 mélltar is-in cuit-si do'n chennaigecht .i. in ní buan uasal do reice

fri diabul tar cend in neith nach anand aige ; amal atbeir Solam i n-Eclasiastach, ‘co mbia triur óigred oc fir husarachta .i. bésti 7 nathracha 7 cruma’ : beit a máine oc na piastaib .i. ag cairdib na colla ; biaid a animm oc nathrachaib neime .i. ac diablaib ; 7 biaid ag crumaib a chorp ; ní thibre nechtar dib-so a chuid fen ar in dá chuid ele.—Ocus ní hed amáin ata égen 7 gait 7 úsaracht fo’n aithne-si, acht ata in t-shímóntacht .i. cech ní dogebthar do chind na heclaisi, no neich spirutalda ele, no in bethugud dogabar do chind máine ; uair ata d’ulo ar in símontacht sech in úsaracht, co mbí in t-í dobeir hí i n-a shímontaig amal in t-í gabus,—ní bi tra i n-úsaracht acht in t-í gabus namá.—Ata fós fó’n aithne-si in imbirt ; uair is gadaige in t-í immres, 7 is mo co mór he na ’n gadaige. Di-a derbad-sin, glaccaid sé in ní nach leis fén cen baranta aige acht titul ata crosta o dligud eclaisi Dé .i. o *lex* 7 o chanóin. Dogní so gadaige de for tus, 7 fer éicne he iarum ; uair is d’aindeoin chride in tii di-a mbentar tóibgither hí : ac-sin brissed na haithne-si fa dó innte.—Ocus ata in t-sháint beos innte .i. in fhrém o fhás in uli olc : ata sáint máine do chomarsan aithne ele oc a brissed ; ata ethech 7 bréga 7 luigeda dímaine cen áirem : ac-sin brissed na cet aithne ; ata ferg 7 torsi 7 fuath ; ata dortad fola co menic ; ata tregen cech deg-obri ; ata caitheam na haimsire, tuccad d’fhógnam duit, re droch-ceird. Is mair[g] mairg, ol in t-ecnaid, gabus in athgairit-si dochumm n-iffirn .i. en olc do dénum i n-a fil cech uli olc!—Ocus ata bá’n aithne-si fós cech ní dogabar er leth-fhiadnaise 7 er cheilg .i. scél bréigi do dheilb b’á mbenfa ní de nach tibre duit indas ele, 7 cu forlethan cech ní d’a fhuidhbe do chind neich ata i n-a peccad ann fén. Ata sin fo’n aithne-si, 7 teit accra ann [.i. d’á oigir] is-in t-saegul do reir dligid do’n tí d’a r-benad cech ní ro-raidsium anuasana ; 7 da ngaba aithrechus in t-í fuair iat, caithfid a n-aisec i n-a shaegul, no i n-a phurgadoir do breith a ann-charut ; 7 mi-na fhaga se aithrechus a pheccaid re n-ég, bid iffirn a crich, 7 biaid pian for leith er son cech peccaid air, airet bes Dia i n-a glóir fén.

In t-oichtmad aithne :—“na dena leth-fhiadnaise.” Is he dogní leth-fhiadnaise, in t-í d’a legar fiadnaise a ndóchus a ind-racuis, 7 doní brég do’n fhrí, 7 chuires luige mar shéla forri ; amal atbeir Béit is-in t-shessed capdel fichet do lebar Matha .i. ‘co

lenand fer na leth-fiadnaise lorg Iúdais,' uair do-recc se Crist .i. in fhirinde do chind na bréigi. Tug in duine-si fós aithis do Dia, uair
7625 do-shalaig se ainmm Dia in airet do-flhét sé; uair adeir *Leuitico*:—
“na salaig ainmm do Dia féin” .i. na tabair d'éthech he. Is nenthrócar i nDia in duine-si .i. dobregnaid se séla Dé; 7 do-chuir fós er Dia, co ru-brégach he; amal atbeir in *dialogo* ‘gu ra-b é ainim do Dia fén bus luige duit,’ 7 da-ordaig Dia in t-ainm-si do chur mar
7630 shéla er a fhirinde. Ma-s s-ed, ci-b é do-chuir in séla-sa er in mbréig, do-derb se gu r-brecach Dia; 7 ni fhuil báll do ballaib fhir na leth-fhiadnaise nach dénannd naimdenus er leith fri Dia; 7 ni head amáin, acht tuc se bás do fén, ór ata is-in chet chaipdel do lebar na hEena, ‘co marbann in bél brégach in animm.’ Ma-s s-ed,
7635 o marbus in brég in animm, ro-marbad in brég for a r-cuired séla Dé iar n-a goid uada in luige thuccad fó ainmm Dia, no fó chreatúir coisrechta écin, dia fhuil aige; uair ni dlegar luige do thabairt fo na creatúirib nemchosricthe .i. dar duine, no talum, no aer, no a samail-sin; 7 mi-na-b lór lett a n-abair ann-so for cúis in
7640 éthig, d'féch thuas is-in dara aithne, 7 dogebar tuilled ann. Dogní fós fer na leth-fiadnaise aindliged di-a chomarsain, amal atbeir in *libro Prouerbiorum*:—“urchar do shaigit nemi 7 cloidem gér do'n chomarsain, fer na leth-fiadnaise;” 7 peccad dolegis hí, amal atbeir Solam, ‘co nach étir in chned cen fis a doimne do legius, no-co
7645 festar hí;’ is mar-sin ni fétar in chned dobeir in leth-fiadnaise for in animm do lesugud fri Dia, no-co lesáigther a tanic esti d'ulo; 7 ni hurusa a fhis-sin d'fhádbail, má tucais cuit in fhir-se do'n fhir aile do thorad do bréigi, 7 ni bia in ní-sin oc nech cóidche acht co lécoir, 7 biaid cin peccaíd cech duine díb-sin ort-su. Ma-s s-ed,
7650 is dolegis hí, 7 atbeir Isaias fáid, ‘co ra-b casmail fer na leth-fhiadnaise fris-in béist re n-abar *locusta* (7 *brucus* a hainm, co fhásait sciathana forri, 7 mar fhásait, is *locusta*, *quasi longa hasta* atberar fria): 7 is í so in t-ochtmad plág lé 'r-buail Día Faró rig Égepti co n-a phopul in uair do-chongaib sé i n-a agaid fen iat, co
7655 tug deich plaga éxamla orra; 7 is í in cet phlág dib-sin .i. fuil do dénum do'n usce uli, acht atat anmunna na plág-sa *il-libro Exodi*; 7 tuc-som tra na deich n-aithne do Moysi 7 do clainn Israél i n-agaid na ndeich plág-sa; 7 is í plág fhreccras d'aithne na leth-fiadnaise díb .i. *locusta*, uair atat tri nadúire ioo'n póist-si, 7 samailter fria

duine iat : in cet náduir, is urchoitech a fiacla, uair gerraid sí 'n-a 7660
cínd toraid 7 guirt 7 fínemáin di-a fiaclaib, is amlaid-sin dogní
in duine-si .i. benaid se na dáine as a frému d'a thengaid ic buain a
n-oigrechta díb ;—in dara náduir, for a n-iumat in uair thecait, is
mar-sin is línta in doman do lucht na mbrég ;—in tress náduir fil
ico'n péist-si .i. doní leimnech is-in t-shámrad, 7 bíd si i comnaige i 7665
ngémrad, is mar-sin dogniat lucht na leth-fiadnaise leimnech o'n
peccad co araile er fead na bethad-sa, 7 mar thic in gémrad .i. in
bás, scuirid se d'a shúgrad, uair ni-s-fil súgrad, bail a mbiat .i. a
n-iffiern. Is demin din, ol in t-apstal, ci-b é bus casmail fris-in béist-
si is-in t-shaegul, bíd di-a phianaib a n-iffiern na péisti-sin fesin ic 7670
cocnam a fhola 7 a fheola do gnath, comfhat fri Dia er nim.—Atat
din da dhruing aile do lucht na leth-fiadnaise .i. lucht in uile brégi 7
locht na maithiusa brégi ;—in cet drong dib .i. lucht in athimráid
fri-a cosmailend in scriptúir na hainmhidea bréna .i. in nathair nemi
ré n-abar *serpens*, 7 in *aspa*, 7 in sindach, 7 in mucc ; uair is í is náduir 7675
doib-so : in t-inad 7 in biad is sailche d'innsaigid 7 d'ithe, na hinaid
7 na biada glana do shechna ; is mar-sin do lucht in athimráid, dia
fhaicet sualtaige no gním maith i nduine, fácbait sin cen luad,
7 indsaigit cech locht 7 cech anib dia fhaicet ínttib, 7 mí d'a
certugud acht d'á tatháir ; 7 tábrat lucht in athimráid d'a n-úid co 7680
ndénat aindliged do Dia, 7 di-a comarsain, 7 doib fén .i. dogniat
gait er Dhia in tan berit a óclach fén uada .i. in uair aderait gu ra-b
droch-duine in duine maith, tucatar do diabul he amal do-flhédsat ;
dognít fós aindliged di-a comarsain, in tan gadait clú na comarsan,
uair is uaisli in clú ina 'n t-ór ; dognít fós aindliged doib fén, uair 7685
doberait a n-animm fén do diabul. Ata figair aige-so in *Leuitico*
is-i[n] nómad caipdel déc, amal atbert Crist fessin :—“ na mallaig
do duine bodar ;” uair is inand mallachad dó 7 do'n tí na fil er lathair.
Ocus bíd a fhiss acut fós, nách saer lucht estechta in athimraíd
for in comarli-si, uair atbert *Iohannés Crisostomus*, ‘ gu ra-b inand a 7690
dénium 7 a estecht ’ .i. is peccad duit, in duine-si fén d'fhulang oc
dénium a áimlessa, 7 is peccad fós a fhulang oc buain a chló do nech
aile. Amal brisit lucht ind immolta bregi in aithne-si, is mar-sin
brisit lucht in molta dímáin hí ; uair atbeir in t-ecnaid, “ is cosmail
fri hIúdás in t-í doní molad brégi ” .i. beith ic a molad 7 ic pócad 7695
in duine, 7 'g-a thídnocul di-a náimtib .i. do diablaib. Is direch

tuicther so tre Iob, tug póic di-a brathair fen .i. do Massan ; do-chuir a lám dess timchell a chúnd d'a pógad, 7 da-chongaib in claideb i n-a láim clíí d'a bualad.—Samail ele beos d'fir in molta bregi .i. 7700 lucht cantairechta in diabuil, oc cantain ciúil do na pectachaib di-a cur i n-a codlad ; uair atbeir Isaiás fáid, “ is truaíg do na dáinib adeir co ru-b ole in maith, 7 gu ra-b maith in t-ole ; ” 7 goirther fós coin in diabuil díb, gherrus leth iarthair in duine 7 dognú munterus fri-a n-aichthib, 7 atbert Isaias fós, “ gach duine a dubairt co n-id 7705 maith tú, no in gním dogénta, do-méllsat tú, uair do-chongbatar thu is-in ole cetna.” Ci-p é nech tra molfas gním ata i n-a peccad ann fén, inand sin 7 a molad do beth i n-agaid Dia ; uair do-gabais al-lín diabuil ann-sin he ; má-s ed, do-marb tú he cu spirúalta, 7 do-marb se thu beos. Sechain de-sin er grad Dia beth ic fédmándus 7710 do'n diabul.

In nómad aithne:—“ na sanntaig ní do chomarsan ; ” 7 tuig na millend a smuaintiugud-so thú, no smuaintiugud eli da olcus, mi-na chuire do chomairle 7 t'aenta leis ; amal atbert Bernard naem i n-a shermóin, ‘ nach damnam droch-shaint duine do muntir 7715 Crist gan in aenta.’ Ma-s s-ed, is e is brised do'n aithne-si do chomairle 7 do smuaintiugud le cheli chum neith d'fhágbail co holc ; no saint immarcradach do beth acut hi cuirfe do chríde, 7 do thoirnéscad umat fógnum do Dia, gé dofhagtha cu coir hí. Ocus atat da chúis ico 'n toirmesc-sa: in cet cúis díb, atbeir Daniél, 7720 ‘ co nduiscend se ferg Dia’ .i. do-rindetar dí máin do Dia le n-a mianaib fén do-threicset he .i. fer pósta na lanma nach dénand siubal uathi, mi-na scuire in duine fen uadha he ; amal atbert Dia tra i persain Matha :—“ mi-se do gnáth maille rib.” Ma-s s-ed, in uair thréices in duine he er lennán utmall mbrégach .i. er máinib 7725 in t-shaegail, cá lingnad ét 7 ferg do dúscad air-sium ? 7 adeir in t-eenaid, ‘ gu ra-b lenmaige in cundrad-sin,’ uair is í náduir in lenib, an ní is messa do shanntugud ; is mar-sin dogní fer na sáinnte: lingther do smuaintigib éxamla a chríde ar tus, indus do-fhétfad ní d'fhágbail ; 7 iar n-a fhagbail, eindus do-choingébad 7730 sin aice, 7 eindus do-chuirfed tuilled i n-a chend ; indas co salchand se lebaid in spiruta náeim o na smuaintigib-sin ;—7 mar nách mothaig in lenab urchóit in airm no na tened thogras, no-co loisethe no co ngerthar hé, is mar-sin nach airig in sáinntach

urchóit na spréidi nó-go tuitenn se i n-uamaid in báis; amal atbeir Solam :—“ in t-í dobeir grád do'n guasacht, dogéba só bás ann.” 7753

Ocus is é a indshamail-so do grád dobeir in t-én do'n ghoiste no do'n chliabán er mian in bic bíd bás fúthib; 7 amal charas in luch biad in fhidchait, 7 nach tuigit a nguasacht no-go teocat lucht innill na sás-sin i n-a cend. Is mar-sin bít in lucht shanntaigit in saegul: ní aithnit gu ra-b diabul do indill he nó-co fhaicit chuca he iar 7740 n-éc d'a mbuain as a phainntér. In dara hádbar ar nách molta in t-sáint, amal atberait ind ecnaid, co n-ullmaigend fer na sainte inad do dhiabul; uair is anns-na crannaib a mbí co cuas o loscad no o brenad donít sindaig a n-ádba, 7 donít préchain nit: is mar-sin do'n t-shanntach ar n-a loscad 7 ar n-a brénad o'n t-saint, 7 nit ic na diab- 7745 laib i n-a uachtar oc a chur i peccad na sáinnite, 7 uamanna accu i n-a híchtair ic a chur i peccad na colla. Ma-s ead, in ní do-thoigébad ferg Dé 7 d-uillmechad inad do'n diabul, is ein gan a toirmesc, amal atbeir in t-apstal:—“ na tabraid inad do'n diabul” .i. na dénaid sáint .i. grád Dia a thabairt do'n t-shalchar saegulta; or ni he a 7750 beith agut is ole duit, acht co fhagthar hí co cóir, 7 a cor ar dl maith. Ni mar-sin d'iumarcraid na spréidi, acht doní sí dáine do dhallad; uair amal nach fedand in dáll oibriugud no sibal do dénam, is mar-sin ni fedand in t-í er a mbí esbuid na ngrás; or ni aithnend se ole sech maith, 7 o-s a dáll a chride, berid diabul leis i 7755 n-a eolas fen he. Ma-s s-ed, in t-í is dáll mar-seo, d'a mbacann grad in t-saegail úmla na hanma do denum .i. deire 7 urnaighi; adeir Matha i n-a shoscela:—“ is i a phian díles, a chur — iar cengul a lám 7 a choss — is-in dórchatu iachtarach,” mar na faicfea solus co bráth no iar mbráth; 7 a shuile oc sír-chái, 7 a déta for 7760 erith hi cinaid miana a shúl 7 a beoil; 7 er grád Dé riut, a duine, cuir ré t-bethaid fén er obair dligthech, no ó-t gael, no ar déire, no bí cen ní d'fhágbail cu holec.

In dechmad aithne: “ na sanntaig ben pósta do chomarsan”; 7 adeir in gluais in-so, co fil toil in pheccaid-sin fo'n aithne- 7765 si; uair is crosta duit beth for tí mna do chomarsan, ein co derna gním; 7 is ar gráin in pheccaid-sin docuired aithne ar leith fair fén, sech gnéthib ele na drúisi. Uair ata tuaruscbail tróm er in peccad-sa ic Solam is-in tres caipdel fichet in *Eclési[asti]co*. Ceta- mus, ci-p e duine do-bris so, do-neimchreit se do recht Dé, uair is 7770

e ord in phósta ord Dé co dírech, acht cid leis cech én ord; uair is e fén do-rinne pósad er tús iter Adám 7 Eua; 7 is e locc a ndérad .i. i pardhus; 7 is í aimser i n-a ndernad .i. i stait na nemurehoite .i. roim peccad. In dara hole dogní duine .i. brised móti, in uair
 7775 donither pósad, dobeir in fer 7 in ben móit i n-a tost, co na deleochar nechtar dib re cheli co bás. In tres ole dogní in t-í brises pósad .i. adhaltras; uair is inand 7 goid .i. glaced leptha in duine ele di-a salchar. Ma-s s-ed, o-s ole bó no capull do ghoit, is messa co mor duine do goit; amal atbeir in t-apstal .i. “ní les-in mnái
 7780 fén na les-in fher pósta cumachta a corp budén, acht les-in persain út ele.” Ma-s s-ed, in ní nach leis fén itir, is gadaige thu-sa o n-a ghabail uada; 7 is s-ed e-sium o n-a thabairt duit. Ni hed sin tra, acht tecait uilce immda ele ass-in adaltras .i. tic díchor óigrechta o na hóigrib dílsi co bráth; uair in trath sháiles duine mac díles do
 7785 beth aige, is de dogní oighir; 7 in tan nach mac dó he, 7 dogní oigir de, is ro-mor in guasacht, in óigrecht-sa do gnáth do beth for sechrán o na hóigrib dílsi; 7 o nach fétar fiss dígbala in uile-sin d’fhaisnés, is mar-sin nach étir a leigess. Tecaid as in pheccad-sa fós cumase na fola fén for a cheli; uair pósaid fer ben i ndóchus
 7790 gan in gael ann; 7 tan ann, is í a ben gáeil fen phósas; 7 atbeir in t-ecnaid, “is maing thic anns-a saegul-sa, 7 na huile-si do thecht trit;” amal atbeir in soscela, “is maing tre’ tig in scannal, 7 do-bad fherr dó can techt na techt mar-sin.” Ma-s s-ed, o tharla in gráin-si er in adaltras, is cóir duit aderait na heolaig na nethe-si as
 7795 bud doig agus a démma do shechna co maith .i. silled na súl; uair atbeir in fellsam, “is í in t-shúil comla in báis;” 7 dia n-oscailter in chomla-sa 7 diabul do ligad is-tech ann, cuirfid se in cride druim tar ais .i. tempul in spiruta noim, 7 gebaid se nert for in longphort-sa uli .i. for in corp, 7 cuirfid na boill d’fhognum do
 7800 fén uli ó-sin amach. Is aire-sin atbert Iób:—“do-rinnes caingen re-m shúilib” .i. re-m doirseoir .i. na súile, di-a coimét fén ar na drochfhechsanaib, 7 in cride d’a choimet ar na drochsmuaintigib; 7 atbert Solam beos:—“do-rinde mo shúil crech mh’ anma.” Ocus is e faicsin craind an imarbais do-rinne Eua for tús; 7 atbert Here-
 7805 miás fáid beós:—“tanic in bás tar doirsib mo chuirp is-tech, 7 tar a fluindeocaib” .i. tar mo shúilib, 7 tar mo chluasaib; 7 do-gab sé nert ormm as-tig. Ma-s s-ed, o-s iat na céimenda as i ndéantar in

t-adaltras .i. silled, 7 comrád iarum, tadall na lám iar-sin, in gním fen fa-deoid ; 7 bid a fhis acut co fhil cech céim díb-sin maille re run céna i n-a peccad marbtha. Ocus is í pian diles in peccaid 7810 marbtha-sa .i. brissed in phosta .i. bás in che[d]-duine clainde is-in t-shaegul, 7 bás sír tall do'n anmain. Uair is iat na hobrighi glana cland na hanma ; 7 o-s é in credem oibriugud is túsea dib, dogeib sé bás o'n adaltras ; amal atbeir in t-ecnaid, 'nach déntar adaltras gan brissed in chredim " ; 7 o brister in credem, ni bí 7815 fognum er ni d'a ndentar cen fúndamit fáí ; 7 a dhuine, na beir th' aimsir ass do réir mian do cholla, uair da mbera, adeir Solam is-in ochtmad caipdel fichet in *Ecclesiastico*, 'co tíbre in cholann t'animm do chur a coscair di-a naimtib .i. do diablaib ifirn, bail a nduiseochar hi t-agaid do chomrag cech ní d'a tucais toil écoir .i. do cóic cefada 7820 corparda, amal atbeir in *Ezechiele* ;—" *ecce ego suscitabo omnes amatores tuos contra te, 7 cetera. Finit, amen.*

248 a 45]

[XXXV.]

